Tuarascáil Bhliantúil 2022

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR | CLARE COUNTY COUNCIL

Meitheamh 2023

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá ón gCathaoirleach agus ón bPríomhfheidhmeannach	2
Comhairleoirí Chomhairle Contae an Chláir	8
An Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta	15
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil	27
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta	43
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe	55
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch	75
An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Seirbhísí don Phobal Úcránach	101
Ceantair Bhardasacha	105
Ráiteas Airgeadais Giorraithe: An bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022	120
Seimineáir agus Comhdhálacha ar fhreastail Comhairleoirí Chomhairle Contae an Chláir orthu sa bhliain 2022	121
Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin	122

An Comh. Tony O'Brien
Cathaoirleach

An tUas. Pat Dowling
Príomhfheidhmeannach

RÉAMHRÁ ÓN gCATHAOIRLEACH AGUS ÓN bPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tá an-áthas orainn fáilte a chur roimh Thuarascáil Bhliantúil 2022 ó Chomhairle Contae an Chláir, ina leagtar béim ar an dul chun cinn a rinneadh ar roinnt mórthionscadal le linn na bliana agus ina leagtar amach gníomhaíochtaí na Comhairle in a lán réimsí tábhachtacha seirbhíse.

Leanann Comhairle Contae an Chláir de thionscadail mhóra agus tionscadail bheaga a chur chun cinn ar fud an chontae, ag obair dúinn lenár bpobail agus lenár ngeallsealbhóirí chun torthaí a sholáthar do mhuintir an Chláir.

Tá an Chomhairle freagrach as seirbhísí a sholáthar do thart ar 127,900 duine aonair, agus 979 mball foirne aici agus caiteachas bliantúil €225.6m aici le linn na bliana 2022.

Mar údarás áitiúil forásach, is é ár gcuspóir agus ár bhfís ná a bheith sofhreagrach agus sofhreagrúil le linn forbairt ár gcontae a threorú.

Is forleathan agus ag síorathrú atá na dúshláin atá tagtha chun cinn le blianta beaga anuas. Bhí tionchar domhanda agus áitiúil nach bhfacthas a leithéid riamh ag paindéim Covid-19 agus ag an gcoimhlint san Úcráin.

Ba mhaith linn ómós a thabhairt arís d'iarrachtaí agus íobairtí ollmhóra ár n-oibrithe túslíne, ár bpobal agus ár ndaoine aonair uile le linn na freagartha don phaindéim.

Le linn Shearmanas Cuimhneacháin agus Machnaimh Covid-19 in Áras Contae an Chláir i mí an Mhárta, rinne Comhairle Contae an Chláir comóradh orthu sin a cailleadh agus orthu sin ar cailleadh duine muinteartha leo. Tugadh aitheantas sa searmanas freisin do na daoine aonair a thug aire do na daoine a bhí ag fáil bháis agus dá ndaoine muinteartha, agus dóibh sin a thug tacaí ríthábhachtacha do dhaoine leochaileacha den phobal.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, lasadh Áras Contae an Chláir i ndathanna na hÚcráine, agus cuireadh bratacha na hÚcráine agus an Chláir ar foluain lasmuigh den fhoirgneamh, mar léiriú ar dhlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine.

I mí an Mhárta, ghéaraigh ar an ngéarchéim agus tháinig daoine easáitithe ón Úcráin go Contae an Chláir. Ba í foireann tithíochta Chomhairle Contae an Chláir a chomhordaigh an fhreagairt éigeandála ar dtús.

Chun freastal ar na riachtanais a tháinig chun cinn mar gheall ar an gcogadh san Úcráin, athghníomhachtaíodh Fóraim Freagartha Pobail a bunaíodh i gcontaetha ar fud na tíre mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

I mí Iúil 2022, bunaíodh stiúrthóireacht nua sa Chomhairle chun díriú ar an bhfreagairt a bhí ag teastáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim a bhí ag dul in olcas. Tháinig méadú ar fheidhmeanna na stiúrthóireachta thar na míonna go dtí mí na Nollag, ar aon dul le héilimh agus castacht an dúshláin idirnáisiúnta a bhí á chur os comhair an phobail i gContae an Chláir.

Bhí thart ar 4,000 duine easáitithe ón Úcráin ina gcónaí sa chontae faoi dheireadh na bliana. Tá an Clár ag óstáil níos mó Úcránach a easáitíodh mar gheall ar an gcogadh ná formhór na n-áiteanna eile sa tír. Is mian linn aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na dteaghlach óstach, na n-oibrithe deonacha, na ngrúpaí pobail, na bhfiontar sóisialta agus na ngníomhaireachtaí seirbhíse, a d'imir ról lárnach sa fhreagairt.

Ba mhaith linn an deis seo a thapú freisin fáilte a chur roimh na daoine ón Úcráin agus ó gach cearn den domhan a bhog chuig an gcontae seo sa bhliain 2022.

I réimse na forbartha fisiciúla, rinneadh soláthar i Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh, 2022, do Chlár Oibreacha Bóthair a raibh ciste iomlán ab fhiú €48.4m aige agus a cuireadh i gcrích go rathúil. I measc na n-oibreacha rinneadh neartú/cóiriú dromchla ar níos mó ná 269 km den ghréasán bóithre, leanadh den chlár feabhsúcháin droichead breisithe, áit a ndearnadh oibreacha ar 24 dhroichead, agus cuireadh sé scéim feabhsúcháin sábháilteachta i gcrích.

Leanadh den dul chun cinn le linn na bliana 2022 ar raon mórthionscadail caipitil atá á mbainistiú agus á soláthar ag an Oifig Bainistíochta Tionscadal. Rinne foireann na hOifige Bainistíochta Tionscadal an-dul chun cinn sa bhliain ar a punann tionscadal, lena n-áirítear tionscadail bóithre náisiúnta agus neamhnáisiúnta, scéimeanna faoisimh tuilte agus glasbhealaí.

Dheimhnigh an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh thionscadal Faoisimh Laistigh an N67/an N85/Inis Díomáin (Coirnéal an Bhlácaigh) go déanach sa bhliain 2022. Rinneadh agóid i gcoinne a chinnidh ina dhiaidh sin san Ard-Chúirt, áfach, agus táthar ag fanacht leis an toradh atá air. Dámhadh an conradh le haghaidh thionscadal Dhroichead agus Sheachbhóthar Chill Dalua i mí an Mhárta, agus cuireadh tús leis an obair thógála ar an láithreán i mí Lúnasa. Agus, maidir le Scéim Faoisimh Tuilte Ghort an Tobair, rud a rabhthas ag súil leis le fada an lá agus atá ríthábhachtach, bhí an chuid is mó di curtha i gcrích go mall sa bhliain 2022.

Ó thaobh oibríochtaí uisce agus fuíolluisce de, cuireadh oibreacha i gcrích i roinnt réimsí sa bhliain 2022, lenar áiríodh athsholáthairtí suntasacha príomhphíobán i roinnt láithreacha. Faoi thionscadail chaipitil Uisce Éireann, leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh sa bhliain ar thionscadail chóireála fuíolluisce le haghaidh cúig láthair cois cósta, áit a bhfuil séarachas neamhchóireáilte á scaoileadh isteach san fharraige/san inbhear faoi láthair.

Sa bhliain 2022, caitheadh €790,000 ar dhul chun cinn a dhéanamh ar oibreacha uasghrádúcháin ar 15 scéim faoin gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021.

Leanadh de ghníomhaíochtaí éagsúla a dhéanamh sa Rannán Comhshaoil. Áiríodh leo sin forfheidhmiú dramhaíola, bainistíocht dramhaíola, feasacht comhshaoil, fuinneamh, gníomhú ar son na haeráide, garraíodóireacht, seirbhísí eolaíochta (saotharlann, uisce, aer), seirbhísí tréidliachta agus tránna Brait Ghoirm. Bhí clár oibre 2022 á bhrú chun cinn den chuid is mó ag creat rialála fairsing. Áiríodh leis sin reachtaíocht nua amhail an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, agus na Rialacháin um Breoslaí Soladacha, 2022.

D'fhreastail Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae an Chláir ar 1,117 nglao amach sa bhliain 2022. B'ionann an líon sin agus méadú 24.1% ar an líon don bhliain 2021. Ní bhfuair aon duine bás de dheasca dóiteáin i gContae an Chláir sa bhliain 2022.

Bhí an tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar siúl ón 17 Deireadh Fómhair go dtí an 23 Deireadh Fómhair. Mar chuid d'fheachtas um Shábháilteacht ó Dhóiteán, thug comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar thithe daoine scothaosta chun 'Seiceálacha Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile' a dhéanamh.

I mí na Samhna 2022, ghnóthaigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae an Chláir athchreidiúnú de réir Chaighdeán ISO 45001: Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta as an dóigh ar chuir sí a Córas Bainistíochta Sábháilteachta chun feidhme ar fud na Seirbhíse, ag teacht sna sála ar iniúchadh a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Atosaíodh ar oiliúint réigiúnach i mBainistíocht Móréigeandála sa bhliain 2022, agus ghlac Comhairle Contae an Chláir páirt i roinnt cleachtaí éigeandála le linn na bliana.

Tá sé á chruthú gur sócmhainn ollmhór í ceanncheathrú nua na Cosanta Sibhialta don aonad agus do na príomhghníomhaireachtaí freagartha (an Garda Síochána, an tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr agus Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae an Chláir). D'fhreagair comhaltaí de Chosaint Shibhialta an Chláir do 130 iarraidh ar leith ar chúnamh sa bhliain 2022. Bronnadh an teideal mar an 'Áit is Cairdiúla in Éirinn' ar Inis ag searmanas Ghradaim Shármhaitheasa Miondíola AIBMS sa bhliain 2022. Bronnadh an 'Brat Corcra' ar an mbaile freisin, ar creidiúnú idirnáisiúnta é a bhronntar ar áiteanna a chomhlíonann nó a sháraíonn caighdeáin sármhaitheasa i mbainistiú an tráthnóna agus na hoíche. Ghnóthaigh 'Straitéis um Baile Aoisbhách Inse' an gradam mar Thimpeallacht Aoisbhách ag na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Éachtaí Aoisbhá, agus lean an baile contae de bheith rathúil i gcomórtas na mBailte Slachtmhara, agus é ainmnithe mar an Lárionad Uirbeach Mór is Slachtmhaire in Éirinn sa bhliain 2022.

Tugadh Rannán Aeráide nua isteach sa Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil i mbliana. Is é ról an Rannáin Aeráide gníomhú ar son na haeráide agus feasacht aeráide a phríomhshruthú isteach i ngach seirbhís agus gach stiúrthóireacht de chuid Chomhairle Contae an Chláir.

Lean an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta, ina gcuimsítear Tithíocht, Seirbhísí Cultúrtha agus Ceantar Bardasach Chill Dalua, dá cuid oibre ar thacaí cuí tithíochta a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar agus ar rochtain ar fhaisnéis, ar fhoghlaim, ar na healaíona, agus ar dheiseanna cultúir agus áineasa a chumasú agus a chothú dár saoránaigh uile.

Bhí soláthar láidir tithíochta sóisialta ann sa bhliain 2022. Mar gheall ar theaglaim de réadmhaoine nua ar thóg an Chomhairle agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe iad, de réitigh foirgníochta lándéanta agus den chlár athchóirithe réadmhaoine folmha, leithdháileadh teaghaisí ar 439 dteaghlach sa bhliain 2022.

Soláthraíodh 262 réadmhaoin nua sa bhliain trí mheascán de 118 dteach nuathógtha ar sholáthair an Chomhairle iad, de 66 theach nuathógtha ar sholáthair comhlachtaí tithíochta ceadaithe iad, de 64 theach ó réitigh foirgníochta lándéanta agus de roinnt éadálacha aonuaire.

Le linn na bliana, rinneadh athchóiriú ar 72 réadmhaoin fholmha agus naoi réadmhaoin (neamháitithe) fhaighte agus cuireadh ar fáil iad le haghaidh ath-leithdháileadh ar fud an chontae.

I mí Dheireadh Fómhair 2022, chuireamar fáilte roimh Darragh O'Brien TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, go dtí an Clár chun forbairtí Chnoc na Scoile, Bhaile na mBan agus Chúinne an Bhroic a sheoladh go foirmiúil.

Tháinig saincheist na mbloc coincréite lochtach ar an gClár chun tosaigh go déanach sa bhliain 2021, agus go leor caidrimh ar bun leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun leathnú na Scéime Bloc Coincréite Lochtach chuig an gClár a iarraidh. Bhí baint ag an bhfoireann tithíochta le tuarascálacha teicniúla éagsúla ar an ní seo a ullmhú, agus glacadh leis an gClár isteach sa Scéim Bhreisithe Bloc Coincréite Lochtach a bhí beartaithe le haghaidh teaghaisí príobháideacha, rud a bhí le tosú i ráithe a haon den bhliain 2023.

Lean Comhairle Contae an Chláir de bheith i dteagmháil leis an Roinn maidir leis an Scéim Deontas Breisithe Bloc Coincréite Lochtach sa bhliain 2022.

Sa bhliain 2022, bhí méadú ann sa líon teaghlach a bhí ag dul i dteagmháil leis an bhFoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean agus bhí méadú ann freisin i leibhéal na riachtanas casta agus na ndúshlán casta a bhí á gcur i láthair ag úsáideoirí seirbhíse. Lean an fhoireann ar aghaidh ag obair i dtreo seirbhís a thógáil a bheidh in ann freastal go cuí ar riachtanais na gcliant gan dídean ar an gClár.

Tar éis phaindéim Covid-19, tá an tseirbhís leabharlainne ag filleadh ar mhéadú san úsáid de réir mar a fhilleann an pobal ar spásanna poiblí a úsáid. Chuir na conraitheoirí do leabharlann agus dánlann nua Inse tús le hobair ar an láithreán i mí Aibreáin 2022. Is é Deireadh Fómhair 2023 an dáta críochnaithe measta athbhreithnithe.

Atosaíodh ar chláir a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo a chur ar siúl i bpearsa sa bhliain 2022 tar éis phaindéim Covid-19. Sholáthair an clár Ealaíon agus Oideachais tionscadail ealaíon i gcomhar le 19 n-ealaíontóir in 28 mbunscoil. Sholáthair an Clár 'Embrace Arts and Disability' 15 thionscadal ealaíon i suíomhanna míchumais i gcomhar le 11 ealaíontóir.

Bhuaigh Ennis Mela agus an mórthaispeántas lasmuigh 'House' araon gradaim ag Gradaim Chomhlachas Tráchtála Éireann um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil sa bhliain 2022. Cuireadh Oíche Chultúir ar siúl i bpearsa an athuair i mí Mheán Fómhair, agus d'fhreastail 3,000 duine ar 37 n-imeacht ar an gClár. D'fheidhmigh stiúideonna ealaíontóirí ag toilleadh 100%.

Cheiliúir glór a 21ú breithlá ag deireadh mhí na Samhna, agus chomóir sé é le taibhiú speisialta dar teideal 'glór at 21', ar lena linn a taispeánadh roinnt de na tionscadail agus na coimisiúin is déanaí ar imir glór páirt lárnach iontu. Ghlac breis agus 50 ealaíontóir páirt san ócáid.

Lean Comhairle Contae an Chláir lena díriú ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar trí obair i ndlúthchomhar le grúpaí pobail, le heagraíochtaí agus le gnólachtaí chun athrú dearfach a sholáthar do phobail sa chontae.

Sheol an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail roinnt clár cistiúcháin tríd an gComhairle sa bhliain 2022. Áiríodh leo sin an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, CLÁR agus an Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir. Ceadaíodh cistiú ab fhiú €597,500 faoi Scéim Tacaíochta Pobail na Comhairle i mí na Bealtaine 2022.

Déanann Comhairle Contae an Chláir comhordú ar sholáthar Straitéis an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2018-2022, agus ocht ngníomhaireacht i mbun soláthar na ngníomhartha éagsúla a stiúradh nó a chur ar aghaidh. I measc na ngníomhartha sa straitéis a ndearnadh dul chun cinn orthu sa bhliain 2022 bhí Aerfort na Sionna a sheoladh mar an gcéad Aerfort a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ar domhan, rud a rinneadh i gcomhar le hAerfort Iarthar Éireann. Agus i mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Comhairle Contae an Chláir na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Éachtaí Aoisbhá i gCaisleán Dhrom Ólainn thar ceann Aoisbhá Éireann.

D'iarr an Chomh-Aireacht ar an gComhairle tús a chur le pléití le Grúpa na Sionainne maidir le haistriú beartaithe na láithreán turasóireachta atá lonnaithe i gContae an Chláir de chuid Shannon Heritage DAC chuig Comhairle Contae an Chláir, lena n-áirítear mar chuid den aistriú beartaithe ar an leibhéal náisiúnta ón Roinn Iompair chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

I mí Iúil 2022, chuir Comhairle Contae an Chláir tuarascáil Díchill Chuí faoi bhráid an rialtais. Cuireadh tuarascáil deiridh, lena mbaineann Airgeadas, TF, Acmhainní Daonna agus an Dlí, faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na Roinne Iompair inar sainaithníodh pacáiste cistiúcháin chun tacú le huasghrádú agus cothabháil na láithreán ar feadh trí bliana.

Tá Contae an Chláir tar éis é féin a bhunú mar chontae a thacaíonn leis an gcianobair. Tá an-tóir ag daoine aonair, foirne, grúpaí agus cuideachtaí ar an 11 mhol DigiClare atá lonnaithe sa chontae, agus iad ag soláthar líonra saoráidí cianoibre inacmhainne agus solúbtha lena gcuirtear ar chumas na ndaoine a gcónaíonn ar an gClár agus na ndaoine a thugann cuairt ar an gClár obair go háitiúil i dtimpeallacht ina soláthraítear nascacht dhomhanda trí leathanbhanda ardluais.

Cuireadh ceithre chruinniú de Chomhchoiste Póilíneachta an Chláir ar siúl, ceann amháin i mí Feabhra, ceann amháin i mí Aibreáin, ceann amháin i mí Mheán Fómhair agus ceann amháin i mí na Samhna 2022. Is é aidhm an Chomhchoiste Póilíneachta ná fónamh mar fhóram le haghaidh comhairliúchán, plé agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíneacht limistéar riaracháin Chontae an Chláir.

Maidir leis an tionscadal turasóireachta ba shuntasaí riamh ar tugadh faoi in Oirthear an Chláir, thóg sé céim mhór chun cinn nuair a fógraíodh cistiú le haghaidh ionad cuairteoirí Inis Cealtra a fhorbairt i gcroílár shráidbhaile Bhaile Uí Bheoláin. I mí na Samhna, leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €3,906,252 ar Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh Eispéireas Cuartaíochta Inis Cealtra (Seanteach an Reachtaire). Déanfaidh an t-údarás áitiúil cistiú meaitseála ar 20 faoin gcéad sa bhreis, agus 80 faoin gcéad de chostais an tionscadail le cistiú ag an Roinn.

Bhí sé go hiontach a fheiceáil gur osclaíodh na doirse le haghaidh Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime do chuairteoirí i mí Iúil 2022 den chéad uair ó bhí an bhliain 2019 ann agus tar éis uasghrádú suntasach a dhéanamh ar an ní seo is díol spéise do chuairteoirí in Iarthar an Chláir, ar ní é atá stairiúil agus a bhfuil éileamh mór air.

Maidir le cur chun cinn na turasóireachta, rinne toscaireacht a bhí faoi stiúir ag an gComh. Tony O'Brien, an Cathaoirleach, agus a bhí comhdhéanta d'oifigigh agus comhaltaí de Chomhairle Contae an Chláir agus de bhaill d'Fhóram Comhairleach Turasóireachta an Chláir, Contae an Chláir a chur chun cinn mar cheann scríbe inmhianaithe do chuairteoirí os comhair breis agus 120,000 freastalaí ar Milwaukee Irish Fest in Wisconsin, SAM, i mí Lúnasa.

Bhí Contae an Chláir i lár an aonaigh chomh maith do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta teilifíse agus meán shóisialta trí shruthú beo Chraobh Oscailte Éireann na mBan ar urraigh KPMG í, a óstáladh i gCaisleán Dhrom Ólainn i mí Mheán Fómhair.

Sa bhliain 2022, chuir Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair fáilte roimh 1,094,259 gcuairteoir agus meastar go ndeachaigh 42,609 gcuairteoir bhreise chuige trí shiúlóid chósta Aillte an Mhothair.

Tá Comhairle Contae an Chláir, le tacaíocht ó Fháilte Éireann, ag obair le foireann chomhairleach ildisciplíneach chun Straitéis nua Aillte an Mhothair 2040 a ullmhú, lena n-áirítear máistirphlean láithreáin foriomlán.

Ba bhliain ghnóthach í 2022 do Stiúrthóireacht na Comhairle um Fhorbairt Eacnamaíoch, ina gcuimsítear an Rannóg Pleanála, an tAonad Bainistíochta Réadmhaoine, an Oifig Fiontair Áitiúil, an Fhoireann Athghiniúna Bailte agus Ceantar Bardasach Shionainne.

Léiríodh in ardú leantach ar ghníomhaíocht pleanála agus forbartha go raibh comharthaí láidre ar gheilleagar atá ag fás ann sa chontae, agus leanadh den phróiseas um Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 a ullmhú le linn na bliana 2022. Tabharfar an Plean chun críche go luath sa bhliain 2023.

Is é atá in ullmhú na bpleananna breisithe baile sa bhliain 2022 d'Inis Díomáin, do Chora Finne agus do Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh ná léiriú ar thiomantas Chomhairle Contae an Chláir dár gcuid bailte agus sráidbhailte áitiúla a athghiniúint, agus díriú á leagan ar fhorbairt pobail agus ar fhorbairt eacnamaíoch araon, chun go mbeidh siad ina n-áiteanna níos fearr chun cónaí agus obair iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu. D'ainneoin a lán deacrachtaí agus dúshlán, lean gnólachtaí ar an gClár d'athléimneacht láidir a thaispeáint agus is príomhní taobh thiar de gheilleagar rathúil áitiúil iad. Glacann an Chomhairle páirt réamhghníomhach i dteicneolaíochtaí nua agus deiseanna eacnamaíocha nua a chur chun cinn, amhail soghluaisteacht sa todhchaí, fuinneamh gaoithe amach ón gcósta, agus acmhainneacht Inbhear na Sionainne. Is príomhchomhairleoir é Tascfhórsa Eacnamaíoch an Chláir maidir le cabhrú le Comhairle Contae an Chláir príomhdheiseanna eacnamaíocha a shainaithint i gcomhthéacs cúlra eacnamaíoch dhomhanda atá éagobhsaí agus a bhíonn ag athrú de shíor.

Rinne Aonad Bainistíochta Réadmhaoine Chomhairle Contae an Chláir dul chun cinn ar roinnt tionscadal caipitil um réadmhaoine a athchóiriú agus a fháil mar éadáil sa bhliain. Ar aon dul le feachtas an Rialtais chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú, cuireadh raon beart i bhfeidhm inár bhfoirgnimh chorparáideacha agus inár bhfoirgnimh eile chun an úsáid a bhaintear as soilse, as téamh agus as trealamh a bhaineann le TF a laghdú.

Sa bhliain 2022, osclaíodh 69 gcomhad láithreáin thréigthe nua. Is léiriú é sin ar an iarracht shuntasach atá á déanamh ag an bhFoireann Láithreán Tréigthe chun beart a dhéanamh in aghaidh réadmhaoine tréigthe ar fud an chontae. Ba é sin an leibhéal gníomhaíochta ab airde in aon bhliain amháin ó tugadh isteach an tAcht den chéad uair sa bhliain 1990/1991 i leith, agus bhí 210 comhad gníomhach ann ag deireadh na bliana 2022.

Agus muid ag teacht amach as na srianta a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19, ba bhliain thar a bheith rathúil eile d'Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir í an bhliain 2022. D'ainneoin na ndúshlán eacnamaíoch leanúnach amhail an Breatimeacht, saincheisteanna maidir le slabhra an tsoláthair, costais mhéadaitheacha fuinnimh agus an phaindéim, ba spreagadh mór a bhí sa líon tionscadal a rinne iarratas ar thacaíocht agus, rud ba thábhachtaí fós, a bhí i gcáilíocht na dtionscadal sin. Bhí cláir oiliúna ina bpríomhghníomhaíocht fós, agus díriú méadaithe á leagan ar scileanna úinéirí gnólachtaí beaga a fheabhsú agus ar chur leis an gcumas atá acu chun rath a bhaint amach i dtimpeallacht eacnamaíoch atá an-dúshlánach.

Sa bhliain 2022, reáchtáil Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir 79 gclár oiliúna ar ghlac breis agus 1,504 dhuine páirt iontu. I gcomhthéacs an tsuaite eacnamaíoch, lean an líon deontas Cúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Onnmhaireoirí, an líon deontas prímeála agus an líon deontas leathnaithe gnó a ceadaíodh ag méadú, agus ceadú cistiúcháin ab fhiú pas beag níos mó ná €704,040 faighte ag 31 fhiontar.

Bhí lúcháir orainn gur aithníodh obair na Comhairle ag Gradaim Chomhlachas Tráchtála na hÉireann um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil sa bhliain 2022 nuair a ainmníodh an Chomhairle mar Údarás Áitiúil na Bliana. Is aitheantas é an gradam mór le rá seo do thiomantas agus dícheall bhaill foirne agus chomhaltaí tofa Chomhairle Contae an Chláir, a oibríonn i gcomhpháirt chun freastal ar mhuintir an Chláir.

Ba mhaith linn na baill foirne agus na comhaltaí tofa a mholadh agus aitheantas a thabhairt d'ionchur agus rannpháirtíocht luachmhar ár bpobal, ár gcomhpháirtithe agus ár ngeallsealbhóirí thar raon ár dtionscnamh agus ár ngníomhaíochtaí.

Tá struchtúr againn i gComhairle Contae an Chláir lena gcuirtear pobail inbhuanaithe inár gcroílár. Fanfaidh ár bpobail i gcroílár gach a ndéanaimid chun a chinntiú go leanann ár gcontae ar aghaidh ag forbairt mar áit chun cónaí agus obair ann agus chun cuairt a thabhairt air.

Le meas,

An Comh. Tony O'Brien,
Cathaoirleach

An tUas. Pat Dowling,
Príomhfheidhmeannach

COMHAIRLEOIRÍ CONTAE AN CHLÁIR, 2022

Ceantar Bardasach Inse

Mary Howard (FG)

Paul Murphy (FG)

Tom O'Callaghan (FF)

Clare Colleran Molloy (FF)

Ann Norton (Neamhspleách)

Pat Daly (FF)

Johnny Flynn (FG)

Ceantar Bardasach Chill Dalua

Pat Hayes (FF)

Joe Cooney (FG)

Tony O'Brien (FF)

Alan O'Callaghan (FF)

Pat Burke (FG)

Ceantar Bardasach Shionainne

Pat McMahon (FF)

Michael Begley (Neamhspleách)

P.J. Ryan (Neamhspleách)

John Crowe (FG)

Donna McGettigan (SF)

Pat O'Gorman (FF)

Gerard Flynn (Neamhspleách)

Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir

Joe Garrihy (FG)

Joe Killeen (FF)

Shane Talty (FF)

Liam O'Brien (an Comhaontas Glas)

P.J. Kelly (FF)

Gabriel Keating (FG)

Bill Chambers (FF)

Cillian Murphy (FF)

Ian Lynch (Neamhspleách)

STRUCHTÚR EAGRÚCHÁIN 2022

Príomhfheidhmeannach

Pat Dowling

Seirbhísí Airgeadais agus Tacaíochta
Stiúrthóir Seirbhíse: Noeleen Fitzgerald
- Seirbhísí Corparáideacha — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Acmhainní Daonna — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Cuntasóir Bainistíochta
- Cuntasóir Airgeadais
- Ceann Sealadach Córas Faisnéise

Forbairt Eacnamaíoch
Stiúrthóir Seirbhíse: Liam Conneally
- Forbairt Eacnamaíoch agus Bainistíocht Réadmhaoine — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Forbairt Pleanála agus Fiontar — Pleanálaí Sinsearach Gníomhach
- Tionscnaimh Eacnamaíocha Straitéiseacha — Oifigeach Athghiniúna Bailte
- An Oifig Fiontair Áitiúil — Ceann Fiontair
- Ceantar Bardasach Shionainne — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Forbairt Fhisiciúil
Stiúrthóir Seirbhíse: Carmel Kirby
- Innealtóir Sinsearach Iompair
- An Oifig Bainistíochta Tionscadal — Innealtóir Sinsearach
- Innealtóir Sinsearach Comhshaoil agus Uisce
- Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta — Príomhoifigeach Dóiteáin
- Innealtóir Sinsearach um Ghníomhú ar son na hAeráide
- Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Forbairt Tuaithe
Stiúrthóir Seirbhíse: Leonard Cleary
- Forbairt Pobail agus Tuaithe — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach
- Ceann Turasóireachta Gníomhach
- Claochlú Digiteach agus Leathanbhanda — Ceann Córas Faisnéise
- Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir – Thuaidh — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach
- Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir – Thiar — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach

Forbairt Shóisialta
Stiúrthóir Seirbhíse: Anne Haugh
- Tithíocht — Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach Gníomhach
- Seirbhísí Leabharlainne Leabharlannaí Contae
- Ceantar Bardasach Chill Dalua — Pleanálaí Sinsearach

An Fhreagairt don Ghéarchéim Úcránach
Stiúrthóir Seirbhíse Gníomhach: Jason Murphy
- An Fhreagairt don Ghéarchéim Úcránach — Oifigeach Riaracháin Gníomhach

STRUCHTÚR OIBRIÚCHÁIN



- An Comhchoiste Póilíneachta
- An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
- An Líonra Rannpháirtíochta Pobail

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL



Limistéir Cheantair Bhardasaigh

Tagann comhaltaí le chéile ar leibhéal an limistéir ar fud na bliana chun nithe atá ábhartha dá dtoghlimistéar ar leith a phlé. Tá oifigeach sinsearach sannta do gach coiste Ceantair Bhardasaigh chun feidhmeanna a chomhordú agus chun cabhrú leis na comhaltaí ina bplé. Freastalaíonn an tInnealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin agus ball den fhoireann riaracháin sa limistéar ar na cruinnithe. Freastalaíonn na meáin ar na cruinnithe sin de ghnáth agus liostaítear miontuairiscí gach cruinnithe limistéir ar an gclár oibre ag cruinniú ina dhiaidh sin den Chomhairle lena dtabhairt faoi deara.

Ionadaithe Tofa

Cuimsítear i gComhairle Contae an Chláir 28 gcomhalta thofa a dhéanann ionadaíocht do chúig Thoghlimistéar agus do cheithre Cheantar Bhardasacha. Reáchtáladh toghcháin áitiúla an 24 Bealtaine 2019 chun 28 suíochán ar Chomhairle Contae an Chláir a líonadh.

Ceantair Bhardasacha

Tá ceithre Cheantar Bhardasacha ann ar an gClár, mar a leanas:

Ceantar Bardasach Inse - Toghlimistéar Áitiúil Inse
Ceantar Bardasach Chill Dalua - Toghlimistéar Áitiúil Chill Dalua
Ceantar Bardasach Shionainne - Toghlimistéar Áitiúil Shionainne
Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir - Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois agus Toghlimistéar Áitiúil Inis Díomáin



An Grúpa Beartais Chorparáidigh

Tá an Grúpa Beartais Chorparáidigh comhdhéanta de Chathaoirleach an lae mar aon leis na cathaoirligh ar na Coistí Beartais Straitéisigh. Déantar ionadaíocht do gach Ceantar Bardasach ar an nGrúpa Beartais Chorparáidigh. Tá bunús reachtúil aige atá leagtha amach in alt 133 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, agus tá feidhmeanna sonracha aige maidir le hullmhú an Bhuiséid Bhliantúil agus an Phlean Chorparáidigh. Buaileann an Grúpa Beartais Chorparáidigh le Feidhmeannacht na Comhairle ar bhonn míosúil.

Coistí Beartais Straitéisigh

Tá Coistí Beartais Straitéisigh bunaithe ar phríomhfheidhmeanna na Comhairle. Tá siad comhdhéanta de Chomhairleoirí Tofa agus d'ionadaithe eile ó na comhpháirtithe sóisialta agus ó leasanna earnála eile. Déanann Comhairleoir Tofa cathaoirleacht ar gach Coiste Beartais Straitéisigh, agus faigheann sé/sí tacaíocht ó Stiúrthóir Seirbhísí. Is é cúram an Choiste Beartais Straitéisigh cabhair agus comhairle a thabhairt don Chomhairle maidir le beartas a cheapadh, a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ní bheidh na Coistí Beartais Straitéisigh ag plé le saincheisteanna ionadaíochta nó oibriúcháin aonair. Ar deireadh thiar, áfach, is í an Chomhairle iomlán, ag gníomhú di mar chomhlacht, a dhéanfaidh na cinntí beartais críochnaitheacha.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir Scéim nua Coistí Beartais Straitéisigh 2019-2024 i mí Dheireadh Fómhair 2019. Foráiltear leis an scéim nua do cheithre Choiste Beartais Straitéisigh mar a leanas:

- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Tuaithe**
- **An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Shóisialta.**

Is príomhréimsí beartais ar fud na gCoistí Beartais Straitéisigh uile iad an clár oibre um athrú aeráide agus an clár oibre um bithéagsúlacht.
Tá gach comhairleoir ina c(h)omhalta de Choiste Beartais Straitéisigh agus tarraingítear an tríú cuid ar a laghad de chomhaltas gach Coiste Beartais Straitéisigh ó leasanna earnála. Tarraingítear na hionadaithe earnála do na Coistí Beartais Straitéisigh ó na hearnálacha seo a leanas: an earnáil talmhaíochta/feirmeoireachta, an earnáil comhshaoil/caomhantais, an earnáil forbartha/foirgníochta, an earnáil gnó/tráchtála, an earnáil ceardchumann, an earnáil pobail/dheonach agus an earnáil cuimsithe shóisialta.

Tá comhaltas gach Coiste Beartais Straitéisigh mar a leanas:

Comhaltas na gCoistí Beartais Straitéisigh

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch	Comhaltaí	
Comhaltaí Tofa	An Comh. Pat McMahon (Cathaoirleach) An Comh. P.J. Kelly An Comh. Pat Daly	An Comh. PJ Ryan An Comh. Michael Begley An Comh. Gabriel Keating An Comh. Johnny Flynn
Talmhaíocht agus Feirmeoireacht	Rosaleen O'Reilly	
Comhshaol/ Caomhantas	Emma Karan	
Forbairt/ Foirgníocht	Pat Keogh	
Gnó/ Tráchtáil	Pat Morris	
Ceardchumainn	Seamus Ryan	
Cuimsiú Sóisialta	Elaine d'Alton	

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil	Comhaltaí	
Comhaltaí Tofa	An Comh. John Crowe (Cathaoirleach) An Comh. Patrick O'Gorman An Comh. Alan O'Callaghan	An Comh. Clare Colleran Molloy An Comh. Joe Cooney An Comh. Ian Lynch An Comh. Liam Grant
Talmhaíocht agus Feirmeoireacht	Kieran Woods	
Comhshaol/ Caomhantas	Aisling Wheeler, Therese O'Donohue	
Forbairt/ Foirgníocht	Lorchan Hoyne	
Pobal/ Deonach	Damon Matthew Wise	
Cuimsiú Sóisialta	Padraic Hayes	

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Tuaithe	Comhaltaí	
Comhaltaí Tofa	An Comh. Pat Hayes (Cathaoirleach) An Comh. Bill Chambers An Comh. Cillian Murphy	An Comh. Shane Talty An Comh. Joe Killeen An Comh. Mary Howard An Comh. Pat Burke
Talmhaíocht agus Feirmeoireacht	Denis Tuohy	
Comhshaol/ Caomhantas	Anny Wise	
Gnó/ Tráchtáil	Niamh O'Callaghan	
Pobal/ Deonach	Eugene Crimmins	
Cuimsiú Sóisialta	Jean Tierney	

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Shóisialta	Comhaltaí	
Comhaltaí Tofa	An Comh. Gerard Flynn (Cathaoirleach) An Comh. Tony O'Brien An Comh. Mark Nestor / An Comh. Tom O'Callaghan	An Comh. Paul Murphy An Comh. Joe Garrihy An Comh. Ann Norton An Comh. D McGettigan
Forbairt/ Foirgníocht	Larry Brennan	
Gnó/ Tráchtáil	William Cahir	
Ceardchumainn	Tommy Guilfoyle	
Pobal/ Deonach	Mary Leahy	
Cuimsiú Sóisialta	Noel Kearney	

Ionadaíocht na gComhaltaí Tofa ar Choistí

Ceapachán mar Chathaoirleach Ainmnithe ar gach ceann de na ceithre Choiste Beartais Straitéisigh
Na Comhairleoirí P. McMahon, P. Hayes, J. Crowe, G. Flynn

An Tionól Réigiúnach
Na Comhairleoirí A. O'Callaghan, P. J. Kelly

An Bord Oideachais agus Oiliúna
Na Comhairleoirí A. Norton, P. Murphy, G. Keating, C. C Molloy, J. Killeen

Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil
An Comh. B. Chambers

Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann
Na Comhairleoirí J. Crowe, M. Begley, P. Daly

Comhar-Árachais Comhairlí Éireann Teo.
An Comh. C. Colleran Molloy

Bord Bainistíochta Kilkee Waterworld
An Comh. C. Murphy

Bord Bainistíochta Lahinch Seaworld
An Comh. S. Talty

Iontaobhas Mhúsaeim Hunt
An Comh. P. Murphy

Lisdoonvarna Fáilte
An Comh. J. Killeen

Bord Ionad Ceoil Éireannaigh Glór
Na Comhairleoirí L. Grant, M. Howard

Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir
Na Comhairleoirí J. Killeen, J. Garrihy

An Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil
Na Comhairleoirí T. O'Brien, C. Colleran Molloy, D. McGettigan, A. Norton, P. Murphy, J. Garrihy

An Coiste um Nascadh
Na Comhairleoirí M. Begley, P.J. Ryan, P. McMahon, P. Hayes, T. O'Brien, J. Crowe, P. Murphy, M. Howard, Cathaoirleach an lae

Grúpa Oibre Chontae an Chláir um Shábháilteacht ar Bhóithre.
Na Comhairleoirí C. Murphy, J. Cooney, P.J. Ryan

Coiste Faireacháin Contae an Chláir Uisce Tuaithe
Na Comhairleoirí L. Grant, S. Talty, P. Burke

Coiste Spóirt agus Fóillíochta Active Ennis
Na Comhairleoirí T. O'Callaghan, A. Norton, J. Flynn

An Coiste Iniúchóireachta
Na Comhairleoirí P. Hayes, G. Keating

Fóram Sláinte Réigiúnach an Iarthair
Na Comhairleoirí L. Grant, C. Murphy, B. Chambers, M. Howard

An Comhchoiste Póilíneachta
Na Comhairleoirí I. Lynch, A. Norton, M. Begley, P.J. Ryan, B. Chambers, P. Daly, P. McMahon, A. O'Callaghan, J. Killeen (ar feadh dhá bhliain), S. Talty (ar feadh trí bliana), M. Howard, P. Murphy, P. Burke, J. Crowe, G. Keating

Iontaobhas Thaitneamhachtaí Chill Rois
Na Comhairleoirí I. Lynch, G. Keating

Bord Chuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir
Na Comhairleoirí P.J. Ryan, G. Keating, J. Killeen

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
Na Comhairleoirí B. Chambers, C. Murphy, J. Flynn, G. Flynn

Coiste Iarnróid Idirchontae an Iarthair Na Comhairleoirí A. O'Callaghan, P. Hayes, L. Grant, J. Crowe, G. Keating

An Fochoiste um Buan-Orduithe
Na Comhairleoirí B. Chambers, C. Colleran Molloy, P. Murphy, J. Cooney, P.J. Ryan, G. Flynn, Cathaoirleach an lae

An Coiste Cuimhneacháin
Na Comhairleoirí P. O'Gorman, C. Colleran Molloy, A. Norton, G. Flynn, P. Murphy, J. Cooney

An Fóram Forbartha Tuaithe
Tá beirt Chomhairleoirí le hainmniú as gach Ceantar Bardasach

Bord Aillte an Mhothair
Na Comhairleoirí S. Talty, G. Keating

Comhlacht Ceannais Ollscoil Náisiúnta na hÉireann
An Comh. C. Colleran Molloy

Ennis 2040 Strategic Development Designated Activity Company (DAC)
Na Comhairleoirí C. Colleran Molloy, A. Norton, M. Howard

AN STIÚRTHÓIREACHT UM AIRGEADAS AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA

NOELEEN FITZGERALD
Stiúrthóir Airgeadais
agus Seirbhísí Tacaíochta

An Rannóg Airgeadais

Tá príomhfhreagracht ar an Rannóg Airgeadais as raon feidhmeanna, lena n-áirítear cuntasaíocht airgeadais, tuairisciú airgeadais, buiséadú, billeáil agus bailiú rátaí tráchtála, íocaíochtaí soláthraithe, riarachán párolla, comhlíonadh soláthair, an próiseas buiséid, bainistíocht cistíochta agus gníomhaíochtaí cuntasaíochta agus comhlíonta eile. Déanann an Rannóg Airgeadais formhaoirseacht ar rialuithe éifeachtacha caiteachais agus ar bhailiú fiach, agus é mar chuspóir foriomlán aici seirbhísí tacaíochta a sholáthar don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil agus don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe de chuid na Comhairle, áit ar mó an caiteachas iomlán bliantúil ná €225 mhilliún.

Cuntasaíocht airgeadais agus tuairisciú airgeadais

Bhí tionchar mór ag paindéim Covid-19 ar ár sochaí agus ar an ngeilleagar, agus leanfaidh a héifeachtaí go ceann i bhfad. Sa bhliain 2022, bhí comharthaí le feiceáil go rabhthas ag filleadh ar na leibhéil ghníomhaíochta gnó a bhí ann roimh an bpaindéim. Is é an dúshlán is déanaí atá os ár gcomhair anois, áfach, ná an cogadh san Eoraip agus na héifeachtaí iarmhartacha a bheidh aige ar Éirinn agus ar an ngeilleagar. Léirigh an Chomhairle athléimneacht shuntasach le linn na paindéime agus í ag leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhísí gan bhriseadh, agus tá sí chun tosaigh anois maidir le seirbhísí a chomhordú dár bpobal Úcránach. Mar gheall ar an gcogadh, tá éiginnteacht ann i measc ár ngnólachtaí agus ár bpobal arís agus boilsciú ag ardú, rátaí úis ag ardú agus margadh luaineach fuinnimh ann.

Tugtar forbhreathnú sa Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2022 ar staid airgeadais Chomhairle Contae an Chláir amhail an 31 Nollaig 2022. Tugtar breac-chuntas sa tábla ar leathanach 120 ar na torthaí don bhliain i bhformáid chiorraithe. Thabhaigh an Chomhairle caiteachas iomlán ab ionann agus

€225.6m (gan aistriú le haghaidh caiteachais a áireamh) sa bhliain 2022. Cuimsítear ansin caiteachas ioncaim ab ionann agus €137.4m agus caiteachas caipitil ab ionann agus €88.2m. San iomlán, bhí sé sin ar aon dul go mór leis an gcaiteachas foriomlán sa bhliain 2021, a bhí cothrom le €217.3m. D'ainneoin na ndúshlán leanúnach ar tagraíodh dóibh, is cúis áthais dom a thuairisciú go léirítear sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 2022 (Cuntas Ioncaim agus Caiteachais) staid atá chóir a bheith cothromaithe tar éis cistiú ioncaim agus cistiú acmhainní dílse a thabhairt do thionscadail chaipitil. Is toradh dearfach é sin i bhfianaise na haeráide fioscaí agus tógann sé ar thorthaí na mblianta beaga atá imithe thart.

Rátaí tráchtála

Is é ioncam ó rátaí tráchtála príomhfhoinse ioncaim na Comhairle seo le haghaidh seirbhísí a sholáthar. Sa bhliain 2022, tháinig tarscaoileadh rátaí phaindéim Covid-19 chun deiridh i ráithe a haon, agus €2.3m íoctha le gnólachtaí spriocdhírithe. B'ionann é sin agus suim sa bhliain 2022 a bhí os cionn €9m níos lú ná an tsuim a fuarthas sa bhliain 2021. Bhí tionchar dearfach ag tacaí an rialtais sa réimse sin ón mbliain 2020 i leith ar ár rátaí tráchtála do-aisghafa. Ní raibh sé éasca, áfach, gach custaiméir a thabhairt ar ais chuig rátaí tráchtála iomlána a íoc sa bhliain 2022.

Bhilleáil Comhairle Contae an Chláir €43.8m san iomlán i rátaí tráchtála sa bhliain 2022. Tuairiscíonn an Chomhairle seo céatadán bailiúcháin a bhí cothrom le 87%, an céatadán céanna bailiúcháin a bhí ann sna blianta 2021 agus 2020 (arna choigeartú le haghaidh an tarscaoilte rátaí). Tháinig laghdú €0.5m ar riaráistí ar rátaí tráchtála sa bhliain. Ba laghdú comhsheasmhach ó bhliain go bliain é sin.

Leanann an Chomhairle de bheith i dteagmháil le gach custaiméir maidir le socruithe íocaíochta a chomhaontú agus tá imeachtaí dlí curtha ar ais aici tar éis iad a chur ar sos le linn na paindéime. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhfuil líon mór custaiméirí ann a bhfuil an timpeallacht eacnamaíoch reatha ag déanamh difear dá ngnólacht, agus leanfaidh an Chomhairle seo ag obair leis na custaiméirí sin chun cabhrú leo a rátaí tráchtála a íoc.

Maidir le hathluacháil rátaí tráchtála do Chontae an Chláir, rud a cuireadh siar go dtí an bhliain 2024 mar gheall ar phaindéim Covid-19, is cuid í de chlár náisiúnta a bhfuil mar aidhm leis a chinntiú go léireofar i luacháil inrátaithe gach réadmhaoine tráchtála agus tionscail na luachálacha réadmhaoine comhaimseartha agus go dtabharfar leo trédhearcacht mhéadaithe agus cothromas méadaithe don chóras rátála. Leanfaidh an próiseas ar aghaidh sa bhliain 2023 agus déanfar luachálacha margaidh nua a chomhaontú agus a chur i bhfeidhm don bhliain 2024.

Pleanáil ioncaim agus buiséad caipitil

I mí na Samhna 2022, ghlac an Chomhairle a buiséad caipitil ilbhliantúil don tréimhse 2023-2025 agus a buiséad ioncaim don bhliain 2023. Tháinig sé sin sna sála ar phlé fairsing i measc na gcomhaltaí, agus aird á tabhairt acu ar an timpeallacht eacnamaíoch dhoiligh a bhí i réim tar éis na paindéime agus ar an timpeallacht boilscithe. Glacadh an buiséad sin gan aon mhéadú ar mhuirir ghnó a thabhairt isteach sa bhliain 2023.

Soláthar

D'fheidhmigh an Chomhairle de réir chreat soláthair na hOifige um Sholáthar Rialtais. Sa bhliain 2022, breisíodh an réimse seo chun tacaíocht bhreise a sholáthar do rannáin de réir mar a shroich an caiteachas ar fud na stiúrthóireachtaí uile leibhéal os cionn €220m. Tá sé beartaithe breisithe breise córais agus próisis a dhéanamh sa bhliain 2023.

Mótarchánachas

Tá freagracht ar an Rannán Mótarchánach as déileáil le hiarratais mhótarchánach ón oifig Mótarchánach in Inis. Ina theannta sin, éascaíonn an Ceantar Bardasach i gCill Rois, in Inis Díomáin agus sa Scairbh athnuachan mótarchánach ar líne. Seoltar gach fáltas mótarchánach ar aghaidh go laethúil chuig an státchiste lárnach. Fuair oifig Mótarchánach an Chláir €4.8m don tréimhse ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2022. Ba mhéadú €1.1m é sin i gcomparáid le fáltais na bliana 2021, agus léirítear ann an filleadh custaiméirí i bpearsa ar an oifig mótarchánach in Inis. Is í an Roinn Iompair a bhainistíonn an córas mótarchánach ar líne agus, sa bhliain 2022, rinneadh 83% de na hidirbhearta ar líne (figiúr a bhí níos lú ná leibhéal na bliana 2021, a bhí cothrom le 86%). Sa bhliain 2022, d'oibrigh an cuntar poiblí mótarchánach le huaireanta oscailte laghdaithe, agus comhaontú ann go bhfillfí sa bhliain 2023 ar na huaireanta oscailte a bhíodh ann roimh theacht phaindéim Covid-19.

Iniúchóireacht Inmheánach

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí ina chuid de struchtúr Rialachais Chorparáidigh na Comhairle. Is feidhm bhreithmheasa neamhspleách í laistigh den Chomhairle agus tá sé de chúram uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ar fud gach réimse laistigh d'Údarás Áitiúil an Chláir.

Is é an ról atá ag Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí ná dearbhú neamhspleách a sholáthar go bhfuil na próisis bhainistíochta riosca, rialachais agus rialaithe inmheánaigh de chuid eagraíochta ag feidhmiú go héifeachtach.

Leagtar amach i gCairt Iniúchóireachta Inmheánaí ról agus freagrachtaí an Iniúchóra Inmheánaigh agus an Lucht Bainistíochta.

Maidir leis an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí:

- Feidhmíonn sé de réir Plean Ilbhliantúil Iniúchóireachta Inmheánaí ina leagtar amach sceideal athbhreithnithe iniúchóireachta agus spotseiceálacha. Gníomhaíonn sé de bhun na moltaí arna ndéanamh leis an lucht bainistíochta
- Idirghníomhaíonn sé le Coiste Iniúchóireachta na Comhairle agus leis an Iniúchóir Rialtais Áitiúil seachtrach chun bainistíocht riosca agus dea-chleachtais chuntasaíochta a chur chun cinn agus chun feabhas a chur ar an díriú ar luach ar airgead ar fud na heagraíochta.

D'fhorbair an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí samhail hibrideach oibre ar dá barr a dhéanfaidh an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí i gComhairle Contae an Chláir iniúchtaí inmheánacha amach anseo ar roinnt bealaí éagsúla, agus tacaíocht á fáil aige ó Ghnólacht Iniúchóireachta Seachtraí. Críochnaíodh roinnt tuarascálacha deiridh, táblaí moltaí agus an Tuarascáil ar Dhearbhú Cáilíochta sa bhliain.

An Rannóg Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Tá Rannóg Oibríochtaí Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) Chomhairle Contae an Chláir ina cuid den Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta. Soláthraíonn an Rannóg Oibríochtaí TFC seirbhísí agus tacaíocht TFC do stiúrthóireachtaí, do Cheantair Bhardasacha, do rannóga agus do bhreis agus 600 úsáideoir. I measc na seirbhísí tá bonneagar TFC, feidhmchláir TFC, réitigh bogearraí fiontraíochta, córais faisnéise geografaí (GIS), agus seirbhísí Gréasáin.

Le blianta beaga anuas, tá an Rannóg TFC ag glacadh le teicneolaíochtaí nuálacha chun seirbhísí a dhigitiú, agus feidhmiúlacht na réiteach atá ann cheana á leathnú chun soláthar seirbhíse a fheabhsú, chun tacú le hobair chumaisc, agus chun obair nuair atáthar i mbun gluaiseachta a chumasú.

Áiríodh iad seo a leanas le héachtaí na Rannóige Oibríochtaí TFC sa bhliain 2022:

- Tacaíodh leis an Rannóg Pleanála maidir le ríomhphleanáil a chur chun feidhme. Cuireadh ar chumas daoine den phobal iarratais phleanála a chur isteach ar líne
- Uasghrádaíodh na Córais Bhainistíochta Airgeadais, le tacaíocht ón Rannóg Airgeadais
- Suiteáladh córas físchomhdhála i Seomra na Comhairle in éineacht leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha chun tacú le cruinnithe hibrideacha
- Soláthraíodh seirbhísí tacaíochta do bhreis agus 5,000 glao ar thacaíocht TFC ó fhoireann Chomhairle Contae an Chláir
- Cuireadh feabhas ar chroíbhonneagar TFC Chomhairle Contae an Chláir. Sa tionscadal sin, cuireadh réiteach hipear-chomhtháite in ionad na seanteicneolaíochta agus soláthraíodh an acmhainn agus an iontaofacht TFC is gá chun freastal ar na héilimh atá ag Comhairle Contae an Chláir ar sheirbhísí TFC
- Rinneadh an réiteach cúltaca a ollchóiriú chun cosaint bhreise a sholáthar ar chailliúint faisnéise
- Tugadh chun críche an obair suiteála agus tástála ar láithreán athshlánaithe ó thubaiste as an láithreán chun cosaint bhreise a sholáthar do sheirbhísí criticiúla
- Tacaíodh le tríocha tionscadal comhairliúcháin ar líne do stiúrthóireachtaí, do Cheantair Bhardasacha agus do rannóga
- Mar fhreagairt do na bagairtí cibearshlándála a bhíonn ag dul i méid, thug an Rannóg Oibríochtaí TFC seirbhísí faireacháin, braite agus freagartha isteach a oibríonn 24 huaire an chloig sa lá, seacht lá sa tseachtain
- Nuashonraíodh an deasc seirbhíse TFC chun rochtain shimplithe a sholáthar d'úsáideoirí ar fhreastalaithe tacaíochta agus chun feidhmiúlacht bhreisithe a sholáthar don fhoireann oibríochtaí TFC chun tacú le cianoibrithe
- Críochnaíodh an t-aistriú ó ríomhphost ar an áitreabh go néal-ríomhphost, rud lena soláthraítear méid méadaithe slándála, stórála agus feidhmiúlachta
- Chuathas i gcomhpháirt leis an Rannóg Acmhainní Daonna chun réiteach oiliúna RGCS (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus cibearshlándála a thabhairt isteach. D'éirigh leis an Rannóg Acmhainní Daonna úsáid a bhaint as na bogearraí chun oiliúint RGCS agus cibearshlándála a sholáthar do bhreis agus 300 úsáideoir sa bhliain 2022
- Críochnaíodh uasghráduithe ar iHouse, ar iPlan, ar iReg agus ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais. Tá an próiseas sin ar siúl fós
- Críochnaíodh an obair ar réitigh oibre cumaisc a chur i bhfeidhm d'úsáideoirí i gComhairle Contae an Chláir.

Acmhainní Daonna

Sa bhliain 2022, rinne an Rannóg Acmhainní Daonna formhaoirseacht ar chlár oibre suntasach a sholáthar ar aon dul lena Plean Foirne don bhliain. Ba iad seo na príomhréimsí ar díríodh orthu: pleanáil fórsa saothair; earcaíocht; Straitéis Daoine na nÚdarás Áitiúil; cláir foghlama agus forbartha; comhionannas agus éagsúlacht; agus tacaí folláine fostaithe. Tugtar achoimre thíos ar na príomh-bhuaicphointí.

Pleanáil fórsa saothair

Cuireadh tús le próiseas straitéiseach pleanála fórsa saothair i mí an Mhárta 2022. Chomhaontaigh an Fhoireann Ardbhainistíochta an próiseas, ar áiríodh leis scrúdú ar na nithe seo a leanas:

- An Eagraíocht agus a Timpeallacht
- Próifíl agus Anailís Fórsa Saothair
- Riachtanais Fórsa Saothair
- Bearnaí Fórsa Saothair agus Acmhainní Airgeadais
- Plean Gníomhaíochta
- Faireachán agus Meastóireacht.

Cuireadh sraith ceardlann agus cruinnithe ar siúl ar fud an phróisis. Cuireadh dréachtphlean i láthair i mí Lúnasa 2022 agus rinneadh dréacht deiridh a ullmhú agus a chríochnú sna míonna tosaigh den bhliain 2023.

Earcaíocht

Chun freastal ar riachtanais rannóga na Comhairle, eagraíodh feachtais earcaíochta agus roghnaíodh

iarrthóirí agus cuireadh iad isteach i bpoist inar tháinig folúntais chun cinn. Áirítear leis an bpróiseas measúnú incháilitheachta, gearrliostú iarrthóirí, roghnú deiridh, socrú agus ionduchtú. Reáchtáil an Rannán Earcaíochta 52 fheachtas earcaíochta sa bhliain 2022, agus cuireadh 34 phainéal le chéile mar thoradh air sin. Bhain na painéil sin le poist riaracháin, le poist theicniúla, le poist lasmuigh agus le poist bhainistíochta.

Chabhraigh an Clár Comharoideachais le roinnt mac léinn tríú leibhéal taithí oibre luachmhar a fháil i rannóga éagsúla den Chomhairle.

Foghlaim agus Forbairt

Cuirtear cláir oiliúna, seimineáir Ghréasáin agus seisiúin faisnéise i bpearsa agus ar líne ar fáil don fhoireann ar bhonn leanúnach ar fud na bliana. Tá raon leathan clár ar tairiscint. Is clár oiliúna éigeantacha iad cuid acu, go háirithe iad sin a bhaineann le hoibleagáidí sláinte agus sábháilteachta. Leagadh béim ar leith ar oiliúint i nGníomhú ar son na hAeráide.

Cuireadh ardán oiliúna nua ar fáil ar an inlíon trínar féidir le baill foirne suim a léiriú i raon leathan clár oiliúna. I measc na réimsí spéise tá scileanna gnó, gníomhú ar son na haeráide, oideachas leantach, forbairt ghairmiúil leantach, éagsúlacht agus cuimsiú, sláinte agus sábháilteacht, cianobair, mé féin a threorú, m'fhoireann a threorú, córas bainistíochta agus forbartha feidhmíochta (CBFF), agus folláine.

Coinníodh an caighdeán Óir i Scothsheirbhís ó Scothfhostaithe arís sa bhliain 2022. Áiríodh leis an bpróiseas sin sraith agallamh leis an bhfoireann agus leis an lucht bainistíochta.

Rinneadh iniúchadh ar Chaighdeán Fostóra Chreidiúnaithe Forbartha Gairmiúla Leantaí Innealtóirí Éireann i mí Feabhra 2022. Ba phróiseas dian é sin inar eagraíodh láithreoireachtaí agus agallaimh/cruinnithe le roinnt ball foirne ar fud na heagraíochta. Fuarthas an creidiúnú go ceann trí bliana eile, agus tá roinnt moltaí le scrúdú agus le cur chun feidhme.

Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta

Cuireadh an ceanglas leis an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta a chur chun feidhme in iúl don fhoireann i dtús na bliana. Áirítear leis an bpróiseas comhráite foirmiúla idir an ball foirne agus an bainisteoir líne i dtús na bliana, i lár na bliana agus ag deireadh na bliana. Leis an gcóras sin, cuirtear forbairt agus cur chun feidhme Pleananna Foirne agus Pleananna Forbartha Pearsanta agus Pleananna Oiliúna chun cinn.

Cur chun feidhme beartas

Tugadh obair chumaisc mar bheartas isteach go foirmiúil san earnáil rialtais áitiúil sa bhliain 2022. An Beartas agus Nós Imeachta maidir le hObair Chumaisc, doiciméad an Chreata Oibre Cumaisc, an doiciméad forlíontach Ceisteanna Coitianta agus léarscáil próisis céim ar chéim, cuireadh ar fáil iad don fhoireann agus cuireadh fáilte roimh iarratais.

Críochnaíodh measúnuithe eirgeanamaíochta stáisiúin cianoibre mar chuid den phróiseas, lenar áiríodh oiliúint cibearshlándála agus oiliúint cosanta sonraí. Bhí leibhéal maith suime ann sa bheartas.

Comhionannas agus éagsúlacht

Bhunaigh Comhairle Contae an Chláir Grúpa Oibre um Chomhionannas agus Cearta an Duine, atá faoi stiúir ag an Rannóg Acmhainní Daonna. Déanfaidh an grúpa dul chun cinn ar Phlean Gníomhaíochta um Chomhionannas agus Cearta an Duine a fhorbairt, ar aon dul le Dualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine. Tá dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur leis an idirdhealú, comhionannas a chur chun cinn agus cearta an duine a chosaint do bhaill foirne agus d'úsáideoirí deiridh. Chuige sin, tá ceangal ar Chomhairle Contae an Chláir measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le comhionannas agus cearta an duine, agus aghaidh a thabhairt ar an dul chun cinn sin agus tuairisciú a dhéanamh air, ar bhealach atá inrochtana don phobal.

Córais bhainistíochta acmhainní daonna

Is é CoreHR an córas acmhainní daonna a úsáidtear i gComhairle Contae an Chláir. Rinneadh roinnt uasghráduithe ar an gcóras le linn na bliana 2022 lena gcumasaítear tuilleadh feidhmiúlachta. Faoi láthair, tá an Fhoireann Earcaíochta ag scrúdú na féidearthachta a bhaineann le húsáid a bhaint as modúl earcaíochta ar Core.

Seoladh suíomh óstach nua don fhoghlaim ar líne darb ainm MetaCompliance le linn na bliana 2022. Leis an suíomh, is féidir gearrchúrsaí comhlíonta amhail Cibearshlándáil, RGCS, agus fioscaireacht, etc., agus beartais ghaolmhara de chuid na Comhairle a chur i gcrích. Beidh cúrsaí Cibearshlándála agus RGCS curtha i gcrích cheana féin ag go leor ball foirne ar an suíomh óstach sin. Cuirfear modúil nua ar fáil le himeacht ama, mar aon le hinneachar nua amhail beartais, cláir nua ríomhfhoghlama agus comhroinnt faisnéise.

Folláine fostaithe

Cuireadh roinnt tionscnamh náisiúnta chun cinn don fhoireann sa bhliain. Áiríodh leo sin an Lá 'Dia Duit, Conas atá tú?', Lá Náisiúnta Folláine san Ionad Oibre, rangannaióga saor in aisce ag am lóin, Oiliúint i bhFeasacht ar Fhéinmharú (SafeTALK), Lá Domhanda na Meabhairshláinte agus Banc ag an Obair.

Seoladh Clár Scagthástála Sláinte Fostaithe an 20 Meitheamh 2022. Cuireadh an tseirbhís scagthástála ar fáil in Inis, in Inis Díomáin, i Sionainn, i gCill Rois agus i gCill Dalua. Ghlac an fhoireann go maith leis an gclár agus cuirfear ar fáil é gach dhá bhliain nó gach trí bliana.

Cuireadh an Clár Vacsaínithe in aghaidh an Fhliú ar fáil don fhoireann agus do chomhaltaí i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Thug an Dr Máire Finn láithreoireacht don fhoireann dar teideal 'All Things Menopause' an 6 Deireadh Fómhair 2022. Bhí an seisiún dhá uair an chloig an-fhaisnéiseach agus bhí freastal maith air.

Faoin gClár Cúnaimh i gcomhair Fostaithe, leantar de Sheirbhísí Comhairleoireachta Gairmiúla a chur ar fáil don fhoireann ar fad.

Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní

D'fhoilsigh Comhairle Contae an Chláir an Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní uaithi don bhliain 2022 an 20 Nollaig 2022. Is é atá sa bhearna phá idir na hinscní ná an difríocht idir meánphá na bhfear agus meánphá na mban in aghaidh na huaire ar fud an fhórsa saothair. Tá ceangal anois ar fhostóirí a bhfuil níos mó ná 250 fostaí in Éirinn acu a gcuid sonraí faoin mbearna phá idir na hinscní a fhoilsiú. Léirítear i dtuarascáil na bliana 2022 gurbh ionann an Mheánbhearna Phá idir na hInscní agus -7.04%. Ciallaíonn sé sin gurb amhlaidh, ar an meán, go bhfuil níos mó ról ar phá níos airde ag mná ná mar atá ag fir. Ciallaíonn an Bhearna Airmheánach Phá idir na hInscní, arb ionann í agus -15.73%, go bhfuil ionadaíocht láidir ann do mhná i róil bhainistíochta uachtaraí i gComhairle Contae an Chláir.

Seirbhísí Corparáideacha

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha seirbhís tacaíochta do na comhaltaí tofa agus do lucht bainistíochta na Comhairle agus riarann sí roinnt feidhmeanna go díreach ar an bpobal.

Cruinnithe Chomhairle Contae an Chláir

Déanann Comhairle Contae an Chláir an-chuid dá gnó ag cruinnithe de chuid na Comhairle iomláine. Rialáiltear cruinnithe den sórt sin le dlí.
Sa bhliain 2022, thionóil Comhairle Contae an Chláir na cineálacha cruinnithe seo a leanas:

- Cruinniú Ginearálta Bliantúil - 1
- Gnáthchruinnithe - 11
- Cruinnithe Míosúla ar Athló - 2
- Cruinnithe Buiséid - 1
- Cruinnithe Speisialta - 1

Bíonn Cathaoirleach na Comhairle i gceannas ar chruinnithe na Comhairle iomláine. I gcás go bhfuil an Cathaoirleach as láthair, is é an Leas-Chathaoirleach a dhéanfaidh cathaoirleacht ar an gcruinniú. Tá ceart reachtúil ag an bpobal agus ag na meáin chun freastal ar chruinnithe na Comhairle. Tionóltar cruinnithe na Comhairle ar an dara Luan de gach mí, cé is moite de mhí Lúnasa. Déantar na cruinnithe reachtúla a óstáil i Seomra na Comhairle in Áras Contae an Chláir agus trí MS Teams.
Tionóltar an Cruinniú Ginearálta Bliantúil i mí an Mheithimh gach bliain. Toghadh an Comhairleoir Tony O'Brien, a dhéanann ionadaíocht do Cheantar Bardasach Chill Dalua, mar Chathaoirleach i mí an Mheithimh 2022 don bhliain ina dhiaidh sin. Toghadh an Comhairleoir Ann Norton, a dhéanann ionadaíocht do Cheantar Bardasach Inse, ina Leas-Chathaoirleach ag an gcruinniú céanna sin.

An Plean Corparáideach 2019-2024

Glacadh an Plean Corparáideach 2019-2024 an 14 Nollaig 2019. Beidh Comhairle Contae an Chláir ina rialtas áitiúil a bheidh gairmiúil, sofhreagrach agus sofhreagrúil, a threoróidh forbairt eacnamaíoch, fhisiciúil agus tuaithe ár gcontae agus a mbeidh pobail inbhuanaithe mar chroílár aige.

Cuspóirí Straitéiseacha 2019-2024

Feidhmíonn Comhairle Contae an Chláir faoi chúig stiúrthóireacht, is iad sin: an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta, an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil, an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe agus Turasóireachta, an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch, agus an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Airgeadais agus Tacaíocht. Tá cuspóirí straitéiseacha agus straitéisí tacaíochta comhaontaithe ag na stiúrthóireachtaí sin, mar atá leagtha amach thíos. Sa bhliain 2022, bunaíodh stiúrthóireacht nua sa Chomhairle, mar atá an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Seirbhísí don Phobal Úcránach.

▶ An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch

Chun timpeallacht eacnamaíoch réamhghníomhach a éascú ina gcuireann gnólachtaí fúthu agus ina ndéanann siad fostaíocht inbhuanaithe a fhás agus a chruthú chun tacú lenár bpobail agus, ar an gcaoi sin, luach eacnamaíoch Chontae an Chláir a bhreisiú.

▶ An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta

Chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do mhuintir an Chláir trí thacaí cuí tithíochta a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar agus trí rochtain ar fhaisnéis, ar fhoghlaim, ar na healaíona, agus ar dheiseanna cultúir agus áineasa a chumasú agus a chothú.

▶ An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe agus Turasóireachta

Chun próiseas rannpháirtíochta a chur i bhfeidhm i straitéis forbartha tuaithe chun príomhthionscadail a sholáthar lena bhfeabhsófar cáilíocht na beatha agus folláine shóisialta agus eacnamaíoch na ndaoine i gContae an Chláir.

▶ An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil

Chun príomhbhonneagar a sholáthar, a chothabháil agus a chosaint chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta, fhisiciúil agus tuaithe Chontae an Chláir a éascú ar bhealach a gcuireann inbhuanaitheacht, inrochtaineacht, nascacht agus meas ar an gcomhshaol chun cinn.

▶ An Stiúrthóireacht um Airgeadas agus Seirbhísí Tacaíochta

Chun acmhainní daonna agus bonneagar airgeadais agus corparáideach a sholáthar chun tacú agus cur le cumas na Comhairle chun seirbhísí a bhíonn ag éabhlóidiú a sholáthar dá custaiméirí trínár mbaill foirne a chumhachtú agus trí chabhrú leo torthaí a sholáthar de réir lán a gcumais.

▶ An Stiúrthóireacht um Fhorbairt Seirbhísí don Phobal Úcránach

Mar fhreagairt d'ionradh na Rúise ar an Úcráin, bunaíodh stiúrthóireacht nua sa bhliain 2022 chun díriú ar chomhordú seirbhísí agus chun cabhrú le daoine easáitithe ón Úcráin a chosaint.

An Coiste Iniúchóireachta

Tá ról neamhspleách ag an gCoiste Iniúchóireachta i gcomhairle a chur ar an gComhairle maidir le tuairisciú airgeadais, próisis, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus nithe iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais na Comhairle. Tacaíonn sé le hobair na Rannóige Iniúchóireachta Inmheánaí agus cuireann sé comhairle ar an bPríomhfheidhmeannach maidir le hoibriú agus forbairt na Rannóige.

Is coiste neamhfheidhmiúcháin é an coiste agus tá sé neamhspleách agus é ag cinneadh a chláir oibre agus ag ceapadh aon mholtaí, agus na feidhmeanna dá dtagraítear thuas á gcur san áireamh.

Mar thoradh ar thoghcháin áitiúla na bliana 2019, bunaíodh coiste nua. Beidh an coiste nua i mbun oibre ar feadh thréimhse feidhme iomlán na Comhairle ón mbliain 2019 go dtí an bhliain 2024. Tá cúigear comhaltaí ar an gcoiste, mar atá triúr comhaltaí seachtracha agus beirt chomhaltaí tofa mar a leanas:

- Austin Slattery, Cuntasóir Cairte cáilithe (Cathaoirleach)
- Rose Hally Uas.
- An tUas. Jimmy Browne
- An Comh. Gabriel Keating
- An Comh. Pat Hayes.

Tháinig an coiste le chéile sé huaire san iomlán sa bhliain 2022. Cuireann an coiste tuarascáil bhliantúil faoi bhráid na Comhairle gach bliain.

Fáiltithe Cathartha/Méara 2022

D'óstáil an Comh. PJ Ryan, an Cathaoirleach, searmanas Gradam Méara i mí an Mheithimh 2022, ar lena linn a bhronn sé gradaim ar na faighteoirí fiúntacha seo a leanas:

- Patrick Mungovan - tarrtháil uisce ag Coillte
- Róisín Cahill - buaiteoir an bhoinn óir ag Craobhchomórtas Rásaíochta Cadhc Aigéin na hEorpa
- Seán Óg Healy - marthanóir leoicéime a bhí ag cur chomhlíonadh threoirlínte Covid-19 chun cinn
- Patsy Neville - Siúlóid 12 O'Clock Hills
- Club Camógaíochta na Scairbhe/Thuath Ó gConaíle - buaiteoir Chraobhchomórtas Camógaíochta Sinsir na Mumhan
- Na Samáraigh - 40 bliain i gContae an Chláir a cheiliúradh
- Bailte Slachtmhara Inse - buaiteoir Ghradaim Náisiúnta na mBailte Slachtmhara arna n-urrú ag Supervalu, 2021.

Clár na dToghthóirí

Tá Comhairle Contae an Chláir freagrach as Clár na dToghthóirí do Chontae an Chláir a chur le chéile. Is ionann teorainn Dháilcheantar an Chláir agus teorainn chontae an Chláir, de réir an Achta Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair), 2017.

An tAcht um Athchóiriú Toghcháin, 2022: Nua-aoisiú an phróisis clárúcháin toghthóirí

Ag teacht sna sála ar thosach feidhme an Achta um Athchóiriú Toghcháin i mí Dheireadh Fómhair 2022, tá reachtaíocht i bhfeidhm anois le haghaidh athchóirithe suntasacha toghcháin i gcomhréir leis na gealltanais i gClár an Rialtais - Ár dTodhchaí Comhroinnte. Áirítear leo sin:

- Coimisiún Toghcháin neamhspleách a bhunú
- An próiseas clárúcháin toghcháin a nua-aoisiú
- Fógraí polaitiúla ar líne a rialáil agus
- Leasuithe chun vótáil a éascú i gcás go mbeidh srianta de chineál shrianta Covid-19 i bhfeidhm.

Is ábhartha go háirithe d'údaráis áitiúla atá na forálacha a bhaineann le nua-aoisiú an phróisis clárúcháin toghthóirí, atá deartha chun aird níos fearr a thabhairt ar réaltachtaí nua-aimseartha amhail rochtain fheabhsaithe ar an teicneolaíocht, pobal níos soghluaiste agus tuiscint níos fearr ar na saincheisteanna atá os comhair daoine difriúla agus iad ag iarraidh a gcearta a fheidhmiú.

Is féidir leis na toghthóirí rochtain a fháil anois ar www.checktheregister.ie chun clárú chun vótáil agus chun a mionsonraí a nuashonrú, lena n-áirítear a n-uimhir PSP agus a nÉirchód. Is clár rollach é an clár anois, agus níl aon cheanglas ann go bhfoilseofaí clár forlíontach.

Tá gach duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine agus a chónaíonn go buan ag seoladh áirithe laistigh den stát incháilithe lena c(h)ur ar áireamh ar Chlár na dToghthóirí.

Cé go bhfuil gach cónaitheoir i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh an t-údarás clárúcháin eolas a bheith aige ar shaoránacht duine chun na toghcháin a bhféadfaidh sé/sí vótáil iontu a chinneadh.

Féadfaidh daoine iarratas a dhéanamh ar a n-ainm a chur leis an gclár atá ar feitheamh ón uair atá siad 16 bliana d'aois i leith. Gníomhachtófar an t-iarratas uathu a luaithe a bheidh siad 18 mbliana d'aois.

Is é an líon iomlán toghthóirí Rialtais Áitiúil atá ar Chlár na dToghthóirí 2022/2023 ar an gClár ná 91,683 dhuine.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Deimhníonn Comhairle Contae an Chláir go bhfuarthas nochtadh cosanta amháin sa bhliain 2022 agus tá athbhreithniú ar bun.

Nuálaíocht Gnó 2022

D'oibrigh foireann Nuálaíocht Gnó Chomhairle Contae an Chláir, atá comhdhéanta d'ionadaithe ó stiúrthóireachtaí éagsúla, ar na gníomhartha sa Straitéis um Nuálaíocht Gnó a dhéanamh.

Cuireadh roinnt tionscadal feabhsúcháin gnó i gcrích. Áirítear leo sin na nithe seo a leanas a thabhairt isteach:

- Cóid QR ag ár dtránna chun rochtain éasca ar léarscáileanna, amanna taoide agus fodhlíthe trá a éascú
- Fearais choigilte fuinnimh tí is féidir le daoine a thabhairt ar iasacht ó Leabharlanna an Chláir. Sna fearais sin, cuirtear an t-úsáideoir ar an eolas faoin méid fuinnimh a úsáideann a dteach
- Dearbhuithe eitice ar líne
- Ardán EngagementHQ - Uirlis chomhairliúcháin ar líne.

Gradam Chomhlachas Tráchtála Éireann um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil: Údarás Áitiúil na Bliana, 2022.

Gradam Chomhlachas Tráchtála Éireann um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil

Bronnadh an gradam foriomlán mar Údarás Áitiúil na Bliana, 2022, ar Chomhairle Contae an Chláir as a tiomantas do fhreastal ar an bpobal agus as próifíl an limistéir mar cheann scríbe den chéad scoth a ardú ar an leibhéal náisiúnta.

San iomlán, cuireadh 15 thionscadal isteach mar iontrálacha sa chomórtas gradam seo. Cuireadh ocht gcinn de na tionscadail sin ar an ngearrliosta lena mbreithniú. De na gradaim sin, bhuaigh Comhairle Contae an Chláir na gradaim seo a leanas:

- An Gradam as Féile na Bliana - Féile Ennis Mela, ar lena linn a thaibhigh breis agus 50 taibheoir ó thíortha ar fud an domhain in éineacht le pobail áitiúla éagsúla ón gClár i mí an Mhárta.
- An Gradam as na hEalaíona a Chothú - House! Mórthaispeántas Damhsa Aerga Lasmuigh le Fidget Feet, ar choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir é agus a taispeánadh den chéad uair in Inis i mí Aibreáin.

Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí

Tá an Chomhairle tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dá custaiméirí uile agus tá beartas gearán/tuairimí i bhfeidhm aici. Déanann Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí na Comhairle imscrúdú ar na gearáin/tuairimí uile a fhaightear. Féadfaidh duine nach bhfuil sásta leis an bhfreagra ón gComhordaitheoir Cúram Custaiméirí a iarraidh go ndéanfadh an tOifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Seirbhísí Corparáideacha, athbhreithniú ar a c(h)ás. Sa bhliain 2022, thug an Comhordaitheoir Cúram Custaiméirí freagra ar 11 ghearán a fuarthas, ar déileáladh le cúig cinn díobh faoi achomharc chuig an Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach.

Lean ár bhFoireann um Sheirbhís do Chustaiméirí de sheirbhís den chéad scoth a sholáthar do chustaiméirí, ag obair di le daoine den phobal a tháinig i láthair ag Áras Contae an Chláir, agus cabhair á tabhairt dóibh lena gcuid ceisteanna agus iad á dtreorú chuig na seirbhísí cuí.

Cumarsáid agus Caidreamh Poiblí

Déanann an Oifig Cumarsáide gníomhaíochtaí agus seirbhísí na Comhairle a chur in iúl agus a chur chun cinn agus méadaíonn sí feasacht an phobail ar shaincheisteanna atá le leas an phobail áitiúil agus an phobail náisiúnta.

Sa bhliain 2022, d'eisigh an Oifig Cumarsáide níos mó ná 140 preaseisiúint, rud a d'fhág go raibh clúdach forleathan áitiúil agus náisiúnta ann, agus thug sí freagra ar cheisteanna preasa ó na meáin áitiúla agus náisiúnta.

Nuashonraíonn an Oifig Cumarsáide cainéil meán sóisialta le hinneachar cruthaitheach chun an t-idirchaidreamh leis an bpobal a bhreisiú agus chun feasacht ar obair na Comhairle a chothú. I dteannta a chéile, tá thart ar 30,500 leantóir ag cuntais chorparáideacha meán sóisialta na Comhairle anois.

Le linn na n-imeachtaí aimsire crua sa bhliain 2022, sholáthair an Oifig Cumarsáide an t-eolas is deireanaí agus comhairle don phobal ar bhonn tráthrialta trí na meáin áitiúla agus náisiúnta, trí bhealaí meán sóisialta, agus tríd an rannán nuachta ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Contae an Chláir.

Thacaigh Comhairle Contae an Chláir le roinnt cúiseanna fiúntacha ar fud na bliana 2022, ar lena linn a chabhraigh an Oifig Chumarsáide le feasacht a mhéadú ar thionscnaimh áitiúla agus náisiúnta.

Táirgeadh nuachtlitir foirne 'The Banner Bulletin' agus Tuarascálacha Bainistíochta Míosúla inar tuairiscíodh an dul chun cinn a rinne stiúrthóireachtaí Chomhairle Contae an Chláir le linn na míosa roimhe sin. Lean an Oifig Cumarsáide freisin de mhíreanna nuachta a sholáthar le haghaidh phríomhshuíomh Gréasáin na Comhairle, le haghaidh an Inlín foirne agus le haghaidh an Eislín.

Chuir foireann na Seirbhíse um Dhearadh Grafach agus Priontáil tuilleadh feabhais ar cháilíocht na gcumarsáidí inmheánacha agus seachtracha ó Chomhairle Contae an Chláir trí ábhar deartha agus priontála ar ardchaighdeán a tháirgeadh.

Oifig an Ombudsman

Bunaíodh an oifig seo faoin Acht Ombudsman, 1980. Is é an ról atá aici imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin faoi ghníomhartha riaracháin, faoi mhoilleanna nó faoi neamhghníomhartha a dhéanann difear diúltach do dhaoine nó do chomhlachtaí agus iad ag déileáil le comhlachtaí stáit, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla. Dhéileáil Oifig an Ombudsman le 16 ghearán ó chustaiméirí sa bhliain 2022 a cuireadh faoi bhráid Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh freagra agus tuairisc a thabhairt.

An tOmbudsman do Leanaí

Sa bhliain 2022, ní dhearnadh aon ghearán leis an Ombudsman do Leanaí.

Saoráil Faisnéise agus Cosaint Sonraí

Saoráil Faisnéise

Sa bhliain 2022, bhí 101 iarraidh Saorála Faisnéise, naoi n-athbhreithniú inmheánacha agus ceithre achomharc chuig an gCoimisinéir Faisnéise ann.

Bhí toradh na n-iarrataí a fuarthas sa bhliain 2022 mar a leanas: géilleadh do rochtain - 14; géilleadh go páirteach do rochtain - 40; diúltaíodh géilleadh do rochtain - 33; aistríodh an iarraidh - 4. Tarraingíodh seacht gcinn eile siar agus láimhseáladh iad lasmuigh den phróiseas Saorála Faisnéise, agus rinneadh cinneadh ar thrí cinn sa bhliain 2023.

Bhí na catagóirí iarrthóra sa bhliain 2022 mar a leanas: iriseoirí - 30; grúpaí leasa gnó - 4; ionadaithe poiblí - 0; baill foirne - 0; cliaint/daoine eile - 67.

Is é seo beartas Chomhairle Contae an Chláir:
"Rochtain a thabhairt do dhaoine den phobal ar fhaisnéis atá i seilbh an údaráis seo, a mhéid is mó is féidir, de réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta atá ag an duine aonair."

Tá tuilleadh faisnéise, an fhoirm iarratais agus mionsonraí faoin struchtúr táillí ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Comhairle ag: https://www.clarecoco.ie/your-council/how-we-manage-information/freedom-of-information/how-to-apply-for-information/.

Leagtar amach san Acht um Shaoráil Faisnéise sásraí achomhairc i gcás go ndiúltaítear géilleadh d'iarraidh nó i ndáil le rochtain a iarchur, le táillí nó leis an bhfoirm rochtana, etc. Tá táillí iníoctha freisin i gcásanna áirithe ar achomharc. Is é €30 an táille ar athbhreithniú inmheánach faoi alt 21 (€10 do shealbhóirí cárta liachta agus dá gcleithiúnaithe). Is é €50 an táille ar achomhairc chuig an gCoimisinéir Faisnéise faoi alt 22 (€15 do shealbhóirí cárta liachta agus dá gcleithiúnaithe).

Cosaint Sonraí

Déanann Comhairle Contae an Chláir an fhaisnéis phearsanta ar fad a fhaigheann sí a phróiseáil de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 go 2018. Leagtar amach in RGCS oibleagáidí fairsinge ar rialaitheoirí sonraí agus ar phróiseálaithe sonraí agus tugtar cosaintí neartaithe agus cearta neartaithe d'ábhair sonraí leis. Le linn na bliana 2022, thug an tOifigeach Cosanta Sonraí comhairle, treoir agus tacaíocht do rannóga maidir le RGCS agus sholáthair sé oiliúint chun an tuiscint ar RGCS a mhéadú agus oiliúint sna dóigheanna is fearr ar féidir oibleagáidí sonracha a chomhlíonadh. Láimhseáiltear iarrataí ar rochtain ar shonraí agus sáruithe sonraí tríd an Oifigeach Cosanta Sonraí freisin.

Sa bhliain 2022, rinneadh 37 n-iarraidh ar rochtain ar shonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí/faoi RGCS ar shonraí pearsanta a bhí i seilbh na Comhairle, rinneadh 27 n-iarraidh ar rochtain tríú páirtí agus rinneadh 10 n-iarraidh ar rochtain d'ábhair sonraí.

Ráiteas Príobháideachta

Tá rún daingean ag Comhairle Contae an Chláir an phríobháideacht a chosaint agus a urramú. Sa Ráiteas Príobháideachta, tugtar míniú ar conas a thugaimid aire do do shonraí pearsanta. Tugtar faisnéis ann freisin faoi na hoibleagáidí atá orainn, agus faoi na cearta atá agat, faoin dlí um chosaint sonraí. Is féidir ráiteas príobháideachta Chomhairle Contae an Chláir a fháil ag: https://www.clarecoco.ie/%5binfo%5d/privacy-statement/

Bainistíocht Taifead

Chinntigh ár nAonad Bainistíochta Taifead go gcaomhnaítear taifid ríthábhachtacha go buan agus go slán. Cuireadh líon suntasach taifead i gcartlann, ar taifid iad a cheanglaítear a choinneáil faoin mBeartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil. Ina theannta sin, diúscraíodh taifid de réir an Bheartais Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil.
Críochnaíodh oibreacha ar shaoráid stórála taifead Bhóthar Chuinche. Tá an córas bunachar sonraí Bainistíochta Taifead ADLIB á úsáid anois chun na comhaid uile a stóráiltear sa Chartlann a thaifeadadh.
Bhailigh an tAonad Bainistíochta Taifead na hOrduithe Príomhfheidhmeannaigh uile, leabhair miontuairiscí uile na Comhairle Contae agus na cláir toghthóirí uile, a gcuirfear ceangal orthu agus a chuirfear i gcartlann ina dhiaidh sin, rud a chinntíonn go gcaomhnófar taifid ríthábhachtacha go buan agus go slán.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT FHISICIÚIL

CARMEL KIRBY
Stiúrthóir Forbartha Fisiciúla

An Rannóg Bóithre agus Iompar

Déanann an Rannóg Bóithre agus Iompair comhordú ar dhearadh, cothabháil agus feabhsú an ghréasáin bóithre náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla ar fud an chontae agus tá freagracht uirthi freisin as sábháilteacht ar bhóithre, as soilsiú poiblí, as bearradh fáil, as bainistíocht páirceála, as taisteal gníomhach, as cineálacha árachais, as sláinte agus sábháilteacht agus as draenáil artaireach.

Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh, 2022

Rinneadh soláthar i Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh, 2022, do chlár oibreacha bóthair a raibh ciste iomlán ab fhiú €48.4m aige. Cuireadh an clár seo i gcrích agus tarraingíodh gach leithdháileadh ceadaithe ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII), ón Roinn Iompair agus ón Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) faoi seach.
Is liostaithe anseo thíos atá roinnt de na buaicphointí/roinnt de na hoibreacha a rinneadh:

- Rinneadh neartú/cóiriú dromchla ar níos mó ná 269 km den ghréasán bóithre
- Leanadh den chlár feabhsúcháin droichead breisithe. Rinneadh oibreacha ar 24 dhroichead sa bhliain 2022
- Cuireadh sé scéim feabhsúcháin sábháilteachta i gcrích.

Soilsiú poiblí

Tá freagracht ar Chomhairle Contae an Chláir as thart ar 14,900 solas poiblí sa chontae a bhainistiú agus a chothabháil.

Is é soilsiú poiblí an chomhpháirt úsáide fuinnimh is mó i bhfad de bhonneagar údaráis áitiúil agus bíonn na costais a bhaineann leis sin ag méadú i gcónaí. Faoi láthair, is amhlaidh, maidir leis na soilse uile a shroich a n-úsáid deiridh saolré de dheasca aoise nó toisc go bhfuil comhpháirteanna athsholáthair in easnamh, atá soilse nua LED atá níos tíosaí ar fhuinneamh á gcur in ionad. Cuireadh soilse LED in ionad 63.7% de na soilse poiblí ar an gClár trí chothabháil. I measc na bpríomhthosaíochtaí maidir le soilsiú poiblí tá an t-athrú chuig teicneolaíocht LED, baint amach sprioc na bliana 2020 maidir leis an lorg coise carbóin a laghdú, agus athsholáthar an bhonneagair tacaíochta nuair is gá.

Dheimhnigh Comhairle Contae an Chláir a rannpháirtíocht agus chláraigh sí le bheith ar áireamh i Réigiún 1 de Thionscadal Éifeachtúlachta Fuinnimh Soilsithe Phoiblí na nÚdarás Áitiúil (PLEEP). Lorgaíodh tairiscintí le haghaidh an chonartha don réigiún i bhfómhar na bliana 2020 agus síníodh an Conradh Oibreacha Tógála Dearaidh leis an gCuibhreannas Le Chéile i dtreo dheireadh mhí na Nollag 2021. Tá an conradh le tosú ar an gClár i mí Iúil 2023. Is é an toradh a bheidh ar iarfheistiú na soilse sin ná go laghdófar go mór an leibhéal astaíochtaí carbóin a chuirtear i leith na sócmhainní soilsithe phoiblí i gComhairle Contae an Chláir.

Taisteal Gníomhach, 2022

Sa bhliain 2022, fuair Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh ab fhiú €5.298m le haghaidh tionscadail faoi chlár Taistil Ghníomhaigh an Údaráis Náisiúnta Iompair. Leithdháileadh cistiú ab fhiú €4.5m ar 28 dtionscadal sa bhliain 2023 chun clár na bliana 2022 a thabhairt chun críche agus chun tionscadail bhreise a thionscnamh. Is clár rollach cúig bliana é an Clár Náisiúnta Taistil Ghníomhaigh.

Gníomhaíochtaí Eile Bóithre

An Deontas Pobail um Bearradh Fáil

Sholáthair Comhairle Contae an Chláir leithdháileadh ab fhiú €15,000 chun leanúint ar aghaidh leis an Scéim Deontais Pobail um Bearradh Fáil sa bhliain 2022. Ceadaíodh ocht ndeontas is tríocha sa bhliain 2022.

Tá an tionscnamh seo ag éascú feasacht níos fearr i measc úinéirí talún ar na freagrachtaí atá orthu maidir le bainistíocht na bhfálta cois bóthair ar a gcuid maoine.

An Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Le leithdháileadh €726,000 faoin Scéim Rannpháirtíochta Pobail sa bhliain 2022, éascaíodh an obair atá á déanamh ar 15 bhóthar phoiblí ar fud an chontae.

An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú deontais iomlán ab fhiú €1,238,015 ar Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla sa bhliain 2022. Leis an gcistiú deontais sin, bhíothas in ann oibreacha Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla ar 25 bhóthar neamhphoiblí a cheadú agus a chur i gcrích sa bhliain 2022.

Bainistíocht Tráchta

Tá freagracht ar an gComhairle as an trácht a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú ar fud an chontae. Tá fodhlíthe páirceála agus saoráidí 'íoc agus taispeáin' i bhfeidhm in Inis, i gCill Rois, i gCill Chaoi, sa Leacht agus i nDúlainn. Cuireadh tús le hathbhreithniú páirceála ar fud an chontae sa bhliain 2022 agus leanfar leis sa bhliain 2023.

Táscairí Feidhmíochta Bóithre

Tá na Táscairí Feidhmíochta don bhliain 2022 leagtha amach thíos.

% R1 de na bóithre a fuair rátáil reachta PSCI

Cur Síos	%
An % de na Bóithre Réigiúnacha a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2022	74%
An % de na Príomhbhóithre Áitiúla a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2022	73%
An % de na Bóithre Áitiúla den Dara Grád a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2022	69%
An % de na Bóithre Áitiúla den Tríú Grád a fuair rátáil PSCI sna 24 mhí roimh an 31/12/2022	76%

% R1 B de na bóithre arna léiriú ag rátáil reachta PSCI

Cineál Bóthair	Rátáil 1-4	Rátáil 5-6	Rátáil 7-8	Rátáil 9-10
Bóthar Réigiúnach	2.72%	20.68%	42.57%	33.66%
Príomhbhóthar Áitiúil	2.56%	21.47%	44.43%	25.71%
Bóthar Áitiúil den Dara Grád	5.02%	29.11%	37.52%	22.03%
Bóthar Áitiúil den Tríú Grád	27.40%	24.50%	22.00%	15.50%

Oibreacha Bóithre Réigiúnacha R2

An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Réigiúnacha a neartaíodh sa bhliain 2022	12.88 km
An méid a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha a neartú sa bhliain 2022	€4,384,511
An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Réigiúnacha a athshéalaíodh sa bhliain 2022	15.63 km
An méid a caitheadh ar Bhóithre Réigiúnacha a athshéalú sa bhliain 2022	€563,751

Oibreacha Bóithre Áitiúla R2

An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Áitiúla a neartaíodh sa bhliain 2022	105.26 km
An méid a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla a neartú sa bhliain 2022	€9,226,403
An líon ciliméadar (km) de Bhóithre Áitiúla a athshéalaíodh sa bhliain 2022	146.56 km
An méid a caitheadh ar Bhóithre Áitiúla a athshéalú sa bhliain 2022	€2,793,205

Trasrian coisithe nua faoi scéim Taistil Ghníomhaigh Dhúlainn.

Trasrian coisithe ag Éire Óg le haghaidh 'Bhus Siúil' Scoil Náisiúnta Inse.

Sláinte agus Sábháilteacht

Sa bhliain 2022, ba phríomhchuspóir sláinte agus sábháilteachta de chuid Chomhairle Contae an Chláir é cumarsáid agus feasacht ar shláinte agus sábháilteacht tar éis phaindéim Covid-19 a fheabhsú. Baineadh é sin amach trí fhilleadh ar chruinnithe faisnéise sláinte agus sábháilteachta i bpearsa leis an bhfoireann lasmuigh, trí shraith póstaer sábháilteachta a fhorbairt le tacaíocht ó ghearrchomhráite roimh obair chun cur leis an bhfeasacht ar bhunchúiseanna teagmhas sa bhliain 2021 agus trí mhodúil ríomhfhoghlama ar láimhsiú sábháilte agus ar sciorrthaí, tuislí agus titim don fhoireann laistigh.

Ina theannta sin, soláthraíodh Cleachtaí Insamhlaithe Teagmhas Tromchúiseach i ngach Ceantar Bardasach do bhaill shinsearacha chun baill foirne a chur ar an eolas faoi Nós Imeachta Chomhairle Contae an Chláir maidir le Teagmhais Thromchúiseacha.

Cuireadh oiliúint shaincheaptha i dteagmháil le seirbhísí faoi thalamh ar an bhfoireann lasmuigh.

Rinneadh athbhreithniú ar Phlean Freagartha Phaindéim Covid-19 ó Chomhairle Contae an Chláir i mí Feabhra 2022 de réir threoir earnála agus Rialtais. Maidir leis an bProtocal Idirthréimhseach: Treoir an Dea-Chleachtais um Leanúint le Scaipeadh an COVID-19 a Chosc ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, a foilsíodh i mí Feabhra 2022, tháinig sé in ionad dhoiciméid Treorach Caighdeánaí Oibriúcháin Covid-19 agus cuireadh de dhualgas leantach ar dhaoine aonair leis iad féin a leithlisiú má bhíonn siomptóim orthu/má bhíonn tástáil dheimhneach acu agus gan freastal ar an ionad oibre, agus ceangal á chur ar an bhfostóir comharthaíocht Covid-19, stáisiúin sláintithe láimhe agus bearta chun ionfhabhtú a chosc agus a rialú a choinneáil ar bun.

Mar thoradh ar na tionscnaimh thuas, i gcomhar leis an gclár oibre bliantúil um athbhreithnithe ar Ráitis Sábháilteachta/ar Mheasúnuithe Riosca agus ar dhoiciméid, cuireadh 287 gcigireacht sábháilteachta agus iniúchadh inmheánach sláinte agus sábháilteachta i gcrích ar fud na gcúig stiúrthóireacht uile, tháinig laghdú suntasach ar thimpistí intuairiscithe san iomlán agus tháinig laghdú ar theagmháil le seirbhísí faoi thalamh i gcomparáid leis an mbliain 2021.

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil

Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Fhisiciúil sa bhliain 2022. Tá 13 chomhalta ar an gCoiste sin, atá comhdhéanta de sheachtar comhaltaí tofa agus d'ionadaithe ó na hearnálacha seo a leanas:

- An Earnáil Talmhaíochta/Feirmeoireachta
- An Earnáil Comhshaoil/Caomhantais
- An Earnáil Forbartha/Foirgníochta
- An Earnáil Phobail/Dheonach
- An Earnáil Cuimsithe Shóisialta.

Is é an Comh. John Crowe Cathaoirleach an Choiste Beartais Straitéisigh.
Áiríodh iad seo a leanas leis na saincheisteanna ar phléigh an Coiste Beartais Straitéisigh iad sa bhliain 2022:

- **Bithéagsúlacht**
- **Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne**
- **Plean Oibríochtaí Dóiteáin agus Éigeandála**
- **Feithiclí Leictreacha agus pointí luchtaithe feithiclí leictreacha**
- **Cearta an Dúlra agus deiseanna do chomhairlí in Éirinn**
- **An Gréasán Náisiúnta Rothaíochta**
- **Taisteal Gníomhach**
- **An Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide.**

Samplaí d'oibreacha ar ghabh an Rannóg Bóithre agus Iompair iad de láimh.

An Oifig Bainistíochta Tionscadal

Leanadh den dul chun cinn le linn na bliana 2022 ar fud an raoin mórthionscadail caipitil atá á mbainistiú agus á soláthar ag an Oifig Bainistíochta Tionscadal.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de phríomh-bhuaicphointí na bliana 2022.

Tionscadail Bóithre Náisiúnta agus Neamhnáisiúnta

- Breis agus dhá bhliain tar éis an t-iarratas a chur isteach, dheimhnigh an Bord Pleanála an tOrdú Ceannaigh Éigeantaigh le haghaidh thionscadal Faoisimh Laistigh an N67/an N85/Inis Díomáin (Coirnéal an Bhlácaigh) go déanach sa bhliain 2022, rud lenar ceadaíodh dul chun cinn a dhéanamh ar an tionscadal.
  Rinneadh agóid i gcoinne a chinnidh ina dhiaidh sin san Ard-Chúirt, áfach, agus táthar ag fanacht leis an toradh atá air. Is de bhun an toraidh sin a chinnfear na chéad chéimeanna eile de sholáthar an bhonneagair chriticiúil sin.
- Tar éis é a bheith ar na bacáin le fada, dámhadh an conradh le haghaidh thionscadal Dhroichead agus Sheachbhóthar Chill Dalua ar na conraitheoirí Sisk i mí an Mhárta 2022, agus cuireadh tús leis an obair thógála ar an láithreán i mí Lúnasa 2022. Táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é i lár na bliana 2025.
- Leanadh den obair ar fud na bliana ar dhearadh agus éabhlóid na bpleananna le haghaidh Scéim Feabhsúcháin Bóthair Rochtana Aerfort na Sionna/an N19.
- Ba chúis díomá é gurbh amhlaidh, ar iarratas ón Aire, a fágadh Bóthar Dáileacháin Thuaidh Luimnigh amach as an gcóip deiridh de Straitéis Iompair Limistéar Ceannchathartha Luimnigh-Shionainne. Tá sé fós ina mhórchuspóir de chuid Chomhairle Contae an Chláir agus déantar soláthar dó sa Phlean Forbartha Contae reatha.

Scéimeanna Faoisimh Tuilte

Scéim Faoisimh Tuilte Ghort an Tobair, rud a rabhthas ag súil leis le fada an lá agus atá ríthábhachtach, bhí an chuid is mó di curtha i gcrích go mall sa bhliain 2022.

Sa phictiúr ag oscailt oifigiúil Scéim Faoisimh Tuilte Inse Theas Dé Máirt an 21 Meitheamh bhí Patrick O'Donovan TD, an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Oifig na nOibreacha Poiblí (ar dheis), an Comh. PJ Ryan, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir (sa lár), agus Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach na Comhairle (ar chlé).

I mí Aibreáin 2022, d'oscail Heather Humphreys TD, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, Siúlán agus Rotharbhealach an Fhorghais go hoifigiúil. Téann sé ó Bhóthar Chuinche/an R469 in Inis go Timpeallán an N85 ag Mainistir an Chláir feadh limistéar a bhfuil luach suntasach áineasa agus taitneamhachta ag baint leis.

Ní raibh ach suiteáil an chaidéil bhuain agus ceartú roinnt mionfhabhtanna fós le críochnú nuair ba ghá oibreacha ar an láithreán a chur ar sos de bharr drochaimsire. Sna míonna deiridh den bhliain, rinneadh tástáil ar na hoibreacha mar a tógadh iad. D'fheidhmigh siad mar a bhíothas ag súil leis, agus an leibhéal cosanta agus compoird is gá á thabhairt acu don phobal i gceist.

Maidir leis an dá scéim mhóra eile faoisimh tuilte um Measúnú agus Bainistiú Riosca Tuilte atá bunaithe ar an Dobharcheantar ar an gClár, eadhon Sionainn agus Cill Chaoi, tugadh iad trí na réamhchéimeanna deartha agus roghanna sa bhliain 2022. Chomh maith leis sin, rinneadh oibreacha suntasacha ar fud na bliana ar roinnt láithreacha cósta agus ar roinnt céanna agus cuanta. Críochnaíodh na gnéithe ceartaithe fabhtanna agus na gnéithe deiridh de Scéim Faoisimh Tuilte Inse Theas sna míonna tosaigh den bhliain 2022 agus baineadh leas astu sin nuair a bhíothas ag tógáil siúlán cois abhann, rud a bhfuil an-tóir air, mar mhír a chuir breisluach le príomhfheidhm na scéime. Le linn na bliana, sheol an tAire Patrick O'Donovan TD an Scéim Faoisimh Tuilte go foirmiúil agus d'oscail an tAire Heather Humphreys TD an Siúlán Cois Abhann go foirmiúil, rud a fuair cistiú suntasach ón Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir.

Glasbhealaí

Sa bhliain 2022, ceapadh Innealtóirí Comhairleacha mar chomhairleoirí teicniúla do Chuid 2 de thionscadal Ghlasbhealach Iarnród Iarthar an Chláir ó Inis go hInis Díomáin, agus leanadh ar aghaidh go tapa den obair ar an gcuid tosaíochta idir Cill Rois agus Cill Chaoi. I measc na dtograí Glasbhealaigh eile a rabhthas ag obair orthu sa bhliain 2022 bhí tionscadal an Ghlasbhealaigh/an Ghormbhealaigh ó Luimneach go dtí an Scairbh i gcomhar le hUiscebhealaí Éireann agus roinnt tograí beaga i limistéir Shionainne, Bhun Raite agus Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh.

Tionscadail eile

I measc na dtionscadal eile a raibh an Oifig Bainistíochta Tionscadal ag obair orthu ar fud na bliana 2022 bhí Tionscadal Athghiniúna Fearainn Phoiblí Inse, togra Bóithre agus Tithíochta an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú sa Chláirín, Foirgneamh Seirbhísí Cuairteoirí Ché Dhúlainn, Balla Mara Chill Chaoi, uasghrádú an N19 láimh le Cill na Móna, agus scéimeanna éagsúla creimeadh cósta agus mionoibreacha.

Tríd is tríd, ba bhliain rathúil tháirgiúil d'Fhoireann na hOifige Bainistíochta Tionscadal í an bhliain 2022, agus ní mór tuilleadh oibreacha a dhéanamh sa bhliain amach romhainn chun soláthar tráthúil na bpríomhthionscadal bonneagair a chinntiú ar mhaithe leis an gClár agus le réigiún an Iarthair Láir go ginearálta.

Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin

D'fhreastail an tSeirbhís Dóiteáin ar 1,117 nglao amach sa bhliain 2022. B'ionann an líon sin agus méadú 24.1% ar an líon don bhliain 2021. Ní bhfuair aon duine bás de dheasca dóiteáin i gContae an Chláir sa bhliain 2022. Tháinig laghdú 25%, beagnach, ar an líon glaonna dóiteáin simléir, ó 88 nglao sa bhliain 2021 go 66 ghlao sa bhliain 2022. Chomh maith leis sin, bhí laghdú 4% ann sa líon dóiteán tí sa bhliain 2022, ó 48 gcinn go 46 cinn.

Caipiteal/Soláthar

Seachadadh dhá Inneall Dóiteáin athláimhe Aicme B do fhlít na Briogáide. Seachadadh iad do Stáisiún Dóiteáin Inse agus Stáisiún Dóiteáin Chill Chaoi i mí Mheán Fómhair 2022 ar chostas €120,047 agus cuireadh i mbun oibre iad sa mhí chéanna. Fuarthas dhá Inneall Dóiteáin athláimhe Aicme B sa bhreis go déanach sa bhliain 2022 agus ullmhaíodh tairiscint chun na hinnill sin a athchóiriú. Ordaíodh Fearas Dóiteáin nua Aicme B sa bhliain 2022, agus táthar ag súil leis go seachadfar é i mí na Bealtaine 2023. Athsholáthraíodh raidiónna láimhe i Stáisiún Dóiteáin Inis Díomáin, i Stáisiún Dóiteáin na Scairbhe agus i Stáisiún Dóiteáin Chill Chaoi.

Earcaíocht agus Coinneáil

Is dúshlán fós é Pearsanra ar Áirithíocht a earcú agus a choinneáil ar fud na tíre. Ar an gClár sa bhliain 2022, earcaíodh cúigear pearsan. Ar an drochuair, áfach, d'fhág cúigear pearsan an tseirbhís sa tréimhse chéanna.

Sláinte agus Sábháilteacht

I mí na Samhna 2022, ghnóthaigh Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Contae an Chláir athchreidiúnú de réir Chaighdeán ISO 45001: Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta as an dóigh ar chuir sí a Córas Bainistíochta Sábháilteachta chun feidhme ar fud na seirbhíse, ag teacht sna sála ar iniúchadh a rinne an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann.

Cosc Dóiteáin

Fuarthas 90 iarratas ar Dheimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa bhliain 2022. Ba mhéadú 8.2% é sin ar fhigiúr na bliana 2021, a bhí cothrom le 78 n-iarratas. Rinne Oifigigh Coiscthe Dóiteáin 176 chigireacht agus rinneadh measúnú ar 69 n-iarratas ar cheadúnas. Baineann siad sin le tithe tábhairne, óstáin, ionaid phobail agus amharclanna ar fud an chontae.

Bhí an tSeachtain Náisiúnta um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar siúl ón 17 Deireadh Fómhair go dtí an 23 Deireadh Fómhair. Mar chuid d'fheachtas um shábháilteacht ó dhóiteán, thug comhraiceoirí dóiteáin cuairt ar thithe daoine scothaosta chun 'Seiceálacha Sábháilteachta ó Dhóiteán sa Bhaile' a dhéanamh.Suiteáladh brathadóirí deataigh mar

chuid den chuairt sin. Tá an feachtas ar siúl fós agus táthar ag glacadh go han-mhaith leis.

Rialú Foirgníochta

Rinne an fhoireann um Rialú Foirgníochta cigireacht ar 12.38% de na foirgnimh ar tugadh fógra dúinn ina dtaobh tríd an gCóras Bainistíochta um Rialú Foirgníochta sa bhliain 2022. D'fhág sé sin gur comhlíonadh ár sprioc bhliantúil go ndéanfaí cigireacht ar chéatadán idir 12% agus 15% de na foirgnimh sin. Rinne an Rannán um Rialú Foirgníochta measúnú ar 68 n-iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas sa bhliain 2022. Ba mhéadú 47% é sin ón mbliain 2021.

Bainistíocht Móréigeandála

Atosaíodh ar oiliúint réigiúnach i mBainistíocht Móréigeandála sa bhliain 2022, agus cuireadh oiliúint ar fáil do phearsanra na Comhairle sna róil seo a leanas:

- Bainistíocht Faisnéise
- Líne Chabhrach Éigeandála
- Comhordú ar an Láithreán.

Ghlac Comhairle Contae an Chláir páirt sna cleachtaí éigeandála seo a leanas sa bhliain 2022:

- Cleachtadh Fheirm Breosla Aerfort na Sionna
- Cleachtadh Frithshreafa an M18/N18
- Cleachtadh Éigeandála Idirghníomhaireachta Inbhear na Sionainne.

Déanmhais Chontúirteacha

Dhéileáil an fhoireann um rialú foirgníochta le 19 ngearán faoi Dhéanmhais Chontúirteacha sa bhliain 2022. Ba mhéadú 46% é sin ón mbliain 2021.

Táscairí Feidhmíochta maidir le Rialú Dóiteáin agus Foirgníochta		2022
F1	Costas in aghaidh an Duine	€49.75
F2-B	An meán-aga, arna shloinneadh i nóiméid, a tógadh chun Briogáidí Dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha i dtaca le **dóiteáin**	4.85 nóim.
F2-D	An meán-aga, arna shloinneadh i nóiméid, a tógadh chun Briogáidí Dóiteáin a shlógadh i Stáisiúin Pháirtaimseartha i dtaca le gach **teagmhas éigeandála eile (nach mbaineann le dóiteán)**	4.90 nóim.
F3-A	An % de chásanna i dtaca le **dóiteán** inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	42.13%
F3-B	An % de chásanna i dtaca le **dóiteán** inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	38.58%
F3-C	An % de chásanna i dtaca le **dóiteán** inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 20 nóiméad	19.29%
F3-D	An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas **éigeandála eile** inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair laistigh de 10 nóiméad	33.40%
F3-E	An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas **éigeandála eile** inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach laistigh de 20 nóiméad	41.44%
F3-F	An % de chásanna i dtaca le gach teagmhas **éigeandála eile** inar tháinig an chéad seirbhís ar an láthair tar éis 20 nóiméad	25.16%
P5-A	**An % d'iarratais ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de dhá mhí tar éis iad a fháil**	75.93%
P5-B	**An % d'iarratais ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a cinneadh (a deonaíodh nó a diúltaíodh) laistigh de thréimhse fhadaithe a comhaontaíodh leis an iarratasóir**	22.22%
P1	An % d'fhoirgnimh a ndearnadh cigireacht orthu mar chéatadán de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don údarás áitiúil	12.10%

Ionchais don bhliain 2023

Táthar ag súil leis go seachadfar Inneall nua Aicme B i mí na Bealtaine 2023. Tá sé beartaithe cistiú deontais caipitil a lorg chun seid stórála inneall dhá bhá a sholáthar i gCill Rois chun go mbeifear in ann na feithiclí atá ann cheana féin a stóráil ar bhealach níos fearr. Tá sé beartaithe creidiúnú OHSAS 45001 a choinneáil mar chuid de Chóras Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta Chomhairle Contae an Chláir.

Tá sé beartaithe go leanfar d'fheachtas suntasach feasachta ar shábháilteacht ó dhóiteán, rud a mbeidh feachtas meán cumarsáide i gceist leis. Leanfar sna 'Seiceálacha um Shábháilteacht ó Dhóiteán sa Bhaile' de chuid na Seirbhíse Dóiteáin de dhíriú a leagan ar ghrúpaí leochaileacha sonracha sa bhliain 2023 trí bhrathadóirí deataigh a shuiteáil agus trí chomhairle a thabhairt maidir le sábháilteacht ó dhóiteán.

Seirbhísí Uisce

Oibríochtaí uisce agus fuíolluisce

Sa bhliain 2022, cuireadh oibreacha i gcrích i roinnt limistéar. Áiríodh leo sin athsholáthar suntasach príomhlíonra uisce in Áth Longfoirt, i mBaile Shionainne, in Hermitage agus i Sráid Uí Chonaill in Inis. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le hoibreacha i Sráidbhaile an Dúin Bhig sa bhliain 2022. Cuireadh oibreacha suntasacha uasghrádúcháin ar Ionad Cóireála Uisce Loch an Chaisleáin i gcrích freisin. Áiríodh leo sin aonaid nua dáileoige ceimicí agus athsholáthar scagairí. Chomh maith leis sin, cuireadh oibreacha uasghrádúcháin agus éascúcháin i gcrích sa Chluain Mhuineach agus i mBun Raite agus cuireadh clár glantacháin taiscumar i gcrích ar sholáthar Shionainne-Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh. Cuireadh miontionscadail athsholáthair príomhlíonra i gcrích i mBéal an Chloga, i gCill Chaoide, in Inis Díomáin

agus i gCill Chaoi.
Mionsonraítear thíos an leibhéal gníomhaíochta a rinne na foirne uisce agus fuíolluisce sa bhliain 2022. Ní léirítear sna figiúirí, áfach, an t-am a chaith na foirne chun gach gearán a réiteach.

- Cuireadh 4,706 Ordú Oibre Cothabhála Frithghníomhaí i gcrích
- Tarraingíodh 2,674 Iarraidh Seirbhíse anuas
- Cuireadh 330 Fógra faoi Éaradh Seirbhíse ar thairseach Uisce Éireann sa bhliain
- Fuarthas 332 Ghearán ó Chustaiméirí
- Cuireadh 15 Ordú Oibre Éigeandála i gcrích
- Rinneadh 11 Ordú Oibre le haghaidh Tuile Sócmhainne Custaiméara.

An Fhoireann Caomhantais Uisce

Faoin gClár Náisiúnta um Laghdú Ligin, shocraigh Uisce Éireann sprioc laghdaithe ligin ab ionann agus 1,000m³ in aghaidh an lae do Chomhairle Contae an Chláir don bhliain 2022. Mar a tharla, áfach, bhí méadú 50m³ in aghaidh an lae ann thar an tréimhse a measúnaíodh. Is féidir é sin a chur síos d'fhadhbanna acmhainní go príomha. Is féidir é a chur síos freisin, áfach, don mhéadú i bhfad an líonra sa chontae, rud a tharla mar thoradh ar Ghrúpscéimeanna Uisce a aistriú chuig an líonra poiblí.

An Tionscadal um Aistriú Sócmhainní

Aistríodh 16 shócmhainn chuig Uisce Éireann sa bhliain 2022.
Seoladh tuarascálacha chuig Uisce Éireann ar 25 shócmhainn tríú páirtí (a bhfuil 12 cheann díobh ceadaithe lena n-aistriú a luaithe a bheidh an teideal réitithe, nár comhaontaíodh naoi gcinn díobh lena n-aistriú, agus a bhfuiltear ag fanacht le freagra ar cheithre cinn díobh). Tá tuarascálacha ar na seacht sócmhainn tríú páirtí atá fágtha le cur faoi bhráid Uisce Éireann sa bhliain 2023. Sainaithníodh sé shócmhainn tríú páirtí le haghaidh Gníomhas Aistrithe sa bhliain 2022 (ar comhaontaíodh cúig cinn díobh agus a bhfuil dul chun cinn á dhéanamh orthu leis an Aturnae Contae, agus nár comhaontaíodh ceann amháin díobh toisc an t-úinéir a bheith éagtha). Tá athbhreithniú déanta ag Uisce Éireann ar na 64 shócmhainn tríú páirtí atá fágtha agus déanfar iad sin a ceadaíodh lena n-aistriú a chur ar aghaidh le haghaidh Gníomhas Aistrithe/Seilbh Chodarsna.
Seoladh tuarascálacha ar cheithre shócmhainn neamhchláraithe chuig an Aturnae Contae lena gcéad chlárú. Cuirfear na deich sócmhainn neamhchláraithe atá fágtha ar aghaidh lena gcéad chlárú sa bhliain 2023.
Tá ceithre shócmhainn ag fanacht le comhairle ó rannóga eile.
Tá cúig shócmhainn ag fanacht le comhairle dlí.

Tionscadail Chaipitil Uisce Éireann

Tionscadail Cóireála Fuíolluisce

Leanadh de dhul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2022 ar thionscadail chóireála fuíolluisce le haghaidh cúig láthair cois cósta, áit a bhfuil séarachas neamhchóireáilte á scaoileadh isteach san fharraige/san inbhear faoi láthair.
Leanadh de thógáil scéim ionad cóireála fuíolluisce Lios Ceannúir ar an láithreán agus cuireadh tús le cóireáil fuíolluisce i mí na Samhna 2022, rud a chuir deireadh le scaoileadh séarachais amh isteach san fharraige láimh le Lios Ceannúir.
Cuireadh tús le tógáil Scéim Séarachais Dhroichead an Chláir agus ionad cóireála fuíolluisce Chill Rois ar an láithreán agus rinneadh dul chun cinn suntasach ina leith. Leanadh den obair deartha ar scéimeanna ionad cóireála fuíolluisce Bhaile Uí Bheacháin agus ionad cóireála fuíolluisce Chill Chaoi, agus cuireadh tús freisin le doiciméid iarratais pleanála a ullmhú.
Leanadh de thógáil scéim ionad cóireála fuíolluisce Chill Fhionnúrach ar an láithreán. Nuair a bheidh an scéim críochnaithe, soláthrófar léi cóireáil threasach agus cóireáil ultraivialait ar fhuíolluisce agus cuirfear deireadh le scaoileadh díreach chuig screamhuisce léi.
Cuireadh iarratas pleanála isteach le haghaidh scéim uasghrádúcháin fuíolluisce ag ionad cóireála fuíolluisce Chora Chaitlín, áit nach mór deireadh a chur leis an scaoileadh fuíolluisce chóireáilte isteach i Limistéar Caomhantais Speisialta Loch Gais-an Turlaigh.
Leanadh de staidéir dearaidh agus indéantachta le haghaidh scéimeanna ionad cóireála fuíolluisce Inis Díomáin agus ionad cóireála fuíolluisce an Leachta.
Cuireadh tús le hobair deartha ar uasghrádú ionad cóireála fuíolluisce an Dúin Bhig agus ar uasghrádú/athsholáthar ionad cóireála fuíolluisce Shráid na Cathrach.
I mí Mheán Fómhair 2022, rinne Comhairle Contae an Chláir iarratas chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ar chistiú chun cóireáil

fuíolluisce a sholáthar in Áth Leathan agus i gCuar an Chláir. Tugadh cead pleanála Chuid 8 sa bhliain 2008 le haghaidh ionaid cóireála fuíolluisce agus líonraí araon ach níor cuireadh na scéimeanna ar aghaidh. Is réamhchéim den chlár ilbhliantúil le haghaidh an timthrialla 2022-2025 í an scéim cistiúcháin nua.

Críochnaíodh go mór tionscadal chun oibreacha nua ionraoin agus umar coinneála uisce stoirme a sholáthar ag ionad cóireála fuíolluisce Mhainistir an Chláir, Inis.

I mí na Nollag, cuireadh tús le tionscadal lena n-uasghrádófar an acmhainn caidéalaithe i gCúirt Elton, Míleac, agus lena mbainfear ionad cóireála beag i mBaile Uí Chanainn. Soláthrófar réiteach fuíolluisce níos sásúla do shráidbhaile Mhílic nuair a bheidh na hoibreacha sin curtha i gcrích.

Cuireadh tús sa bhliain 2022 le hobair deartha le haghaidh ionad cóireála fuíolluisce nua do Chill Mhichíl. Cuirfear é sin ar aghaidh trí na céimeanna deartha, pleanála agus tógála sna blianta 2023 agus 2024.

Uisce

Cuireadh tionscadal caipitil chun saoráid cóireála uisce Dhúlocha Nua a nuachóiriú i gcrích. Leis an ionad sin a bhfuil tábhacht réigiúnach leis, soláthraítear uisce d'iardheisceart an Chláir, lena n-áirítear Cill Rois, Cill Chaoi, Baile Uí Mhaoilín agus an limistéar máguaird. Leis na hoibreacha sin, cinnteofar slándáil an tsoláthair agus an cháilíocht agus cuirfear feabhas ar éifeachtúlacht ag an ionad sin.

Rinneadh dul chun cinn ar thionscadal den chineál céanna ag ionad cóireála uisce Chora Finne sa bhliain 2022. Leis an nuachóiriú sin, feabhsaítear slándáil an tsoláthair agus cáilíocht an uisce do shaoránaigh i limistéar soláthair Chora Finne. Cuireadh tús sa bhliain 2022 le dearadh agus tógáil a dhéanamh ar uasghrádú ar ionad cóireála uisce Bhaile Mhic Cráibhín, rud lena soláthraítear uisce do réigiún Thuaisceart an Chláir, lena n-áirítear Inis Díomáin, an Leacht agus Lios Dúin Bhearna.

Oibreacha seirbhísí uisce nach bhfuil faoi raon feidhme Uisce Éireann

Leanann an Chomhairle de ról a bheith aici i roinnt seirbhísí uisce, ionad cóireála fuíolluisce agus líonraí uisce atá lasmuigh den Chomhaontú Seirbhíse le hUisce Éireann faoi láthair a oibriú agus a bhainistiú.

Leis na hionaid sin, soláthraítear seirbhís luachmhar don phobal agus do phobail Chontae an Chláir agus áirítear leo líonraí lena bhfreastalaítear ar eastáit na hiar-Eagraíochta Tithíochta Tuaithe (RHO), ar roinnt sócmhainní atá as feidhm agus ar líon méadaitheach Bonneagar arna Soláthar ag Forbróirí lena bhfreastalaítear ar eastáit atá glactha faoina cúram ag an gComhairle anois.

An Clár Uisce Tuaithe

Sa bhliain 2022, caitheadh €790,000 ar dhul chun cinn a dhéanamh ar oibreacha uasghrádúcháin ar 15 scéim faoin gClár Uisce Tuaithe Ilbhliantúil 2019-2021. Chabhraigh an Chomhairle le seacht ngrúpscéim uisce agus le grúpscéim séarachais amháin a bhí le glacadh faoina chúram ag Uisce Éireann. Ina theannta sin, fuarthas 78 n-iarratas ar dheontas faoin gClár Uisce Tuaithe sa bhliain 2022 ar oibreacha uasghrádúcháin toibreacha tollta, arbh ionann é agus infheistíocht €343,000. Riaradh an Deontas Fóirdheontais Bliantúil freisin ar 43 scéim, áit arbh ionann an íocaíocht iomlán agus €2.29m. Tá an Chomhairle ag fanacht faoi láthair le heisiúint an Chláir Ilbhliantúil Uisce Tuaithe 2022-2025 ón Roinn.

An Comhshaol

Tá freagracht ar an Rannán Comhshaoil as raon éagsúil gníomhaíochtaí. Áirítear leo sin forfheidhmiú dramhaíola, bainistíocht dramhaíola, feasacht comhshaoil, fuinneamh, gníomhú ar son na haeráide, garraíodóireacht, seirbhísí eolaíochta (saotharlann, uisce, aer), seirbhísí tréidliachta agus tránna Brait Ghoirm. Bhí clár oibre 2022 á bhrú chun cinn den chuid is mó ag creat rialála fairsing. Áiríodh leis sin reachtaíocht nua amhail an tAcht um an nGeilleagar Ciorclach agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2022, agus na Rialacháin um Breoslaí Soladacha, 2022.

Trá Fhánórach.

Tránna agus taitneamhachtaí

Déanann an Rannán Comhshaoil faireachán ar 14 láthair shnámha agus tá sé ag cothú na naoi mBrat Ghorma agus na gceithre Ghradam Cósta Ghlais atá againn. Seiceáladh gach ceann díobh ó thaobh comhlíonta de agus tógadh 179 sampla uisce le linn an tséasúir. Bronnadh stádas cáilíochta "sármhaith" ar gach ceann de na láithreacha snámha a ndearnadh faireachán orthu. Cumhdaítear tránna agus gníomhaíocht ghaolmhar lenár bhFodhlíthe Trá, a athbhreithníodh agus a glacadh i mí an Mheithimh 2021. San iomlán, sholáthair 45 gharda tarrthála seirbhísí ar thránna an Chláir le linn shéasúr ríghnóthach an tsamhraidh.

Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil

Ar fud na réimsí seirbhíse Comhshaoil ar fad, rinne Comhairle Contae an Chláir 5,364 ghnáthchigireacht agus 1,727 gcigireacht nár ghnáthchigireachtaí iad. Fuair agus d'imscrúdaigh an fhoireann Forfheidhmiúcháin Dramhaíola 1,221 ghearán a bhain le bruscar agus le dramhaíl. Eisíodh 169 gcinn san iomlán d'fhíneálacha bruscair agus d'fhógraí íocaíochta seasta. Ina theannta sin, sheirbheáil Comhairle Contae an Chláir 82 fhógra dlí mar gheall ar sháruithe ar an reachtaíocht bruscair agus dramhaíola. Eisíodh níos mó ná 310 litir faoi na fodhlíthe Bainistíochta Dramhaíola.

Leanann an Chomhairle de leas a bhaint as cistiú ón Tionscnamh Frithdhumpála chun dumpáil neamhdhleathach a chomhrac. Tá imscrúdú déanta againn ar 231 ghearán a bhaineann le truailliú uisce, le truailliú aeir agus le truailliú torainn. Chun comhlíonadh comhshaoil a sheiceáil agus chun cáilíocht an uisce a chosaint, rinneadh 124 chigireacht ag saoráidí ceadúnaithe. De bhreis air sin, rinneadh cigireacht ar 53 chóras cóireála fuíolluisce baile. Fuair an Rannán Comhshaoil 893 iarratas pleanála freisin agus thug siad tuairisc orthu sin. Tá sé mar aidhm le gach a bhfuil thuas cosaint ár dtimpeallachta áitiúla a chinntiú.

Bainistíocht dramhaíola agus líontaí talún

Soláthraíonn an rannán bainistíochta dramhaíola cúig ionad athchúrsála, ar stáisiúin aistrithe dramhaíola freisin iad trí cinn díobh, agus soláthraímid 54 ionad 'fág anseo' sa chontae (lena n-áirítear ionaid shéasúracha). Leanadh d'fhaireachán a dhéanamh ar líonadh talún an Lárionaid Bainistíochta Dramhaíola, ar Líonadh Talún Dhúire agus ar Stáisiún Aistrithe Dramhaíola Lios Duibhinn de réir cheanglais ceadúnais dramhaíola na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Chomh maith leis sin, chríochnaigh an Chomhairle tionscadal caipitil sa bhliain 2022 chun an Plean Bainistíochta Dúnta, Athchóirithe agus Iarchúraim ag an líonadh talún dúnta sa Bhaile Dubh Beag (Eidhneach) a chur i gcrích.

Líontaí talún stairiúla

Maidir le líontaí talún stairiúla, fuair an Chomhairle Deimhniú Údaraithe amháin le haghaidh láithreán in Iarthar an Chláir agus chuir sí iarratas eile ar Dheimhniú Údaraithe isteach le haghaidh láithreán in Oirthear an Chláir. Tá dul chun cinn déanta ar iarratais ar chistiú agus tá oibreacha agus faireachán ar siúl.

An Chreat-treoir Uisce agus an Plean Bainistíochta Abhantraí

Rinneadh faireachán ar 44 láithreán abhann agus ar 19 láithreán locha san iomlán i gcomhréir le clár Faireacháin na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce 2018-2021 uaithi.

Seirbhísí uisce/fuíolluisce

Le linn na bliana, rinneadh faireachán ar 19 soláthar uisce phoiblí agus ar 79 soláthar phríobháideacha (grúpscéimeanna uisce poiblí, grúpscéimeanna uisce príobháideacha agus soláthairtí tráchtála príobháideacha) agus baineadh amach ráta comhlíonta os cionn 98 faoin gcéad ar fud na bparaiméadar éagsúil a tomhaiseadh. Rinneadh faireachán ar 30 ionad bardasach de chuid Uisce Éireann atá ceadúnaithe nó deimhnithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Oideachas agus feasacht

Tríd an gclár 'An Clár Níos Glaise' a reáchtálann an Rannán Comhshaoil é, leanadh de thacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh seo a leanas sa bhliain 2022: an Glantachán Náisiúnta Earraigh, Clár na Scoileanna Glasa de chuid An Taisce, Cóstaí Glana, Clár na dTránna Brait Ghoirm, an Tascfhórsa um Bruscar Guma, 'Ná Fág aon Rian' de chuid MyWaste.ie, an tAcadamh Geilleagair Chiorclaigh, Seachtain Náisiúnta na hAthchúrsála Bia Dramhaíola, 2022. I measc na bhfeachtas múscailte feasachta a forbraíodh sa bhliain 2022 bhí cur chun cinn a dhéanamh ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, ar Nollaig Níos Glaise agus ar Speicis Choimhthíocha Ionracha. Baineadh leas as cistiú a fuarthas tríd an Tionscnamh Frithdhumpála agus an Scéim Deontais Frithbhruscair agus Frithghraifítí a reáchtálann an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide iad chun teachtaireachtaí éagsúla frithbhruscair a chur ar aghaidh agus a chur chun cinn. Áiríodh leo sin úsáid bailitheora dramhaíola neamhúdaraithe, freagracht úinéirí madraí, dó dramhaíola, fodhlíthe dramhaíola tí, dumpáil neamhdhleathach, cosc ar dhramhaíl, agus bruscar, lena n-áirítear bruscar bun toitíní. Cuireadh imeachtaí/tionscnaimh ón Oifig Pobail Uisce agus na Feachtais Aeir Ghlain ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun cinn freisin.

Bronnadh Gradam Airgid ar Chomhairle Contae an Chláir sna Gradaim Phobail agus Chomhairle Uile-Éireann arna n-urrú ag IPB Insurance agus ag Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil (LAMA) i gcatagóir an Chláir Bainistíochta Dramhaíola is Fearr as Seachtain Feasachta Dramhaíola an Chláir.

Plean Bainistíochta Dúnta, Athchóirithe agus Iarchúraim Eidhní.

Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, rialú madraí agus capall

Gníomhaire oifigiúil de chuid Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (ÚSBÉ) is ea Comhairle Contae an Chláir. Sa bhliain 2022, maraíodh 2,739 n-ainmhí mairteola agus 15,397 gcaora i monarchana i gContae an Chláir a ndéanann ár gcigire tréidliachta formhaoirseacht orthu. San iomlán, bailíodh 219 madra fáin, géilleadh 226 mhadra agus ghabh an Maor Madraí 27 madra. De bhreis air sin, fuair a n-úinéirí 66 mhadra ar ais, tugadh baile nua do 153 mhadra agus tugadh baile nua do 229 madra i gcomhairle leis an Iontaobhas Madraí agus le grúpaí tarrthála eile. Géilleadh 10 gcon don Dídean Madraí. Aistríodh na cúnna sin chuig grúpaí leasa madraí. Eisíodh 3,434 Cheadúnas Madraí sa bhliain 2022. Gabhadh ceithre chapall fáin sa bhliain 2022. Díobh sin, fuair a n-úinéirí dhá chapall ar ais agus tugadh baile nua do dhá chapall.

An Rannán Garraíodóireachta

Lean an Rannán Garraíodóireachta d'ardchaighdeáin a choinneáil ar bun chun tarraingteacht ár gcuid bailte agus sráidbhailte a chinntiú agus d'obair i ndlúthchomhar le grúpaí pobail comhairleacha ar nithe tírdhreacha.

Glacadh an beartas uile-Éireann um Pailneoirí agus tá gníomhartha sa doiciméad beartais i bhfeidhm, agus líon méadaitheach speiceas atá neamhdhíobhálach do phailneoirí agus bláthanna ilbhliantúla a bheith á gcur. Ghlac an tÁras an tionscnamh "No Mow May" agus ba mhol don bhithéagsúlacht agus don fhiadhúlra é. D'fhorbair an Rannán Garraíodóireachta Gairdín Coillearnaí Uirbí ag Áras Contae an Chláir i ráithe a ceathair den bhliain 2022. Léirítear ann sampla de na speicis ilbhliantúla ísealchothabhála atá neamhdhíobhálach do phailneoirí agus is féidir a fhás i limistéir uirbeacha. Chomh maith leis sin, d'fhorbair an fhoireann Garraíodóireachta gairdín ísealchothabhála atá neamhdhíobhálach do phailneoirí os comhair oifig Cheantar Bardasach Shionainne. Is spás fáilteach do dhaoine den phobal é sin agus iad ag bualadh isteach chuig oifig an Cheantair Bhardasaigh.

Cuireadh crann cuimhneacháin darach Éireannaí dúchasaí Covid-19 ag an Áras "i gcuimhne orthu siúd atá caillte againn".

Gairdín ísealchothabhála atá neamhdhíobhánach do phailneoirí os comhair oifig Cheantar Bardasach Shionainne.

Crann Cuimhneacháin Covid-19.

An Tionscnamh 'No Mow May'.

An Aeráid

Tugadh Rannán Aeráide nua isteach sa Stiúrthóireacht um Fhorbairt Fhisiciúil i mí Dheireadh Fómhair 2022. Is é ról an Rannáin Aeráide gníomhú ar son na haeráide agus feasacht aeráide a phríomhshruthú isteach i ngach seirbhís agus gach stiúrthóireacht de chuid Chomhairle Contae an Chláir.

Thosaigh Comhordaitheoir Gníomhaithe ar son na hAeráide sa ról i dtús mhí Dheireadh Fómhair. Tá croífhoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide le hearcú le linn na bliana 2023, a chuimseoidh Oifigeach Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Oifigeach Gníomhaithe Pobail ar son na hAeráide freisin. Leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021, cumhdaítear an Cuspóir Aeráide Náisiúnta atá ann an t-aistriú chuig geilleagar atá athléimneach ó thaobh na haeráide de, atá saibhir ó thaobh na bithéagsúlachta de, atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá aeráidneodrach a shaothrú agus a bhaint amach tráth nach déanaí ná deireadh na bliana 2050.

Mar chuid den chuspóir sin, ní mór d'údaráis áitiúla astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi 51% agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú faoi 50% faoin mbliain 2030.

Beidh cuspóirí na foirne sin mar a leanas:

- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide a fhorbairt don údarás áitiúil thar an mbliain 2023. Áireofar leis sin gníomhartha maolaithe agus gníomhartha oiriúnaithe araon. Is plean reachtúil é an plean seo agus beidh glacadh an phlean ina fheidhm fhorchoimeádta de chuid na Comhairle.
- Breithniú a dhéanamh ar éifeachtúlacht fuinnimh phróisis na Comhairle féin chun feabhsú leanúnach a lorg.
- Stiúrthóireachtaí a shainaithint agus cabhrú leo uasghráduithe éifeachtúlachta fuinnimh a dhéanamh.

Fuinneamh

Déantar faireachán ar bhainistíocht fuinnimh ar fud an údaráis áitiúil ar bhonn leanúnach. Bíonn sé mar thosaíocht ag an gComhairle feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh ar bhonn leanúnach. Sa bhliain 2022, bhí laghdú 3% ar thomhaltas fuinnimh ann i gcomparáid leis an mbliain 2021. Cuireadh cruinnithe bainistíochta fuinnimh ar siúl sa bhliain 2022.

Tá Caighdeán Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 bainte amach ag Comhairle Contae an Chláir agus athdheimhníodh é don chéad trí bliana eile tar éis iniúchta i mí na Samhna 2022.

Teach Solais Cheann Léime, Co. an Chláir.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT SHÓISIALTA

ANNE HAUGH
Stiúrthóir Forbartha Sóisialta

Is mar a leanas atá an fhís uileghabhálach don Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta:

Chun cáilíocht na beatha a fheabhsú do mhuintir an Chláir trí thacaí cuí tithíochta a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar agus trí rochtain ar fhaisnéis, ar fhoghlaim, ar na healaíona, agus ar dheiseanna cultúir agus áineasa a chumasú agus a chothú dár saoránaigh uile.

Cuimsíonn an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta de chuid Chomhairle Contae an Chláir réimsí freagrachta de réir na scéimléaráide anseo thíos:

Tithíocht

Soláthraí réiteach tithíochta do dhaoine atá i ngátar agus a mheastar a bheith incháilithe le haghaidh tacaíocht tithíochta sóisialta.

Ceantar Bardasach Chill Dalua

Feidhmeanna a riar sa limistéar, agus díriú ar leith á leagan ar an timpeallacht fhisiciúil.

Seirbhísí cultúrtha

Seirbhísí Leabharlainne, Ealaíon agus Cultúrtha a sholáthar i gContae an Chláir.

I dtús na bliana 2022, bhí paindéim Covid-19 agus srianta na paindéime go mór chun tosaigh fós. Ar an dea-uair, áfach, tháinig maolú ar na srianta sa chéad ráithe den bhliain 2022 agus lean gach earnáil den tsochaí ar aghaidh ag athoscailt de réir a chéile de réir mar a d'fhilleamar ar an ngnáthshaol.

Leanann an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Shóisialta dár gcuspóirí agus dár gclár oibre a chomhlíonadh agus, chuige sin, oibrímid i ndlúthchomhar leis na Comhaltaí Tofa agus le leasanna earnála ar ár gCoiste Beartais Straitéisigh, a tháinig le chéile ceithre huaire sa bhliain 2022 chun plé agus comhaontú a dhéanamh ar raon beartas agus tionscnamh chun aghaidh a thabhairt ar an soláthar tithíochta ar an gClár.

Socraíodh spriocanna soláthair don bhliain 2022. Bhí an fheidhmíocht soláthair níos fearr ná na spriocanna sin, agus díriú leantach á choinneáil ar an am caillte ar thionscadail chaipitil a aisghabháil. Lean an fhoireann dá chinntiú go soláthrófaí seirbhísí, agus is iad socruithe oibre cumaisc agus cruinnithe ar líne an norm anois chun soláthar na gclár oibre a chinntiú.

Bhí an soláthar tithíochta sóisialta ríláidir sa bhliain 2022. Mar gheall ar theaglaim de réadmhaoine nua ar thóg an Chomhairle agus Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe iad, de réitigh foirgníochta lándéanta agus den chlár athchóirithe réadmhaoine folmha, bhíomar in ann teaghaisí a leithdháileadh ar 439 dteaghlach sa bhliain 2022.

In 'Tithíocht do Chách', a seoladh i mí Mheán Fómhair 2021, leagadh amach clár cistiúcháin ilbhliantúil don tréimhse 2022-2030 chun breis agus 300,000 teaghais nua a sholáthar, lena n-áirítear 90,000 teaghais shóisialta agus 54,000 teaghais inacmhainne, agus an caiteachas réamh-mheasta cothrom le breis agus €4bn in aghaidh na bliana. Tá gealltanas daingean ann freisin go gcuirfí deireadh leis an easpa dídine faoin mbliain 2030.

Leagtar amach sa doiciméad sin an creat le haghaidh tithíocht a sholáthar sa chontae. Is í an sprioc fhoriomlán ná go dtógfaí 833 aonad tithíochta sóisialta nua sa chontae thar an tréimhse 2022-2026, mar atá leagtha amach thíos:

Bliain	2022	2023	2024	2025	2026	Iomlán
Sprioc	200	149	153	164	167	833
Bainte amach	262					

Feidhmíocht tithíochta sóisialta, 2022

Sholáthraíomar 262 réadmhaoin nua sa bhliain 2022 trí mheascán de 118 dteach nuathógtha ar sholáthair an Chomhairle iad, de 66 theach nuathógtha ar sholáthair comhlachtaí tithíochta ceadaithe iad, de 64 theach ó réitigh foirgníochta lándéanta agus de roinnt éadálacha aonuaire.

Tógadh 118 n-aonad san iomlán ar bhainc thalún reatha Chomhairle Contae an Chláir sa bhliain 2022 sna háiteanna seo:

- Cnoc na Scoile in Aislinn, Inis - 40 aonad
- Baile na mBan i Sráid na Cathrach - 27 n-aonad
- Cúinne an Bhroic sa Tulach - 25 aonad
- Radharc an Óir i gCora Chaitlín - 18 n-aonad
- Clós an Eidhneáin i Ros Laobháin, Inis - 8 n-aonad.

An 24 Deireadh Fómhair 2022, sheol Darragh O'Brien TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, forbairtí Chnoc na Scoile, Bhaile na mBan agus Chúinne an Bhroic go foirmiúil.

D'imir na comhlachtaí tithíochta ceadaithe ról lárnach i 66 aonad tithíochta deonaí nua a sholáthar chun cabhrú linn ár spriocanna soláthair faoi 'Tithíocht do Chách' a bhaint amach sa bhliain 2022. Sholáthair Co-Operative Housing Ireland 55 theaghais, agus iad comhdhéanta de mheascán d'árasáin aonseomra leapa agus dhá sheomra leapa agus de thithe dhá sheomra leapa agus trí sheomra leapa, i Ros Leamháin, Inis. Chríochnaigh Clúid naoi dteaghais nua dhá sheomra leapa agus trí sheomra leapa ag Bóthar Luimnigh, Inis, ag deireadh na bliana, mar aon le dhá aonad trí sheomra leapa ag Baile Mhic Amhlaidh, Inis.

Tá clár uaillmhianach soláthair ag an earnáil comhlachtaí tithíochta ceadaithe beartaithe don bhliain atá romhainn, rud a chabhróidh go mór le

(Ó chlé go deas) An Comh. Tony O'Brien, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, agus é ag taispeáint ceann de na haonaid nua ag forbairt tithíochta sóisialta Bhaile na mBan, Bóthar an Bhaile Aird, Sráid na Cathrach, do Darragh O'Brien TD, an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, in éineacht le Anne Haugh, Stiúrthóir Forbartha Sóisialta, agus Pat Dowling, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae an Chláir.

Forbairt chríochnaithe Chnoc na Scoile, Aislinn, Inis, Co. an Chláir.

Forbairt chríochnaithe Chúinne an Bhroic, an Tulach, Co. an Chláir.

tithíocht a sholáthar d'iarratasóirí ceadaithe ar ár liosta feithimh do thithíocht shóisialta.

Tháinig Cód Cleachtais nua maidir le leithdháileadh réadmhaoine comhlachtaí tithíochta ceadaithe i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2022, rud lenar tugadh isteach cur chuige comhoibríoch i leith leithdháiltí idir údaráis áitiúla agus an earnáil comhlachtaí tithíochta ceadaithe. Is é an aidhm atá ann ná cur chuige comhsheasmhach agus níos cuíchóirithe a bhaint amach i leith an phróisis ainmniúcháin agus leithdháileacháin, rud as a dtiocfaidh níos mó éifeachtúlachta agus a fheabhsóidh amanna athligin. Tá an Cód Cleachtais nua sin á chur i bhfeidhm ag Comhairle Contae an Chláir i gcomhar leis na comhlachtaí tithíochta ceadaithe atá ag feidhmiú sa chontae.

Bainistíocht an stoic tithíochta

Sa bhliain 2022, rinneadh athchóiriú ar 72 réadmhaoin fholmha agus naoi réadmhaoin (neamháitithe) fhaighte agus cuireadh ar fáil iad le haghaidh ath-leithdháileadh ar fud an chontae.

Faoin gClár Iarfheistithe um Éifeachtúlacht Fuinnimh, rinne an Chomhairle uasghrádú ar 32 réadmhaoin go leibhéal RFF ab ionann agus rátáil B2 nó níos airde. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 64 uasghrádú an líon iomlán uasghráduithe a rinneadh ó thabhairt isteach na scéime sa bhliain 2021 i leith.

Faoinár gClár Cothabhála Pleanáilte, rinneadh oibreacha éagsúla ar 282 réadmhaoin, faoi mar a sainaithníodh trínár Suirbhéanna ar Bhail an Stoic. Cuirfear dlús le cur i bhfeidhm an chláir sin sa bhliain 2023 ós rud é go bhfuil deireadh curtha leis na srianta uile.

Tá Cothabháil Fhreagrúil tagtha ar ais ar an ngnáthriocht tar éis deireadh a chur leis na srianta uile. Taifeadadh 4,545 ghlao cothabhála sa bhliain 2022, arbh ionann é agus 349 nglao ar an meán in aghaidh na míosa.

Scéim tithíochta inacmhainne

Cé go bhfuil tithíocht inacmhainne ina bunchloch de 'Tithíocht do Chách', tá na critéir chun cáiliú le haghaidh cistiú do thithíocht inacmhainne faoi stiúir an údaráis áitiúil bunaithe ar chinneadh maidir leis an srian inacmhainneachta agus, i gcás líon suntasach contaetha, an Clár san áireamh, níor léir ón measúnú go bhfuil srian leordhóthanach ann chun na riachtanais incháilitheachta a chomhlíonadh. Mar sin féin, lean ár bhfoireann ag obair le hoifigigh na Roinne maidir le srianta inacmhainneachta i limistéir uirbeacha mhóra agus táimid muiníneach go mbeidh an Clár in ann sa bhliain 2023 tograí a chur isteach le haghaidh scéimeanna tithíochta inacmhainne in Inis agus i Sionainn araon.

Bloic choincréite lochtacha

Tháinig saincheist na mbloc coincréite lochtach ar an gClár chun tosaigh go déanach sa bhliain 2021, agus go leor caidrimh ar bun leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun leathnú na Scéime Bloc Coincréite Lochtach chuig an gClár a iarraidh. Bhí baint ag an bhfoireann tithíochta le tuarascálacha teicniúla éagsúla ar an ní seo a ullmhú, agus glacadh leis an gClár isteach sa Scéim Bhreisithe Bloc Coincréite Lochtach a bhí beartaithe le haghaidh teaghaisí príobháideacha, rud a bhí le tosú i ráithe a haon den bhliain 2023.

Lean Comhairle Contae an Chláir de bheith i dteagmháil leis an Roinn Tithíochta maidir leis an Scéim Deontas Breisithe Bloc Coincréite Lochtach. Thug baill foirne ón Roinn cuairt ar Chontae an Chláir go déanach i mí na Samhna 2022 chun bualadh lenár bhfoireann theicniúil agus thapaigh siad an deis cuairt a thabhairt ar roinnt láithreán mar ar shainaithníomar réadmhaoine lena mbaineann. Chomh maith leis sin, bhuail Comhairle Contae an Chláir le Grúpa Gníomhaíochta Piríte an Chláir go luath i mí na Nollag 2022 chun é a choinneáil ar an eolas faoi dhul chun cinn na scéime.

Iarratasóirí nuacháilithe

Tugadh isteach ceanglais nua maidir le hincháilitheacht ioncaim d'iarratasóirí ar thithíocht a ríomh sa bhliain 2021 de réir na Rialachán um Measúnú Tithíochta Sóisialta, rud a d'fhág go bhfuil an próiseas measúnaithe níos déine agus go bhfuil brú méadaithe ar iarratasóirí sonraí ioncaim iomlána 12 mhí a sholáthar. Dá ainneoin sin, leanann Comhairle Contae an Chláir de líon mór iarratas a phróiseáil gach mí, agus an meán-aga próiseála ar iarratais bhailí don bhliain 2022 cothrom le hocht seachtaine.

Measúnuithe tithíochta agus leithdháiltí tithíochta

Déantar tionóntachtaí tithíochta sóisialta a leithdháileadh de réir Scéim Leithdháileacháin Tithíochta Sóisialta Chomhairle Contae an Chláir. Leagtar amach sa scéim leithdháileacháin sin amach na tosaíochtaí agus na nósanna imeachta le haghaidh réadmhaoine a leithdháileadh. Baintear úsáid as an scéim chun aonaid chaighdeánacha tithíochta na Comhairle, teaghaisí folmha ócáideacha agus réadmhaoine atá ar léas fadtéarma agus gearrthéarma a leithdháileadh. Leithdháileadh 309 dtionóntacht san iomlán de chuid na Comhairle sa bhliain 2022, agus 130 ainmniúchán breise ann chuig comhlachtaí tithíochta ceadaithe. Chríochnaigh Comhairle Contae an Chláir forbairtí nua tithíochta i gCora Chaitlín, sa Tulach, i Sráid na Cathrach agus in Inis sa bhliain 2022.

Bhí teorainneacha ioncaim do chliaint tithíochta socraithe ag €25,000 do dhuine singil ó bhí an bhliain 2011 ann, agus méadaithe beaga incheadaithe ann d'aosaigh breise agus leanaí breise sa teaghlach. Méadaíodh an bhonnlíne sin go €30,000 an 1 Deireadh Fómhair 2022. Méadaíodh é tuilleadh go €35,000 an 1 Eanáir 2023 agus táimid ag súil go dtiocfaidh méadú ar ár liostaí tithíochta dá bharr.

01-Eanáir-23	Gan aon Leanaí	Leanbh Amháin	Beirt Leanaí	Triúr Leanaí	Ceathrar Leanaí	Cúigear Leanaí	Seisear Leanaí
Aosach Amháin	€35,000	€35,875	€36,750	€37,625	€38,500	€39,375	€40,250
Beirt Aosach	€36,750	€37,625	€38,500	€39,375	€40,250	€41,125	€42,000
Triúr Aosach agus níos mó	€38,500	€39,375	€40,250	€41,125	€42,000	€42,875	€43,750

Le linn na bliana 2022, leanadh de réadmhaoine a bhí ar fáil ar cíos a fhógairt ar an suíomh Gréasáin Choice Based Letting (CBL) ag cbl.clarecoco.ie. Is féidir le hiarratasóirí CBL a úsáid chun spéis a léiriú i raon réadmhaoine cónaithe atá lonnaithe laistigh dá limistéar/limistéir roghnaithe agus atá oiriúnach do mhéid a dteaghlaigh. Taispeántar an liosta réadmhaoine atá ar fáil ón gCéadaoin go dtí an Mháirt gach seachtain ar an suíomh Gréasáin CBL. Tá an próiseas ceaptha le bheith chomh cothrom agus is féidir mar go dtugann sé deis chomhionann do gach iarratasóir ar thithíocht féachaint ar na réadmhaoine atá ar fáil lena bhfreastalaítear ar a gcuid riachtanas.

An Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais

Tháinig Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais an Chláir le chéile ar bhonn ráithiúil sa bhliain 2022 chun athbhreithniú a dhéanamh ar a Phlean Straitéiseach áitiúil, agus é mar phríomhchuspóir aige an leibhéal tacaí tithíochta a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus na seirbhísí tacaíochta riachtanacha a mhéadú. Tugadh an t-eolas is deireanaí ar dhul chun cinn an Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais don Ghníomhaireacht Tithíochta agus don Choiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht araon ar bhonn ráithiúil. Sa bhliain 2022, leithdháil Comhairle Contae an Chláir 439 réadmhaoin, ar leithdháileadh 94 cinn díobh (21%) ar dhaoine a bhfuil riachtanais mhíchumais acu. Is é 10% an sprioc náisiúnta agus táimid ag feidhmiú i bhfad os cionn na sprice sin.

Cíosanna tithíochta

Bhí an bailiú cíosanna tithíochta láidir fós, agus an ráta bailithe cothrom le 86% agus an t-ioncam iomlán cothrom le €9,758,579 ó 3,335 chuntas cíosa sa bhliain 2022.

An Scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta

Shocraigh an Chomhairle 207 n-iarratas nua ar Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta sa bhliain 2022. Áiríodh leo sin 17 dteaghlach a bhí cáilithe le haghaidh Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta do Dhaoine gan Dídean agus 19 dteaghlach a fuair tacaíocht lasmuigh den chontae. Ba é 1,196 theaghlach an líon iomlán teaghlach a raibh tacaíocht faighte acu faoin scéim Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta ag deireadh na bliana 2022.

An Scéim um Chóiríocht ar Cíos

Bhí 166 theaghlach ag baint leas as an scéim seo ag deireadh na bliana 2022. Le linn na bliana, d'fhág 21 teaghlach an scéim, agus leas á bhaint ag a bhformhór as tacaí tithíochta eile. Ina theannta sin, oibríonn an Chomhairle i gcomhar le 15 chomhlacht tithíochta cheadaithe chun tacú le 182 thionónta tríd an scéim um Chóiríocht ar Cíos. Áirítear leis an bhfigiúr sin 12 thionóntacht nua a tháinig isteach sa scéim sa bhliain 2022.

Léasú sóisialta

Sa bhliain 2022, chuir an Chomhairle dhá chineál léasaithe ar fáil, léasú gearrthéarmach a mhaireann suas le naoi mbliana agus 11 mhí agus léasú fadtéarmach a mhaireann idir 10 mbliana agus 25 bliana. Faoin gclár 'Tithíocht do Chách' ón Rialtas, tá léasú fadtéarmach á thabhairt chun deiridh de réir a chéile agus, mar sin de, ní fhéadfaidh an Chomhairle dul isteach i léasanna fadtéarmacha nua a thuilleadh. Ba é sprioc na Comhairle maidir le léasú gearrthéarmach don bhliain 2022 ná go soláthrófaí trí léas ghearrthéarmacha nua agus, le linn na bliana, idirbheartaíodh comhaontuithe léasa agus baineadh an sprioc sin amach. D'fhág 14 theaghlach an scéim sa bhliain. D'fhág sé sin gurbh ionann agus 102 theaghlach an líon iomlán teaghlach a bhí ag baint leas an scéim sin faoi dheireadh na bliana. Is é cúig bliana an meántéarma léasa.

Ós rud é nár idirbheartaíodh aon chomhaontuithe léasa fadtéarmacha nua sa bhliain 2022 agus gur fhág ocht réadmhaoin an scéim, b'ionann agus 125 theaghlach an líon iomlán teaghlach a bhí ag baint leas as an scéim sin faoi dheireadh na bliana. Is é 16 bliana an meántéarma léasa.

Cigireachtaí ar réadmhaoine príobháideacha ar cíos

Déanann an Chomhairle cigireacht ar réadmhaoine príobháideacha ar cíos de réir na Rialachán Tithíochta (Caighdeáin maidir le Tithe ar Cíos), 2019. Rinneadh cigireacht ar 1,058 réadmhaoin phríobháideacha ar cíos san iomlán sa bhliain 2022. Áiríodh leo sin réadmhaoine Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta, réadmhaoine de chuid na Scéime um Chóiríocht ar Cíos, réadmhaoine Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus réadmhaoine ar léas.

An Iasacht Tí Údaráis Áitiúil

Tháinig an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil in ionad Iasacht Tí Rebuilding Ireland i mí Eanáir 2022. Leis an iasacht, tairgtear morgáiste ráta úis sheasta thar thréimhse 25 bliana nó 30 bliain do cheannaitheoirí céaduaire a bhfuil acmhainneacht creidmheasa acu d'fhonn úinéireacht tí a dhéanamh níos inacmhainne.

Fuarthas 61 iarratas san iomlán ar an Iasacht Tí Údaráis Áitiúil sa bhliain 2022. Deonaíodh ceadú sealadach do 25 iarratas ar iasacht le linn na tréimhse sin. Tarraingíodh cúig iasacht san iomlán anuas sa bhliain 2022. Méadaíodh rátaí úis le héifeacht ón 10 Nollaig 2022 i leith. Is iad na rátaí seasta reatha ná 3.35% ar iasachtaí suas le téarma 25 bliana agus 3.45% ar iasachtaí suas le téarma 30 bliain.

Bainistíocht Eastát

Tá Aonad Bainistíochta Eastát ag an gComhairle, atá ar fáil chun bualadh le tionóntaí agus le cumainn tionóntaí ar bhonn tráthrialta chun déileáil le saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Bhí tionchar dearfach ag ceapadh triúr Oifigeach Forfheidhmiúcháin Tionóntachta sa bhliain 2021 ar bhainistíocht iompraíochta frithshóisialta agus ar an tionchar a bhíonn aici ar an bpobal.

Leanann an fhoireann den chlár idirchaidrimh le tionóntaí agus leis na coistí cónaitheoirí chun tacú le bainistíocht eastát. Spreagtar cónaitheoirí chun páirt a ghlacadh i mbainistíocht a n-eastáit, chun úinéireacht a ghlacadh, agus chun bród a bheith orthu as an áit ina gcónaíonn siad. Tá an t-aonad seo tiomanta do ghrúpaí cónaitheoirí a spreagadh agus a bhunú laistigh dá n-eastáit tithíochta.

Bainistíonn foireann Bainistíochta Eastát na Comhairle iompraíocht fhrithshóisialta agus a tionchar ar an bpobal. San iomlán, rinneadh

imscrúdú ar 342 ghearán faoi iompraíocht fhrithshóisialta agus déileáladh leo de réir Straitéis Iompraíochta Frithshóisialta na Comhairle. D'éascaigh an fhoireann Forfheidhmiúcháin Tionóntachta 7,183 ghlao amach san iomlán sa bhliain 2022 chun déileáil le cásanna iompraíochta frithshóisialta. Chomh maith leis sin, thug sí faoi phatróil thráthrialta agus faoi idirchaidreamh tráthrialta le tionóntaí údaráis áitiúil.

An Fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean

Sa bhliain 2022, tháinig a lán dúshlán agus castachtaí os comhair Fhoireann an Chláir um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean. Bhí méadú ann sa bhliain sa líon teaghlach a bhí ag dul i dteagmháil leis an bhfoireann agus bhí méadú ann freisin i leibhéal na riachtanas casta agus na ndúshlán casta a bhí á gcur i láthair ag úsáideoirí seirbhíse. Leanann an t-éileamh ar ár seirbhís ag méadú gach mí agus teastaíonn ón bhfoireann ar fad tacaíocht shuntasach maidir le gach gné den easpa dídine.

Tá an Fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean ag leanúint ar aghaidh ag obair i dtreo seirbhís a thógáil a bheidh in ann freastal go cuí ar riachtanais na gcliant gan dídean ar an gClár. Soláthraíonn an fhoireann seo raon leathan seirbhísí tacaíochta. Áirítear leo sin Measúnú agus Socrú, Seirbhísí Tacaíochta Tionóntachta, Aimsitheoir Áiteanna Íocaíochta Cúnaimh Tithíochta, Tithíocht ar dTús, agus Athshocrú Cóiríochta.

Is iad na seirbhísí sláinte agus na húdaráis áitiúla na príomhchomhlachtaí reachtúla a thugann aghaidh ar an easpa dídine agus ar riachtanais daoine atá gan dídean in Éirinn. Oibríonn Foireann an Chláir um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean i gcomhar le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) maidir le seirbhís a sholáthar laistigh den Chlár, áit a bhfuil Altra Meabhairshláinte Pobail lánaimseartha agus Altra Sláinte Poiblí, a roinntear le Luimneach, ar an bhfoireann. Glacadh le cur chuige foirne ildisciplíneach idirghníomhaireachta agus tá ag éirí leis for-rochtain agus saintacaí breise a sholáthar agus nascadh le seirbhísí príomhshrutha.

2022

Ag deireadh na bliana 2022, bhí 62 aosach agus 43 chleithiúnaí i gcóiríocht do dhaoine gan dídean.

Ní áirítear leis an bhfigiúr sin an líon suntasach daoine singile agus aonad teaghlaigh a rinne teagmháil leis an bhfoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean chun socrúcháin i gcóiríocht éigeandála a lorg.

Tháinig 2,422 theaghlach i láthair (432 theaghlach a tháinig i láthair den chéad uair agus 1,990 teaghlach a tháinig i láthair den dara huair nó níos mó), agus cuireadh 48 dteaghlach nua i gcóiríocht i seirbhísí do dhaoine gan dídean sa bhliain 2022.

An líon teaghlach a tháinig i láthair den chéad uair	432
An líon teaghlach a tháinig i láthair den dara huair nó níos mó	1,990
An líon IOMLÁN teaghlach a tháinig i láthair	**2,422**

Sa bhliain 2022, tháinig 64 theaghlach amach as easpa dídine – a ndeachaigh 40 teaghlach díobh chuig tionóntachtaí nua (Údarás Áitiúil - 18, Comhlacht Tithíochta Ceadaithe - 8, Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta - 2, Cíos Príobháideach - 2, Tithíocht Óige - 5, Tithíocht ar dTús - 5), ar scaoileadh 18 dteaghlach díobh amach as seirbhísí, ar scaoil ceithre theaghlach díobh iad féin amach as seirbhísí agus ar scaoileadh dhá theaghlach díobh isteach i gcóiríocht chónaithe). Bhog 23 theaghlach eile laistigh de na seirbhísí éigeandála chun an tacaíocht is fearr a fháil dá riachtanais aitheanta. Léirítear sna figiúirí sin méid suntasach oibre coiscthe agus leanfaidh an tseirbhís dá díriú a leagan air sin amach anseo.

Bhog 20 teaghlach eile nach raibh i gcóiríocht éigeandála isteach i dtionóntachtaí freisin. Léirítear san fhigiúr sin an obair choisctheach a rinne an fhoireann um Ghníomhú do Dhaoine gan Dídean sa bhliain, áit ar cuireadh cosc ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh teacht isteach i seirbhísí do dhaoine gan dídean.

An líon teaghlach a tháinig amach		**64**
A cuireadh isteach i dteach	Údarás Áitiúil = 18 Comhlacht Tithíochta Ceadaithe = 8 Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta = 2 Cíos Príobháideach = 2 Tithíocht Óige = 5 Tithíocht ar dTús = 5	40
A scaoileadh amach as seirbhísí		18
A scaoil iad féin amach as seirbhísí		4
A scaoileadh amach chuig Cóiríocht Chónaithe		2

Laistigh de na figiúirí sin, leantar de mhéid suntasach oibre a dhéanamh chun tacú le cliaint aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a chuirtear i láthair. Mar thoradh air sin, tá an fhoireann ag leanúint de chaidreamh oibre láidir a chothú lenár gcomhpháirtithe oibre uile in FSS (Cúram Príomhúil, Míchumas, Cuimsiú Sóisialta, Meabhairshláinte, Cumhdach agus Andúil), sa Gharda Síochána agus in Tusla (Cosaint Leanaí, Foréigean Baile agus Iarchúram) agus le Comhpháirtithe Promhaidh agus Pobail chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chasta a bhíonn ag méadú i gcónaí.

Cóiríocht don Lucht Siúil

Bhí an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019-2024 faoi réir athbhreithniú lár téarma sa bhliain 2022. Eisíodh agus fógraíodh fógraí i mí Lúnasa 2022 lenar lorgaíodh ionchuir isteach sa phróiseas athbhreithniúcháin agus fuarthas sé aighneacht. Reáchtáil comhaltaí an Choiste Beartais Straitéisigh ceardlann chun athbhreithniú a dhéanamh ar na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas, amhail plódú toisc teaghlaigh a bheith ag méadú agus toisc teaghlaigh a bheith ag filleadh ón Ríocht Aontaithe. Comhaontaíodh go bhfuil gá ann le tuilleadh idirchaidrimh leis an Lucht Siúil agus go bhfuil gá ann le measúnú níos mionsonraithe ar riachtanais agus gur cheart saincheisteanna a bhaineann le riachtanais mhíchumais a chur ar áireamh sa mheasúnú sin. D'aontaigh an Coiste Beartais Straitéisigh gan an leagan reatha den Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil a leasú agus d'aontaigh sé go bhféachfaí leis na spriocanna atá istigh ansin, ar spriocanna dúshlánacha iad fós, a bhaint amach. Déanann Coiste Forbartha Pobail Áitiúla an Chláir formhaoirseacht ar Thionscadal Forbartha Pobail don Lucht Siúil i gcomhar le Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir. Fostaíodh oibrí tionscadail agus beidh sé ag obair i gcomhar le Cuideachta Forbartha Áitiúil an Chláir agus le Comhairle Contae an Chláir chun anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar riachtanais reatha agus ar riachtanais sa todhchaí roimh an gcéad leagan eile den Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil, rud a meastar gur gá é a ullmhú sa bhliain 2024.

Seoladh scéim nua iasachta carbhán/tithe soghluaiste sa bhliain 2022 agus cheap an Clár dhá thionónta nua faoin scéim sin. Tá an scéim dúnta anois, faoi réir athbhreithnithe, agus táthar ag súil go n-osclófar arís í amach sa bhliain 2023.

Deontais tithíochta

Rinneadh líon mór iarratas a cheadú agus a íoc an athuair sa bhliain 2022. Ní dhírítear na cistí ach amháin ar oibreacha riachtanacha agus tugtar tosaíocht ar bhonn riachtanais liachta an iarratasóra agus ar bhonn an fhaid ama ar an liosta feithimh. Tháinig maolú ar na dúshláin a d'eascair as paindéim Covid-19 le linn na bliana, rud a chabhraigh linn freastal ar na héilimh iomadúla agus éagsúla ar chúnamh. Leis na hoiriúnuithe a dhéantar, cuirtear ar chumas daoine faoi mhíchumas agus daoine scothaosta maireachtáil go compordach ina dteach féin. Caitheadh €3,076,738 san iomlán ar 513 dheontas, mar atá leagtha amach sa tábla anseo thíos:

Cineál deontais	An líon iomlán deontas a íocadh sa bhliain 2022	Luach na n-oibreacha, €
Deontas Oiriúnaithe Tí do Dhaoine faoi Mhíchumas	175	1,744,063
Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta	186	759,311
Deontas Áiseanna Soghluaisteachta	152	573,364
Iomlán sa bhliain 2022	**513**	**3,076,738**

Rinneadh roinnt oiriúnuithe ar ár stoc tithíochta féin le linn na bliana freisin. I measc na n-oibreacha a cuireadh i gcrích bhí suiteáil rampaí, seomraí folctha rochtana comhréidhe, ráillí láimhe, cathaoireacha staighre agus mionoibreacha eile chun riachtanais soghluaisteachta an teaghlaigh a éascú. Rinneadh 102 réadmhaoin san iomlán a oiriúnú, agus caitheadh breis agus €700,000 ar na hoibreacha sin. Cabhraíonn na hoibreacha sin le tionóntaí freastal ar a riachtanais ar leith agus cuireann siad le compord a dtí agus leis an taitneamh a bhaineann siad as.

An fhreagairt don ghéarchéim Úcránach

I mí an Mhárta 2022, géaraíodh ar an ngéarchéim Úcránach agus, faoi lár mhí Aibreáin, bhí breis agus 2,000 Úcránach easáitithe i gContae an Chláir. Ba í foireann tithíochta Chomhairle Contae an Chláir a chomhordaigh an fhreagairt éigeandála ar dtús. Sainaithníodh roinnt ionad aíochta éigeandála agus socraíodh iad mar chóiríocht d'Úcránaigh. Sainaithníodh roinnt réadmhaoine a bhí oiriúnach dá slánú tapa mar réadmhaoine iláitíochta mar chuid den fhreagairt tosaigh sna míonna tosaigh den bhliain 2022.

Chomh maith leis sin, d'imir ár bhfoireann tithíochta ról ríthábhachtach i gcigireacht a dhéanamh ar réadmhaoine folmha agus comhroinnte a chuir muintir an Chláir ar fáil. I mí Iúil 2022, bunaíodh stiúrthóireacht nua chun an tionscadal Úcránach a bhainistiú agus, i láthair na huaire, tá cóiríocht á cur ar fáil do bhreis agus 4,000 Úcránach laistigh dár gcontae. Leanann an fhoireann tithíochta d'obair i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Seirbhísí don Phobal Úcránach agus de chabhair a thabhairt di.

Seirbhísí Cultúrtha (Leabharlann, Ealaíona, Músaem, Cartlanna agus glór)

Tionscadal Caipitil - Seirbhís Leabharlainne an Chláir

Chuir Coolsivna, na conraitheoirí do leabharlann agus dánlann nua Inse, tús le hobair ar an láithreán an 28 Aibreán 2022. Is é 60 seachtain féilire fad an chonartha agus tá sé beartaithe go mbeidh sé críochnaithe den chuid is mó i mí an Mheithimh 2023. I dtreo dheireadh na bliana, tháinig moill ar an obair mar gheall ar roinnt fhadhbanna, mar gheall ar mhoilleanna ar oibreacha bunsraithe agus mar gheall ar mhoilleanna a bhain le seicheamh doirte leac coincréite agus le dálaí ginearálta aimsire. Is é Deireadh Fómhair 2023 an dáta críochnaithe measta athbhreithnithe.

An tseirbhís leabharlainne

Tar éis phaindéim Covid-19, tá an tseirbhís leabharlainne ag filleadh ar mhéadú san úsáid de réir mar a fhilleann an pobal ar spásanna poiblí a úsáid. Léirítear sna figiúirí thíos an meath a bhí ann thar bhlianta phaindéim Covid-19 agus tús an téarnaimh, rud a bhí ag teacht leis an laghdú i ríomhacmhainní a úsáid. Rinne Seirbhís Leabharlainne an Chláir 353 sheachadadh baile san iomlán sa bhliain 2022.

	Ballraíocht den leabharlann	An líon míreanna a eisíodh	An líon ríomhacmhainní a eisíodh	An líon seisiún Idirlín	An líon seisiún Wi-Fi
2022	**17,989**	**338,964**	**57,862**	**11,005**	**8,363**
2021	10,060	235,122	63,088	1,886	4,889
2020	14,152	269,491	57,678	8,973	7,739

Cuireadh 16,256 mhír san iomlán leis an stoc, a chuimsigh na foilseacháin is déanaí agus cúlstocáil i réimsí a dteastaíonn aird speisialta uathu. Áiríodh leis sin freisin stoc a cheannach san Úcráinis agus sa Rúisis do bhrainsí i limistéir a bhfuil pobal mór Úcránach iontu, e.g., Lios Dúin Bhearna agus Cill Chaoi. I gcomhthráth le filleadh an phobail ar na brainsí, tháinig méadú ar ghníomhaíochtaí clársceidealaithe go 1,167 n-imeacht laistigh de bhrainsí ar fhreastail 11,752 dhuine orthu. Cuireadh 54 imeacht ar líne ar siúl (zoom agus físeáin phostáilte) agus bhí 29 n-imeacht for-rochtana ann ar fhreastail 599 nduine san iomlán orthu.

Bhain an tseirbhís leabharlainne leas as roinnt deontas. Áiríodh leo sin cistiú €23,333 ó Chiste na gCuntas Díomhaoin agus cistiú €7,660 ón gCiste Éire Shláintiúil. Caitheadh bronntanas €10,000 ó bhronntóir gan ainm ar acmhainní litearthachta agus ar chlár imeachtaí i roinnt leabharlann.

Éire Ildánach

Deonaíodh 31 Dámhachtain Tionscadail san iomlán do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair chun tionscadail a reáchtáil lena spreagfaí 'Cruthaitheacht sa Phobal'. I measc na dtionscadal bhí Féile Scannán Beochana Óige Eclipse, sraith podchraoltaí le Ruairí McKiernan ar dhaoine cruthaitheacha as an gClár, seisiúin cheoil bheo i ngairdíní daoine a bhí gafa sa teach le Róisín Ní Ghallóglaigh, ceoltóir, agus scannán faoi Fhéile Matchmaking Lios Dúin Bhearna. Ina theannta sin, thacaigh Éire Ildánach, an Clár, le roinnt féilte ar an gClár freisin. Áiríodh leo sin Féile Chlub Leabhar Inse, PIMA! Fest, Féile Sláinte agus Folláine Inse agus Féile Scannán Iontach Idirnáisiúnta Inse. Chuir Foireann Cruthaitheachta agus Cultúir na Comhairle tús le 28 dtionscadal eile. Áiríodh leo sin Ealaín Sráide PRISM, 'Compánaigh Chultúrtha' agus tochailt ar theach ó ré an Ghorta Mhóir. Thacaigh Éire Ildánach, an Clár, le Cruinniú na nÓg i mí an Mheithimh freisin. Ba chlár ilchineálach é sin a chuimsigh 28 n-imeacht bheo (a bhí dírithe ar leanaí agus ar dhéagóirí) agus cuireadh trí imeacht fhíorúla ar siúl ar fud an chontae. Ghlac 1,106 leanbh san iomlán páirt i gceardlanna ar éascaigh 50 ealaíontóir iad.

Deich mBliana na gCuimhneachán

Leanadh den chlár náisiúnta sin sa bhliain 2022, ar lena linn a fuair 11 tionscadal stairiúla agus comórtha cistiú. Bronnadh trí Ghradam Tionscadal Ealaíon Dheich mBliana na gCuimhneachán ar Marie Connole agus David O'Rourke, ealaíontóirí, agus ar Deirdre Scanlan, ealaíontóir, a thaibhigh *Guardians of the Peace*, amhrán le Tim Collins. Cuireadh Seachtain na Staire ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2022. Eagraíodh 22 imeacht lena linn, lenar áiríodh cúig thaispeántas i mbrainsí leabharlainne, podchraoladh amháin, ocht léacht ar líne agus trí léacht brainse, a taifeadadh freisin. Is féidir mionsonraí faoi na himeachtaí uile a aimsiú anseo: www.clarelibrary.ie/eolas/library/doc_info.htm

Na hEalaíona

Atosaíodh ar chláir a dtacaíonn an Chomhairle Ealaíon leo a chur ar siúl i bpearsa sa bhliain 2022 tar éis phaindéim Covid-19. Sholáthair an clár Ealaíon agus Oideachais tionscadail ealaíon i gcomhar le 19 n-ealaíontóir in 28 mbunscoil. Coimisiúnaíodh an Scoil Ealaíon chun tionscadal a chruthú le dhá mheánscoil. Atosaíodh Téatar Óige an Chláir, agus ballraíocht 30 duine óg aige. D'oibrigh an Oifig Ealaíon i gcomhar le Comhpháirtíocht Óige Cruthaithí Luimnigh-an Chláir chun téatar óige eile a bhunú i gCill Chaoi. Sholáthair an Clár 'Embrace Arts and Disability' 15 thionscadal ealaíon i suíomhanna míchumais i gcomhar le 11 ealaíontóir.

Ar na taibhithe lasmuigh bhí taibhithe ó Chompántas Damhsa Aerga Fidget Feet, a chruthaigh 'Flutterby', agus ó Fhéile Ennis Mela tríd an gclár 'Faoin Spéir' de chuid na Comhairle Ealaíon. Bhuaigh Ennis Mela agus an mórthaispeántas lasmuigh 'House!' araon gradaim ag Gradaim Chomhlachas Tráchtála Éireann um Shármhaitheas sa Rialtas Áitiúil. Cuireadh Oíche Chultúir ar siúl i bpearsa an athuair i mí Mheán Fómhair, agus d'fhreastail 3,000 duine ar 37 n-imeacht ar an gClár. Atosaíodh taispeántais agus ceolchoirmeacha 'Riches of Clare' tar éis phaindéim Covid-19. Chomh maith leis sin, atosaíodh tionscadail um ealaíona sa tsláinte in ospidéil, i dtithe altranais agus in ionaid cúraim lae ar fud an chontae. D'fheidhmigh stiúideonna ealaíontóirí ag toilleadh 100%, agus éileamh suntasach ann ar níos mó spásanna. Ceadaíodh 68 ndeontas san iomlán d'ealaíontóirí, do phobail agus d'fhéilte tríd an Scéim Tacaí Pobail agus tugadh 2,460 lá fostaíochta do cheoltóirí, do léiritheoirí agus do chriú teicneolaíochta tríd an Scéim chun Tacú le Taibhiú Beo Áitiúil ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, agus 237 n-imeacht curtha ar siúl.

Tugadh cúnamh do 27 dtionscadal scannán sa bhliain 2022, don chlár scannán 'Engine Shorts' agus d'Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Inse. Leanadh de leas a bhaint as clár Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair (WRAP) chun infheistíocht shuntasach scannán a mhealladh isteach sa chontae, go háirithe isteach sa Leacht.

An carr Dodge le de Valera i Músaem an Chláir.

Músaem an Chláir

Sa bhliain 2022, d'fhill Músaem an Chláir ar a ghnáthamanna oscailte, agus thug 10,555 dhuine san iomlán cuairt air sa bhliain. Bhí 109 bpostáil meán sóisialta ag Músaem an Chláir sa bhliain 2022, a raibh grianghraif agus físeáin a bhain le míreanna i mbailiúchán an mhúsaeim iontu den chuid is mó. Chuir sé sin ar chumas an mhúsaeim teacht ar lucht féachana níos leithne. Cuireadh 10 mbailiúchán nua leis sa bhliain agus catalógaíodh thart ar 130 mír chuig Bunachar Sonraí Axiell. Fuair an músaem líon beag míreanna nua, mar aon le bailiúchán mór amháin a bhain le saol Georgina Frost, a meastar go bhfuil thart ar 800 mír ann. A bhuí le deontas oidhreachta nua ab fhiú €14,000 ón gComhairle Oidhreachta, bhíothas in ann suíomh Gréasáin nua don mhúsaem a chruthú, mar atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach ón músaem. Tógadh thart ar 2,000 grianghraf don suíomh Gréasáin sa bhliain agus cuireadh 450 ceann díobh ar líne go dtí seo. Rinneadh ceiliúradh ar aistriú an chairr Dodge le de Valera ó láithreán na leabharlainne chuig an músaem an 6 Samhain ag ócáid ar fhreastail cúigear de mhuintir de Valera agus breathnóirí a raibh suim acu ann uirthi.

An Chartlann

Lean an tSeirbhís Chartlainne sa bhliain 2022 de rochtain ar a cuid bailiúcháin a sholáthar tríd an Leabharlann Staidéir Áitiúil. Leanadh de Thionscadal Digitithe na Cartlainne sa bhliain 2022. Rinneadh digitiú ar 154 imleabhar san iomlán ó Orduithe Bainisteoirí agus Leabhair Miontuairiscí an Bhoird Sláinte agus Cúnaimh Phoiblí ón tréimhse 1915-1966. Tá tús curtha le hábhar ón tionscadal digitithe a chur le Taisclann Dhigiteach na hÉireann (ar taisclann dhigiteach náisiúnta le haghaidh shonraí daonnachtaí, eolaíochtaí sóisialta agus oidhreachta cultúrtha na hÉireann í). Ar an mbealach sin, táthar in ann ábhar cartlainne digitithe a chur ar fáil ar líne, agus caomhnú leanúnach na sonraí taiscthe á chothabháil agus á chur ar aghaidh ag an am céanna.

Maidir le héadálacha sa bhliain 2022, rinneadh 'The Barrett Collection', ina bhfuil thart ar 150 bosca cartlainne d'ábhar a bhaineann le Joseph Barrett (1888-1971), a fháil mar éadáil. Tá an bailiúchán á phróiseáil anois. Bhronn Scoil Náisiúnta Dhoire na bhFiach, Droichead Abhann Ó gCearnaigh, ábhar breise ar Bhailiúchán na Scoileanna Náisiúnta.

Foilsíodh alt leis an gcartlannaí in eagrán Eanáir-Feabhra de chuid History Ireland inar pléadh Bailiúchán Dwyer.

glór

Bhí srianta Covid-19 i bhfeidhm fós i mí Eanáir, rud a d'fhág gur lú an toilleadh ceadaithe. Mar sin féin, tháinig normalú ar an gclár go pointe éigin ó mhí Feabhra ar aghaidh trí thaispeántais, trí thaibhithe agus trí imeachtaí, cé go raibh an lucht féachana níos lú i dtreo dheireadh an earraigh ná mar ba ghnách. Lean glór de raon tacaí a thairiscint d'ealaíontóirí, agus díriú á leagan go háirithe ar an bpobal cruthaitheach áitiúil – amhail Meantóireacht 'Ealaíontóir le hEalaíontóir', Ciorcail Chruthaitheacha, cónaitheachtaí ealaíontóirí agus an scéim leanúnach Ealaíontóirí Comhlacha. Chomh maith leis sin, sholáthair glór a sheirbhísí do raon leathan grúpaí áitiúla ealaíon agus pobail, a lán comhpháirtithe tráthrialta áitiúla ina measc. Chuir an t-ionad ealaíon 237 dtaibhiú i láthair sa bhliain, a chuimsigh raon leathan taibhithe ceoil, téatair, damhsa agus ceoldrámaíochta agus sraith craoltaí scannán. Cheiliúir glór a 21ú breithlá ag deireadh mhí na Samhna, agus chomóir sé é le taibhiú speisialta dar teideal 'glór at 21', ar lena linn a taispeánadh roinnt de na tionscadail agus na coimisiúin is déanaí ar imir glór páirt lárnach iontu. Ghlac breis agus 50 ealaíontóir páirt san ócáid. D'éirigh Orla Flanagan, Stiúrthóir, as tar éis di a bheith ag obair mar Stiúrthóir ar feadh sé bliana agus tiocfaidh Marie O'Byrne, ar ó Inis ó dhúchas di, ina hionad mar Stiúrthóir sa bhliain 2023.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT TUAITHE

LEONARD CLEARY
Stiúrthóir Forbartha Tuaithe

Comhairle na nÓg, an Clár

Is é is Comhairle na nÓg, an Clár, ann ná tionscnamh de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige lena soláthraítear ardán do dhaoine óga idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois ar ar féidir leo a n-ábhair imní a chur in iúl, athruithe féideartha a phlé, agus réitigh nuálacha a mholadh chun athruithe dearfacha a dhéanamh. Tá an Chomhairle ag obair i gcomhpháirt le Seirbhís Óige an Chláir, a bhainistíonn cláir agus gníomhaíochtaí éagsúla i gcomhar le baill is mic léinn. Sa bhliain 2022, d'eagraigh Comhairle na nÓg, an Clár, dhá Chruinniú Ghinearálta Bhliantúla, ceann amháin i Rinn na Spáinneach agus an ceann eile in Inis, chun freastal ar na mic léinn rannpháirteacha uile. Bhí na cruinnithe ginearálta bliantúla sin ina ndeis luachmhar do dhaoine óga teacht le chéile, a n-eispéiris a chomhroinnt, agus saincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu féin agus ar a bpobail a phlé.

Ómós Áite

Comórtas bliantúil uile-oileáin is ea na Gradaim Ómós Áite. Bunaíodh an comórtas chun na háiteanna is fearr ó thaobh na forbartha pobail de a chur chun cinn agus a cheiliúradh. Tugtar aitheantas leis na gradaim do na hiarrachtaí neamhleithleacha a dhéanann daoine a gcomharsanachtaí áitiúla a dhéanamh ina n-áiteanna níos fearr chun cónaí, obair agus sóisialú iontu. Sa bhliain 2022, rinne ceithre ghrúpa ionadaíocht don Chlár. Ba iad sin: Comhairle Pobail na Scairbhe, Comhairle Pobail Bhaile Uí Bheoláin, an tionscadal 'Sionainn faoi Bhláth', agus Tionscadal Cheann Léime Le Chéile. Chuir na grúpaí uile bród ar a ndúiche féin trí láithreoireachtaí nuálacha tarraingteacha a chuaigh i bhfeidhm go mór ar na moltóirí. Ainmníodh an Scairbh mar Iomaitheoir sa Dara hÁit faoin gcatagóir 'Daonra – 1000 go 2000' mar aitheantas do na gníomhaíochtaí bríomhara pobail áitiúil atá ar bun sa bhaile. Ainmníodh Tionscadal Cheann Léime Le Chéile mar bhuaiteoir foriomlán sa chatagóir 'Pobal Cósta' agus mar bhuaiteoir an Ghradaim Speisialta um Ghníomhú ar son na hAeráide freisin.

Cistiú Rialtais - Scéimeanna Náisiúnta

Seolann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail roinnt clár cistiúcháin tríd an gComhairle. Sa bhliain 2022, mheall na scéimeanna sin tionscadail agus cistí mar atá liostaithe thíos:

- **An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2022:** Soláthraíodh cistiú ab fhiú €627,073 do thrí thionscadal: ceann amháin in Inis Díomáin, ceann amháin sa Cheapach agus ceann amháin i gCuinche.
- **An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, 2022 – Beart Forbartha Tionscadal:** €50,000 le haghaidh staidéar indéantachta i ndáil leis an Teach Cúirte i gCill Dalua.
- **An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, 2022 – Beart Margaíochta (beart nua sa bhliain 2022):** €49,500 le haghaidh feachtas margaíochta chun an chianobair a chur chun cinn.
- **An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, 2022 – Beart Fála Foirgneamh (beart nua sa bhliain 2022):** Deonaíodh €185,000 le haghaidh Foirgneamh Phictiúrlann Mars i gCill Rois a cheannach.
- **An Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte – an Scéim Feabhsúcháin Sráid-dreacha, 2022:** Soláthraíodh cistiú ab fhiú €100,000 do Lios Dúin Bhearna le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sráid-dreacha.
- **Tionscnamh CLÁR 2022**: Soláthraíodh cistiú ab fhiú €679,222 do 14 thionscadal atá lonnaithe sna háiteanna seo: an Leacht; Eidhneach; Croisín; an Dún Beag; an Tulach; an Scairbh; Cill Mháille; Sráid na Cathrach; Cill Fhionnúrach; Cluain an Fhathaigh; Lios Uí Chathasaigh; Cill Chaoi; an Tobar; agus Cill Mhichíl.
- **An Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir, 2022:** Soláthraíodh cistiú ab fhiú €939,366 do dheich dtionscadal sna háiteanna seo a leanas: Cill Rois; Inis Díomáin; Cill Chisín; Cill na Móna; Droichead Uí Bhriain; Baile Uí Chogaráin; Geopháirc Bhoirne; Loch an Dúin, Áth Leathan; Siúlán Sínte an Fhorghais (Inis); agus Aillte an Mhothair.

An Scéim Tacaíochta Pobail

Ceadaíodh cistiú ab fhiú €597,500 faoi Scéim Tacaíochta Pobail na Comhairle i mí na Bealtaine 2022. A bhuí leis na leithdháiltí ar ghrúpaí pobail agus deonacha, tacaíodh le raon leathan tionscadal. Áiríodh leo sin tionscadail sna réimsí seo: an fearann poiblí, cuimsiú sóisialta, rannpháirtíocht sa spórt, Wi-Fi pobail, na healaíona, an Ghaeilge agus an turasóireacht inbhuanaithe.

Ionaid Adhlactha

Tá freagracht ar an Aonad um Ionaid Adhlactha as cothabháil leanúnach a dhéanamh ar bhreis agus 160 reilig ar fud Chontae an Chláir.
Rinneadh oibreacha plionta, crannliacht, deisiúcháin geataí agus mionoibreacha feabhsúcháin eile ar ionaid adhlactha ar fud an chontae sa bhliain, chomh maith le bearradh féir le linn mhíonna an earraigh agus an tsamhraidh. Ina theannta sin, deonaíodh cistiú beagscála do 61 ghrúpa tríd an Scéim Tacaíochta Pobail chun cabhrú leis na costais a bhaineann le hionaid adhlactha ar fud an chontae a chothabháil. Is fíorluachmhar atá tiomantas leanúnach na ngrúpaí pobail sin.

An Clár Sláintiúil

Is é *Éire Shláintiúil - Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe 2013-2025* an creat náisiúnta gníomhaíochta chun sláinte agus folláine mhuintir na hÉireann a fheabhsú thar na blianta atá le teacht. Bhí an treo straitéiseach agus na tosaíochtaí a leagadh amach sa phlean ag teacht le beartais agus straitéisí réigiúnacha, agus sainaithníodh iontu roinnt gníomhaíochtaí pobalbhunaithe a mbeadh tionchar dearfach acu ar shaol daoine ó thaobh a sláinte fisiciúla, a meabhairshláinte agus a sláinte gnéasaí de, ar ghníomhartha iad freisin lena rachfaí i ngleic leis na héifeachtaí diúltacha a bhíonn ag tobac, ag alcól agus ag drugaí eile freisin.

Sa bhliain 2022, ghlac gach údarás áitiúil in Éirinn ról 'Comhordaitheoir Contae Shláintiúil' mar chuid den chlár oibre Éire Shláintiúil. Is í Dena McGrath Comhordaitheoir Contae Shláintiúil an Chláir. Is é ról an Chomhordaitheora Contae Shláintiúil ná an cistiú Éire Shláintiúil ón Roinn Sláinte a riar, Plean Gníomhaíochta Straitéisí An Clár Sláintiúil a fhorbairt agus a chur chun feidhme, agus tacú le tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla Éire Shláintiúil.

Pictiúir de thionscadail eatramhacha de chuid an Chiste Éire Shláintiúil.

Áirítear le samplaí de roinnt de na coistí a bhfuil An Clár Sláintiúil ag glacadh páirt iontu Nascadh don Saol de chuid Limistéar an Iarthair Láir de FSS, Clár Gníomhach agus Sláintiúil na gCoistí Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga, an Fóram Freagartha don Ghéarchéim Úcránach, agus Éire Ildánach, an Clár.

I mí Lúnasa 2022, leithdháileadh €40,000 ar an tionscnamh An Clár Sláintiúil de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil ón Roinn Sláinte trí Phobal mar chuid den Chiste Eatramhach Éire Shláintiúil. Roinneadh an ciste sin ina thrí chatagóir.

- **Cuid A -** 37.5% ar 'Forbairt acmhainne agus pleanáil le haghaidh an phróisis iarratais don tréimhse 2023-2025'. Costais an chomhairliúcháin le geallsealbhóirí, marsantas An Clár Sláintiúil (seaicéid agus liathróidí struis), Féilirí An Clár Sláintiúil don bhliain 2023, fógraí sa Clare Echo, ceardlann ar néaltrú d'eagraíochtaí pobail agus deonacha in Iarthar an Chláir agus tacaíocht ó Chlár Oideachais Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an Chláir (atá comhchistithe le Clár Níos Glaise).
- **Cuid B -** 50% ar 'Gníomhaíochtaí a Sholáthar i réimse na Sláinte agus na Folláine a sainaithníodh a bheith ina dtosaíocht sa bhliain 2022'. Tugadh tacaíocht d'aon cheann déag d'eagraíochtaí pobail agus deonacha chun tionscnaimh shláinte agus folláine a sholáthar ar fud an chontae. Áiríodh leo sin: feirmeoireacht shóisialta; cailíní sna déaga; daoine breacaosta; mná sa sos míostraithe; cláir ghníomhaíochta fisiciúla don Lucht Siúil agus d'imircigh; cláir chuimsitheacha lúthchleasaíochta; ceardlanna folláine (i.e., aireachas,ióga, etc.), agus ranganna cócaireachta.
- **Cuid C -** 12.5% mar 'rannchuidiú le tionscnaimh shláinte agus folláine pobail mar fhreagairt do theacht na ndídeanaithe Úcránacha isteach sa chathair/chontae'. Thacaigh gach ceann de na ceithre ionad acmhainní do theaghlaigh ar an gClár agus ClareCare leis an gciste sin. Ar na tionscadail a soláthraíodh bhí ranganna aclaíochta, costais iompair, cláir máithreacha agus lapadán, leabhrán tuismitheoireachta do theaghlaigh Úcránacha, ranganna cócaireachta agus ceardlanna folláine do phobail áitiúla agus imirceacha an Chláir.

Imeacht idirchaidrimh le geallsealbhóirí An Clár Sláintiúil, Samhain 2022.

I mí na Samhna 2022, d'óstáil An Clár Sláintiúil imeacht idirchaidrimh le geallsealbhóirí a bhí bunaithe ar Chinntithigh Shláinte an dá thoradh roghnaithe do Chontae an Chláir don tréimhse 2023-2025:

1. Meáchan Sláintiúil
2. Cur Chun Cinn na Meabhairshláinte.

D'fhreastail 42 gheallsealbhóir ar an imeacht, lenar áiríodh ionadaithe uathu seo a leanas: 12 charthanas, trí eagraíocht pobail, triúr ón earnáil oideachais, triúr oifigeach tofa, cúigear ón earnáil phríobháideach, 15 dhuine ón earnáil phoiblí agus beirt oibrithe dheonacha. Baineadh úsáid as an bhfaisnéis a bailíodh i bpearsa agus ar líne san iarratas a rinne An Clár Sláintiúil ar chistiú Bhabhta 4 den Chlár Éire Shláintiúil.

Féilire An Clár Sláintiúil.

Chruthaigh An Clár Sláintiúil Féilire An Clár Sláintiúil i gcomhpháirt le Comhpháirtíocht Spóirt an Chláir agus le foirne Visit Clare, Éire Ildánach agus Leabharlanna an Chláir de chuid Chomhairle Contae an Chláir. Ag obair di lenár gcomhpháirtithe, dháil foireann An Clár Sláintiúil 1,000 cóip in aon mhí amháin. Tháinig iarrataí ón bpobal ar fhéilirí isteach tar éis cur chun cinn ar ardáin shóisialta, chlóite agus áitiúla agus ar stáisiúin áitiúla raidió (lena n-áirítear Facebook, Twitter, Instagram, an *Clare Echo*, an *Clare Champion* agus Clare FM). Chomh maith leis sin, dáileadh cóipeanna ar phobail ar fud an Chláir trí Leabharlanna an Chláir, trí na hoifigí áitiúla Ceantair Bhardasaigh, tríd an deasc fáiltithe san Áras, trí líonra chompánach cultúrtha Aoisbhá an Chláir, trí Nascadh don Saol agus trí choistí líonra An Clár Sláintiúil. Amharc ar an bhFéilire: www.clarecoco.ie/services/community/healthy-clare/healthy-clare-2023-calendar-50299.pdf

Clare Echo

HSE clinics helping people of Clare quit smoking

STUART HOLLY

'Not Around Us' Campaign creating a healthy Clare towards a tobacco free generation

Leathanach Sláinte agus Folláine sa Clare Echo.

Tá leathanach Sláinte agus Folláine sa *Clare Echo* á óstáil ag An Clár Sláintiúil, agus feasacht á méadú ar thionscnaimh shláinte agus folláine ar fud an chontae. Gach seachtain, bíonn eagraíocht áitiúil sa spotsolas chun plé a dhéanamh ar a cuid oibre ar chur chun cinn na sláinte agus ar conas is féidir le daoine ar an gClár dul i dteagmháil léi nó páirt a ghlacadh ina gníomhaíochtaí sláinte agus folláine. Tá An Clár Sláintiúil ag cur tionscnaimh spéise áitiúla agus náisiúnta chun cinn freisin.

Straitéis an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta

Déanann Comhairle Contae an Chláir comhordú ar sholáthar Straitéis an Chláir a Thacaíonn le Daoine Breacaosta 2018-2022, agus ocht ngníomhaireacht i mbun soláthar na ngníomhartha éagsúla a stiúradh nó a chur ar aghaidh.

Cuireadh gníomhartha sa straitéis chun cinn sa bhliain 2022. Áiríodh leo sin:

- Aerfort na Sionna a sheoladh mar an gcéad Aerfort a Thacaíonn le Daoine Breacaosta ar domhan, rud a rinneadh i gcomhar le hAerfort Iarthar Éireann agus atá aitheanta ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte
- Ceardlann um Ghnó a Thacaíonn le Daoine Breacaosta a óstáil do ghnólachtaí Inse
- Searmanas do 'Ghradam Dhuine Breacaosta na Bliana' a óstáil in Óstán Woodstock.

Leanann Comhairle Contae an Chláir de chruinnithe a óstáil le haghaidh Chomhairle Daoine Breacaosta an Chláir, a reáchtáladh mar chruinnithe cumaisc ar feadh an chuid is mó den bhliain 2022.

I mí Dheireadh Fómhair, d'óstáil Comhairle Contae an Chláir na Gradaim Náisiúnta Aitheantais agus Éachtaí Aoisbhá i gCaisleán Dhrom Ólainn thar ceann Aoisbhá Éireann.

An Comhchoiste Póilíneachta

Bunaíodh Comhchoiste Póilíneachta an Chláir sa bhliain 2009 faoi Acht an Gharda Síochána, 2005. Is é aidhm fhoriomlán an Chomhchoiste Póilíneachta ná fónamh mar fhóram le haghaidh comhairliúchán, plé agus moltaí maidir le nithe a dhéanann difear do phóilíneacht limistéar riaracháin Chomhairle Contae an Chláir. Déanann an Comhchoiste Póilíneachta athbhreithniú ar leibhéil agus patrúin choireachta, mhí-oird agus iompraíochta frithshóisialta agus ar na tosca a bhíonn taobh thiar de choireacht den sórt sin freisin. Tá 31 chomhalta ag an gComhchoiste Póilíneachta, agus é comhdhéanta de Chomhaltaí Tofa, de Chomhaltaí den Oireachtas, d'ionadaithe ón earnáil pobail agus dheonach, d'ionadaithe ón nGarda Síochána agus d'oifigigh údaráis áitiúil. Ba i Seomra na Comhairle a tionóladh gach ceann de na ceithre chruinniú, agus iad ar siúl i mí Feabhra, i mí Aibreáin, i mí Mheán Fómhair agus i mí na Samhna 2022. Tugadh láithreoireachtaí do chomhaltaí ar na tacaí atá ar fáil ó TASK Community Care, ar an Scéim Mharcála Réadmhaoine agus ar an bhFreagairt don Phobal Úcránach. Thug an Comhchoiste Póilíneachta an feachtas sábháilteachta 'Ask For Angela' isteach an athuair freisin.

An feachtas sábháilteachta 'Ask For Angela'.

Sholáthair an Garda Síochána staitisticí nuashonraithe póilíneachta ag gach cruinniú de chuid an Chomhchoiste Póilíneachta. Tugadh aghaidh ar roinnt saincheisteanna mar fhreagra ar na staitisticí a soláthraíodh, agus pléadh nithe a bhain leis na saincheisteanna seo a leanas:

- Suíomhanna campála neamhdhleathacha
- Foréigean baile ar an gClár agus obair idirghníomhaireachta
- Cionta a bhaineann le drugaí
- Cionta bóthair a bhaineann le halcól agus le drugaí
- Méadú san iompraíocht fhrithshóisialta in Inis agus i gCill Rois
- Turasóireacht, saoire sa bhaile, campáil agus pointí caolais bóthair/brú tráchta
- Patróil an Gharda Síochána in eastáit tithíochta
- Tacaí meabhairshláinte
- Plean póilíneachta i ndáil le saoire sa bhaile/turasóirí
- Plean Sé Bliana an Chomhchoiste Póilíneachta 2022-2027
- Treoir-Chomhpháirtíochtaí Sábháilteachta Pobail
- Glaonna calaoise/téacsanna calaoise/ríomhphoist chalaoise
- Trádálaithe bradacha ar an gClár
- Gadaíocht i siopaí
- Foghail ar thailte
- Buirgléireacht
- Feithiclí neamhárachaithe
- Loitiméireacht ag reiligí
- Veaineanna ceamara luais
- Achrann idir daoine den lucht siúil
- Comhaltaí den Gharda Síochána a bheith ag éirí as/ag dul ar scor
- Foréigean in aghaidh comhaltaí den Gharda Síochána.

An Ciste Gníomhaíochtaí Pobail

Rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail an dara babhta cistiúcháin faoin gClár um Fheabhsú Pobail don Chiste Gníomhaíochtaí Pobail a sheoladh go náisiúnta i mí na Samhna 2021. Tá an Ciste dírithe ar thacú le grúpaí, go háirithe grúpaí i limistéir faoi mhíbhuntáiste, freastal ar a gcostais reatha, amhail billí fóntais agus árachais, agus feabhas a chur ar a saoráidí. D'fhéadfadh grúpaí úsáid a bhaint as an gcistiú freisin chun deisiúcháin riachtanacha a dhéanamh agus chun trealamh a cheannach, lena n-áirítear táblaí agus cathaoireacha, uirlisí agus comharthaí, ríomhairí glúine agus printéirí, lomairí faiche, ceannbhrait, agus trealamh oiliúna.

Leithdháiltear an ciste faoin gClár um Fheabhsú Pobail de chuid na Roinne agus is é an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a riarann é, le tacaíocht ón údarás áitiúil.

Grúpa Stiúrtha an Chomhchoiste Póilíneachta 2022.

Deimhnithe á mbronnadh do Chód Cleachtais na Geopháirce don Turasóireacht Inbhuanaithe, Aibreán 2022.



Leithdháileadh €278,514 ar an gClár. Fuarthas céad nócha is a seacht n-iarratas (197 gcinn). Rinneadh tríocha faoin gcéad den chiste a imfhálú le haghaidh gnáthchostais reatha laethúla arb ionann iad agus €1,000 nó níos lú. Leithdháileadh tríocha faoin gcéad ar ghnáthchostais reatha laethúla mhóra. Ba ar thionscadail chaipitil a leithdháileadh an chuid eile, agus deontas uasta €10,000 ar fáil.

Tugadh cúnamh do chéad is aon ghrúpa amháin (101 cheann) arb ionann a ngnáthchostais reatha laethúla agus €1,000 nó níos lú. Tugadh cúnamh do 38 ngrúpa eile arb ionann a ngnáthchostais reatha laethúla agus níos mó ná €1,000. Bronnadh deontais a bhí sa raon idir €1,000 agus €10,000 ar cheithre cinn déag de ghrúpaí nó d'eagraíochtaí (14 cinn) chun cabhrú leo freastal ar na costais a bhain le tionscadail chaipitil mhóra agus le háiteanna súgartha. Bhain 153 ghrúpa san iomlán tairbhe as an scéim.

An Rannóg Turasóireachta

Geopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair

Chabhraigh foireann na Geopháirce leis an Rannóg Turasóireachta taighde agus forbairt a dhéanamh ar an mbunobair d'iarratas a dhéanamh chuig an gComhairle Dhomhanda um Thurasóireacht Inbhuanaithe chun deimhniú ceann scríbe turasóireachta inbhuanaithe a ghnóthú do Chontae an Chláir chun tacú le Straitéis Turasóireachta an Chláir 2030.

Tugadh Deontas Áineasa Allamuigh €88,000 don Gheopháirc Dhomhanda UNESCO chun scéim chomharthaíochta 'Fáilte go dtí an Gheopháirc' a fhorbairt ag bóithre, bailte agus sráidbhailte isteach agus ag príomhnithe is díol spéise.

Chuaigh an Gheopháirc i bpáirt le breis agus 30 Geopháirc Domhanda eile chun GEOfood a chur chun cinn: bia áitiúil séasúrach a tháirgtear go hinbhuanaithe agus ó na carraigeacha, ó na hithreacha, ón uisce agus ón aeráid a bhaineann go sonrach leis na Geopháirceanna aonair. Seoladh GEOfood ag an bhFéile Slow Food i mí na Bealtaine, agus an bia ó naoi dtáirgeoir áitiúla á thaispeáint.

Chuir seacht ngnólacht turasóireachta is seasca i dTuaisceart an Chláir a n-ainm le Cód Cleachtais na Geopháirce don Turasóireacht Inbhuanaithe mar fhianaise ar na bearta leanúnacha dramhaíola, uisce agus fuinnimh atá ar bun acu, ar a rannpháirtíocht sa tionscadal 'Ná Fág aon Rian' ar an tacaíocht a

Gairdín Daingean Vandeleur.

thugann siad don phobal, ar na táirgí agus na seirbhísí áitiúla a cheannaíonn siad agus ar an rannchuidiú a dhéanann siad le cláir áitiúla chaomhantais.

D'oibrigh an Gheopháirc i gcomhpháirt le hIonad Bhoirne, Cill Fhionnúrach, agus le hIonad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair chun taispeántais a chruthú ar an nGeopháirc agus ar na gníomhaíochtaí tábhachtacha geolaíocha, bithéagsúlachta, oidhreachta cultúrtha, turasóireachta inbhuanaithe agus pobail a thairgeann sé.

Eispéireas Ghairdín Daingean Vandeleur

Tá oibreacha ar siúl ón mbliain 2021 i leith chun athchóiriú fairsing a dhéanamh ar an seanbhloc stáblaí ar an láithreán, mar aon le foirgneamh nua garraíodóirí a chruthú. Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an mbloc nua stáblaí a thógáil le linn na bliana 2022.

Tá an tionscadal á chistiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe mar chuid de Thionscadal Éireann 2040, agus cistiú meaitseála á sholáthar ag Comhairle Contae an Chláir.

Eispéireas Cuairteoirí Inis Cealtra

Thóg an tionscadal turasóireachta is suntasaí riamh in Iarthar an Chláir céim mhór chun cinn nuair a fógraíodh cistiú le haghaidh ionad cuairteoirí Inis Cealtra a fhorbairt i gcroílár shráidbhaile Bhaile Uí Bheoláin.

An 10 Samhain 2022, leithdháil an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €3,906,252 ar Chomhairle Contae an Chláir le haghaidh Eispéireas Cuairteoirí Inis Cealtra (Seanteach an Reachtaire).

Soláthróidh an tÚdarás Áitiúil cistiú meaitseála chun freastal ar 20 faoin gcéad eile de chostais an tionscadail, agus 80 faoin gcéad de na costais le cistiú ag an Roinn. Is é an toradh a bheidh ar an tionscadal go ndéanfar Seanteach an Reachtaire a athoiriúnú agus a leathnú ina ionad cuairteoirí agus ina mhol pobail.

Tar éis di 41 acra ar an oileán a thógáil faoi úinéireacht phoiblí sa bhliain 2015, cheannaigh Comhairle Contae an Chláir Seanteach an Reachtaire i mbliana, atá suite os cionn Chuan Bhaile Uí Bheoláin, Chuan na Scairbhe agus Loch Deirgeirt. Tá dearadh mionsonraithe ar an ionad cuairteoirí ar an mórthír atá beartaithe á ullmhú faoi láthair tar éis comhairliúchán poiblí fairsing agus léireofar ann an láthair mhainistreach agus an limistéar mórthimpeall.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuimseoidh foirgneamh an ionaid cuairteoir limistéar fáiltithe, trí limistéar taispeántais ina léirítear scéalta ó Bhaile Uí Bheoláin agus ó Inis Cealtra, agus Gairdín athbheoite Reachtaire.

Teach Solais Cheann Léime

Osclaíodh Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime do chuairteoirí an athuair an 1 Iúil 2022. Osclaíodh an Teach Solais den chéad uair ón mbliain 2019 tar éis uasghrádú suntasach, agus é ina áit stairiúil cháiliúil is díol spéise do chuairteoirí ar Iarthar an Chláir. Tá an Teach Solais suite ag béal Inbhear na Sionainne agus tógadh sna 1670í é. Ba sa bhliain 2011 a osclaíodh an Teach Solais do chuairteoirí den chéad uair agus tá sé ar cheann amháin de na príomhnithe is díol spéise in Iarthar an Chláir anois. Tá an Teach Solais ar cheann amháin de Thithe Solais Mhóra na hÉireann agus tá sé ar cheann amháin de dhá Phointe Sár-Radhairc i gContae an Chláir feadh bhealach Shlí an Atlantaigh Fhiáin. Rinneadh sraith uasghráduithe agus athchóirithe ar Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime tar éis cistiú a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus tar éis cistiú meaitseála a fháil ó Chomhairle Contae an Chláir. Cuireadh máistirphlean comhshaoil agus inbhuanaithe ar leith le haghaidh Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime faoi bhráid an Bhoird Pleanála i mí Aibreáin 2022.

Osclaíodh Ionad Eispéireas Cuairteoirí Theach Solais Cheann Léime do chuairteoirí an athuair an 1 Iúil 2022. Osclaíodh an Teach Solais den chéad uair ón mbliain 2019.

Contae an Chláir a chur chun cinn ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta

Agus í faoi stiúir ag an gComh. Tony O'Brien, an Cathaoirleach, agus comhdhéanta d'oifigigh agus comhaltaí ó Chomhairle Contae an Chláir agus de chomhaltaí d'Fhóram Comhairleach Turasóireachta an Chláir, chuir toscaireacht turasóireachta Contae an Chláir chun cinn mar cheann scríbe inmhianaithe do chuairteoirí do bhreis agus 120,000 duine ag Milwaukee Irish Fest in Wisconsin i mí Lúnasa. Ba é sin an cur chun cinn idirnáisiúnta turasóireachta is mó ar Chontae an Chláir ó theacht na paindéime, ar lena linn a thaispeáin 11 ionadaí ón earnáil áitiúil Aerfort na Sionna agus gach rud atá ar fáil ar an gClár i lár shráidbhaile na féile.

Le linn a gcuid ama in Wisconsin, shínigh comhaltaí den Choiste um Nascadh i gComhairle Contae an Chláir Cairt um Nascadh idir New London, cathair in Wisconsin, agus Cill Dalua freisin. Bhunaigh an Comh. O'Brien an ceangal idir an dá láthair den chéad uair sa bhliain 2007 nuair a ghlac sé le cuireadh ó Chlub Seamróige áitiúil na cathrach bualadh le hoifigigh ón gcathair, atá suite in Wisconsin thuaidh. Tháinig fás ar an gceangal nasctha sna 15 bliana ó shin i leith, ar lena linn a thug ionadaithe ó New London roinnt cuairteanna ar chladach Loch Deirgeirt.

Bhí Contae an Chláir i lár an aonaigh i mí na Bealtaine nuair a rinneadh an clár móréilimh *RTÉ Today* a chraoladh go beo ó Chill Dalua agus ó Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite. D'oscail an Comh. PJ Ryan, Cathaoirleach Chomhairle Contae an Chláir, an clár in éineacht le Dáithí Ó Sé, láithreoir *RTÉ Today*, a thug an lucht féachana teilifíse ar thuras beo siúlóide ar Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite ansin. Le linn an chláir, fuair Dáithí blaiseadh de mhaistreadh ime agus de bhoghdóireacht agus bhuail sé leis na cúnna faoil, mar aon le ceoltóirí clúiteacha, ceannairí tionscail turasóireachta agus táirgeoirí bia an Chláir. Dheimhnigh *RTÉ Today* gur bhain an clár sárfhigiúirí amach, agus sciar 22.65 faoin gcéad den phobal

Rinneadh an clár RTÉ Today a chraoladh go beo ó Chill Dalua agus ó Chaisleán agus Daonpháirc Bhun Raite i mí na Bealtaine.

agus 250,000 duine á mealladh aige. Ciallaíonn sé sin gurbh ar an gClár a bhí aird duine amháin as gach cúigear a bhí ag amharc ar an teilifís in Éirinn ag an am. Ar an tslí sin, cuireadh an Clár chun cinn go mór roimh shéasúr turasóireachta na bliana 2022.

Bhí Contae an Chláir i lár an aonaigh chomh maith do lucht féachana náisiúnta agus idirnáisiúnta teilifíse agus meán shóisialta trí shruthú beo Chraobh Oscailte Éireann na mBan ar urraigh KPMG í, a óstáladh i gCaisleán Dhrom Ólainn i mí Mheán Fómhair.

Próiseas Díchill Chuí i leith Shannon Heritage DAC

D'iarr an Chomh-Aireacht ar Chomhairle Contae an Chláir tús a chur le cainteanna le Grúpa na Sionainne i ndáil leis an rún atá ann na láithreáin turasóireachta de chuid Shannon Heritage DAC atá suite i gContae an Chláir a aistriú chuig Comhairle Contae an Chláir, lena n-áirítear mar chuid den aistriú beartaithe ar an leibhéal náisiúnta ón Roinn Iompair chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá na láithreáin turasóireachta seo a leanas ar an gClár á mbreithniú agus faoi réir dícheall cuí agus idirbheartaíocht ina dhiaidh sin:

- Caisleán agus Daonpháirc Bhun Raite
- Caisleán Chnapóige
- Creagán Eoghain - Páirc na Cré-umhaoise
- An tAsraon Miondíola ag Aillte an Mhothair.

I mí Iúil 2022, chuir Comhairle Contae an Chláir tuarascáil Díchill Chuí faoi bhráid an rialtais. Cuireadh tuarascáil deiridh, lena mbaineann Airgeadas, TF, Acmhainní Daonna agus an Dlí, faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus na Roinne Iompair inar sainaithníodh pacáiste cistiúcháin chun tacú le huasghrádú agus cothabháil na láithreán ar feadh trí bliana. Tá idirbheartaíocht dhlíthiúil ar siúl le Grúpa Aerfort na Sionna. Chuathas i gcomhairle go tráthrialta le baill foirne Oidhreacht Shionainne agus leis na comhaltaí tofa mar chuid lárnach den phróiseas dhá bhliain freisin.

Chomh maith leis sin, leag an t-údarás áitiúil amach an fhís atá aige maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú, forbairt agus cur chun cinn láithreáin Oidhreacht Shionainne agus maidir le hiad a chur san áireamh i bpunann de shár-nithe is díol spéise do chuairteoirí ar fud an Chláir, lena n-áirítear Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an

Craobh Oscailte Éireann na mBan, ar urraigh KPMG í.

Mhothair, Teach Solais Cheann Léime, Gairdín Daingean Vandeleur, agus Ionad Eispéireas Cuairteoirí Inis Cealtra (atá á fhorbairt faoi láthair).

Is mian le Comhairle Contae an Chláir aitheantas a thabhairt do bhaill foirne Oidhreacht Shionainne as a gcomhoibriú le linn an phróisis agus as a dtiomantas leanúnach do tháirge turasóireachta a chruthú lena soláthraítear tairbhí suntasacha sóisialta agus eacnamaíocha do Chontae an Chláir agus do Réigiún an Mheán-Iarthair i gcoitinne. Tá siopaí bronntanas Bhun Raite, Chreagán Eoghain, Chnapóige agus Aillte an Mhothair ina gcuid dhílis den tairiscint iomlán táirge turasóireachta ar an gClár.

Tá aistriú na réadmhaoine de chuid Oidhreacht Shionainne ar an gClár chuig Comhairle Contae an Chláir faoi réir ceadú a fháil ó na comhaltaí tofa de Chomhairle Contae an Chláir. Tá sé faoi réir toiliú a fháil ó na hAirí Rialtais agus na Ranna Rialtais éagsúla freisin. Más rud é go rachaidh an t-aistriú ar aghaidh, tiocfaidh Shannon Heritage DAC chun bheith ina fhochuideachta de chuid Chomhairle Contae an Chláir.

Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair

An líon cuairteoirí

Fuair Aillte an Mhothair 1,094,259 gcuairteoir sa bhliain 2022, agus meastar gur bhain 42,609 gcuairteoir eile triail as siúlóid chósta Aillte an Mhothair. Den 1,094,259 gcuairteoir, bhí 612,563 dhuine ina dTaistealaithe Lán-Neamhspleácha. Tháinig 481,696 dhuine díobh as áirithintí trádála, dá bhfuil ceadúnas ag 191,100 ceann díobh, agus stadanna breise a bhí sa raon seo a leanas: Doolin Ferries, Boirinn, Cill Fhionnúrach, Hotel Doolin, Burren Smokehouse, Lios Dúin Bhearna, Pluaiseanna na hAille Buí, Caherconnell Stone Fort agus Muilte Ola Bhun Raite.

Straitéis Aillte an Mhothair 2040

Le tacaíocht ó Fháilte Éireann, tá Comhairle Contae an Chláir ag obair le foireann chomhairleachta ildisciplíneach atá faoi stiúir ag Haley Sharpe Design chun Straitéis nua Aillte an Mhothair 2040 a ullmhú, rud lena n-áirítear máistirphlean don láithreán ar fad. Leis an straitéis, cuirfear bonn eolais faoi fhorbairtí amach anseo ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair bunaithe ar na ceithre cholún seo a leanas: eispéireas den chéad scoth a chruthú; forbairt turasóireachta inbhuanaithe; athghiniúint an tírdhreacha nádúrtha; agus tairbhí eacnamaíocha méadaithe ar fud an réigiúin. Mar thoradh ar shaincheisteanna acmhainne agus ar an riachtanas le huasghrádú agus le hinfheistíocht, bhí gá ann le todhchaí inbhuanaithe a leagan amach don láithreán agus leis an gcuid is fearr a bhaint as an tairbhe eacnamaíoch do Chontae an Chláir go ceann an 20 bliain eile agus ina ndiaidh.

Dúnadh an chéad chéim den phróiseas comhairliúcháin i mí Mheán Fómhair 2021. Bhí an dara céim den phróiseas comhairliúcháin ar siúl i mí na Bealtaine/i mí an Mheithimh 2022 agus díríodh ar na Dréacht-tograí Máistirphlean lena linn. Agus iad nasctha le Straitéis Turasóireachta Chontae an Chláir 2030 agus le Plean Forbartha Contae an Chláir, áirítear iad seo a leanas leis na coincheapa atá sna tograí: codanna móra de láithreán ceann scríbe Aillte an Mhothair a athchur; ardáin radhairc lánléargais imeall aille a sholáthar; an t-ionad cuairteoirí atá ann cheana a athoiriúnú; foirgneamh nua tairsí rochtana a fhorbairt ar an láithreán; agus glacadh le cur chuige straitéiseach i leith bainistíocht tráchta trí chomhordú agus naisc a fheabhsú le seirbhísí iompair atá ann cheana agus atá nua.

Iarradh ar dhaoine den phobal suirbhé ar líne a chomhlánú agus reáchtáladh sraith comhairliúchán maidir leis na coincheapa molta leis na grúpaí geallsealbhóirí seo a leanas:

- Rannóga de Chomhairle Contae an Chláir agus Geopháirc Dhomhanda UNESCO Bhoirne agus Aillte an Mhothair
- An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
- Fáilte Éireann
- Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir
- Líonra Éiceathurasóireachta Bhoirne
- Úinéirí Talún

- Tionóntaí ar an Láithreán
- Grúpaí Cóiríochta agus Turasóireachta
- Grúpaí Pobail Áitiúil
- Fostaithe Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair
- Comhairleoirí tofa do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir
- Cumann Tionscnóirí Turais Isteach na hÉireann
- An Chomhairle um Iompar agus Turasóireacht de Chóiste
- Fóram Comhairleach Turasóireachta an Chláir
- Bord Cliffs of Moher Centre Ltd.

Ullmhófar doiciméad Straitéise Aillte an Mhothair 2040 bunaithe ar an aiseolas ón gcomhairliúchán, ar réamhthaighde fairsing, ar imscrúduithe ar an láithreán agus ar staidéir dheisce chun na dúshláin atá roimh Aillte an Mhothair a thuiscint agus chun teacht ar bhealaí ina bhféadfaí cabhrú le hardaidhmeanna amach anseo a bhaint amach.

Pacáiste Dearaidh Aillte an Mhothair

Is ann do Phacáiste Dearaidh Aillte an Mhothair in éineacht le Straitéis Aillte an Mhothair 2040. Ag obair dóibh faoi threoir ag coiste stiúrtha, chuir Henchion & Reuter, na sainchomhairleoirí a ceapadh chuig an tionscadal, tús le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na dearaí a d'eascair as Straitéis Aillte an Mhothair chun go mbeadh siad ar deireadh mar chuid de phacáiste atá ceaptha chun tacú le hiarratas pleanála chuig an mBord Pleanála. Tá foireann ildisciplíneach ailtirí, innealtóirí, éiceolaithe, ailtirí tírdhreacha, seandálaithe, agus saineolaithe comhshaoil dírithe ar dhearaí a fhorbairt, lena n-áirítear an tírdhreach ar thaobh na haille ar an taobh thiar den R478, cosáin, ionaid amhairc, pleananna bainistíochta gnáthóige, bealaí isteach agus an scéim pháirceála a fheabhsú. Tá measúnuithe láithreáin agus bonneagair, suirbhéanna éiceolaíocha agus imscrúduithe láithreáin ar siúl chun bonn eolais a chur faoi na dearaí. Tá scagadh comhshaoil agus caidreamh le geallsealbhóirí mar chuid den tionscadal seo agus, ina ndiaidh, déanfar iarratas pleanála a bheidh faoi réir ceadú.

Cistiú ón Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir: Uasghrádú ar an tsiúlóid chósta ag Cosán na Surfálaithe

D'éirigh leis an iarratas a rinne Comhairle Contae an Chláir chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tríd an Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir, agus €500k á fháil aige chun cuid de Shiúlóid Chósta Aillte an Mhothair a uasghrádú agus a dheisiú.

Dréacht-Líníochtaí den Mháistirphlean do Straitéis Aillte an Mhothair 2040.

Tá ríthábhacht ag baint leis an gcuid sin ar an taobh thuaidh d'Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair agus ar an taobh theas de shráidbhaile Dhúlainn a dheisiú agus a uasghrádú chun sábháilteacht cuairteoirí a fheabhsú agus chun bithéagsúlacht a athbhunú feadh imeall na haille. Tá gnáthóga caite agus damáistithe ann feadh na coda, tá codanna eile thar a bheith contúirteach, agus téann cuairteoirí chuig imill ag a bhfuil titim os cionn 200 m chun na farraige. Is briste atá cuid de na ballaí atá ann chun daoine a choinneáil ar shiúl agus is beag bac ar dhaoine dul chuig na himill. Tá drochbhail ar chuid mhór de na cosáin agus tá siad tugtha do leathbhá, a fhágann nach féidir iad a thrasnú. Leis an tionscadal seo, nascfar leis na hoibreacha fairsinge deisiúcháin agus uasghrádúcháin a rinneadh cheana féin ar an gcosán 1 km ar an taobh thuaidh den Ionad Cuairteoirí agus ar an gcosán 1 km ar an taobh theas de sa dá bhliain seo a chuaigh thart. A bhuí leis na hoibreacha deisiúcháin, cabhrófar le fostaíocht a sholáthar le linn na céime tógála agus, nuair a bheidh na hoibreacha críochnaithe, cabhrófar leis an ngeilleagar áitiúil tríd an tSiúlóid Chósta idir Dúlainn agus Lios Ceannúir a neartú. Is é cuspóir an tionscadail bheartaithe ná na bóithre agus na cosáin atá ann cheana a dheisiú. Áireofar leis sin cuid de bhalla cloiche Lios Ceannúir, dreapaí, fálú beostoic agus gairbhéal do chosáin a athsholáthar, mar aon leis na comharthaí ag siúlóid Chosán na Surfálaithe a athsholáthar. Tá an tionscadal le tosú sa bhliain 2023 faoi réir comhaontú a fháil ó úinéirí talún.

Cistiú ón Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir: Athdhromchlú Cosán

D'éirigh leis an iarratas a rinne Comhairle Contae an Chláir agus Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail tríd an Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir, agus €19,576.77 á fháil acu chun na cosáin do chuairteoirí ag Aillte an Mhothair a leathnú agus a athdhromchlú. Ba é a bhí i gceist leis an tionscadal ná suas le 150 km de chosáin a chothromú, a dhraenáil agus a dhromchlú ar mhaithe le rochtain a thabhairt do choisithe agus d'fheithiclí éigeandála ar gach limistéar de láithreán Aillte an Mhothair.

Inrochtaineacht

Sa bhliain 2020, thug Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair seirbhís bugaí inrochtaineachta ar a dtugtar 'The Lifts of Moher' isteach chun cabhrú le daoine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta acu rochtain a fháil ar gach limistéar de na hAillte. Mar thoradh ar na héilimh mhéadaithe ar an tseirbhís, tugadh bugaí eile isteach sa bhliain 2022. Reáchtáladh comórtas inmheánach i measc baill foirne chun an dá bhugaí a ainmniú, agus is iad 'The Burren Buggy' agus 'The Wild Atlantic Shuttle' na hainmneacha a roghnaíodh.

Bugaithe 'Lifts of Moher'.

Caidreamh leis an bpobal áitiúil

- An clár 'Buail leis na Déantóirí': Thug Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair tionscnamh isteach chun tacú le soláthraithe áitiúla agus chun iad a mhargú, agus cuireann cuid mhór de na táirgí a cheannaíonn cuairteoirí ar an láithreán leis an ngeilleagar áitiúil. Tríd an gclár 'Buail leis na Déantóirí', tugtar deis do sholáthraithe áitiúla ceardaíochta a gcuid táirgí a thaispeáint i bpearsa do chuairteoirí ar an láithreán agus iad a chur chun cinn.
- Comhoibriú le Branda Uisce Beatha JJ Corry - Bairillí Uí Bhriain i dTúr Uí Bhriain
- Bhí cead isteach saor in aisce do chónaitheoirí an Chláir sa bhliain 2023, agus fáilte á cur roimh 1,600 cuairteoir i mí na Nollag
- Comhoibriú le tithe altranais sa limistéar áitiúil agus i dTuaisceart an Chláir
- Thug daltaí ó Scoil Náisiúnta Lios Ceannúir agus Scoil Náisiúnta Steiner Mol an Óige in Inis Díomáin cuairt ar na cónaitheoirí

i dTeach Altranais San Doiminic Savio i Lios Ceannúir agus in Ospidéal Pobail Inis Díomáin chun carúil Nollag a chanadh agus chun gliondar na Nollag a scaipeadh.
Thug leanaí ó Scoil Náisiúnta Lios Ceannúir cuairt ar Theach Altranais Lios Ceannúir an 15 Nollaig 2022. Ina dhiaidh sin Dé Máirt an 20 Nollaig, thug Scoil Náisiúnta Pobail Mol an Óige cuairt ar Ospidéal Pobail Inis Díomáin.

Na Treoirlínte 'Úsáid Níos Lú'

Ar aon dul leis na Treoirlínte 'An Earnáil Phoiblí: Úsáid Níos Lú', rinneadh na coigeartuithe seo a leanas ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair:

- Laghdaíodh an teocht inmheánach i ngach foirgneamh go 19 gcéim
- Laghdaíodh amanna aerála meicniúla chun go mbeadh siad ag teacht níos gaire le hamanna oscailte/dúnta
- Laghdaíodh an socrú teochta uisce the ó 60 céim go 58 gcéim. Oibrítear leis ar bhonn +/- 2 chéim. Mar sin, baintear an teocht riachtanach 60 céim amach go fóill. Baintear an teocht réamhshocraithe 65 chéim amach uair amháin in aghaidh an lae go fóill chun galar na Léigiúnach a chosc freisin
- Laghdaíodh na hamanna soilsithe shíoraí neamhshlándála/neamhsháibháilteachta uile chun go mbeadh siad ag teacht níos gaire le hamanna oscailte/dúnta
- Tugadh bailiú uisce isteach.

Oideachas

Mic Léinn Idirbhliana

Thóg Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair triúr mac léinn Idirbhliana isteach le haghaidh taithí oibre. Ghnóthaigh na mic léinn taithí ar a bheith ag obair i ngach réimse den láithreán sna róil mar ghníomhaire um sheirbhís do chustaiméirí agus mar chúntóir caife agus chaith siad am leis an bhfoireann áirithintí agus margaíochta, agus léargas luachmhar a fháil acu ar an obair a dhéantar ag ceann amháin de na háiteanna is mó cuairt in Éirinn. Ag deireadh a dtaithí oibre, fuair gach mac léinn teastas lena bhfianaítear a dtaithí.

Gnóthachtálaithe Sóisearacha

Ghlac dháréag ball foirne de chuid Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair páirt i gClár na nGnóthachtálaithe Sóisearacha, agus iad ag dul amach chuig scoileanna áitiúla chun labhairt faoi shaol na hoibre.

Clár taighde - Ollscoil Luimnigh

Scoláireacht PhD i gcomhar le hOllscoil Luimnigh: Ag obair dóibh i gcomhar leis an Lárionad Náisiúnta um Staidéar Beartais Turasóireachta in Ollscoil Luimnigh agus le Scoil Ghnó Kemmy, chuir Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair agus Comhairle Contae an Chláir fáilte roimh Ernesto Sanchez, an mac léinn urraithe PhD, i mí an Mheithimh mar chuid den tionscadal taighde turasóireachta a dhéanfaidh sé thar an gcéad cheithre bliana eile. Díreofar sa chlár struchtúrtha PhD ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le freagairt don athrú paraidíme sa mhargadh turasóireachta, lena n-áirítear an t-eispéireas cuairteoirí, turasóireacht inbhuanaithe, bainistíocht ceann scríbe agus cuairteoirí, agus ról na teicneolaíochta maidir leis an turasóireacht a mhúnlú.

Clár taighde - Coláiste Bainistíochta Óstáin Shionainne

Le linn shamhradh na bliana 2022, d'oibrigh Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair i gcomhar le Coláiste Bainistíochta Óstáin Shionainne ar threoirchlár chun suirbhéanna sástachta a dhéanamh ar chuairteoirí. D'fhreastail mic léinn sa bhliain deiridh den Bhaitsiléir Staidéir Gnó i mBainistíocht Óstáin Idirnáisiúnta ar an láithreán ar cheithre dháta ar leith chun na suirbhéanna a dhéanamh. Chuaigh an comhoibriú sin chun tairbhe d'Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair maidir le faisnéis luachmhar a bhailiú faoi na cuairteoirí ar an láithreán agus chuaigh sé chun tairbhe do na mic léinn agus don choláiste freisin, agus é ina chuid dá modúl bliana deiridh i modhanna taighde agus i mbailiú sonraí. Mar thoradh ar an gcomhoibriú, chomhthiomsaigh an Coláiste sraith sonraí agus chuir siad faoi bhráid an lucht bainistíochta ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair iad. Tar éis an treoirstaidéar a chur i gcrích go rathúil, leanfaidh an chomhpháirtíocht ar aghaidh thar an gcéad chúig bliana eile. Baileofar an fhaisnéis chéanna thar an

Geraldine Enright (Stiúrthóir Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair), Bobby Kerr (Cathaoirleach, Cliffs of Moher Centre DAC), Ernesto Sanchez (Mac Léinn PhD), Jim Deegan (Ollamh le Beartas Turasóireachta agus Stiúrthóir an Lárionaid Náisiúnta um Staidéar Beartais Turasóireachta), Leonard Cleary (Stiúrthóir Seirbhíse, Forbairt Tuaithe, Comhairle Contae an Chláir) agus Eoin Flanagan (Bainisteoir Acmhainní Daonna, Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair).

tréimhse níos faide sin chun gur féidir tuilleadh sonraí a bhailiú agus sraith torthaí níos cruinne a bhaint amach. Beidh an fhaisnéis a bhaileofar thar a bheith luachmhar d'fhoireann bhainistíochta Cliffs of Moher Centre DAC agus cinntí agus pleananna don todhchaí á ndéanamh aici bunaithe ar dhearcthaí agus tuairimí na gcuairteoirí.

Deimhniú um Áit Oibre Iontach

Tugadh an córas creidiúnaithe idirnáisiúnta 'Great Place to Work' ('Áit Oibre Iontach') isteach den chéad uair sna Stáit Aontaithe sa bhliain 1992. Ba sa bhliain 2003 a seoladh in Éirinn é agus, ó shin i leith, d'éirigh sé ina chaighdeán cinntitheach maidir le sástacht fostaithe san áit oibre a thomhas sa tír. Tá bronnadh an deimhnithe bunaithe ar na torthaí ó shuirbhé a rinne baill foirne ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair le déanaí, áit a ndúirt 98% díobh go bhfuil an tIonad tiomanta d'éagsúlacht agus do chuimsiú. Dúirt ochtó is a trí faoin gcéad (83%) d'fhostaithe go gcreideann siad go bhfuil an tIonad ag obair i dtreo a thionchar ar an gcomhshaol a laghdú.

Téann an feachtas digiteach turasóireachta 'Epic Trip' i bhfeidhm ar 3.4 milliún duine i Meiriceá Thuaidh

Agus saoire cúig lá i gContae an Chláir á tairiscint aige, fuair an comórtas 'Epic Trip' breis agus 34,000 iontráil san iomlán ó gach cuid de na Stáit Aontaithe agus de Cheanada. Agus é á óstáil ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair le tacaíocht ó Thurasóireacht Éireann, ó Aer Lingus agus ó oibreoirí turasóireachta an Chláir, dhírigh an feachtas digiteach margaíochta turasóireachta ar mhargadh Mheiriceá Thuaidh agus chuaigh sé i bhfeidhm ar 3.4 milliún duine trí chainéil meán sóisialta an Ionaid.

Tháinig Peggy agus Daniel Haukup, an lánúin rathúil ó Wichita in Kansas, go hÉirinn i mí Mheán Fómhair. Áiríodh leis an duais eitiltí fillte díreacha sceidealta le Aer Lingus, carr ar cíos ó AVIS agus fanacht cúig oíche i gContae an Chláir – turais chuig nithe is díol spéise agus gníomhaíochtaí san áireamh.

Comhdháil an Ghrúpa Sábháilteachta Cuairteoirí

An 7 Meán Fómhair 2022, d'óstáil Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair Comhdháil an Ghrúpa Sábháilteachta Cuairteoirí in Óstán Falls agus ar an láithreán le haghaidh siúlóid threoraithe. Is é atá sa Ghrúpa Sábháilteachta Cuairteoirí ná líonra a bunaíodh sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn chun sainaithint agus cur chun cinn a dhéanamh ar

bhealaí inar féidir sábháilteacht cuairteoirí a bhainistiú agus an comhshaol a chothú. Bhí 65 thoscaire i láthair, agus iad ag déanamh ionadaíocht do raon eagraíochtaí éagsúla. Áiríodh leo sin an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha Poiblí, Coillte, Spórt Éireann, Natural Resources Wales, National Trust Scotland, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, Uiscebhealaí Éireann, Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Bhí Aillte an Mhothair ina láithreán cás-staidéir do chomhdháil an Ghrúpa. Thug Geraldine Enright, Stiúrthóir Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair, cur i láthair ar maidin na Comhdhála, agus í ag labhairt faoi ghnáthdhúshláin sábháilteachta ar an láithreán agus faoin bpleanáil a bhíonn i gceist le timpeallacht shábháilte a chinntiú do chuairteoirí. Níos déanaí sa tráthnóna, roinneadh an grúpa ina fhoghrúpaí chun freastal ar sheisiún siúlóide agus cainte ar an láithreán i gcomhar le Mark O'Shaughnessy, Ceann Oibríochtaí, le Noel Lyons, Bainisteoir Oibríochtaí, agus le Greg Davidson, Maoirseoir Saoráidí. Seoladh babhta deiridh ceisteanna agus freagraí agus díospóireacht ar an láithreán ag deireadh an lae.

Faigheann tionscnóirí turas domhanda blaiseadh den Chlár i Londain agus ag an Margadh Taistil Domhanda

Chuaigh ionadaithe do roinnt nithe is díol spéise do thurasóirí agus cuideachtaí turasóireachta atá suite ar an gClár go Londain chun an contae a chur chun cinn ag an aonach 'Flavours of Ireland' don bhliain 2022 agus ag an Margadh Taistil Domhanda. I measc an 60 cuideachta turasóireachta Éireannach a bhí i láthair bhí ionadaithe ó Caherconnell Stone Fort and Sheepdog Demonstrations, Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair, Doolin Ferry Company, Secret Ireland Escapes (atá lonnaithe i gCill Dalua), Shannon Ferries, agus Trump International Golf Links & Hotel Doonbeg. Is é is 'Flavours of Ireland' ann ná ceardlann turasóireachta 'gnólacht le gnólacht' a reáchtálann Turasóireacht Éireann gach bliain, áit a mbuaileann cuideachtaí turasóireachta as Éirinn le chéile agus a ndéanann siad gnó leis na príomhthionscnóirí turas isteach ar domhan.

Cuilt an Chláir ar taispeáint ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair

Ba é a bhí i gCuilt an Chláir ná tionscadal pobail a ndearna Valery Larkin agus daoine den phobal é a cheapadh agus a sheoladh. I gcás gach cearnóige ar an gcuilt, dearadh í bunaithe ar léiriú cruthaitheach pearsanta gach duine agus léirítear suíomh difriúil ar fud an chontae. Ceiliúrtar leis an gcuilt áilleacht na dtírdhreach uathúil laistigh den chontae, agus táthar ag súil gur leis an táirge críochnaithe a cheiliúrfar neart leanúnach na turasóireachta laistigh den chontae. Bhí an chuilt ar taispeáint in áiteanna éagsúla ar fud an chontae agus, ón 21 Márta 2022 go dtí an 3 Aibreán 2022, bhí sé ar taispeáint ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair.

Suiteáiltear 'Stad Sloic do Mhadraí' ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair

Mar chuid den tiomantas atá aici fáilte a chur roimh mhadraí chuig an láithreán, rinne an fhoireann ag Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair 'Stad Sloic do Mhadraí' a dhearadh agus a thógáil, áit ar féidir le madraí agus ainmhithe eile stad chun uisce úr a fháil le linn a gcuairte.

Stad Sloic do Mhadraí.

Our Roll-Out Strategy 2018 to 2023

Locations

YEAR	DIGICLARE HUB
2018	Kilrush
2018	Miltown Malbay
2018	Feakle
2019	Ennistymon
2020	Kilkee
2020	Corofin
2021	Cross
2021	Ennis
2021	Sixmilebridge
2022	Flagmount
2022	Inagh

DigiClare Hub Photos

An Rannóg Leathanbhanda agus Dhigiteach

Trí 11 mhol cianoibre a bhunú ar fud an chontae, bhunaigh Contae an Chláir é féin mar chontae a thacaíonn leis an gcianobair. Trí na saoráidí i Mol Chill Rois a uasghrádú agus tríd an Mol sin a athlonnú chuig foirgneamh Ché na gCeannaithe, cuireadh faighneoga solúbtha agus aonaid ghorlainne leis an Mol agus tá siad sin ar fáil dár bpátrúin anois. Mar thoradh ar an uasghrádú sin, cabhrófar leis an líon cianoibrithe sa mhol a mhéadú agus spreagfar gnólachtaí beaga agus gnólachtaí nuathionscanta leas a bhaint as na saoráidí.

Tá an-tóir ag daoine aonair, ag foirne, ag grúpaí agus ag cuideachtaí ar na 11 mhol atá lonnaithe ar fud an chontae anois toisc go soláthraítear iontu líonra de shaoráidí cianoibre inacmhainne agus solúbtha ina gcumasaítear do dhaoine a chónaíonn ar an gClár agus lasmuigh den Chlár araon obair go háitiúil i dtimpeallacht úr atá dinimiciúil agus sábháilte agus ina soláthraítear nascacht dhomhanda trí leathanbhanda ardluais.

Chuir an Rannóg Leathanbhanda agus Dhigiteach roinnt tionscadal agus tionscnamh i gcrích sa bhliain 2022 freisin. Áiríodh leo sin roinnt criosanna oscailte Wi-Fi agus roinnt nascphointí leathanbhanda a bhunú ar fud an chontae. Bunaíodh na seirbhísí sin i roinnt saoráidí pobail, spásanna oscailte agus cearnóg baile, agus iad ina seirbhís riachtanach mhóréilimh do mhuintir na háite agus do chuairteoirí araon maidir le teacht ar fhaisnéis ar an Idirlíon.

Spórt agus Áineas

Sa bhliain 2022, filleadh ar ghnáthleibhéil ghníomhaíochta den chuid is mó ag saoráidí Active Ennis/Kilrush. Bhí éileamh ar na saoráidí ar fud na bliana ar fad, go háirithe na páirceanna amuigh faoin spéir. Choinnigh Páirc John O'Sullivan agus Páirc Tim Smythe araon a stádas Brait Ghlais don bhliain 2022. Bronnann An Taisce an Brat Glas chun a aithint go gcomhlíonann saoráid na caighdeáin tagarmharcála do pháirceanna agus do spásanna glasa.

Fógraíodh cistiú faoin Deontas Caipitil Spóirt i mí an Mhárta 2022, agus cistiú á fháil ag Comhairle Contae an Chláir chun an raon lúthchleasaíochta ag Páirc John O'Sullivan, Lee's Road, a athchóiriú agus chun limistéar ilúsáide cluichí a fhorbairt ag an tsaoráid i gCill Rois. Dhírigh an fhoireann le linn na bliana 2022 ar na míreanna a sainaithníodh san iniúchadh Rialtais Áitiúil agus ar shainaithin an fhoireann iniúchóireachta inmheánaí iad a chur i gcrích.

Chuige sin, cuireadh roinnt mhaith feabhsuithe próisis i bhfeidhm chun dul i ngleic le heasnaimh phróisis a sainaithníodh le linn iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha.

Active Ennis, Páirc John O'Sullivan, Lee's Road

D'óstáil an Chomhairle 'Lá Spraoi Teaghlaigh don Fhoireann' le linn na bliana 2022, agus breis agus 550 duine i láthair. Bhí Preabchaisleáin, Bac-Chúrsaí, Babhtaí Ciceanna Pionóis, Comórtais Neartú Foirne, Rásaí Uibheacha agus Spúnóige agus Rásaí Málaí ann, ar lena linn a sheinn DJ Gerry rud éigin do chách.

Active Ennis, Páirc Tim Smythe

Bhí 'Rás Sealaíochta don Bheatha, Inis' ar siúl i bPáirc Tim Smythe an athuair an 18 agus an 19 Meitheamh tar éis é a bheith ar iarraidh le dhá bhliain de dheasca phaindéim Covid-19. Fuarthas

tacaíocht agus rannpháirtíocht iontach ar an dá lá, agus 16 fhoireann cláraithe don rás. Bhí méadú suntasach ann freisin ar an líon 'Marthanóirí' a ghlac páirt ann, agus 85 Mharthanóir ag cur tús mothúchánach sona leis an imeacht 24 huaire an chloig. Bhí Searmanas Coinnle Dóchais ar siúl ag 10pm agus bhí an-fhreastal air, agus thart ar 700 duine i láthair don searmanas tochtmhar sin. Bhí thart ar 900 Mála Coinnle ann feadh an raoin, agus iad go léir ag déanamh ionadaíocht do dhaoine muinteartha a throid an ailse. Bhí na coinnle sin ar lasadh ar feadh na hoíche ar fad.

Imeacht Cruinnithe Airgid ag Ionad Fóillíochta Active Ennis

Reáchtáladh raifil agus trí 'Mhaidin Caife' ag Ionad Fóillíochta Active Ennis an 21/22/23 Deireadh Fómhair ar mhaithe le hairgead a chruinniú do 'Chiste Pobail an Chraoslaigh'. Chuir an fhoireann ag Ionad Fóillíochta Active Ennis an-iarracht isteach, mar a bhí le feiceáil sa mhéid ollmhór airgid a cruinníodh. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil lenár gcuid ball, custaiméirí, cairde agus teaghlach, a thug airgead go flaithiúil dúinn, a bhácáil sónna blasta agus a thug duaiseanna don imeacht. Ba mhór againn freisin an tacaíocht a fuaireamar ó ghnólachtaí áitiúla. Bhronnamar beagnach €2,500 ar phobal agus teaghlaigh an Chraoslaigh.

Cluichí Pobail an Chláir

Bhí babhtaí ceannais Chluichí Pobail an Chláir ar siúl san Ionad Fóillíochta. Ghlac thart ar 240 leanbh páirt san imeacht i 31 chatagóir dhifriúla. Chuaigh na snámhóirí rathúla ar aghaidh ansin chuig na Babhtaí Ceannais Náisiúnta in Ollscoil Luimnigh i mí Mheán Fómhair.

Campaí agus Diancheachtanna Snámha

Bhí an-tóir ann ar Champaí agus Diancheachtanna Snámha le linn an tsamhraidh agus ba lán a bhí na campaí agus na cláir ceachtanna snámha uile.

Giomnáisiam do Dhéagóirí

Mar gheall ar an éileamh leanúnach ar na seisiúin Ghiomnáisiam do Dhéagóirí, cuireadh sliotáin bhreise ar fáil idir 11am-1pm ar laethanta den tseachtain le linn saoire scoile. Bhí siad sin sa bhreis ar na seisiúin am téarma ar an gCéadaoin, ar an Aoine agus ar an Satharn.

'Rac is Roll'

Bíonn an tIonad ina thine bhruite mar gheall ar an rang cuimsitheach 'Rac is Roll' do bhaill de Bhráithre na Carthanachta, de Chumas Éireann agus de Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann. Cuireann sé go mór lenár sceideal ranganna, áit a mbíonn leath den rang comhdhéanta de dhamhsa Zumba agus an leath eile comhdhéanta de mhachnamh.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT EACNAMAÍOCH

LIAM CONNEALLY
Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch

Ba bhliain ghnóthach í 2022 do Stiúrthóireacht na Comhairle um Fhorbairt Eacnamaíoch, ina gcuimsítear an Rannóg Pleanála, an tAonad Bainistíochta Réadmhaoine, an Oifig Fiontair Áitiúil, an Fhoireann Athghiniúna Bailte agus Ceantar Bardasach Shionainne.

D'ainneoin a lán deacrachtaí agus dúshlán, lean gnólachtaí ar an gClár d'athléimneacht láidir a thaispeáint agus is príomhní taobh thiar de gheilleagar rathúil áitiúil iad. D'éirigh le micrifhiontair a dtacaíonn Comhairle Contae an Chláir leo fás 4% a bhaint amach sa líon daoine atá fostaithe acu, agus leanann an Chomhairle le hobair i gcomhar le Grúpa na Sionainne chun tacú le Sionainn a fhorbairt ina láthair straitéiseach le haghaidh infheistíocht isteach. Pléann an Chomhairle go réamhghníomhach le teacht chun cinn teicneolaíochtaí nua agus deiseanna eacnamaíocha nua, amhail campas soghluaisteachta na todhchaí, gaoth amach ón gcósta, agus acmhainneacht Inbhear na Sionainne. Tá Tascfhórsa Eacnamaíoch an Chláir ar cheann amháin de na príomhchomhairleoirí maidir le cabhrú le Comhairle Contae an Chláir mórdheiseanna eacnamaíocha a shainaithint i gcomhthéacs eacnamaíoch domhanda atá éagobhsaí agus a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Tugann an méadú leanúnach i ngníomhaíocht pleanála agus forbartha le fios go soiléir go bhfuil geilleagar an chontae ag fás. Buntaca leis sin ba ea an obair a rinneadh chun Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 a ullmhú, rud a thabharfar i gcrích go luath sa bhliain 2023.

Cuireadh tús le hobair le linn na bliana ar an bpróiseas reachtúil maidir leis an gCáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe a chur i bhfeidhm, ar ina leith a d'fhoilsigh an Chomhairle Dréacht-Léarscáileanna de thailte a thagann faoi raon feidhme na Cánach i mí na Samhna. Tá sé mar aidhm leis sin agus le tionscnaimh eile atá ar bun ar fud na Comhairle tailte criosaithe agus seirbhísithe a ghníomhachtú le haghaidh forbairt cónaithe.

Le linn na bliana, rinneadh gníomhaíocht shuntasach i leith láithreáin thréigthe sa chontae, agus an Chomhairle ag cur tús le ceannach éigeantach réadmhaoine a bhí tréigthe le blianta fada. Tá sé sin

Chuaigh Comhairle Contae an Chláir, i gcomhar le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, i gcomhpháirt le 'Motion by Electronomous' chun príomhimreoirí domhanda laistigh den éiceachóras soghluaisteachta, gluaisteán agus eitlíochta a thabhairt chuig Campas Soghluaisteachta na Todhchaí, Éire, i Sionainn sa bhliain 2022.

mar chuid de mhórchlár atá ar bun chun réadmhaoine tréigthe a shainaithint agus bearta a dhéanamh ina leith, agus leanfar ar aghaidh leis an obair sin sa bhliain 2023.

Ó thaobh athghiniúint bailte de, tá na pleananna feabhsú baile a ullmhaíodh d'Inis Díomáin, do Chora Finne agus do Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh sa bhliain 2022 mar fhianaise ar a thiomanta atá Comhairle Contae an Chláir dár gcuid bailte agus sráidbhailte áitiúla a athghiniúint, ar mhodh atá dírithe ar fhorbairt pobail agus ar fhorbairt eacnamaíoch araon, chun go n-éireoidh siad ina n-áiteanna níos fearr chun maireachtáil iontu, chun obair iontu agus chun cuairt a thabhairt orthu.

Tascfhórsa Eacnamaíoch an Chláir

Agus é comhdhéanta de cheannairí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach araon, agus faoi chathaoirleacht ag an Uas. Noel Kilkenny, thionóil Tascfhórsa Eacnamaíoch an Chláir roinnt cruinnithe sa bhliain 2022 chun an Chomhairle a threorú maidir le bearta forbartha eacnamaíche lena spreagfaí cruthú post agus fás eacnamaíoch i gContae an Chláir.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an Clár ar an eolas faoi mhór-shaincheisteanna domhanda agus faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar ár ngeilleagar áitiúil agus go mbeadh tuiscint aige ar an méid sin. Ar aon dul le treoir ón Tascfhórsa, oibríonn Comhairle Contae an Chláir go dlúth le cuid mhór geallsealbhóirí agus gníomhaireachtaí stáit chun a chinntiú go bhfuilimid dírithe go fóill ar thimpeallacht eacnamaíoch atá bríomhar agus athléimneach a chothú chun tairbhe dár bpobail go léir.

Campas Soghluaisteachta na Todhchaí, Éire

Tá comhpháirtíocht ar bun idir an Chomhairle agus Campas Soghluaisteachta na Todhchaí, Éire, agus tá an Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch ar Bhord an Champais. Tá an Campas á chistiú ag Fiontraíocht Éireann, ag Comhairle Contae an Chláir, ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus ag cuideachtaí príobháideacha. Tá an Campas, atá lonnaithe laistigh de Limistéar Neamhchustaim na Sionainne, á fhorbairt chun saoráidí tástála soghluaisteachta na todhchaí a chruthú agus a sholáthar i suíomhanna 'beo' fíorshaoil, áit a dtabharfar deis do chuideachtaí teicneolaíochta, d'fhorbróirí bogearraí agus do thaighdeoirí a gcuid nuálaíochtaí a thástáil agus a fheabhsú. Sa bhliain 2022, chuaigh dhá údarás áitiúla i gcomhpháirt le 'Motion by Electronomous' i gCampas Soghluaisteachta na Todhchaí chun príomhimreoirí domhanda laistigh den éiceachóras soghluaisteachta, gluaisteán agus eitlíochta a thabhairt chuig réigiún na Sionainne, rud a thug deis

Iontach chun léargas breise a fháil ar an tallann agus na scileanna atá ag na tionscail i gContae an Chláir agus i réigiún an Mheán-Iarthair agus chun an Clár a shuí go hidirnáisiúnta mar láthair lárnach don nuálaíocht soghluaisteachta amach anseo.

An Coiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch

Tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste sa bhliain 2022, ar lena linn a scrúdaíodh raon réimsí beartais amhail oiriúnú don athrú aeráide, bithéagsúlacht, pleanáil agus fuinneamh inathnuaite amach ón gcósta. Cuimsíonn an Coiste seachtar comhaltaí tofa de Chomhairle Contae an Chláir agus seisear ionadaithe earnála. Áireofar leis na príomhréimsí a ndíreoidh an Coiste orthu sna cúig bliana atá le teacht athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha an Chláir faoi Phlean Fiontair Réigiúnach an Mheán-Iarthair go 2024, athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil agus treoir a sholáthar ina leith, an tionscal fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta agus na tacaí gaolmhara slabhra soláthair a chumasú, an Máistirphlean Lár Baile Shionainne agus Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040 a chur chun feidhme, oiriúnú don athrú aeráide agus bithéagsúlacht. Beidh na nithe sin ina míreanna buana ar chlár oibre an Choiste Beartais Straitéisigh le linn a thionachta ar fad.

Crios Forbartha Straitéisí Eacnamaíche Dheisceart an Chláir/Ollscoil Luimnigh

Ón mbliain 2018 i leith, tá an Chomhairle ag obair go dlúth le hOllscoil Luimnigh chun iarratas a ullmhú do Chrios Forbartha Straitéisí Dheisceart an Chláir/Ollscoil Luimnigh ar mhaithe le 325 acra de thailte úrnua atá suite in aice leis an gcampas 125 acra atá ag Ollscoil Luimnigh cheana i gContae an Chláir a bhunathrú ina gcrios oideachais/fostaíochta/ollscoile cónaithe. Tá Ollscoil Luimnigh ar thús cadhnaíochta na ndeiseanna uathúla atá ann forbairt eacnamaíoch ar scála idirnáisiúnta a bhaint amach ar a Campas ar an gClár. Is é an cuspóir atá leis an obair sin an timpeallacht agus an cumas a sholáthar chun 3,500 post ar a laghad a chruthú agus tacú le hOllscoil Luimnigh an t-ainmniúchán mar chéad chrios forbartha straitéisí ollscoile riamh san Eoraip a lorg ón Aontas Eorpach. Sa Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach do Réigiún an Deiscirt, tugtar mórthosaíocht réigiúnach beartais don chrios forbartha straitéisí agus sainaithnítear an láithreán mar chumasóir náisiúnta. Ceann amháin de chuspóirí na Straitéise Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnaí is ea tacú leis na tailte atá criosaithe mar Ollscoil i bPlean Forbartha Contae an Chláir 2017-2023 a ainmniú mar chrios forbartha straitéisí eacnamaíche agus iad a fhorbairt ina gcrios forbartha straitéisí eacnamaíche ina dhiaidh sin. Leanadh le caidreamh a dhéanamh leis an Roinn rialaithe ar an leibhéal náisiúnta le linn na bliana 2022.

An Creatphlean Comhtháite Straitéiseach d'Inbhear na Sionainne

Mar gheall ar achtú an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021, mar gheall ar bhunú Thascfhórsa Eacnamaíoch Inbhear na Sionainne agus mar gheall ar an gceanglas iarmhartach a bheidh ann amach anseo Pleananna Limistéir Mhuirí Ainmnithe a ullmhú ar an leibhéal fonáisiúnta (i.e., d'Inbhear na Sionainne, do chósta an Chláir agus do chósta Chiarraí), tharla sé sa tuarascáil eatramhach uaidh chuig an Rialtas gur iarr Tascfhórsa Inbhear na Sionainne ar Chomhairle Contae an Chláir, ina cáil mar phríomhúdarás áitiúil, Grúpa Stiúrtha an Chreatphlean Chomhtháite Straitéisigh a ationól.

Cuireadh an Creatphlean, a foilsíodh sa bhliain 2013, san áireamh mar athrú ar na Pleananna ábhartha Forbartha Cathrach agus Contae. I bhfianaise an ullmhúcháin don earnáil fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta a fhorbairt i leataobh ónár gcósta thiar agus i bhfianaise an róil atá ag an Inbhear maidir le freastal ar an tionscal sin, measadh gurbh fhiú Grúpa Stiúrtha an Chreatphlean a ationól. Iarradh ainmniúcháin chuig an nGrúpa Stiúrtha nuathionólta agus cuireadh cruinniú ar siúl i mí na Samhna 2022. I measc na bpríomhghníomhartha a ndearna na daoine a bhí i láthair plé orthu bhí an gá le sásra sainaitheanta cistiúcháin, an gá leis an bhFoghrúpa Comhshaoil a athbhunú chun tús áite a thabhairt do na bearnaí sonraí is práinní agus, ar deireadh, an gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gCreatphlean ar leibhéal beartais ar mhaithe le hé a chur ar aon dul le hathruithe ar bheartais agus pleananna réigiúnacha agus ar bheartais agus pleananna náisiúnta araon.

Máistirphlean Roche

Mar thionscadal straitéiseach do Chontae an Chláir, lean Comhairle Contae an Chláir uirthi ag obair i gcomhar le Roche (Ireland) Ltd sa bhliain 2022 ar Mháistirphlean a fhorbairt do láithreán Roche i nDroichead an Chláir ar mhaithe le deiseanna féideartha forbartha amach anseo agus deiseanna beartaithe fostaíochta a shainaithint don láithreán.

An Rannóg Pleanála

Pleanáil Chun Cinn

Reachtaíocht Pleanála Muirí

Shuigh an Stiúrthóir um Fhorbairt Eacnamaíoch ar an nGrúpa Stiúrtha um "Athchóiriú Bainistíochta Muirí a Chothú in Éirinn" sa bhliain 2022. Thug an Grúpa aghaidh ar na príomhathruithe a theastaíonn laistigh de chomhlachtaí cinnteoireachta, agus laistigh den Rialtas Áitiúil go háirithe, a phléann le húdaruithe a dheonú sa limistéar muirí mar gheall ar achtú an Achta um Pleanáil Limistéir Mhuirí, 2021. Ceann amháin de phríomh-bhunspriocanna inghnóthaithe an Ghrúpa ba ea an staid mar a bhí roimh achtú an Achta a chur i gcomparáid leis an gcóras nua tar éis achtú an Achta (an staid mar a bheidh). Ba é a bhí i gceist leis sin athbhreithniú a dhéanamh ar a oiriúnaí atá na próisis agus na hinniúlachtaí atá i bhfeidhm cheana ag comhlachtaí cinnteoireachta a phléann le húdaruithe a dheonú sa limistéar muirí dá n-éireoidh Comhairle Contae an Chláir ina hÚdarás Pleanála Cósta anois, rud ar sainchúram sainithe agus dlínse shainithe é don limistéar cois cósta de réir alt 5 den Acht. Beidh 'Straitéis shuntasach um Athruithe' ag teastáil chun tacú le cur chun feidhme agus buanú rathúil na nUirlisí agus na Seirbhísí Digiteacha a theastaíonn chun an ról nua sin a chomhlíonadh laistigh de na húdaráis áitiúla a sainaithníodh mar Údarás Pleanála Cósta, Comhairle Contae an Chláir ina measc. Táthar ag coinne leis go gcuirfear athruithe suntasacha chun feidhme sa bhliain 2023. Áireofar leis na hathruithe sin Toilithe Limistéir Mhuirí a sholáthar, glacadh le ceadanna pleanála atá faoi stiúir ag an mBord Pleanála agus glacadh le ceadanna pleanála atá faoi stiúir ag Údaráis Phleanála Cósta do limistéir 'Cois Cósta', ach gan a bheith teoranta dóibh.

Tiocfaidh dúshláin chun cinn do na húdaráis áitiúla le linn an 'Straitéis um Athruithe' a chur chun feidhme, ar dúshláin iad is gá a bhainistiú go cúramach.

Plean Feabhsúcháin Inis Díomáin

I gcomhar le Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir, le Foireann Baile Inis Díomáin agus leis an bhfoireann dearaidh atá faoi stiúir ag Helena McElmeel Architects, d'ullmhaigh Comhairle Contae an Chláir Plean Feabhsúcháin Inis Díomáin, a bhfuil mar aidhm leis cur leis na moltaí ón gComhairle chun acmhainneacht an bhailedhreacha atá ann cheana, agus acmhainneacht thimpeallacht thógtha an bhailedhreacha sin, a iniúchadh. Féachadh sa straitéis ar phríomhláithreáin i lár an bhaile chun a bhforbairt a threorú ar bhealach dearfach agus chun feabhas a chur ar cháilíocht an spáis phoiblí ar mhaithe le bailedhreach atá bríomhar agus cuimsitheach a chruthú. Cuid lárnach den tionscadal ba ea comhairliúchán poiblí. Chuir na torthaí agus na barúlacha a fuarthas ón gcomhairliúchán poiblí go mór leis an bpróiseas dearaidh.

Straitéis Feabhsúcháin Chora Finne

Le dhá bhliain anuas, tá an Chomhairle ag obair i gcomhpháirt leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra chun Straitéis Feabhsúcháin a ullmhú do shráidbhaile Chora Finne. Chistigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cuid den obair sin faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. A bhuí leis an gcistiú sin, tacaítear le forbairt a dhéanamh ar thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo beocht a chur i bpobail tuaithe, dul i ngleic le folúntais agus aghaidh a thabhairt ar réadmhaoine tréigthe inár gcuid bailte agus sráidbhailte. Beidh ardaidhmeanna Straitéis Feabhsúcháin Chora Finne ag teacht go maith leis na prionsabail sin de réir mar a fhéachaimid le húsáidí nua a shainiú le haghaidh

réadmhaoine tréigthe agus le feabhas a chur ar an bhfearann poiblí trí idirghabhálacha atá tuisceanach agus stuama a dhéanamh. Tá foireann dearaidh atá faoi stiúir ag Hall McKnight Architects, cuideachta a bhfuil gradaim buaite aici, sa chéad chéim den phróiseas dearaidh faoi láthair, ar próiseas é atá bunaithe go mór ar thorthaí na chéad chéime de chomhairliúchán poiblí agus ar thaighde bonnlíne. Tabharfar an Straitéis Feabhsúcháin i gcrích go luath sa bhliain 2023.

Máistirphlean Lár Baile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh

Ag deireadh na bliana 2021, d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú le haghaidh na chéad Phleananna riamh um Thús Áite do Lár Bailte a sholáthar chun dul i ngleic le láithreáin thréigthe agus chun lár bailte a athnuachan. Tugadh cistiú €100,000 do Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh chun Máistirphlean a ullmhú do Lár an Bhaile.

Áiríodh leis an obair a rinneadh le linn na bliana seisiúin faisnéise a sheoladh le hionadaithe pobail agus le hionadaithe ó ghnólachtaí áitiúla, sonraíocht a ullmhú don tionscadal, agus Allies and Morrison Ltd, sainchomhairleoirí dearaidh uirbigh agus pleanála uirbí, a cheapadh. D'oibrigh an fhoireann dearaidh ildisciplíneach, Comhairleoirí áitiúla, agus ionadaithe ó fhoirne éagsúla de chuid Chomhairle Contae an Chláir le chéile le linn na bliana agus reáchtáil siad imeachtaí comhairliúcháin phoiblí agus iniúchadh insiúltachta ar an mbaile. Thacaigh Foireann Aoisbhá na Comhairle leis an obair sin.

Ceapadh Oifigeach Athghiniúna Bailte Chomhairle Contae an Chláir go luath i mí Dheireadh Fómhair 2022. Lean sé le caidreamh a dhéanamh le gach geallsealbhóir agus thosaigh sé ar Fhoireann Baile Dhroichead Abhann Ó gCearnaigh a bhunú. Seoladh suirbhé ar líne i mí na Samhna chun bonn eolais a chur faoi na príomhthograí agus na príomhthionscadail sa Mháistirphlean. Beidh ríthábhacht ag baint leis an Máistirphlean maidir le cistiú a ghiaráil ó shruthanna éagsúla cistiúcháin, lena n-áirítear an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, toisc go soláthrófar leis clár comhordaithe infheistíochta don bhaile amach anseo.

Séadchomhartha Mhairtírigh Mhanchain

Rinneadh Séadchomhartha Mhairtírigh Mhanchain i gCill Rois a dheisiú agus a athchóiriú le cúnamh deontais a fuarthas ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoi Chiste na nDéanmhas Stairiúil 2021. Tógadh an séadchomhartha i gcroílár Bhaile Chill Rois sa bhliain 1903 agus tá sé ar cheann amháin de shraith séadchomharthaí a tógadh ar fud na hÉireann chun Mairtírigh Mhanchain a chomóradh.

Rinne Mid-West Lime Ltd na hoibreacha deisiúcháin ar an láithreán. Dheisigh Brendan St John, gabha dubh cáiliúil, na ráillí ansin.

Déanmhais Sholúbtha Lasmuigh

A bhuí le cistiú a fuarthas faoin Scéim um Spásanna Poiblí Lasmuigh atá á cur chun cinn ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, cuireadh tionscadal ar aghaidh chun athshamhlú a dhéanamh ar an dóigh a n-úsáidimid ár spásanna poiblí lasmuigh le haghaidh tairiscintí cultúrtha atá mar chuid dhílis dár modh traidisiúnta maireachtála, go háirithe an traidisiún saibhir féilte agus imeachtaí lasmuigh atá againne i gContae an Chláir. Stiúir GKMP Architects foireann dearaidh ildisciplíneach chun dearadh a fhorbairt do shraith déanmhas solúbtha lasmuigh lena n-úsáid le linn féilte agus imeachtaí lasmuigh.

Caomhantas Ailtireachta

An Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha

Tá an Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha deartha chun cabhrú le déanmhais atá cosanta faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt a dheisiú agus a chaomhnú. I gcásanna áirithe, tacaítear le déanmhais atá suite laistigh de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a chaomhnú freisin i gcás, i dtuairim an údaráis áitiúil, gur léiríodh go bhfuil gá ann le hoibreacha chun carachtar agus cuma an Limistéir Caomhantais Ailtireachta a fheabhsú. Is é príomhchuspóir na scéime tacú le réadmhaoine atá faoi úinéireacht phríobháideach agus ar gá iad a dheisiú agus a chaomhnú.

Is críochnaithe anois atá na hoibreacha ar na naoi ndéanmhas chosanta ar leithdháileadh cistiú de bheagnach €100,000 orthu faoin Scéim Infheistíochta Oidhreachta Tógtha 2022. Ba iad sin:

1. Stack's, Inis Díomáin - Oibreacha chun na fuinneoga atá ann cheana a dheisiú agus chun gloiniú tánaisteach a shuiteáil ar mhaithe le feidhmíocht theirmeach a fheabhsú.
2. Teach Glencairn, Inis - Oibreacha chun balla seachtrach a athphointeáil agus a dheisiú, an chéim dheireanach d'obair a mhair trí bliana.
3. Ionad Mhichíl Uí Chíosóg, an Carn - Oibreacha ar dhíon áit bhreithe Mhichíl Uí Chíosóg, ar teachín ceann tuí í.
4. Teach an Mhaoir Talún, Cluaine - Oibreacha chun díon iartheach an mhaoir talún a dheisiú, ar cuid d'Eastát Theach Chluaine é.
5. Ceann Léime, Teach Choimeádaí an Tí Solais - Deisiúcháin inmheánacha ar theach choimeádaí an tí solais, Ceann Léime.
6. Beár O'Grady, an Tobar - Oibreacha chun díon Bheár O'Grady, mar a bhí roimhe seo, a dheisiú ar an Tobar.
7. Uimh. 1 Sráid Bindon, Inis - Oibreacha ar an saothar inmheánach plástair aoil i dTeach Seoirseach.
8. An Stóras, Tuaim Gréine - Oibreacha chun fuinneoga agus bearnaí iarstóras Theach Oibre Cheardchumann na Scairbhe a athsholáthar agus a dheisiú.
9. Teach Manus, Inis - Oibreacha chun díon an phríomhthí a dheisiú.

Ciste na nDéanmhas Stairiúil

Tá Ciste na nDéanmhas Stairiúil ceaptha chun déanmhais agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus a fheabhsú le mórleas na bpobal agus an phobail i gcoitinne. Leithdháileadh cistiú ar dhá thionscadal sa bhliain 2022. Tá na hoibreacha ar Theach Tábhairne Frawley críochnaithe. Cobhsaíodh an díon go struchtúrtha agus deisíodh na sclátaí dín. Tá na hoibreacha ar Ardeaglais Chill Dalua le críochnú go luath sa bhliain 2023.

Ciste na Séadchomharthaí Pobail 2022

Cuireadh na Pleananna Bainistíochta Caomhantais do na trí eaglais mheánaoiseacha i gCill Lua Finn, Leaba Shíoda, Cill Chríost, Baile na Caillí, Teampall Uí Mháille agus Baile Uí Áille i gcrích sa bhliain 2022. Tá na Pleananna Bainistíochta Caomhantais le húsáid chun tuilleadh cistiúcháin a lorg le haghaidh oibreacha caipitil chun fothracha na n-eaglaisí meánaoiseacha a dhaingniú agus a chosaint.

Iarratais Alt 57

Eisítear Dearbhuithe Alt 57 chuig úinéirí foirgneamh nó déanmhas ar mian leo oibreacha a dhéanamh ar a ndéanmhais. Cinntear le Dearbhú cé acu a mheasfaí nó nach measfaí oibreacha a bheith díolmhaithe ó phleanáil. Féadfar Dearbhú a úsáid freisin chun cúirtealáiste an déanmhais chosanta, nó na heilimintí atá le cosaint, a shoiléiriú. Fuarthas 29 n-iarratas ar dhearbhuithe le linn na bliana.

Bainistíocht Forbartha

Iarratais Phleanála

Fuarthas 1,087 n-iarratas pleanála sa bhliain 2022. Fuarthas naoi gcinn d'iarratais ar fhorbairt ag an Údarás Áitiúil féin faoi Chuid VIII freisin. Rinneadh cinntí i ndáil le 1,012 iarratas pleanála. Deonaíodh 942 cheann (90.2%) de na hiarratais sin agus diúltaíodh do 102 cheann (9.8%) díobh. De na 25 iarratas a chinn an Bord Pleanála le linn na bliana, seasadh le 20 breith (80%) ó Chomhairle Contae an Chláir.

Tionscadal Ríomhphleanála

Sheol Comhairle Contae an Chláir an Tairseach Náisiúnta Pleanála ar Líne i lár mhí na Nollag 2022. Bhí Comhairle Contae an Chláir mar chuid de Chéim 1 de chur i bhfeidhm náisiúnta na Tairsí ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Trí ríomhphleanáil a thabhairt isteach, déanfar éifeachtúlachtaí sa phróiseas pleanála a chuíchóiriú agus a fheabhsú trí laghdú a dhéanamh ar an acmhainneacht atá ann iarratais neamhbhailí a fháil agus comhlíonfar straitéis an Rialtais chun tuilleadh seirbhísí poiblí a aistriú ar líne.

Rachaidh sé sin chun tairbhe do ghníomhairí pleanála freisin. Beidh siad in ann logáil isteach agus dréachtiarratas a ullmhú thar thréimhse ama nó iarratas a uaslódáil agus íoc as ar an tairseach laistigh de 15 nóiméad, rud a laghdóidh an gá le dul chuig an Oifig Pleanála i bpearsa. Is féidir le daoine den phobal an córas ríomhphleanála a úsáid agus aighneacht pleanála a dhéanamh ar líne freisin.

Fiosruithe Réamhphleanála

Reáchtáladh 235 chomhairliúchán réamhphleanála san iomlán le linn na bliana, áit ar cuireadh ar chumas iarratasóirí éirim a dtograí a phlé saor in aisce le hoifigeach pleanála de chuid na Comhairle.

Ranníocaíochtaí Forbartha

Bailíodh suim €2,811,024.58 le linn na bliana 2022. Soláthraítear leis na ranníocaíochtaí sin cistiú lena úsáid do chláir oibre caipitil a bhaineann le cineálacha éagsúla bonneagair, lena n-áirítear bóithre, taitneamhacht, bonneagar pobail, bonneagar áineasa agus páirceáil. Leanann an Chomhairle le ranníocaíochtaí uisce agus séarachais a bhailiú thar ceann Uisce Éireann i leith ceadanna pleanála a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 2014.

Forfheidhmiú an Dlí Pleanála

Bhí ardleibhéal gníomhaíochta ar bun i Rannán Forfheidhmiúcháin na Rannóige Pleanála le linn na bliana 2022. Tá an ghníomhaíocht sin achoimrithe sa tábla seo a leanas:

An líon gearán a fuarthas	173
An líon cásanna nua a imscrúdaíodh	105
An líon litreacha rabhaidh a eisíodh	178
An líon fógraí forfheidhmiúcháin a eisíodh	28
An líon cásanna dlí a tionscnaíodh	3
An líon comhad a dúnadh	53

Eastáit Tithíochta a Ghlacadh faoi Chúram

Ghlac an Chomhairle sé eastát tithíochta faoi chúram sa bhliain 2022. Rinne an fhoireann um ghlacadh faoi chúram faireachán réamhghníomhach ar 14 fhorbairt nua a bhí á dtógáil le linn na bliana 2022 freisin. Cé go mbíonn sé dian ar acmhainní, ba cheart go gcinnteodh faireachán leanúnach ar eastáit go gcríochnófar forbairtí tithíochta sa todhchaí de réir caighdeán níos airde agus go mbeidh na próisis um ghlacadh faoi chúram ina dhiaidh sin níos simplí.

Rinneadh dul chun cinn ar chuid mhór forbairtí eile a bhí neamhchríochnaithe roimhe sin a chríochnú agus/nó a fheabhsú, lenar áiríodh trí eastát mhóra, trí chaidreamh a dhéanamh le sealbhóirí bannaí, le forbróirí, le conraitheoirí agus le cónaitheoirí. Leanann an fhoireann le pleananna réitigh láithreáin a thabhairt chun críche agus lena shocrú go gcuirfí conarthaí oibreacha feabhsúcháin i bhfeidhm d'fhorbairtí neamhchríochnaithe ar ina leith a rinne an Chomhairle airgead bannaí a éileamh agus a fháil.

I gcás forbairtí nach leor na bannaí, ar chúiseanna éagsúla, chun na hoibreacha riachtanacha a chríochnú orthu, táthar ag súil go gcuirfear scéim náisiúnta dhreasachta, cosúil leis an gceann a sholáthair an Roinn sa bhliain 2016, ar fáil don Chomhairle, rud lena gcabhrófaí leis na forbairtí stairiúla sin a chríochnú.

Máistirphlean Lár Baile Shionainne

Ghlac Ceantar Bardasach Shionainne Máistirphlean Lár Baile Shionainne, atá á chistiú go páirteach faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach de chuid an Rialtais, sa bhliain 2022. Ba iad Building Design Partnership agus McCabe Durney Barnes, eacnamaithe, a d'ullmhaigh an Máistirphlean. Tá dhá eilimint ann, is iad sin: máistirphlean spáis; agus measúnú inmharthanachta eacnamaíche ar an bPlean.

Aithnítear i Máistirphlean Lár Baile Shionainne na príomhchuspóirí atá leis na beartais 'Tithíocht do Chách' agus 'Tús Áite do Lár Bailte' go háirithe, agus tá sé mar aidhm leis Lár Baile Shionainne a athghiniúint agus a athshamhlú ina láthair atá inmharthana, bríomhar agus tarraingteach chun cónaí agus obair inti agus chun cuairt a thabhairt uirthi agus a fheidhmíonn mar mhol seirbhíse, sóisialta, cultúrtha agus áineasa don phobal áitiúil ag an am céanna.

Moltar ann roinnt idirghabhálacha comhtháite, ina sainaithnítear úsáidí féideartha talún amach anseo, feabhsuithe beartaithe ar an bhfearann poiblí agus naisc nua chun nascacht a neartú i lár an bhaile agus ar fud Shionainne, lena n-áirítear an tAerfort agus an Limistéar Neamhchustaim. Áirítear iad seo a leanas leis na hidirghabhálacha sin:

- Príomhshráid nua (R471) agus búlbhaird fheabhsaithe ghlasa a nascann leis an inbhear.
- Limistéar glas leathnaithe agus athbheoite sa Chearnóg Cathartha, rud a bheidh dírithe ar choisithe.
- Tairiscint mhiondíola níos éagsúla, áit a dtaispeánfar táirgí agus seirbhísí áitiúla.
- Mol nua pobail, cathartha agus cultúrtha ar a dtabharfar 'One Shannon', áit a mbeidh úsáidí éagsúla lonnaithe le chéile chun sineirgí nua a chruthú agus chun gníomhaíocht a chinntiú i rith an lae agus na hoíche.

- Meascán de thithe cónaithe ardchaighdeáin nua, agus an acmhainneacht ann tithíocht céim síos a sholáthar ar láithreán na hOifige Limistéir atá ann cheana.
- Feabhas ar an bhfearann poiblí agus ar an straitéis páirceála chun tús áite a thabhairt do choisithe agus rothaithe, agus sráid-dreach fheabhsaithe a bheidh gníomhach agus dinimiciúil á chruthú.
- Campas Nuálaíochta chun an chuid is fearr de Shionainn a thaispeáint agus chun fás féideartha phurláin an bhaile amach anseo a éascú.
- Saoráidí nua agus naisc níos fearr chuig an bPáirc Baile nua agus chuig Inbhear na Sionainne chun stíleanna maireachtála sláintiúla a chothú.

Féiniúlacht athnuaite do Shionainn, a bheidh bunaithe ar a stair nuálaíochta, fiontraíochta agus nascachta leis an dúlra.
Trí na limistéir idirghabhála agus na príomhthionscadail atá liostaithe thuas a shainaithint agus a sholáthar, bunathrófar forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha Bhaile Shionainne, an timpeallacht thógtha agus an fearann poiblí.
Leanann Comhairle Contae an Chláir le caidreamh gníomhach a dhéanamh le geallsealbhóirí agus le húinéirí talún chun cuspóirí an Mháistirphlean a bhaint amach. Eisíodh tairiscintí le haghaidh foireann dearaidh agus le haghaidh foireann bhainistíochta tionscadail don 'One Shannon Hub' agus d'oibreacha fearainn phoiblí sa bhliain 2022, agus tá conarthaí le dámhachtain sa bhliain 2023. Táthar ag spriocdhíriú ar shruthanna breise cistiúcháin, lena n-áirítear an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach, chun soláthar na forbartha sin a éascú.

Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040

Cuireadh tús le Straitéis Eacnamaíoch agus Spáis Inis 2040 a chur chun feidhme. Cuireadh an dearadh ar láithreáin bhunathraitheacha ar aghaidh sa bhliain 2022. Cuireadh ar aghaidh freisin roinnt tionscnamh atá dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe an bhaile, amhail feabhsuithe ar an bhfearann poiblí agus tionscadail taistil ghníomhaigh. Tá ríthábhacht ag baint le gach ceann de na tionscadail sin maidir le fís an chéad Bhaile Oiriúnaitheach Aeráide in Éirinn a bhaint amach. Tá an inbhuanaitheacht ina gné

lárnach de ghníomhaíochtaí agus tosaíochtaí Inis 2040 agus leanfaidh sí lena bheith ina gné lárnach díobh. Tá na tionscadail a tosaíodh ríthábhachtach maidir le sprioc an 'bhaile 10 nóiméad' a bhaint amach agus maidir lena léiriú conas is féidir le baile contae cosúil le hInis freagairt don athrú aeráide agus don mhaireachtáil 'tús áite do lár bailte'.
Chuaigh Inis 2040 agus Ceantar Bardasach Inse i dteagmháil le mic léinn Idirbhliana i meánscoileanna áitiúla chun an fhís atá acu d'Inis sa bhliain 2040 a lorg agus chun feasacht a chothú agus a mhéadú ar phlean Inis 2040 don bhaile. Gnóthaíodh tacaíocht an-mhaith agus a lán moltaí agus smaointe iontacha ó na mic léinn Idirbhliana tríd an gComórtas Idirbhliana.

Fógraíodh na chéad phoist a bhaineann le fís Inis 2040 nuair a cheannaigh Vitalograph, gnólacht teicneolaíochta sláinte, foirgneamh Ionad Fiontraíochta agus Nuálaíochta Bhaile Uí Mháille ó Chomhairle Contae an Chláir chun forbairt a Ionaid nua Barr Feabhais um Sheirbhísí Trialacha Cliniciúla a éascú. Cruthófar 72 phost in Inis sa bhliain 2023/2024 dá bharr sin.

Pleanáil Chun Cinn

Plean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029

Rinneadh dul chun cinn le linn na bliana 2022 ar Phlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 a ullmhú. Tráth a ghlacfar é, leagfar amach sa Phlean an straitéis fhoriomlán le haghaidh phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an chontae thar thréimhse sé bliana.

Bhí Dréachtphlean Forbartha Contae an Chláir 2023-2029 ar taispeáint ar feadh comhairliúchán poiblí 15 seachtaine, rud a chríochnaigh ag deireadh mhí an Mhárta. Ar mhaithe le rannpháirtíocht uasta sa phróiseas comhairliúcháin a spreagadh, seoladh feachtas fairsing éagsúil sna meáin agus úsáideadh meáin chumarsáide agus rannpháirtíochta fhíorúla agus i bpearsa chun an nochtadh uasta sna meáin a bhaint amach. Bhí na meáin shóisialta agus leathanach Gréasáin tiomnaithe a raibh físeán faisnéise le fáil air ina meáin ríthábhachtacha maidir le dul i bhfeidhm ar gach earnáil agus gach pobal. Chuir scoileanna agus na Comhaltaí Tofa fáilte ar leith roimh an gcaidreamh a rinneadh le daoine óga trí thionscadail mheánscoile agus bhunscoile agus mhol Oifig an Rialálaí Pleanála é sin mar chur chuige nuálach éifeachtach i leith dul i bhfeidhm ar dhaoine óga agus i leith a rannpháirtíocht sa phróiseas a éascú. Seoladh naoi n-imeacht comhairliúcháin phoiblí ar fud an chontae freisin. Suíodh seastán a bhí tiomnaithe don Dréachtphlean ar Shráid Uí Chonaill ar Lá Fhéile Pádraig in Inis, rud a spreag rannpháirtíocht dhearfach bhreise ón bpobal.

Léiriú ar éifeachtacht an phróisis comhairliúcháin phoiblí ba ea an 1,015 aighneacht i scríbhinn a fuarthas lena linn. Athbhreithníodh gach ceann díobh agus tugadh tuairisc orthu go léir i dTuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh, rud a eisíodh chuig na Comhaltaí Tofa lena bhreithniú acu i mí Iúil 2022. Reáchtáladh ceardlanna neamhfhoirmiúla leis na Comhaltaí Tofa le linn ráithe 3 agus ráithe 4 chun tuarascáil agus moltaí an Phríomhfheidhmeannaigh a bhreithniú. Ag Cruinniú Speisialta de chuid na Comhairle an 30 Deireadh Fómhair, ba le rún a chomhaontaigh na Comhaltaí Tofa roinnt leasuithe molta ar an Dréachtphlean Forbartha. An 1 Samhain,

cuireadh na leasuithe molta ar taispeáint ar feadh tréimhse comhairliúcháin suas go tús na bliana 2023. B'ionann é sin agus tús an tríú céim, an chéim dheireanach, den phróiseas le haghaidh an plean a chur le chéile.

Bhí 10 n-imleabhar i nDréachtphlean Forbartha Contae an Chláir. I dteannta an phríomhráitis scríofa beartais agus na ráiteas scríofa agus na léarscáileanna do gach lonnaíocht sa chontae, áiríodh leis Taifead ar Dhéanmhais Chosanta, Straitéis nua Fuinnimh Inathnuaite do Chontae an Chláir, Straitéis Miondíola, Straitéis Tithíochta, Tuarascáil Tionchair Natura, Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Tuarascáil Timpeallachta agus Measúnacht Straitéiseach Riosca Tuilte.

Seiceáil Sláinte ar Lár Baile Inse

Rinneadh suirbhé ar úsáidí talún bunurláir i Lár Baile Inse le linn na bliana. A bhuí leis sin, bhíothas in ann na torthaí don bhliain 2021 a chur i gcomparáid leo sin do bhlianta roimhe agus, ar an tslí sin, patrúin úsáide talún a shainaithint.

An Oidhreacht

Fuarthas cistiú faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus ón gComhairle Oidhreachta agus ó Éire Ildánach an Chláir do na tionscadail seo a leanas:

- Iniúchadh Oidhreachta agus Plean Oidhreachta Lios Dúin Bhearna
- Scéim Seandálaíochta Pobail an Chláir
- Forbairt tionscadail agus oibreacha ag Teach Feirme Hastings i Sionainn faoi Scéim Maoirseachta na Comhairle Oidhreachta (€22,110).

Bithéagsúlacht

D'éirigh leis an iarratas a rinne Comhairle Contae an Chláir chuig an gComhairle Oidhreachta ar chistiú faoin Treoirchlár Oifigeach Bithéagsúlachta sa bhliain 2022 agus ceapfar Oifigeach Oidhreachta sa bhliain 2023. Léiríonn sé sin tiomantas na Comhairle do thacú lenár bpobail dul i ngleic le cailliúint na bithéagsúlachta agus do thacú le bearta um oiriúnú don athrú aeráide agus bearta tacaíochta bithéagsúlachta.

Trí chiste an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, leithdháil an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra cistiú do na tionscadail seo a leanas, agus comhchistiú á sholáthar ag Comhairle Contae an Chláir:

1. Ceithre thionscadal um Speicis Choimhthíocha Ionracha, lenar áiríodh: (1) suirbhé a dhéanamh ar an nGeathar Buí ar dhobharcheantar na Sionainne Íochtaraí, lena n-áirítear an Abhainn Dubh agus Canáil Oireanaí; (2) suirbhé agus taighde a dhéanamh ar an Diúilicín Cuagga in Éirinn; (3) athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár bainistíochta um Speicis Choimhthíocha Ionracha i gComhairle Contae an Chláir agus bunachar sonraí Speiceas Coimhthíoch Ionrach uile-chontae a bhunú; (4) Acmhainn Ghréasáin ar Líne maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha a chruthú do Chomhairle Contae an Chláir.
2. Suirbhé Bogaigh Chontae an Chláir 2022
3. Suirbhé an Chláir ar an Scréachóg Reilige agus Scéim an Chláir um Boscaí Neadaireachta na Scréachóige Reilige 2022
4. Clár cumarsáide do Chúinne an Ghiorria i gcomhar le hIontaobhas Burrenbeo
5. Úlloird, coillearnach dhúchasach, cruthú lochán agus comhairle éiceolaíoch mar chuid de Chúinne an Ghiorria i gcomhar le hIontaobhas Burrenbeo
6. Suirbhé a dhéanamh ar phlandaí neamhchoitianta, plandaí faoi bhagairt agus plandaí sainiúla i mBoirinn agus ar Oileáin Árann chun dáileadh, flúirse agus stádas caomhantais na bplandaí sin a chinneadh.

Tionscadail a cistíodh faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht

Ceadaíodh cistiú ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus ón gCiste Gníomhaíochta Áitiúil um Bithéagsúlacht do sheacht dtionscadal, lenar áiríodh Suirbhé Bogaigh an Chláir, Suirbhé an Chláir ar an Scréachóg Reilige agus Scéim an Chláir um Boscaí Neadaireachta Scréachóige Reilige, an dara babhta de thionscadal Chúinne an Ghiorria atá á reáchtáil ag Iontaobhas Burrenbeo, agus an suirbhé ar Phlandaí Neamhchoitianta agus Plandaí faoi Bhagairt i mBoirinn. Ina theannta sin, leithdháileadh cistiú ar an suirbhé náisiúnta Speiceas Coimhthíoch Ionrach ar an Diúilicín Quagga agus ar an suirbhé ar an nGeathar Buí (*Lysichiton americanus*) feadh na stráicí íochtair den Abhainn Dubh i gContae an Chláir.

Tionscadail um Speicis Choimhthíocha Ionracha

Tá an Acmhainn Ghréasáin ar Líne maidir le Speicis Choimhthíocha Ionracha ina tairseach ar líne lena soláthraítear faisnéis atá cruinn agus cothrom le dáta faoi speicis choimhthíocha ionracha i gContae an Chláir, lena n-áirítear faisnéis faoi conas a dhéantar iad a shainaithint, a bhainistiú agus a rialú. Leis an acmhainn chuimsitheach ar líne sin, cabhrófar leis an gcomhairle cheart a thabhairt maidir le conas speicis choimhthíocha ionracha a shainaithint agus a bhainistiú agus conas caitheamh leo. Féach: https://yoursay.clarecoco.ie/invasive-species-clare

Athbhreithniú ar Chóireáil Speiceas Coimhthíoch Ionrach ar an gClár

Choimisiúnaigh Comhairle Contae an Chláir an tOll. Joe Caffrey ó INVAS Biosecurity Ltd chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóireáil a thugann Oifigí Ceantair Bhardasaigh an Chláir do speicis choimhthíocha ionracha chun cúnamh agus comhairle a thabhairt don Chomhairle ina leith sin. Reáchtáladh ceardlann inar seoladh díospóireacht comhchéime le baill de na foirne Innealtóireachta agus Bóithre chun plé a dhéanamh ar chleachtais agus fadhbanna a bhaineann le cóireáil speiceas coimhthíoch ionrach sna Ceantair Bhardasacha, ar na cineálacha cur chuige a ghlactar i leith na n-oibríochtaí sin, ar an leibhéal teagmhála leis na conraitheoirí a thugann an chóireáil, agus ar aon fhadhbanna a dtagtar orthu. Le linn na ceardlainne sin, scrúdaíodh éifeachtacht na n-iarrachtaí leanúnacha atá ar siúl chun speicis choimhthíocha ionracha plandaí a bhainistiú agus a rialú ar fud an chontae. Tar éis na ceardlainne, tugadh cuairteanna ar láithreáin chóireáilte speiceas coimhthíoch ionrach (an Ghlúineach agus an Feabhrán Capaill) i gContae an Chláir. Ullmhaíodh tuarascáil ansin, rud lena dtugtar aghaidh ar na príomh-shaincheisteanna agus lena réitítear an bealach le haghaidh obair níos mionsonraithe a dhéanamh. Áiríodh le roinnt de na moltaí a d'eascair as an athbhreithniú méid na faidhbe speiceas coimhthíoch ionrach a leagan amach don Chomhairle, lena n-áirítear beartas sainithe a chur i bhfeidhm. Sainaithníodh an gá le cistiú tiomnaithe ilbhliantúil a sholáthar chun dul i

ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le speicis choimhthíocha ionracha (i.e., is é an gnáth-thoradh a bheidh ar chóireáil sa chéad bhliain ná speicis ionracha, amhail an Glúineach Bhiorach, a chosc seachas iad a mharú, agus beidh cóireáil leantach ag teastáil i mblianta ina dhiaidh sin chun a rialú éifeachtach fadtéarmach a chinntiú). Forbraíodh bunachar sonraí speiceas coimhthíoch ionrach uile-chontae mar chuid den tionscadal seo, rud lena n-áirítear sonraí a bhaineann le dáileadh agus stádas speiceas coimhthíoch ionrach ar an gClár.

Suirbhé Speiceas Coimhthíoch Ionrach ar an Diúilicín Quagga

Suirbhé ar an nGeathar Buí (*Lysichiton americanus*) feadh na stráicí íochtair den Abhainn Dubh i gContae an Chláir.

Suirbhé Bogaigh an Chláir

Ba é seo an chéad bhliain de thionscadal trí bliana ar Shuirbhé Bogaigh an Chláir, atá faoi stiúir ag Suirbhé Bogaigh Éireann. Sa bhliain 2022, nuashonraíodh an fhaisnéis a bailíodh ó shuirbhéanna roimhe a rinneadh ón mbliain 2008 i leith. Meastar gurb ionann an t-achar bogaigh iomlán i gContae an Chláir agus 23,440 heicteár, bunaithe ar Staidéar Bogaigh an Chláir a rinneadh sa bhliain 2008. Tá sé sin cothrom le 7.4% den chontae. Sainaithníodh sa staidéar sin gurb ann do 34 chineál bogaigh i gContae an Chláir (dá bhfuil 22 cheann liostaithe in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an Treoir ón Aontas Eorpach um Ghnáthóga agus dá bhfuil naoi gcinn ina ngnáthóga tosaíochta). Tá na príomhchineálacha gnáthóige i gContae an Chláir miondealaithe mar a leanas:

- Lochanna, 2.57%
- Portaigh agus fraochmhánna fliucha, 2.52%
- Eanaigh agus borrfhás, riasc, giolcarnach agus féarach fliuch, 1%
- Sannadh cineál bogaigh anaithnid don 1% eile, go dtí go ndéanfaí suirbhé gnáthóige níos mine.

Tá i mbunachar sonraí bogaigh an Chláir faisnéis faoi 810 láithreán san iomlán (laistigh de limistéir ainmnithe agus lasmuigh díobh araon). Tá 231 cheann díobh suite i limistéir atá ainmnithe le haghaidh caomhantas dúlra (28%). Tá na 589 gcinn eile suite lasmuigh de limistéir ainmnithe (72%). Is beag faisnéis atá ar fáil, nó níl aon fhaisnéis ar bith ar fáil, faoi 406 limistéar bogaigh i gContae an Chláir. Tá roinnt faisnéise suirbhé (gnáthóga/speicis, etc.) ar fáil faoin leath eile.

Suirbhé ar an Scréachóg Reilige

Fuarthas amach sa Suirbhé ar an Scréachóg Reilige go mbíonn 22 phéire ar a laghad de Scréachóga Reilige ag pórú ar an gClár. Is lú an líon sin ná an líon a rabhthas ag coinne leis. De réir na faisnéise atá ar fáil, bhí raon pórúcháin na Scréachóige Reilige i gContae an Chláir sa bhliain 2022 níos fairsinge (+285%) ná an raon pórúcháin a taifeadadh 10 mbliana ó shin sa Bird Atlas (2007-11). Mar sin féin, ní raibh sé chomh fairsing céanna (-15%) leis an raon a bhí ann 50 bliain ó shin, mar a taifeadadh san Atlas of Breeding Birds in Britain and Ireland (1968-72). Bhí ardráta pórúcháin ag an Scréachóg Reilige, agus trí shicín ar an meán á dtógáil go rathúil. Is féidir é sin a chur síos do na mamaigh ionracha atá i láthair, an Vól Bruaigh agus an Dallóg Bhánfhiaclach, atá ina bhfoinse mhaith bia do Scréachóga Reilige ar fud an chontae. Dáileadh dhá cheann is tríocha de bhoscaí neadaireachta Scréachóige Reilige mar chuid den tionscadal seo, agus tá na boscaí á gcur i bhfeidhm ar fud an chontae.

Tionscadal Chúinne an Ghiorria

Tá tionscadal Chúinne an Ghiorria atá á reáchtáil ag Iontaobhas Burrenbeo ina thionscnamh atá ceaptha chun cabhrú le húinéirí talún tuilleadh spáis a chur i leataobh don dúlra trí choillearnach bheag, úllord beag, lochán nó 'plean don dúlra' a chruthú. Ba mar threoirthionscadal a seoladh é i mí Mheán Fómhair 2021, le tacaíocht ón Roinn Talmhaíochta, ó Chomhairle Contae an Chláir agus ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Leis an tionscadal, tacaíodh le 30 lochán, 44 úllord bheaga (ar ina leith a fuarthas 350 crann úll oidhreachta Éireannaí ó Chumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann) agus 34 choillearnach bheaga (ina bhfuil 7,227 gcrann dhúchasacha Éireannacha, lena n-áirítear crainn phéine Éireannacha neamhchoitianta) a chruthú sa chéad bhliain – infheistíocht an-fhiúntach i mbonneagar nádúrtha Chontae an Chláir. Tá an-éileamh ann ar a leithéid de thionscnamh, agus tá liosta feithimh ann d'úinéirí talún atá ag iarraidh 'a gcuid féin a dhéanamh' ar son an dúlra ach ar deacair dóibh teacht ar an gcistiú, ar an gcomhairle agus ar an spreagadh a theastaíonn chun é sin a dhéanamh.

Ceadaíodh an dara babhta iarratas do Chúinne an Ghiorria i mí an Mheithimh 2022. A bhuí leis sin, tacófar le tuilleadh rannpháirtithe gníomhartha bithéagsúlachta a dhéanamh, bithéagsúlacht talamh feirme a fheabhsú agus athléimneacht a mhéadú in aghaidh éifeachtaí an athraithe aeráide. Leis an gcéim sin, bhíothas in ann 10 lochán, 33 úllord bheaga (ar sholáthair Cumann Lucht Sábhála Shíolta na hÉireann iad) agus 200 crann a sholáthar agus 10 bplean a chur i bhfeidhm faoin rogha le haghaidh measúnú agus tuarascáil láithreáin 'Pleanáil don Dúlra', mar aon le comhairle spriocdhírithe a sholáthar.

Tionscadail ar chistigh an Chomhairle Oidhreachta iad

Chistigh an Chomhairle Oidhreachta dhá thionscadal faoi Phleananna Oidhreachta Contae an Chláir.

Plean Oidhreachta agus Treoir Dearaidh Lios Dúin Bhearna

I gcomhpháirt le Lisdoonvarna Fáilte, d'oibrigh Comhairle Contae an Chláir i gcomhar le foireann ildisciplíneach a bhí faoi stiúir ag Drake Hourigan Architects chun tabhairt faoi Phlean Oidhreachta do Lios Dúin Bhearna, inar scrúdaíodh na deiseanna agus na dúshláin oidhreachta atá ann don bhaile agus dá bhonneagar glas. Sainaithníodh sa Phlean na príomhghníomhartha agus na príomhdheiseanna i leith forbairt amach anseo, lena n-áirítear sócmhainní oidhreachta, an fearann poiblí, bonneagar glas, socruithe feabhsaithe rochtana, nascacht agus naisc. Forbraíodh an Plean tar éis dul i mbun comhairliúchán poiblí fairsing leis an bpobal agus le geallsealbhóirí ábhartha. Thug Seachtain na hOidhreachta deis iontach chun dul i dteagmháil leis an bpobal áitiúil ar an tionscadal agus reáchtáladh roinnt ceardlann pobail lena linn.

Fuarthas amach sna príomhthorthaí go bhfuil cuid mhór de na láithreáin oidhreachta ceilte, dorochtana agus neamhnasctha agus go bhfuil sé deacair iad a aimsiú i ndáiríre. Léarscáilíodh an chonair oidhreachta anseo chun na láithreáin seo a nascadh le chéile trí úsáid a bhaint as an siúl mar mhodh gluaiseachta, chun oidhreacht Lios Dúin Bhearna a dhéanamh inrochtana ó thaobh treochomharthaíochta de agus chun sainaithint a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le conair oidhreachta a dhéanamh inrochtana go fisiciúil. Tá sé beartaithe conair oidhreachta a chur i bhfeidhm chun blaiseadh a fháil d'oidhreacht Lios Dúin Bhearna agus chun an oidhreacht sin a thuiscint, lena n-áirítear na toibreacha, na droichid, na foirgnimh shuntasacha agus na radhairc shuntasacha. Moladh Aip Siúlóide Oidhreachta a bhfuil clostreoir (scéalta, béaloideas agus stair) ag gabháil léi a chur i bhfeidhm sa todhchaí. Rinneadh moltaí i leith na príomhshráide agus i leith na príomhshráide íochtaraí freisin, ar moltaí iad ina sainaithnítear na cineálacha uasghráduithe a bheadh oiriúnach ó thaobh na hoidhreachta de (rindreáil, fuinneoga, comharthaíocht, dath). Moladh tairseacha agus coincheapa teachta a chur i bhfeidhm chun láithreacha teachta chuig an mbaile a mharcáil. Moladh freisin íomhánna coincheapúla don Dá Thobar, do thoibreacha Rathlawn agus do radhairc shuntasacha ag an Spectacle Bridge agus ag Spá an Ghabhláin agus Teach Mayville. Moltar go mór pleanáil caomhantais d'Ionad na dToibreacha Spá.

Cuireadh dréacht de Phlean Oidhreachta Lios Dúin Bhearna faoi bhráid an phobail áitiúil i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus rinneadh an leagan deiridh den Phlean Oidhreachta agus den treoir dearaidh a chríochnú agus a sheoladh i mí Eanáir 2023.

Scéim Seandálaíochta Pobail an Chláir

Leis an scéim seo, tacaíodh le pobail páirt ghníomhach a ghlacadh i gcaomhantas agus léiriú a láithreán áitiúil oidhreachta seandálaíochta agus cultúrtha. Coimisiúnaíodh Edel Barry chun obair i gcomhar le pobail ar an gClár, agus í ag tabhairt cuairt ar láithreáin seandálaíochta, ag tabhairt comhairle maidir le hobair chuí caomhantais agus maidir leis an dea-chleachtas caomhantais, agus ag tabhairt comhairle maidir leis an gcistiú atá ar fáil do chaomhantas láithreán seandálaíochta. Mar thoradh ar an obair sin, léiríodh roinnt gnéithe tábhachtacha den tseandálaíocht ar an gClár le linn Sheachtain Oidhreachta an Chláir, lenar áiríodh caomhantas seanfhoirgneamh, na Toibreacha Beannaithe, na Crosa Arda, Doire Fhéinne, an Geata Bán agus a stair, agus turas rothaíochta ar Chill Fhionnúrach. Ullmhaíodh tuarascálacha láithreáin agus cuireadh faoi bhráid na bpobal, na bhfeirmeoirí agus na ngeallsealbhóirí ábhartha iad. Táthar ag súil go dtógfar ar na bunchlocha sin, agus treoir agus cúnamh á dtabhairt do ghrúpaí pobail chun na tuarascálacha agus na ceadanna riachtanacha a fháil chun gur féidir leo iarratas a dhéanamh ar chistiú le haghaidh oibreacha caomhantais seandálaíochta.

Seiceáil Sláinte ar Lár Baile Comhoibríoch Chill Rois

Thug mic léinn mháistreachta ó Ollscoil na Ríona, Béal Feirste, faoi Sheiceáil Sláinte ar Lár Baile Comhoibríoch Chill Rois i gCill Rois i mí Mheán Fómhair i gcomhar le Foireann Baile Chill Rois, leis an gComhairle Oidhreachta agus le Comhairle Contae an Chláir. Rinne na mic léinn staidéir mhionsonraithe ar úsáid talún trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht um Sheiceáil Sláinte ar Lár Baile Comhoibríoch agus thug siad faoi cheistneoirí ar líne agus faoi chomhaireamh ar an líon custaiméirí agus ar an líon feithiclí. Taifeadadh rátaí úsáide spásanna páirceála (idir pháirceáil ar an tsráid agus pháirceáil eas-sráide) agus rinneadh iniúchadh insiúltachta, inar féachadh ar nithe amhail tréscaoilteacht, inléiteacht agus cothabháil agus cáilíocht an dreacha urláir. Reáchtáladh comhairliúchán le daoine óga ón meánscoil áitiúil agus seoladh agallaimh le príomh-gheallsealbhóirí i gCill Rois freisin. Dréachtaíodh tuarascáil ghearr ina n-achoimrítear an tionscadal, agus aiseolas ón láithreoireacht achomair á chur san áireamh. Tá 'athbhreithniú piaraí' á dhéanamh maidir leis an suirbhé ar úsáid talún (Céim 2 den tSeiceáil Sláinte ar Lár Baile Comhoibríoch).

Cuirtear roinnt riachtanas tábhachtach agus saincheisteanna tábhachtacha i gCill Rois in iúl ar bhealach an-dearfach sa suirbhé agus tugtar ann dea-smaointe agus dea-threoir do thionscnaimh amach anseo. Moltar ann bealaí inar féidir leas a bhaint as an líon mór deiseanna atá ann chun nascacht agus tréscaoilteacht a fheabhsú agus chun beocht a chur sa bhaile an athuair, lena n-áirítear an gá le spás poiblí don aos óg agus do na cónaitheoirí sa bhaile i gcoitinne agus deiseanna chun spásanna glasa a sholáthar i gcroílár an bhaile agus ar an tsiúlóid cois abhann ar mhaithe le deiseanna rochtana níos fearr a éascú.

An Ciste Maoirseachta Oidhreachta, Teach Feirme Hastings, Sionainn

Céim thábhachtach i dtreo oidhreacht Theach Feirme Hastings i Sionainn a chosaint agus feabhas a chur ar a inrochtana atá an láithreán, le tacaíocht ón gCiste Maoirseachta Oidhreachta, is ea an chomhpháirtíocht atá ar bun idir Comhairle Contae an Chláir agus Dúchas na Sionna. Reáchtáladh imeacht ag Teach Feirme Hastings mar chuid de Sheachtain na hOidhreachta. Cistíodh oiliúint i dtógáil dhúchasach d'fhoghlaimeoirí aosacha mar chuid den tionscadal seo freisin ar mhaithe le cuimsitheacht a mhéadú i dtionscnaimh oidhreachta. Soláthraíodh an oiliúint sin i gcomhpháirt le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir agus le Dúchas na Sionna agus d'fhreastail daoine den phobal áitiúil agus daoine den phobal Úcránach araon uirthi.

Tionscadail oidhreachta ar chistigh Éire Ildánach an Chláir iad

Tugadh cistiú do cheithre thionscadal oidhreachta faoi Straitéis Éire Ildánach an Chláir, ba iad sin:

1. Suirbhé Contae a dhéanamh agus faisnéis a thaifeadadh faoi láthair 136 chillín ar thalamh neamhchoisricthe (ionaid adhlactha leanaí neamhbhaiste san áireamh). Rinneadh suirbhé ar 75 láithreán cillín ar an gClár go dtí seo (meastar go bhfuil 140 ceann san iomlán suite ar an gClár agus déanfar suirbhé orthu go léir faoin mbliain 2023). Uaslódáladh an fhaisnéis sin ar fad ar shuíomh Gréasáin Oidhreacht an Chláir. Tá sé beartaithe an suirbhé a thabhairt chun críche agus a sheoladh sa bhliain 2023.
2. 'Do Thírdhreach Áitiúil a Léamh 2022' i Sráid na Cathrach, lenar áiríodh tionscadail a dhréachtú lena bhfoilsiú ar shuíomh Gréasáin iCAN an Chláir. Reáchtáladh oíche sárthaispeántais ansin, áit ar chuir na rannpháirtithe a dtionscadail i láthair agus a bhfuair siad a dteastais. Ba é sin an seachtú huair a cuireadh an cúrsa ar fáil i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir, le cistiú ó Éire Ildánach an Chláir. Is é atá sa chúrsa ná sraith modúl a sholáthraítear trí léachtaí, trí chás-staidéir agus trí thurais allamuigh chuig láithreáin ar ábhar spéise iad laistigh den limistéar áitiúil. Tá taighde agus díospóireacht grúpa i gceist leis freisin.
3. Feasacht a mhúscailt agus feabhas a chur ar rochtain fhisiciúil agus intleachtúil ar Thoibreacha Beannaithe Chontae an Chláir agus ar láithreáin seandálaíochta ag Tobar Beannaithe Cill Mhaoilfhithrigh agus ag Caisleán Shealaí.

4. Físeán faisnéise dea-chleachtais ar bhainistiú ionad adhlactha stairiúil a léiriú do phobail atá páirteach sa Tionscadal um Chúram agus Caomhantas Reiligí Stairiúla i gcomhar leis an Aonad um Ionaid Adhlactha.

Tionscnaimh eile sa bhliain 2022

Dámhachtainí Sheachtain na hOidhreachta do Phortaigh, Báid agus Deilfeanna Chontae an Chláir

Reáchtáladh 90 imeacht i gContae an Chláir le linn Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta, agus cuid mhór imeachtaí den scoth inar léiríodh oidhreacht iontach Chontae an Chláir ar siúl. Ceiliúradh trí imeacht de chuid Sheachtain Oidhreachta an Chláir ag Dámhachtainí Náisiúnta na hOidhreachta 2022, ba iad sin:

- Fuair Tionscadal Athchóirithe Phortach na Seanchille, i gcomhpháirt leis an tionscadal um Pobail a Nascadh le Tailte Portaigh, an Dámhachtain d'Imeacht Oidhreacht an Chláir mar gheall ar an imeacht 'Walk & Talk on Shanakyle Bog'. Tá Portach na Seanchille suite in aice leis an bPairtín, agus is é sin an chéad tionscadal athchóirithe agus athfhliuchta portaigh ardaithe a seoladh riamh i gContae an Chláir.
- Chríochnaigh an tionscadal 'Oidhreacht Iascaireachta agus Stair Áitiúil Dhroichead an Chláir a Chaomhnú trí Scannán' de chuid Ghrúpa Oidhreachta agus Fiadhúlra Dhroichead an Chláir agus Bhaile Uí Aodha sa dara háit sa chatagóir náisiúnta de Dhámhachtain Oidhreachta Inbhuanaithe. Seoladh cúig scannán i nDroichead an Chláir le linn Sheachtain na hOidhreachta 2022. Tá siad ar fáil ar shuíomh Gréasáin Dhroichead an Chláir mar chuid de Líonra Cartlann Pobail na hÉireann. Léiríodh i dtrí scannán tionscadail tógála bád agus na scileanna a bhaineann le báid a thógáil. Cé go bhfuil baol ann go gcaillfear na scileanna sin, tá siad caomhnaithe anois i riocht scannáin do na glúine atá le teacht. Cuireadh i láthair i ngearrscannán eile leabhar síniúcháin annamh a aimsíodh le déanaí agus a bhfuil tábhacht náisiúnta leis. Cuimsíonn sé sínithe do roinnt mhaith de na daoine a bhí i láthair in Inis d'fhothoghchán na bliana 1917.
- Chríochnaigh 'Tóraíocht Taisce Deilfeanna', ar reáchtáil Grúpa Míolta Móra agus Deilfeanna na hÉireann agus Tionscadal Deilfeanna Shionainne i gCill Rois í, sa dara háit sa chatagóir náisiúnta de Dhámhachtain an Linbh Fhiáin, ar urraigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige í.

Is féidir leat cuairt a thabhairt ar https://www.heritageweek.ie/eventlistings?q=&where%5B%5D=clare#listings/ chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na himeachtaí iontacha agus na tionscadail dhigiteacha iontacha uile ó Chontae an Chláir a reáchtáladh do Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta 2022.

Tionscadal Toibreacha Beannaithe an Chláir

Sheol Comhairle Contae an Chláir leathanach Gréasáin Thionscadal Toibreacha Beannaithe an Chláir chun na mionsonraí agus an fhaisnéis suirbhé faoin 237 dtobar bheannaithe atá le fáil sa chontae a thaispeáint i mí Eanáir 2022. Leis an suirbhé sin ar chuid dár n-oidhreacht atá ríthábhachtach do chuid mhór daoine de mhuintir an Chláir, soláthraítear faisnéis faoi na Toibreacha Beannaithe uile atá suite ar an gClár. Cuimsíonn sé léarscáileanna, grianghraif agus faisnéis mhionsonraithe lena gcuirtear beocht sna toibreacha. Féach https://heritage.clareheritage.org/category/places/holy-wells ar shuíomh Gréasáin Oidhreacht an Chláir.

Lámhleabhar Dea-Chleachtais Bithéagsúlachta an Chláir

Seoladh Lámhleabhar Dea-Chleachtais Bithéagsúlachta an Chláir go hinmheánach i gComhairle Contae an Chláir tar éis é a chur i láthair ag cruinniú de chuid an Choiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Shóisialta agus an Choiste Beartais Straitéisigh um Fhorbairt Eacnamaíoch i mí an Mhárta. Tugtar sna treoirlínte comhairle agus treoir phraiticiúil do bhaill foirne maidir le conas bearta dea-chleachtais a chur chun feidhme agus conas ár gcleachtais oibre a oiriúnú ar mhaithe leis an mbithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú. Ar an tslí sin, faigheann baill foirne forbhreathnú ar an tábhacht a bhaineann leis an mbithéagsúlacht, ar an gcomhthéacs reachtach agus beartais, agus ar an tionchar a imríonn obair na Comhairle ar an mbithéagsúlacht. Déanfar an lámhleabhar a oiriúnú agus a nuashonrú le himeacht ama.

Plean Gníomhaíochta Speicis don Chrú-Ialtóg Bheag

D'fhoilsigh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Speicis don Chrú-Ialtóg Bheag. Tá an Plean ar fáil ar shuíomh Gréasáin SPNF anseo: https://www.npws.ie/publications/species-action-plans. Tá Comhairle Contae an Chláir páirteach sa Ghrúpa Stiúrtha tosaigh, rud a chuimsíonn na geallsealbhóirí go léir agus na sé údarás áitiúla ábhartha san iarthar. Leantar le faraí de chuid na Crú-Ialtóige Bige a aimsiú feadh Inbhear na Sionainne ag roinnt láithreacha éagsúla i dtreo Chill Rois, rud a thugann le fios go mbíonn a gcríoch aitheanta ag leathnú. Is léiriú dearfach é sin do phobal an speicis ialtóige sin ar an gClár.

Físeán agus Foilseachán 'Fiadhúlra i bhFoirgnimh'

I gcomhar le Comhairle Contae Thiobraid Árann agus le Comhairle Contae Laoise, d'óstáil Comhairle Contae an Chláir seimineár Gréasáin ar Fhiadhúlra i bhFoirgnimh le linn Sheachtain na Bithéagsúlachta chun an físeán 'Fiadhúlra i bhFoirgnimh' ó Chairde Éanlaith Éireann a chur chun cinn. Bhí sé sin sa bhreis ar an bhfoilseachán den ainm céanna a sheol Údaráis Áitiúla Chiarraí agus Dhún na nGall. Tá an físeán ar fáil anseo: https://www.youtube.com/watch?v=5lQt3C8uI5E&t=1s

Cistiú Oidhreachta Pobail 2022

Tugadh deontais oidhreachta do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair sa bhliain 2022, lenar áiríodh deontais ón bhFondúireacht Pobail le haghaidh pleananna bithéagsúlachta, ó Chiste na Séadchomharthaí Pobail agus ón gCiste Forbartha Uisce Pobail.

- Deontais Oidhreachta Pobail ón gComhairle Oidhreachta sa bhliain 2022 - Fuair dhá phobal déag ar an gClár cistiú dar luach iomlán €120,621 chun oidhreacht thógtha, chultúrtha agus nádúrtha a chaomhnú agus a athchóiriú ar fud an chontae, lenar áiríodh rochtain ar láithreáin oidhreachta, agus cuimsiú ag láithreáin oidhreachta, ina gcuirtear dea-chleachtas oidhreachta i bhfeidhm i leith áiteanna, bailiúcháin nó rudaí (foirgnimh san áireamh) a bhainistiú.
- Ciste Comhshaoil agus Dúlra na Fondúireachta Pobail d'Éirinn - Fuair dhá ghrúpa pobail déag ar an gClár tacaíocht chun éiceolaí a fhostú agus chun Pleananna Bithéagsúlachta a fhorbairt faoi Chiste Comhshaoil agus Dúlra na Fondúireachta Pobail d'Éirinn sa bhliain 2022.
- An Scéim Deontais Oidhreachta Pobail 2022 - Fuair 15 phobal ar a laghad ar an gClár tacaíocht chun iarratas a dhéanamh ar an scéim deontais seo sa bhliain 2022.

Portach na Seanchille

Thug an tOifigeach Oidhreachta láithreoireacht ar chlár bithéagsúlachta na Comhairle agus ar Thionscadal Bogaigh an Chláir 2022 ag Seoladh Oifigiúil Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Eorpach Thionscadal Athchóirithe agus Feabhsúcháin Gnáthóige Phortach na Seanchille, rud a sheol an tAire Pippa Hackett, an tAire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Tá thart ar 30 heicteár i bPortach na Seanchille, atá suite in aice le Cill Rois. Bainistíodh é le haghaidh oibríochtaí bainte móna intíre suas go dtí na 1980í. Tháinig an portach chun solais mar thoradh ar léarscáiliú gnáthóige a rinne Comhairle Contae an Chláir sa bhliain 2008. Baineadh cuid mhór den bhunmhais mhóna agus tá cuid shuntasach ar an taobh theas den phortach á bainistiú le haghaidh oibríochtaí foraoiseachta tráchtála anois. Tá Tionscadal Athchóirithe agus Feabhsúcháin Gnáthóige Phortach na Seanchille ina thionscadal Comhpháirtíochta Nuálaíochta Eorpaí atá á riar go háitiúil ag Grúpa Athchóirithe Phortach na Seanchille agus atá suite in aice le sráidbhaile an Phairtín, Contae an Chláir. Tá an tionscadal á chistiú faoi scéim Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta Eorpacha de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, ar scéim í a stiúrtar go háitiúil faoin gClár Forbartha Tuaithe. Is é atá i gceist le gnéithe áirithe den tionscadal ná 30 acra de phortach ardaithe agus réitithe a athchóiriú agus a athfhliuchadh, lochán fiadhúlra a chruthú, boscaí fara ialtóg agus boscaí neadaireachta éan a shuiteáil do speicis atá faoi chosaint agus atá i mbaol, 10 n-acra d'fhéarach a bhainistiú le haghaidh móinéar bláthanna fiáine chun nascadh leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí, conair dhúlra a chruthú, agus speicis ionracha sceidealaithe agus ardtionchair a dhíothú.

Tá sé mar aidhm leis an tionscadal an bhithéagsúlacht agus gníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn trí chomhoibriú leis an bpobal feirmeoireachta agus áitiúil, le grúpaí caomhantais dúlra agus le hinstitiúidí oideachais tríú leibhéal.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta nua na hÉireann um Bithéagsúlacht

Rinneadh aighneacht ar líne ar an dréacht tosaigh de cheathrú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann um Bithéagsúlacht atá á ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Leagfar amach sa phlean na tosaíochtaí agus na gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na bithéagsúlachta in Éirinn sa tréimhse 2023-2027.

Plean Gníomhaíochta Áitiúil um Bithéagsúlacht

Seoladh dhá Phlean Gníomhaíochta Áitiúla um Bithéagsúlacht ar an gClár i mí Mheán Fómhair. Ba í Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir a chistigh Plean Gníomhaíochta Áitiúil na Creatalaí um Bithéagsúlacht agus ba í an Fhondúireacht Pobail a chistigh Plean Gníomhaíochta Áitiúil Lios Dúin Bhearna um Bithéagsúlacht. Ainmníodh an Chreatalach mar iontrálaí nua is fearr sa Chatagóir Pailneoirí Uile-Éireann d'Údaráis Áitiúla sna Gradaim Bailte Slachtmhara sa bhliain 2022.

Plean Gníomhaíochta Oidhreachta Chuinche

D'oibrigh an tOifigeach Oidhreachta i gcomhar leis an bpobal chun plean gníomhaíochta a chruthú chun sainaithint a dhéanamh ar roinnt de na deiseanna atá ann chun feasacht a mhúscailt agus feabhas a chur ar léiriú agus rochtain ag Mainistir Chuinche agus an limistéar máguaird, ar mhaithe le faisnéis agus seirbhísí a sholáthar lena gcabhrófaí le muintir na háite agus cuairteoirí blaiseadh a fháil d'oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha an limistéir agus an oidhreacht sin a thuiscint agus ar mhaithe le borradh a chur faoin ngeilleagar áitiúil ag an am céanna. Tá an obair sin á cistiú ag LEADER agus choimisiúnaigh Grúpa Oidhreachta Chuinche í.

Bainistíocht Réadmhaoine

Bainistíocht Réadmhaoine agus Forbairt

Chuir an tAonad Bainistíochta Réadmhaoine roinnt tionscadal athchóirithe agus éadáil réadmhaoine caipitil ar aghaidh le linn na bliana:

- Ionad Bainistíochta Taifead Champas Bhóthar Chuinche a fheistiú i gcomhar le Seirbhísí Corparáideacha
- Stáisiún Gardaí Eidhní a fháil ó Oifig na nOibreacha Poiblí lena ligean ar léas leis an gCumann Tithíochta áitiúil
- Obair i gcomhar le Bord Cruicéid an Chláir chun láthair le haghaidh páirc baile a aimsiú dó i Sionainn
- Comhaontú le foirgneamh i bPáirc Gnó Bhaile Uí Mháille, Inis, a dhíol le Vitalograph (Ireland) Ltd chun go bhféadfadh sé leathnú agus an líon fostaithe atá aige a mhéadú
- Réadmhaoine tréigthe a fháil ag Sráid Phroinséis, Inis, lena bhforbairt amach anseo i gcomhpháirt le Ennis 2040 DAC
- Deisiúcháin ar shaoráidí ag Halla Thulaigh Uí Bhearga i Sionainn agus ar fhoirgneamh an Acomhail ar an gCloch Liath, agus an dá cheann díobh ligthe ar léas le comhlachtaí neamhthráchtála.

Stáisiún Gardaí Eidhní.

Idirbhearta Réadmhaoine

Léirítear sa tábla thíos an líon idirbheart réadmhaoine a rinne an tAonad Bainistíochta Réadmhaoine sa bhliain 2022 agus faisnéis chomparáideach don bhliain 2021. Tháinig méadú arís eile i mbliana ar an líon fiosruithe a seoladh chuig an Aonad Bainistíochta Réadmhaoine ar shaincheisteanna a bhaineann le teideal, teorainneacha, seanfhóiliónna léasachta, etc., rud

ar léiriú é ar na hardleibhéil ghníomhaíochta atá ar bun sa mhargadh réadmhaoine sa chontae i gcoitinne. Ligeann an Chomhairle réadmhaoin ar léas le cuid mhór grúpaí pobail agus ceadúnaíonn sí réadmhaoin chucu. Tá roinnt léasanna tráchtála aici freisin, a bhainistítear mar phríomhthaca do stiúrthóireachtaí eile. Tá léasanna fadtéarmacha agus díolacháin faoi réir ceadú a fháil ón gComhairle thofa.

Idirbheart	Bliain iomlán 2022	Bliain iomlán 2021
Réadmhaoin/Foirgneamh a Ligean ar Leas nó ar Fholéas	4	4
Ceadúnas chun réadmhaoin/foirgneamh a úsáid	13	11
Comhaontú Innilte do Thailte	22	22
Gníomhas Aistrithe a shíniú	19	12
Conradh Díolacháin/Éadála a shíniú	2	3
Gníomhas Ceart Slí/Cead Slí a shíniú	6	3
Gníomhas Ceartúcháin/Athraithe a shíniú	10	7
Comhaontuithe Cuibhrinn a shíniú	39	39

Cuibhrinn Shionainne

Athnuadh na comhaontuithe do na 39 gcuibhreann i Sionainn. Trí chuibhrinn a bhainistiú ar shlí níos fearr agus trína chinntiú go leanann gach duine lena gcuibhreann a chothabháil, bhíothas in ann roinnt cuibhreann a leithdháileadh ar dhaoine a bhí ar an liosta feithimh.

Bainistíocht Saoráidí

Ceann amháin de na príomhthosaíochtaí a bhí ag ár bhFoireann Saoráidí sa bhliain 2022 ba ea feabhsú agus faireachán a dhéanamh ar bhearta a bhfuil mar aidhm leo a chinntiú go bhfuil na hionaid oibre agus na socruithe do bhaill foirne, do chomhaltaí tofa agus dár gcustaiméirí ag teacht le ceanglais phlean freagartha na Comhairle, leis an treoir náisiúnta maidir le paindéim Covid-19 agus le treoir ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir leis an bpaindéim.

Bainistíocht Fuinnimh d'Fhoirgnimh Phoiblí

Ar aon dul leis an bhfeachtas atá ar bun ag an Rialtas chun ár n-úsáid fuinnimh a laghdú, cuireadh raon beart i bhfeidhm inár bhfoirgnimh Chorparáideacha agus i bhfoirgnimh eile dár gcuid chun laghdú a dhéanamh ar an méid fuinnimh a úsáidtear do shoilsiú, do théamh agus do threalamh TF. Déanann an Coiste Bainistíochta Fuinnimh dlúthfhaireachán ar bhainistíocht fuinnimh agus fuarthas rannpháirtíocht an-dearfach ó bhaill foirne ina leith sin.

Corr-Thrádáil

Faoin Acht Corr-Thrádála, 1995, agus faoi na Fodhlíthe a rinneadh faoin Acht sin, tá an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Eacnamaíoch freagrach as Corr-Thrádáil a riar i gCo. an Chláir. Ní mór do gach corrthrádálaí a thrádálann ar spás poiblí Ceadúnas Corr-Thrádála bailí a bheith acu. Le linn na bliana 2022, tháinig méadú ar leibhéil ghníomhaíochta agus trádála mar thoradh ar an bhfilleadh ar ghnáthghníomhaíochtaí tar éis na paindéime, ar lena linn a cuireadh formhór na ngnáthfhéilte agus na ngnáthimeachtaí ar ceal.

Láithreáin Thréigthe

Osclaíodh 69 gcomhad nua ar láithreáin thréigthe sa bhliain 2022, rud ar fianaise é ar an iarracht shuntasach a dhéanann an Fhoireann Láithreán Tréigthe dul i ngleic le réadmhaoine tréigthe ar fud an chontae. Ba é sin an leibhéal gníomhaíochta is airde in aon bhliain ar leith ó tugadh an tAcht isteach den chéad uair sa bhliain 1990/1991. Bhí 210 gcomhad ghníomhacha againn ag deireadh na bliana 2022. Tá sé sin cothrom le dhá oiread an leibhéil gníomhaíochta a bhí ar siúl i leith láithreáin nua sa bhliain 2021. Tá ríthábhacht ag baint le caidreamh tosaigh le húinéirí nó lena n-ionadaithe chun saincheisteanna an tréigin a réiteach agus chun tuiscint a ghnóthú ar na cúiseanna éagsúla a bhfuil réadmhaoine tréigthe. Cuireadh roinnt réadmhaoine ar an margadh agus táthar ar tí cinn eile a dhíol tar éis teacht ar chomhaontú. Leanaimid le caidreamh a dhéanamh le húinéirí nua na réadmhaoine lena mbaineann chun a chinntiú go bhfuil siad eolach ar na freagrachtaí atá orthu faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990.

Chonaiceamar an toradh a bhí ar dhíolacháin chomhaontaithe sna blianta 2021 agus 2022 freisin, ar lena linn a tháinig méadú ar an líon iarratas pleanála ar athchóiriú agus a tosaíodh oibreacha ar

réadmhaoine aonair. Ní hé sin le rá nach bhfuil a lán dúshlán ag baint le déileáil le láithreáin thréigthe, agus tagaimid ar chuid mhór saincheisteanna is gá a réiteach. Mar sin féin, trí roinnt ama agus iarrachta a chur isteach agus trí obair i gcomhar le húinéirí, le hinstitiúidí airgeadais agus le rannóga eile, is cinnte go bhfuil roghanna ann le haghaidh cuid mhór láithreán tréigthe den sórt sin a athfhorbairt agus a athbheochan ar shlí dhearfach.

Tugtar sa tábla thíos léargas ar an ngníomhaíocht sa bhliain 2022 agus figiúirí comparáideacha don bhliain 2021. Tháinig méadú an-suntasach ar ghníomhaíocht ar fud an chontae ar fad.

Láithreáin Thréigthe	Bliain iomlán 2022	Bliain iomlán 2021
An líon comhad nua a osclaíodh	69	35
An líon fógraí a eisíodh faoi alt 8(2) - Intinn chun dul isteach ar láithreán atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe	33	20
An líon fógraí a eisíodh faoi alt 8(7) - Dul isteach ar láithreán atá ar Chlár na Láithreán Tréigthe	22	4
An líon fógraí a eisíodh faoi alt 11 - Bearta is gá chun an láithreán a dhéanamh neamhthréigthe	0	2
An líon comhad a dúnadh/an líon réadmhaoine a baineadh de Chlár na Láithreán Tréigthe	21	0
An líon fógraí um Ordú Ceannaigh Éigeantaigh a seirbheáladh (féach an nóta thíos)	6	0
An líon Orduithe Dílseacháin a síníodh	4	0

Fáil éigeantach láithreán tréigthe

Sa bhliain 2022, dílsíodh do Chomhairle Contae an Chláir trí cinn de na ceithre láithreán thréigthe a fuarthas trí ordú ceannaigh éigeantaigh. Tá an ceann eile amuigh san Údarás Clárúcháin Maoine. Tionscnaíodh an próiseas um ordú ceannaigh éigeantaigh i leith dhá réadmhaoin eile. Cuireadh an próiseas sin ar sos tar éis caidreamh a dhéanamh leis na húinéirí. Táimid ag obair leis an Rannóg Tithíochta chun cóiríocht chónaithe a dhéanamh an athuair den chéad trí réadmhaoin tar éis iad a athchóiriú agus a athfhorbairt. Is iad sin na chéad orduithe ceannaigh éigeantaigh a thionscain an Chomhairle i leith láithreáin thréigthe ón mbliain 2014.

Scéim Deontais le haghaidh Réadmhaoine Folmha agus Tréigthe

Beart an-dearfach ba ea an cúnamh deontais a d'fhógair an Rialtas i Samhradh na bliana 2022 le haghaidh réadmhaoine folmha agus/nó tréigthe i mbailte agus sráidbhailte a athchóiriú lena n-áitiú mar phríomháit chónaithe phríobháideach. Is féidir mionsonraí faoin scéim do bhailte agus sráidbhailte a fháil ar an suíomh Gréasáin, áit ar féidir teacht ar an bhfaisnéis ar fad faoin scéim, ar cheisteanna coitianta agus ar fhoirm iarratais don scéim Deontais:
https://www.gov.ie/en/publication/c2183-croi-conaithe-towns-fund/

Dírímid ard na n-úinéirí réadmhaoine a bhfuilimid i dteagmháil leo ar an scéim deontais sin i gcónaí. Leathnaíodh an scéim deontais chuig réadmhaoine atá suite i limistéir thuaithe agus d'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh ina lán codanna tuaithe de Chontae an Chláir. Fuarthas 33 iarratas san iomlán le linn na bliana 2022.



An Fhoireann Tithe Folmha agus an Fhoireann Láithreán Tréigthe a Chónascadh

Chun a chinntiú go ndéantar caidreamh níos éifeachtúla le húinéirí, cuireadh cónascadh na Foirne Láithreán Tréigthe agus an Oifigigh Tithe Folmha i gcrích i mí Eanáir 2023. Tá an cónascadh ina chéim eile i dtreo díriú lárnach a leagan ar an réimse seo agus cumasóidh sé dúinn treisiú leis an Aonad, a bunaíodh den chéad uair ag deireadh na bliana 2019. Déanfar socruithe le haghaidh seisiúin faisnéise a reáchtáil do na Comhaltaí tofa i Ráithe 1 de 2023 agus le haghaidh straitéis cumarsáide a chur i bhfeidhm don phobal agus d'úinéirí réadmhaoine. Tá sé beartaithe seónna bóthair a reáchtáil ar fud an chontae freisin.

Oifig Fiontair Áitiúil

Agus muid ag teacht amach as na srianta a tugadh isteach mar thoradh ar phaindéim Covid-19, ba bhliain thar a bheith rathúil eile d'Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir í an bhliain 2022. D'ainneoin na ndúshlán eacnamaíoch leanúnach amhail an Breatimeacht, saincheisteanna maidir le slabhra an tsoláthair, costais mhéadaitheacha fuinnimh agus an phaindéim, ba spreagadh mór a bhí sa líon tionscadal a rinne iarratas ar thacaíocht agus, rud ba thábhachtaí fós, a bhí i gcáilíocht na dtionscadal sin.

Bhí cláir oiliúna ina bpríomhghníomhaíocht fós, agus díriú méadaithe á leagan ar scileanna úinéirí gnólachtaí beaga a fheabhsú agus ar chur leis an gcumas atá acu chun rath a bhaint amach i dtimpeallacht eacnamaíoch atá an-dúshlánach. Sa bhliain 2022, reáchtáil Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir 79 gclár oiliúna ar ghlac breis agus 1,504 dhuine páirt iontu. Cumhdaíodh sna cláir topaicí amhail Do Ghnó Féin a Chur ar Bun, Margaíocht, Forbairt Bainistíochta, Bainistíocht Airgeadais agus Margaíocht Dhigiteach. Reáchtáil Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir 14 cinn de chláir 'Do Ghnó Féin a Chur ar Bun' freisin chun gnólachtaí nuathionscanta a spreagadh agus chun cabhair a thabhairt dóibh. Ghlac 137 nduine páirt sna cúrsaí sin. Bhí meantóireacht ar cheann amháin de na príomhthosaíochtaí go fóill, agus 183 cinn de shannacháin mheantóireachta "duine le duine" á gcur ar siúl. I gcomhthéacs an tsuaite eacnamaíoch, lean an líon deontas Cúnaimh Theicniúil do Mhicrea-Onnmhaireoirí, an líon deontas prímeála agus an líon deontas leathnaithe gnó a ceadaíodh ag méadú, agus ceadú cistiúcháin ab fhiú pas beag níos mó ná €704,040 faighte ag 31 fhiontar.

Cláir Forbartha Bainistíochta

Cuireadh cúig cinn nua de chláir forbartha bainistíochta i bhfeidhm do chliaint an Chláir sa bhliain 2022. Áiríodh leis na cláir sin Díolachán, Fócasghrúpa do Mhná sa Ghnó, Bainistíocht, Ceannaireacht, agus Forbairt Onnmhairiúcháin. Forbraíodh na cláir chun go mbeadh siad ar siúl thar roinnt míonna, rud a mhéadaigh an t-am a bheadh ag gnólachtaí chun dul i dteagmháil le saineolaí ar mhaithe le straitéis shonrach a fhorbairt chun a ngnólacht féin a fhás agus a fhorbairt.

Ghlac 35 ghnólacht páirt ar fud na catalóige cúrsaí, agus aiseolas dearfach á fháil ó gach ceann díobh. Toradh eile a bhí ar rannpháirtíocht sna cláir ba ea gur tháinig méadú ar rannpháirtíocht i nithe eile atá ar fáil ón Oifig Fiontair Áitiúil, lenar áiríodh deontais, cláir tháirgiúlachta, freastal ar cheardlanna agus cúrsaí oiliúna ginearálta.

An tSeachtain Fiontair Áitiúil

Ba é téama na Seachtaine Fiontair Áitiúil 2022 (a bhí ar siúl ón 7 go dtí an 11 Márta) ná 'torthaí inbhraite a bhaint amach', agus béim á cur ar chabhrú le gnólachtaí teacht amach as tionchar diúltach phaindéim Covid-19. Ghlac breis agus 470 duine d'fhiontraithe agus d'úinéirí gnó ar an gClár páirt in 22 cheann d'imeachtaí áitiúla agus ar líne le linn na seachtaine, rud a léirigh ardleibhéal rannpháirtíochta agus ardleibhéal éilimh ar na tacaí a sholáthraíonn an Oifig Fiontair Áitiúil.

Gradaim Fiontair Mac Léinn

Tar éis imeachtaí fíorúla a reáchtáil sa dá bhliain roimhe, bhí lúcháir ar an Oifig Fiontair Áitiúil na Gradaim Fiontair Mac Léinn a óstáil i bpearsa an athuair. Tháinig 166 mhac léinn ó 10 scoil ar fud an chontae le chéile dár ngradaim chontae. Ba iad buaiteoirí chatagóir Shóisearach Chontae an Chláir don bhliain 2022 ná BEA Scrubs ó Scoil Mhuire, Inis Díomáin. Bhuaigh Gorgeous Gifts catagóir Idirmheánach Chontae an Chláir don bhliain 2022 agus bhuaigh Teen Stem Magazine, Scoil Mhuire, Inis Díomáin, catagóir Shinsearach Chontae an Chláir don bhliain 2022.

Chuaigh na trí bhuaiteoir ar aghaidh chun ionadaíocht a dhéanamh don Chlár ag an mbabhta ceannais náisiúnta in Ionad Helix, áit ar chríochnaigh BEA Scrubs ó Scoil Mhuire, Inis Díomáin, sa dara háit sa chatagóir Shóisearach agus a bhfuair siad a ngradam ón Tánaiste Leo Varadkar (arb é an Taoiseach é anois).

Craobh Oscailte Éireann na mBan, ar urraigh KPMG í

Bhí lúcháir ar Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir a bheith ina cuid de phuball Chomhairle Contae an Chláir ag Craobh Oscailte Éireann na mBan, ar urraigh KPMG í. Lena linn, ghlac cúig ghnólacht áitiúla ar cliaint de chuid Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir iad páirt in imeacht chun táirgí áitiúla a thaispeáint do chuairteoirí ar an gcraobh gailf agus chun na táirgí sin a dhíol leo. Thug an chraobh deis iontach chun an méid ar fad atá le tairiscint ag an gClár mar cheann scríbe saoire a thaispeáint freisin. Ba mhó i bhfad díolacháin na bhfiontar rannpháirteach ná an méid a rabhthas ag súil leis, agus deis á fáil ag na gnólachtaí sin freisin a gcuid táirgí a chur chun cinn do spriocphobal leathan ar scála náisiúnta agus domhanda.

An Bealach a Réiteach le haghaidh Téarnamh ó Phaindéim Covid-19

Mar gheall ar na dúshláin leanúnacha a chruthaigh paindéim Covid-19 agus ar an tionchar a bhí ann ar shlabhraí soláthair, chabhraigh Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir le ciste spreagtha cliant a sholáthar do 75 fhiontar a fuair tacaíocht ón Oifig san am atá thart. Ba é a bhí i gceist leis an gclár sin ná na dúshláin shonracha a bhí ann laistigh de gach gnólacht a shainaithint agus gairmí cáilithe oiriúnach a cheapadh chun cabhrú leis an ngnólacht na dúshláin sin a shárú.

Tar éis d'Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir infheistíocht shuntasach a dhéanamh i gcabhair a thabhairt do ghnólachtaí bogadh 'ar líne' sna blianta 2020 agus 2021, tosaíodh ag díriú ar na scileanna riachtanacha a sholáthar do na gnólachtaí sin chun go bhféadfadh siad an chuid is fearr a bhaint as na deiseanna nua margaidh a ghabhann lena láithreacht nua ar líne. Ba é a bhí i gceist leis sin uasoiliúint a sholáthar i margaíocht dhigiteach, cur chun cinn a dhéanamh trí #clickforclare, agus iniúchadh a dhéanamh ar roinnt gnólachtaí chun tomhas a dhéanamh ar a éifeachtaí atá siad maidir leis na huirlisí nua atá ar fáil dóibh a úsáid.

'Tús Digiteach' a Sheoladh

Chuir Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir fáilte roimh ghnólachtaí áitiúla chuig seoladh oifigiúil 'Tús Digiteach don Chlár' ag Campas Soghluaisteachta na Todhchaí i Sionainn.

Chuala na daoine a bhí i láthair ó shaineolaithe digiteacha ó Google, ó DocuSign, ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath, agus ó Unify Success.

Reáchtáladh painéal le beirt chliant réamhbhreathnaitheacha 'Tús Digiteach' de chuid Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir ag an imeacht freisin: Kasha Connolly ó Hazel Mountain Chocolate agus Tony Hoynes ó Palm Free Soap. Thug Caroline Dunlea, banfhiontraí áitiúil ó Core Optimisation, láithreoireacht lena linn freisin.

Tá 'Tús Digiteach' ina acmhainn sainchomhairleoireachta atá á cistiú ag an Oifig Fiontair Áitiúil. Tá sé ar fáil don tionscal monaraíochta agus do thionscail seirbhíse a bhfuil díriú idirnáisiúnta acu.

Imeacht Onnmhairiúcháin 'From Local to Global'

I mí an Mheithimh, reáchtáil Oifigí Fiontair Áitiúil an Mheán-Iarthair ceardlann onnmhairiúcháin do 85 ghnólacht ag an Inn ag Dromoland. Agus é á óstáil ag Áine Kerr, iriseoir iomráiteach de chuid RTÉ agus fiontraí teicneolaíochta agus digiteach, áiríodh leis an imeacht painéal de chliaint rathúla de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúil agus Fhiontraíocht Éireann ón gClár, ó Thiobraid Árann agus ó Luimneach, a chomhroinn a gcuid taithí ar fhás agus ar onnmhairiú, agus painéal de shaineolaithe ó Oifig Eachtrach Fhiontraíocht Éireann agus de mheantóirí Oifig Fiontair Áitiúil. Le linn an imeachta, bhí deis ag gnólachtaí freisin líonrú le heagraíochtaí tacaíochta onnmhairiúcháin amhail Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann, Idir-Thrádáil Éireann agus Rannóg Shofhreagrach/Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann chun a fháil amach conas is féidir leis na heagraíochtaí sin cabhrú leo leathnú ar bhonn domhanda.

Na Gradaim Náisiúnta Fiontair

Rinne Torpey Wood Products Ltd, a fhaigheann tacaíocht ó Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir, ionadaíocht don Chlár ag babhta ceannais náisiúnta na nGradam Náisiúnta Fiontair i mbliana. Tá na gradaim, a reáchtáladh i dTeach an Ard-Mhéara i mBaile Átha Cliath, ar siúl le 23 bliana anuas agus eagraíonn na hOifigí Fiontair Áitiúil iad gach bliain. D'éirigh le Torpey Gradam Réigiúnach an Iardheiscirt a thabhairt abhaile.

Tugtar ar an oíche freisin Gradam Sár-Éachta do dhuine aonair nó do chuideachta a bhfuil sárobair déanta aige nó aici le blianta beaga anuas. Ba do ABC Nutritionals ón gClár a tugadh an Gradam sin i mbliana. Bunaíodh ABC Nutritionals sa bhliain 2007 agus is monaróir lipéid phríobháidigh le haghaidh táirgí spóirt, táirgí bainistíochta meáchain agus táirgí cothaithe stíl mhaireachtála é. Tá sé lonnaithe i Sionainn. Rinne sé a fhórsa saothair agus a láimhdeachas a dhúbailt ón mbliain 2018 i leith, agus 68 bhfostaí aige anois. Tá súil aige 100 fostaí a bhaint amach faoin mbliain 2025 agus tá saoráid nua á forbairt aige faoi láthair.

Figiúirí Poist

D'fhógair Simon Coveney TD, an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, torthaí bliantúla na nOifigí Fiontair Áitiúil don bhliain 2022 an 17 Eanáir. Léiríodh sna torthaí sin gur chruthaigh cuideachtaí a fuair tacaíocht ó Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir 261 phost sa bhliain 2022, rud atá cothrom le glanmhéadú 105 phost. Tugann an Oifig Fiontair

#LOCAL2GLOBAL

National Enterprise Awards
National Enterprise Awards

Áitiúil tacaíocht dhíreach do 220 micreaghnólacht ar an gClár, ar gnólachtaí iad a fhostaíonn 1,353 dhuine.
D'aistrigh an Oifig Fiontair Áitiúil sé ghnólacht chuig Fiontraíocht Éireann freisin, mar gheall ar an acmhainneacht fáis atá acu dul isteach i margaí onnmhairiúcháin.

Gradaim Ghnó an Chláir

Bhí babhta ceannais Ghradaim Shármhaitheasa Gnó an Chláir ar siúl ag Glór an 24 Samhain 2022. D'óstáil Comhlachas Tráchtála Inse na Gradaim agus d'urraigh Comhairle Contae an Chláir iad. Bhí CSGL Electrical Wholesalers, a bunaíodh sa bhliain 2011 agus atá lonnaithe in Inis, ar an mbuaiteoir is mó ar an oíche, agus trí ghradam á mbuachan aige. Bhuaigh CSGL na gradaim don Mhicreaghnólacht is Fearr agus don Phobal Tacaíochta Gnó is Fearr. Bhuaigh sé an gradam foriomlán ansin don Ghnólacht is Fearr ar an gClár i mBliana.

Ba é sin an 12ú bliain ina raibh Gradaim Shármhaitheasa Gnó an Chláir ar siúl. Dúirt na moltóirí neamhspleácha go raibh an caighdeán díreach mar a bhí roimh an bpaindéim, áit a bhfuarthas aighneachtaí den scoth agus a bhfacthas iomaíocht dhian ar fud na gcatagóirí uile.
Is í Comhairle Contae an Chláir an príomhurraitheoir ar na Gradaim agus an príomhthacadóir dóibh. Rinne an Comh. Ann Norton, Leas-Chathaoirleach, comhghairdeas leis na hiomaitheoirí sa bhabhta ceannais agus leis na buaiteoirí faoin athléimneacht a léirigh siad chun na dúshláin a tháinig chun cinn le déanaí a shárú, lenar áiríodh iad sin a tháinig as paindéim Covid-19, agus ghuigh sí gach rath orthu agus iad ag déileáil le dúshláin nua mar gheall ar an gcogadh san Úcráin.
I measc na mbuaiteoirí ar an oíche bhí EI Electronics, Óstán Temple Gate, Caherconnell Stone Fort, Oar Restaurant, Eva's Café, Seoidín, Torpey, Clare Drains Environmental, Óstán Shannon Springs, O'Connor's Bakery, Ionad Eispéireas Cuairteoirí Aillte an Mhothair, caifé Sweet'n'Green agus Cuimhneamh an Chláir.

Boirinn, Co. an Chláir.

Imeacht a reáchtáladh in Óstán Temple Gate, Inis, an 26 Deireadh Fómhair 2022 chun óstáil teaghlaigh a chur chun cinn agus a chothú. Chuir Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir an tionscnamh sin chun cinn i gcomhar le Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir, le hIonad Tacaíochta Inimirceach an Chláir, le Helping Irish Hosts agus le Comhairle Contae an Chláir.

AN STIÚRTHÓIREACHT UM FHORBAIRT SEIRBHÍSÍ DON PHOBAL ÚCRÁNACH

JASON MURPHY
Stiúrthóir Gníomhach um Fhorbairt Seirbhísí don Phobal Úcránach

Rinne Comhairle an Aontais Eorpaigh an 'Treoir um Chosaint Shealadach' (Treoir (CE) 2001/55) a ghníomhachtú an 4 Márta 2022 chun cosaint láithreach i dtíortha den Aontas a thabhairt do dhaoine a easáitíodh mar thoradh ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Glacadh an Treoir isteach i ndlí na hÉireann ina dhiaidh sin trí alt 60 den Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015.

I mí an Mhárta 2022, thug an contae cóiríocht do 860 Úcránach a bhí ag teitheadh ón gcogadh. Bhí 6,828 nduine den sórt sin sa tír ag an am. Chonraigh an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige roinnt óstán feadh an chósta thiar, agus i dtuaisceart an Chláir go háirithe, chun réitigh chóiríochta a sholáthar.

Ag obair di i gcomhar lenár Rannóga Dóiteáin, Tithíochta agus Pobail, shocraigh Cosaint Shibhialta an Chláir ionad scíthe éigeandála a ghníomhachtú in Inis mar chuid den fhreagairt le linn na míonna tosaigh den choinbhleacht. Rinne an Chosaint Shibhialta formhaoirseacht agus bainistíocht ar an tsaoráid sin, inar tugadh cóiríocht do 30 Úcránach. Fuair sí cúnamh le linn an lae ó bhaill foirne de chuid Chomhairle Contae an Chláir. Tá an iarracht sin mar fhianaise ar a dhíograisí atá na hoibrithe deonacha sa Chosaint Shibhialta agus ar an raon scileanna agus ceannaireachta atá le fáil sa tseirbhís.

Le linn na luathfhreagartha sin ar an gClár, thug Larysa Gerasko Uas., Ambasadóir na hÚcráine chuig Éirinn, cuairt ar an 'Siopa Úcránach' san ionad 'Mná ag Gáire' chun aitheantas a thabhairt do na hiarrachtaí áitiúla.

Sa phictiúr agus í ar cuairt ar an 'Siopa Úcránach' san ionad 'Mná ag Gáire' tá Larysa Gerasko Uas., Ambasadóir na hÚcráine chuig Éirinn. Tá sí in éineacht leis an gComh. Clare Colleran Molloy, Méara Cheantar Bardasach Inse.

I mí Iúil 2022, bhunaigh an Príomhfheidhmeannach stiúrthóireacht nua i gComhairle Contae an Chláir chun díriú ar an bhfreagairt a bhí ag teastáil chun dul i ngleic leis an ngéarchéim a bhí ag dul in olcas. Tháinig méadú ar fheidhmeanna na stiúrthóireachta thar na míonna go dtí mí na Nollag, ar aon dul le héilimh agus castacht an dúshláin idirnáisiúnta a bhí á chur os comhair an phobail i gContae an Chláir.



Faoi mhí na Nollag 2022, deonaíodh 68,200 ordú cosanta sealadaí ar an leibhéal náisiúnta agus bhí 159 nduine ar an meán ag teacht go hÉirinn gach lá. Bhí thart ar 4,008 nduine easáitithe ón Úcráin ina gcónaí i gContae an Chláir faoi dheireadh na bliana, agus 3,806 dhuine díobh ina gcónaí i 29 réadmhaoin iláitíochta ar fud 14 lonnaíocht sa chontae.

Mar fhreagra ar iarraidh ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar chúnamh éigeandála le linn staid drochaimsire i mí na Nollag, shainaithin Comhairle Contae an Chláir na riachtanais chóiríochta a bhí ag 28 n-iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta, agus d'fhreastail sí ar na riachtanais sin, le cúnamh ó úinéir áitiúil réadmhaoine, ó Chosaint Shibhialta an Chláir agus ó Chlann Shíomóin an Mheán-Iarthair. Tugann Contae an Chláir cóiríocht do thart ar 400 iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta.

An Fóram Freagartha Pobail

Bunaíodh Fóraim Freagartha Pobail i gcontaetha ar fud na tíre mar fhochoistí de chuid an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil mar fhreagairt do phaindéim Covid-19.

Athghníomhachtaíodh iad chun freastal ar na riachtanais a tháinig chun cinn mar gheall ar an gcogadh san Úcráin.

Tá leagan amach 'uile-chontae' agus 'áitiúil' araon ar an bhFóram Freagartha Pobail i gContae an Chláir, áit a mbuaileann na baill uile-chontae le chéile ar líne gach dhá sheachtain chun coinneáil ar an eolas faoin staid. Ag na cruinnithe áitiúla in Inis, i Lios Dúin Bhearna, i gCill Chaoi agus i Sionainn, tógtar an t-am chun saincheisteanna áitiúla agus freagairtí áitiúla a bhreithniú.

Déantar ionadaíocht do chuid mhór gníomhaireachtaí ar an dá fhóram agus is comhsheasmhach atá an fhaisnéis a sholáthraítear ar fud na ngrúpaí go léir. Bíonn caidreamh láidir ann idir na hionadaithe go léir. Gnóthaíodh tuiscint níos fearr ar na róil aonair sa ghéarchéim de réir mar a chuaigh an bhliain thart – le linn cruinnithe, moladh go tráthrialta do na baill 'fanacht in bhur lána féin' de réir mar a d'fhoghlaim gníomhaireachtaí, grúpaí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha conas iad féin a ailíniú don dúshlán ar leith seo ar mhaithe leis na torthaí is fearr a bhaint amach.

Chuir na héilimh mhéadaithe brú soiléir ar sheirbhísí oideachais, cúram leanaí, sláinte agus iompair, i measc nithe eile. Bhí grúpaí pobail ag freagairt go mear do chóiríocht éigeandála nua-oscailte ar bhonn seachtainiúil, de réir mar a chuir seirbhísí túslíne iad féin in oiriúint chun freastal ar an éileamh nua.

Mar aon le stiúrthóireacht nua a bhunú do ghnóthaí Úcránacha laistigh de Chomhairle Contae an Chláir, cuireadh struchtúir for-rochtana d'idirghabhálacha/comhtháthú pobail agus fostaíochta agus seirbhísí aistriúcháin pobail i bhfeidhm tríd an ngníomhaireacht forbartha áitiúla (Cuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir). Bunaíodh seirbhísí bus breise i dtuaisceart an Chláir freisin trí Nasc Áitiúil, agus seirbhísí eile á mionathrú chun freastal ar riachtanais áitiúla.

Idir an dá linn, choigeartaigh ionaid phobail amhail Fáilte Lios Dúin Bhearna agus an tIonad 'Mná ag Gáire' (Inis) a gcuid gníomhaíochtaí chun freastal ar riachtanais an phobail Úcránaigh, agus tacaíocht ghníomhach á fáil acu ón gComhairle. Chuir Bord Oideachais agus Oiliúna Luimnigh agus an Chláir lena sholáthar ranganna Béarla agus thosaigh gach scoil náisiúnta agus meánscoil ar fud an chontae ar mhic léinn nua a ligean isteach. Lean príomhsheirbhísí poiblí amhail Tusla, an Garda Síochána agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte le forbairt a dhéanamh ar a gcuid tuisceana agus freagairtí ar an tírdhreach athraitheach, agus a bhfreagairtí seirbhíse á n-éagsúlú acu de réir mar ba ghá.

Óstáil

I dtús na bliana 2022, d'eisigh Cros Dhearg na hÉireann glao chuig an bpobal i gcoitinne chun iarraidh ar dhaoine a dtithe (comhroinnte nó folmha) a chomhroinnt le daoine a bhí ag teitheadh ón gcogadh. B'ollmhór a bhí scála na freagartha náisiúnta, agus chabhraigh Comhairle Contae an Chláir leis an obair sin i gcomhpháirt le Clann Shíomóin an Mheán-Iarthair.

Ar an leibhéal náisiúnta, tarraingíodh aird ar an bhfiúntas a bhaineann leis an óstáil. I gContae an Chláir, mar gheall ar na tairbhí lena mbaineann agus ar an ngá le tacaíocht a thabhairt d'óstaigh, d'eagraigh Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir imeacht a bhí dírithe orthu sin a bhí ag óstáil cheana féin agus orthu sin ar spéis leo cabhrú leis an bhfreagairt.

Reáchtáladh an t-imeacht óstála san Óstán Old Ground, Inis, i mí Dheireadh Fómhair agus, le tacaíocht ó Chomhairle Contae an Chláir, ó Chuideachta Forbartha Áitiúla an Chláir agus ó Helping Irish Hosts, chuaigh an fhoireann ó Ionad Oibrithe Deonacha an Chláir i bhfeidhm ar phobal leathan ar fud an chontae.

Tugadh léargais ar na tairbhí agus na dúshláin a bhaineann leis an óstáil. Fuarthas léargais phearsanta ó theaghlach a bhí ag óstáil bean óg ón Úcráin freisin. Agus é comhdhéanta d'ionadaithe ó Ionad Tacaíochta Inimirceach an Chláir, ó Chomhairle Contae an Chláir, ó Chros Dhearg na hÉireann, ó Helping Irish Hosts agus ó Dhoras Luimní, thug painéal freagra ar cheisteanna agus thug sé léargais bhreise don chéad duine nó mar sin a bhí i láthair.

Teach a Thairiscint

Seoladh an tionscnamh um Theach a Thairiscint de chuid an Rialtais i mí na Samhna agus cuireadh chun cinn trí na húdaráis áitiúla é. Sa tionscnamh seo, iarrtar ar úinéirí tithe neamháitithe a réadmhaoine a thairiscint ar feadh tréimhse nach lú ná sé mhí lena n-úsáid ag tairbhithe Úcránacha.

Ní gá don réadmhaoin na caighdeáin tithíochta atá leagtha amach faoi scéimeanna eile rialtais a chomhlíonadh, amhail scéimeanna léasaithe agus an Scéim Cóiríochta Cíosa. Ní gá don úinéir bheith cláraithe leis an mBord um Thionóntachtaí Cónaithe ach oiread. Tá liúntas €800 in aghaidh na míosa, atá saor ó cháin, ar fáil tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá an scéim seo dírithe ar réadmhaoine neamháitithe agus orthu sin amháin. Tástáladh neart an rialtais áitiúil freisin sa mhéid is gur forbraíodh na córais TFC go náisiúnta tríd an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, ár ngníomhaireacht comhordúcháin, a chuireann comhsheasmhacht i ndáil le feidhmiú agus faireachán chun cinn.



Gné lárnach den ghlao seo is ea eolas agus tuiscint áitiúil na gComhairlí Contae, atá in ann struchtúir áitiúla, pobail áitiúla agus tíreolaíocht áitiúil a thuiscint. Faoi thús mhí na Nollag, fuair Comhairle Contae an Chláir 30 tairiscint cóiríochta ó gach cuid den chontae. Rinneadh teagmháil leis na daoine sin go léir chun na tairiscintí uathu a dhearbhú.

Bunaíodh foireann laistigh den Chomhairle chun na daoine sin ón Úcráin atá ag lorg maireachtáil neamhspleách a mheaitseáil le tithe atá oiriúnach dá riachtanais: is gné ríthábhachtach é sin de chaidreamh buan a chinntiú idir an t-úinéir tí agus an teaghlach Úcránach agus dá chinntiú go gcabhraíonn na hiarrachtaí le pobail chomhtháite inbhuanaithe a fhorbairt tuilleadh.

Ceardlann an Fhóraim Freagartha Pobail - An Ciste Aitheantais Pobail

Aithnítear gurb é an príomhchuspóir atá ag gach pobal, baile agus sráidbhaile ná coinneáil beoga, athléimneach agus inbhuanaithe – aithníonn gach ball d'Fhóram Freagartha Pobail an Chláir an méid sin freisin. Dá réir sin, tugadh cuireadh do bhaill den Fhóram ó cheann ceann an chontae freastal ar cheardlann in Inis an 29 Samhain. Bhí freastal maith ann ar an seisiún, agus breis agus 40 duine ó gach cúinne i láthair.

Iarradh ar dtús ar na daoine a bhí i láthair a shainaithint cé na réimsí ina bhfuil ag éirí linn mar chontae agus cé na réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú. Díríodh ansin ar ár dtodhchaí chomhchoiteann. Iarradh orthu sin a bhí i láthair sainaithint a dhéanamh ar na bearnaí atá ann inár bpobail (bearnaí fisiciúla, sóisialta agus eacnamaíocha), ar na cineálacha comhoibrithe a d'fhéadfaí a chur i ngníomh thar an gcéad 12/24 mhí eile agus ar na gníomhartha a bhféadfadh na baill den Fhóram nó an Chomhairle iad a éascú.

Fuarthas freagra suntasach ina leith sin agus sainaithníodh raon deiseanna éagsúla a d'fhéadfadh a éirí ina 'bhfís' chomhroinnte do na baill den ghrúpa. Soláthraíodh an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail agus cistiú ón gClár Éire Shláintiúil ar an leibhéal náisiúnta faoi mhí na Samhna 2022 chun tacú le tionscnaimh ar leibhéal an phobail, agus breithníodh ag an gceardlann na deiseanna a d'fhéadfadh teacht as 'Ciste Aitheantais Dlúthpháirtíochta Pobail', rud a tugadh isteach i mí Feabhra 2023.

CEANTAIR BHARDASACHA

Tá ceithre Cheantar Bhardasacha ag Comhairle Contae an Chláir: Ceantar Bardasach Inse; Ceantar Bardasach Chill Dalua; Ceantar Bardasach Shionainne; agus Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir.

Ceantar Bardasach Inse

Tugann an tAire cuairt ar an bhfearann poiblí uasghrádaithe

Le linn cuairt oifigiúil ar Inis, shiúil Eamon Ryan TD, an tAire Iompair agus an tAire Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, feadh Shráid Parnell ó acomhal Ché an Adhmaid chuig Cearnóg Uí Chonaill chun athbhreithniú a dhéanamh ar na hoibreacha críochnaithe ar an bhfearann poiblí, a cistíodh go páirteach ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach.

Seolann Cumann Meabhairshláinte Inse 'Suíochánra Cairdis agus Plaic'

Seoladh limistéar suíochánra cairdis agus plaic cuimhneacháin Chumann Meabhairshláinte Inse i gcarrchlós Shráid na Mainistreach an 7 Aibreán. Seoladh iad i gcomhthráth le comóradh 30 bliain bhunú na heagraíochta agus le tús an fheachtais náisiúnta meabhairshláinte "Hello, How Are You?". Bhí an seoladh faoi stiúir ag an gComh. Paul Murphy, Leas-Mhéara Cheantar Bardasach Inse, agus ag Maria Molloy, Cathaoirleach an Chumainn, agus bhí toscairí ó ghrúpaí aoisbhácha agus mhíchumas i láthair. Deonaíodh an limistéar suíochánra agus an phlaic don fhearann poiblí le comhaontú ón gCumann.

Rath Chomórtas na mBailte Slachtmhara a cheiliúradh le Micheál D. Ó hUigínn

Ceiliúradh an rath a bhí ar Inis i gComórtas Náisiúnta Bailte Slachtmhara SuperValu 2021 ag Coláiste Fhlannáin Naofa an 28 Bealtaine in éineacht le Micheál D. Ó hUigínn, Uachtarán na hÉireann agus aoi oinigh ar an lá. D'eagraigh Bailte Slachtmhara Inse an t-imeacht rathúil le tacaíocht ó Cheantar Bardasach Inse, ó oibrithe deonacha de chuid na Comhairle, ón gCosaint Shibhialta agus ó Choláiste Fhlannáin Naofa, agus treoir á fáil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Ghníomhaigh Carmel Kirby, Stiúrthóir Seirbhísí, mar reachtaire ag an imeacht, agus aitheantas á thabhairt aici do Bhailte Slachtmhara Inse agus do na grúpaí pobail agus reachtúla éagsúla a oibríonn le chéile chun Inis a dhéanamh ina háit iontach chun obair agus cónaí ann agus chun cuairt a thabhairt air. D'fhreastail breis agus 320 aoi ar an imeacht.

Sármhaitheas sa gheilleagar tráthnóna agus oíche

Bronnadh an 'Brat Corcra' ar Inis, ar creidiúnú idirnáisiúnta é a bhronntar ar áiteanna a chomhlíonann nó a sháraíonn caighdeáin sármhaitheasa i mbainistiú an tráthnóna agus na hoíche. Rinneadh an measúnú seachtrach in Inis le linn mhí Lúnasa agus seoladh an bronnadh oifigiúil i gCorcaigh an 31 Deireadh Fómhair. Tá an creidiúnú sin mar léiriú ar an gcaidreamh láidir oibre atá ann idir na gníomhaireachtaí éagsúla a oibríonn le chéile sa réimse seo – an Garda Síochána, Comhlachas Tráchtála Inse, Active Ennis agus Ceantar Bardasach Inse.

Faigheann Straitéis um Baile Aoisbhách Inse (2021) Gradam mar Thimpeallacht Aoisbhách (Spásanna Lasmuigh agus Foirgnimh)

Bronnadh an gradam ag searmanas na nGradam Náisiúnta Aitheantais agus Éachtaí Aoisbhá. Sa chatagóir 'timpeallacht aoisbhách', aithnítear tionscadail ina gcuirtear daoine scothaosta san áireamh agus athruithe á ndéanamh ar an timpeallacht thógtha fhisiciúil. Trí 'Straitéis um Baile Aoisbhách Inse' (2021) a chur chun feidhme, cinntítear go gcuirtear riachtanais daoine scothaosta san áireamh i ndearadh agus soláthar seirbhísí agus bonneagair.

An Áit is Cairdiúla in Éirinn 2022

Ainmníodh Inis go hoifigiúil mar an 'Áit is Cairdiúla in Éirinn' ag searmanas Ghradaim Sármhaitheasa Miondíola AIBMS ag Óstán Galmont Dé Sathairn an 12 Samhain. Chuaigh siopaí miondíola Inse i bhfeidhm go mór ar na rúnsiopaeirí i mí Iúil, agus an baile á chur ar an ngearrliosta don ghradam dá bharr sin. Rinneadh vóta poiblí i mí Dheireadh Fómhair tar éis an iniúchta sin, agus Inis á hainmniú mar bhuaiteoir soiléir.

Oibreacha inrochtaineachta

Sa bhliain 2022, críochnaíodh an obair chun spásanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a sholáthar ar Shráid an Mhargaidh Íochtarach, ar Bhogha na Mainistreach, ar an mBóthar Nua agus ar Sheanbhóthar Leifir. Suiteáladh dhá thrasrian coisithe nua, ceann amháin ag Coláiste Fhlannáin Naofa ar an R458 agus an ceann eile ag Cluain Ráda Mór lasmuigh de Pháirc Éire Óg CLG. Shuiteáil Bunscoil na mBráithre Críostaí, Inis, trasrian coisithe neamhrialaithe cuasach ar an mBóthar Nua.

Scéim CLÁR

Fuair tionscadal a raibh mar aidhm leis nasc a éascú idir an scoil agus an t-ionad pobail i gCill na Móna cistiú ó scéim CLÁR. Áiríodh leis na hoibreacha sin trasrianta coisithe, cosáin, comharthaíocht agus líneáil.

Coillearnach an Bhaile Bhig - deiseanna áineasa a mhéadú

Agus é á chistiú go páirteach ag an Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir agus ag Comhairle Contae an Chláir, ba é an toradh a bhí ar an tionscadal seo ná na deiseanna áineasa atá ar fáil do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas ag an láithreán seo a mhéadú trí fheabhas a chur ar chosáin agus trí thrí shraith picnice nua, lena n-áirítear ceann atá inrochtana ag cathaoireacha rothaí, suíochánra aoisbhách agus seastáin rothair a shuiteáil.

Ceantar Bardasach Chill Dalua

Tionóladh cruinnithe de chuid an Cheantair Bhardasaigh ar bhonn démhíosúil le linn na bliana 2022. Rinne na comhaltaí de Cheantar Bardasach Chill Dalua plé ar an soláthar seirbhísí laistigh den limistéar agus d'fhéach siad le forbairt straitéiseach saoráidí agus taitneamhachtaí a chur ar aghaidh sna bailte agus sna sráidbhailte sa cheantar. Tionóladh cruinniú ginearálta bliantúil Cheantar Chill Dalua an 24 Meitheamh 2022. Toghadh an Comh. Alan O'Callaghan mar Chathaoirleach agus toghadh an Comh. Pat Burke mar Leas-Chathaoirleach. Ghlac na comhaltaí tofa an Leithdháileadh Bardasach Ginearálta ag an gcruinniú de chuid an Cheantair Bhardasaigh i mí Iúil, agus leithdháileadh foriomlán €227,321 á ghlacadh don bhliain 2022. Chuir sé sin ar chumas na gComhairleoirí obair i gcomhar leis an bhFeidhmeannacht chun a chinntiú go dtabharfaí tús áite do na tionscadail sin ar fud an Cheantair Bhardasaigh nach raibh sruthanna cistiúcháin ar fáil dóibh. Seo a leanas samplaí de na hoibreacha agus na pobail a cistíodh ó Leithdháileadh Bardasach Ginearálta na gComhaltaí Tofa sa bhliain 2022:

- Cosáin ar an Tulach
- Cosáin agus feabhsuithe eile ar an nGeata Bán
- Feabhsuithe sábháilteachta ar bhóithre i gCill Dalua
- Moilliú tráchta i gCroisín
- Comharthaí agus feabhsuithe ar chosáin i Sráidbhaile Áth Leathan
- Bhí grúpaí pobail agus tionscnaimh phobail amhail Forbairt Pobail Loch Gréine, Turasóireacht Oirthear an Chláir, Raidió Chuan na Scairbhe, Bailte Slachtmhara Chuinche, Bailte Slachtmhara Chill Chisín, Bailte Slachtmhara Chill Mhuire agus Bailte Slachtmhara na Tulaí i measc na nithe eile a fuair cistiú.

Tugadh faisnéis do na comhaltaí faoi roinnt tionscadal le linn na bliana, lenar áiríodh:

- Ordú ceannaigh éigeantaigh do réadmhaoin i mBaile Uí Bheoláin
- Brandáil Inis Cealtra
- Forbairt Tithíochta na Scairbhe
- Forbairt amach anseo iarláithreán monarchan Finsa.

Le linn na bliana, d'fheidhmigh na comhaltaí a gcuid cumhachtaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh don bhliain 2022 a bhreithniú agus a ghlacadh
- Bóithre in eastáit a ghlacadh faoi chúram de réir alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993
- Réadmhaoine a bhí faoi úinéireacht na Comhairle a dhiúscairt ag láithreacha éagsúla laistigh den Cheantar Bardasach faoi alt 183
- Bearta moillithe tráchta a dhéanamh ag roinnt láithreacha faoi alt 38, lenar áiríodh tionscadail Taistil Ghníomhaigh agus Scéimeanna Sábháilteachta Ísealchostais.

Straitéis Feabhsúcháin Baile agus Soghluaisteachta Chill Dalua-Bhéal an Átha (Eanáir 2022)

Tá sé mar aidhm le Plean Feabhsúcháin Baile agus Soghluaisteachta Chill Dalua-Bhéal an Átha cur chuige comhordaithe a éascú i leith feabhsuithe ar an bhfearann poiblí laistigh de Chill Dalua i gContae an Chláir agus laistigh de Bhéal an Átha i gContae Thiobraid Árann, agus fís shoiléir á leagan síos do Chill Dalua agus do Bhéal an Átha mar lonnaíochtaí nasctha. Leis an bplean, tugtar deiseanna chun leas a bhaint as sócmhainní na mbailte chun an táirge turasóireachta a leathnú, chun líon méadaithe cuairteoirí a mhealladh agus chun tairbhí eacnamaíocha áitiúla a uasmhéadú.

Tar éis Straitéis Feabhsúcháin Baile Chill Dalua-Bhéal an Átha a fhoilsiú go luath sa bhliain, chuaigh na Comhaltaí Tofa i dteagmháil leis an rannán um Thionscnaimh Eacnamaíocha Straitéiseacha chun an obair chúlra agus an díospóireacht ar roinnt príomhláithreán agus príomhthionscadal atá leagtha amach sa phlean a chur ar aghaidh. Bhí an Teach Cúirte ina ábhar d'iarratas ar staidéar indéantachta chuig an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte. Cuireadh an idirbheartaíocht agus an díospóireacht ar roinnt príomhláithreáin ar aghaidh freisin. Leanadh le hidirchaidreamh a dhéanamh le comhghleacaithe ó Cheantar Bardasach an Aonaigh i gComhairle Contae Thiobraid Árann chun Cill Dalua agus Béal an Átha a chur ar aghaidh ar bhealach comhleanúnach cuimsitheach.

Tá ríthábhacht ag baint le Seachbhóthar Chill Dalua, le Crosaire Dhroichead na Sionainne agus le Scéim Feabhsúcháin an R494 maidir le forbairtí amach anseo sna lonnaíochtaí nasctha.

Seachbhóthar Chill Dalua-Bhéal an Átha agus Crosaire Dhroichead na Sionainne

I mí na Samhna, rinne na Comhaltaí Tofa ionadaíocht do Cheantar Bardasach Chill Dalua agus don údarás áitiúil ag an réiteach láithreáin oifigiúil ag Eamon Ryan TD, an tAire Iompair, chun tús a chur le Seachbhóthar Chill Dalua. Leis an tionscadal, soláthrófar seachbhóthar thiar timpeall Chill Dalua,

Sa phictiúr chun seoladh Phlean Feabhsúcháin Baile agus Soghluaisteachta Chill Dalua-Bhéal an Átha, bhí (ó chlé go deas): an Comh. Michael O'Meara, Cathaoirleach, Ceantar Bardasach an Aonaigh; Morgan Lahiffe, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, Ceantar Bardasach Chill Dalua; Marcus O'Connor, Stiúrthóir Seirbhísí agus Bainisteoir Ceantair, Ceantar Bardasach an Aonaigh; an Comh. Joe Cooney, Cathaoirleach, Ceantar Bardasach Chill Dalua; Anne Haugh, Stiúrthóir um Fhorbairt Shóisialta agus Comhordaitheoir Cheantar Bardasach Chill Dalua; an Comh. Phyll Bugler, Béal an Átha; Brian McCarthy, Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae an Chláir; agus an Comh. Tony O'Brien, Cill Dalua.

droichead nua trasna na Sionainne, agus uasghrádú ar bhóthar réigiúnach an R494 atá ann cheana ó Bhéal an Átha go Cnocán an Éin Fhinn. Tá an scéim fhoriomlán níos mó ná 6 km ar fad agus trasnóidh sí an tSionainn thart ar 1 km síos an abhainn ó Dhroichead Chill Dalua atá ann cheana.

Plean Oibre Straitéiseach Chomhaltaí Tofa Chill Dalua

Tar éis Moltaí Dea-Chleachtais d'Údaráis Áitiúla maidir le hoibriú Ceantar Bardasach a fhoilsiú i mí na Samhna, tháinig Comhaltaí Tofa, an Pleanálaí Sinsearach, Comhordaitheoir Cheantar Bardasach Chill Dalua agus a gcuid comhghleacaithe le chéile i mí na Nollag 2022 chun tús a chur le roinnt ceardlann chun plean oibre straitéiseach a cheapadh do thionscadail straitéiseacha chun freagairt do na hathruithe a bhí ag teacht chun cinn i mbeartas náisiúnta. Bhí sé beartaithe leanúint ar aghaidh leis na ceardlanna sa bhliain nua d'fhonn teacht ar roinnt tionscadal tosaíochta sonrach/treoracha tosaíochta sonracha a mbeadh Comhairleoirí an Cheantair Bhardasaigh ag iarraidh iad a shaothrú thar an gcéad chúpla bliain eile.

Fógraítear cistiú ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe don Scairbh

I mí Eanáir 2022, d'fháiltigh Comhairle Contae an Chláir roimh an gcistiú €524,000 a d'fhógair Heather Humphreys TD, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, do Thionscadal Athghiniúna na Scairbhe.

Faoi Thionscadal Athghiniúna na Scairbhe, forbrófar pleananna do phríomh-idirghabhálacha a dhéanamh i lár na Scairbhe, ar idirghabhálacha iad lena gcuirfear feabhas ar an bhfearann poiblí agus lena soláthrófar saoráidí pobail, turasóireachta agus fiontraíochta i lár an bhaile. Áirítear leis Mol Ilseirbhíse Nuálaíochta agus Rannpháirtíochta a fhorbairt, feabhas a chur ar an bhfearann poiblí do Chearnóg an Mhargaidh i lár an bhaile, agus Carrchlós Baile a fhorbairt.

Tá forbairt an togra seo á bainistiú ag oifig Cheantar Bardasach Chill Dalua i gcomhpháirt leis an Stiúrthóireacht um Fhorbairt Tuaithe i gComhairle Contae an Chláir.

Oibríodh le linn na bliana chun dearaí deireanacha a fhorbairt don tionscadal.

I mí Dheireadh Fómhair, taisceadh iarratas pleanála Chuid VIII ar iarfhoirgnimh Supermac's agus Merriman Tavern a athchóiriú, ar charrchlós poiblí a thógáil ar an láithreán úrnua in aice láimhe agus ar nasc a chruthú le seirbhísí atá ann cheana ar an láithreán. D'éirigh leis an iarratas sin.

Áirítear leis an tionscadal foriomlán freisin feabhas a chur ar an bhfearann poiblí do Chearnóg an Mhargaidh. Chuige sin, cuireadh tús ag deireadh na bliana 2022 le hobair shuirbhéireachta a dhéanamh, e.g., leibhéil ghealltanais, agus le suirbhé a dhéanamh ar leagan amach seirbhíse na cearnóige atá ann cheana chun go bhféadfaí aon dearadh amach anseo a fhorbairt agus a bhreithniú tuilleadh.

Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte

Tar éis do Cheantar Bardasach Chill Dalua iad a ullmhú agus cúnamh a thabhairt ina leith, bhronn an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú ar dhá thionscadal sa Cheantar Bardasach faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte i mí na Nollag. Bronnadh an cistiú sin do na tionscadail seo a leanas:

- Staidéar indéantachta nó Beart Forbartha Tionscadail a sheoladh do Theach Cúirte Chill Dalua, agus cistiú deontais €49,500 á sholáthar
- Oibreacha ar Pháirc Shráidbhaile Chuinche, agus cistiú deontais €151,495 á sholáthar.

Baile Uí Chogaráin - An Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir

I mí na Nollag, tar éis cistiú €180,900 ón Scéim Bonneagair Áineasa Amuigh faoin Spéir a fhógairt le haghaidh saoráidí a uasghrádú ag Loch Bhaile Uí Chogaráin/Rinn na mBan chun iad a dhéanamh inrochtana go huilíoch, lena n-áirítear oibreacha chun rochtain uilíoch ar an uisce a éascú agus chun conair shiúil Moylussa agus loch Bhaile Uí Chogaráin a nascadh le chéile trí thrasrian coisithe, chuathas i dteagmháil le geallsealbhóirí maidir le conas an ciste a úsáid chun comhordú a dhéanamh ar chur chuige foriomlán i leith Bhaile Uí Chogaráin.

Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh 2022

Clár Feabhsúcháin Athchóirithe 2022 - uasghrádaíodh 30 km de bhóthar ar chostas iomlán €2,993,477.

Clár Cothabhála Athchóirithe 2022 - uasghrádaíodh 41 km de bhóthar ar chostas iomlán €823,555.

Deontas Oibreacha Draenála

Cuireadh oibreacha i gcrích ar chostas iomlán €204,300, lenar áiríodh píbobair agus díoga draenála a uasghrádú ar fud an Cheantair Bhardasaigh.

Cosáin

Rinneadh roinnt uasghráduithe ar an mbonneagar cosán ar fud an Cheantair Bhardasaigh, lenar áiríodh oibreacha ar chosáin ar an bhFiacail, ar an nGeata Bán, ag Crosairí agus ar Shráid Thomáis i gCill Dalua. Cuireadh an obair sin i gcrích trí úsáid a bhaint as Deontas IPB agus as ranníocaíochtaí páirteacha ó Leithdháileadh Bardasach Ginearálta na gComhairleoirí.

An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar cheithre bhóthar phríobháideacha sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2022.

An Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar chúig bhóthar phoiblí sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2022.

Oibreacha Athshlánúcháin Droichead

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin agus deisiúcháin ar 13 dhroichead sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2022, ar chostas iomlán €250,000.

Deontas le haghaidh Oibreacha um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus um Athléimneacht in aghaidh an Athraithe Aeráide

Cuireadh oibreacha feabhsúcháin bóithre agus draenála i gcrích ag roinnt láithreacha ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2022, ar chostas iomlán €303,000.

Deontas CLÁR

Cuireadh feabhsuithe i gcrích ar an limistéar lasmuigh de Scoil Náisiúnta Chroisín sa bhliain 2022.

Deontais le haghaidh Feabhsuithe Sonracha agus Sábháilteachta

Cuireadh feabhsuithe i gcrích ag Henchy's Cross agus i Sráidbhaile Chill Chisín araon sa bhliain 2022, ar chostas iomlán €145,000.

Deontas Feabhsúcháin Lánroghnach

Cuireadh feabhsuithe i gcrích ar fud an Cheantair Bhardasaigh sa bhliain 2022, ar chostas iomlán €170,000. Áiríodh leo sin cothabháil choisctheach droichead agus cosán, oibreacha sábháilteachta tráchta, bearradh fáil, athsholáthar comharthaí, uasghráduithe ar mharcanna bóthair, agus deisiúcháin neamhphleanáilte mhacadaim.

Taisteal Gníomhach

Rinneadh na Tionscadail Taistil Ghníomhaigh seo a leanas a fhorbairt agus a sholáthar le linn na bliana 2022:

- Sráidbhaile Chuinche - Cuireadh an chéim tógála i gcrích i mí Aibreáin 2022
- Cosán Lúthchleasaíochta na Tulaí - Cuireadh na céimeanna dearaidh agus soláthair i gcrích sa bhliain 2022
- Drom an Dúdhoire - Cuireadh na céimeanna soláthair agus tógála i gcrích sa bhliain 2022
- Páirc Clarisford – Cuireadh an chéim dearaidh tionscadail agus an chéim soláthair i gcrích sa bhliain 2022. Cuirfear tús leis an gcéim tógála sa bhliain 2021 agus táthar ag súil leis go gcuirfear i gcrích í sa dara ráithe den bhliain 2023.

Soláthar Seirbhíse

Áiríodh leis na seirbhísí a sholáthair na Maoirseoirí agus an fhoireann Allamuigh bóithre de gach cineál a chothabháil. Caitheadh €207,500 ar bhóithre réigiúnacha agus caitheadh €551,000 ar chothabháil bóithre áitiúla. Áiríodh leis na seirbhísí sin freisin freastal ar ghlaonna amach cothabhála éigeandála le linn adhaimsire agus an gheimhridh, cúnamh a thabhairt don Gharda Síochána agus do na seirbhísí éigeandála, trácht a bhainistiú, agus freagra a thabhairt ar ghearáin ón bpobal i gcoitinne.

Áiríodh iad seo a leanas leis na seirbhísí ar lean Oifig na Scairbhe le hiad a sholáthar:

- Rátaí a bhailiú
- Mótarcháin a bhailiú
- Gearáin ó chustaiméirí a phróiseáil agus a thaifeadadh
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe tofa, le Bailte Slachtmhara agus le Comhairlí Pobail
- Obair riaracháin a chur i gcrích ar mhaithe le Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh a chomhlíonadh.

Ceantar Bardasach Shionainne

Ainmníodh an Comh. Michael Begley ó Chluain Lára mar Chathaoirleach ar Cheantar Bardasach Shionainne i mí an Mheithimh 2022, agus an Comh. Donna McGettigan á ceapadh mar Leas-Chathaoirleach. D'fhóin an Comh. John Crowe mar Chathaoirleach ó mhí an Mheithimh 2021 go mí an Mheithimh 2022. Gabhaimid buíochas leo as an obair agus an rannchuidiú luachmhar a rinne siad le Ceantar Bardasach Shionainne le linn na tréimhse sin. D'imir na Comhaltaí Tofa ról ríthábhachtach maidir le hionadaíocht a dhéanamh dá bpobail agus tathant a dhéanamh ar a son agus maidir le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha do chónaitheoirí Cheantar Bardasach Shionainne.

An Comh. Michael Begley, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Shionainne 2022/2023.

Bhí an bhliain 2022 ina bliain an-táirgiúil do Cheantar Bardasach Shionainne, ar lena linn a seoladh na tionscadail shuntasacha agus na himeachtaí suntasacha seo a leanas.

Craobh Oscailte Éireann na mBan

Bhí bród ar Cheantar Bardasach Shionainne obair i gcomhar le heagraithe Chraobh Oscailte Éireann na mBan, imeacht gailf, i mí Mheán Fómhair 2022 chun a chinntiú go gcuirfí na hoibreacha feabhsúcháin uile ar an bhfearann poiblí agus an obair comhshaoil agus ullmhúcháin eile ar fad i gcrích roimh thús an chomórtais i nDrom Ólainn agus chun cúnamh a thabhairt ina leith sin. D'éirigh go geal leis an imeacht, agus d'oibrigh an fhoireann i gCeantar Bardasach Shionainne go dícheallach chun a chinntiú nach ndéanfadh aon chuairteoir ar an limistéar dearmad ar an eispéireas choíche. Bhí an

Comhairleoirí agus baill foirne, agus iad ag tabhairt cuairt láithreáin ar stáisiún cumhachta Ard na Croise.

cur chuige idirghníomhaireachta go mór chun tosaigh thar an imeacht gailf ceithre lá agus táimid ag tnúth le tacú leis an imeacht arís eile sa bhliain 2023.

Cosaint tuilte Ghort an Tobair/Chluain Lára

A bhuí leis na hoibreacha claífoirt a críochnaíodh go substaintiúil i gCluain Lára le linn na bliana 2022, soláthraíodh an chosaint a bhí ag teastáil chun déileáil le hardleibhéil tuilte. Tá Plean Gníomhaíochta Tuilte i bhfeidhm ag Ceantar Bardasach Shionainne agus oibríonn sé go han-dlúth le BSL Ard na Croise, leis na gníomhaireachtaí ábhartha go léir, Oifig na nOibreacha Poiblí ina measc, le hOifig Bainistíochta Tionscadal na Comhairle agus leis an bpobal chun tithe a chosaint agus a choimirciú.

Cuairt láithreáin/turas ar Stáisiún Cumhachta BSL Ard na Croise

Thug Comhairleoirí de chuid Cheantar Bardasach Shionainne agus príomhphearsana de chuid na Comhairle cuairt láithreáin ar stáisiún cumhachta BSL Ard na Croise i mí Dheireadh Fómhair 2022, ar lena linn a fuair siad láithreoireacht ó BSL agus turas timpeall an stáisiúin. D'oibrigh baill foirne innealtóireachta de chuid Cheantar Bardasach Shionainne go dlúth le príomhbhaill foirne innealtóireachta de chuid BSL agus eagraíochtaí ábhartha eile, go háirithe le linn mhíonna an gheimhridh, chun a chinntiú go raibh dianfhaireachán á dhéanamh ar leibhéil uisce agus ar scardadh uisce agus go raibh pleananna cuí i bhfeidhm.

Deontais phobail

Bronnadh leithdháileadh iomlán cistiúcháin €24,000 ar 34 cinn de ghrúpaí spóirt, cultúir, staire agus pobail faoi Scéim Deontais Pobail Cheantar Bardasach Shionainne sa bhliain 2022. Leis an scéim deontais, tugadh spreagadh agus tacaíocht d'eagraíochtaí pobail áitiúla agus grúpaí pobail áitiúla chun bheith gníomhach i réimsí cultúir, ealaíne agus forbartha pobail an cheantair.

Oibreacha chun inrochtaineacht a fheabhsú

Féachann Ceantar Bardasach Shionainne lena chinntiú go ndeartar a spásanna poiblí le haghaidh inrochtaineachta agus cuimsithe ar mhaithe le feabhas a chur ar cháilíocht na beatha dá phobail. Is cur chuige dearaidh atá díríthe ar an todhchaí agus atá duinelárnach é sin, áit a dtógtar an t-am chun breithniú a dhéanamh ar na riachtanais atá ag pobail agus ar an dóigh a bhféadfadh na riachtanais sin athrú le himeacht ama. Rinneadh Suirbhé Insiúltachta i mbaile Shionainne i gcomhar le hAoisbhá Éireann agus sainaithníodh roinnt príomh-mhíreanna gníomhaíochta dá bharr.

Rinneadh uasghrádú agus leathnú ar chosáin, lenar áiríodh colbhaí íslithe agus pábháil thadhlach a shuiteáil trí Pháirc Uí Bhriain, Páirc DeLacey, Páirc Purcell agus Páirc Uí Choileáin, agus Scoil Naomh Tola á nascadh le Scoil Chuimsitheach Shionainne. Seo a leanas roinnt samplaí praiticiúla de na feabhsuithe a rinneadh sa bhliain 2022:

Choinnigh Ceantar Bardasach Shionainne Gradam an Bhrait Ghlais sa bhliain 2022.

- Sionainn - cosán lena nasctar Choil Mara agus Arda na Mara
- Cosán a uasghrádú agus a leathnú, agus colbhaí íslithe agus pábháil thadhlach á suiteáil le haghaidh rochtana.

Stad bus Bhóthar Linne

Scáthlán bus inrochtana, ag a bhfuil limistéar glan ainmnithe agus rampa rochtana agus ag a n-éascaítear rochtain bus mar gheall ar airde an cholbha.

Droichead Abhann Ó gCearnaigh

- Trasrian coisithe rialaithe nua, ag a bhfuil colbhaí íslithe agus pábháil thadhlach, agus binse atá suite i lár an bhaile.
- Spásanna ainmnithe nua páirceála, áit a bhfuil marcáil líne le haghaidh glanta agus rochtain ar chosáin trí cholbha íslithe agus pábháil thadhlach.

Coinníodh Gradam an Bhrait Ghlais sa bhliain 2022

D'éirigh le Ceantar Bardasach Shionainne Gradam an Bhrait Ghlais a choinneáil sa bhliain 2022, rud ar caighdeán tagarmharcála é do pháirceanna atá inrochtana don phobal. Déanann an Taisce formhaoirseacht ar bhronnadh an Bhrait. Bhíomar in ann an Brat a choinneáil trí chomhoibriú le roinnt comhlachtaí a oibríonn le chéile chun na caighdeáin is airde a chinntiú. I measc ár gcuid comhpháirtithe ina leith sin tá Ionad Fóillíochta Shionainne, Comhairleoirí, Geilleagar Sóisialta Shionainne, Bailte Slachtmhara, an Garda Síochána, agus baill foirne laistigh den Cheantar Bardasach agus ar fud na Comhairle.

Luascán Cumais Nua do Chlós Súgartha Shionainne

Bhí áthas ar Cheantar Bardasach Shionainne Luascán Cumais, píosa nua trealaimh chuimsithigh, a chur lena chlós súgartha ag Tír na nÓg i mbaile Shionainne. Cuireann sé sin leis na háiseanna súgartha atá ann cheana féin, áit a bhfuil dromchla bog súgartha ar fud an chlóis agus níos mó ná 12 phíosa dhifriúla eile trealaimh. Cuimsíonn Clós Súgartha Thír na nÓg clár cumarsáide céadfaí freisin, mar aon le raon leathan cineálacha trealaimh shamhlaíoch amhail sleamhnán spraoi ilchineálaigh, luascáin chliabháin, timpeallán, sleamhnán sóisearach ilghníomhaíochta, gírea-aonad, luascán ciseáin agus cuid mhór píosaí spraiúla eile.

Maidí balla Westbury

Chuir Ceantar Bardasach Shionainne ainmchláir 'Westbury' in airde ar an dá bhalla isteach chuig eastát Westbury. Tá cuma níos fearr ar na comharthaí eibhir ardchaighdeáin sin, agus tugtar leo treoir phraiticiúil do gach áitritheoir in eastát Westbury agus do gach cuairteoir ar an eastát. Ba é sin an chuid dheireanach de na hoibreacha uasghrádúcháin ag eastát Westbury, lenar áiríodh aghaidh sheachtrach na mballaí isteach a scamhadh agus a athphlástráil agus na ráillí a athchóiriú. Cuireadh oibreacha uasghrádúcháin i gcrích ar an stáisiún caidéalúcháin trí Chistiú um Athrú Aeráide freisin.

Carrchlós a chríochnú ar an Oileán Meánach

Críochnaíodh oibreacha páirceála ar an Oileán Meánach sa bhliain 2022, ar lena linn a leagadh marcanna bóthair agus a cuireadh bacainní srian airde in airde ag an mbealach isteach.

Urraíonn Ceantar Bardasach Shionainne imeacht Skillnet de chuid Chomhlachas Tráchtála Shionainne

Bhí áthas ar Cheantar Bardasach Shionainne bheith i measc na n-urraitheoirí ar imeacht straitéiseach forbartha tallainne a reáchtáladh i nDrom Ólainn i mí Dheireadh Fómhair 2022. Labhair painéal cainteoirí ón lucht léinn agus ó raon earnálacha difriúla faoin dóigh ar bhain a ngnólachtaí tairbhe dhíreach as cláir chuimsitheacha oiliúna a chur chun feidhme agus faoin tábhacht a bhaineann le huasoiliúint amach anseo. Aithnítear gurb é tallann an toisc chinntitheach anois maidir le cuideachtaí a chumasú coinneáil iomaíoch agus gur gá infheistíocht leanúnach a dhéanamh in oiliúint dá bharr sin. Bhí lúcháir ar an gComhairle tacú leis an imeacht fiúntach, praiticiúil agus faisnéiseach sin.

Páirc Baile Shionainne

Canadh carúil Nollag sa Pháirc Baile i Sionainn i mí na Nollag. Tugadh cuireadh speisialta dár gcuid cairde ón Úcráin, a ghlac páirt sna féilte agus a bhain taitneamh as oíche áthais agus dóchais. Bhí Daidí na Nollag agus a bhean chéile i láthair freisin, agus iad ag cur áthas ar na leanaí uile.

Siúlóid an Chlaífoirt

Chuir Ceantar Bardasach Shionainne tuilleadh comharthaí treo in airde chun cuairteoirí a threorú go sábháilte timpeall an limistéir. Chomh maith leis sin, suiteáladh trí sheastán rothair ag bealach isteach Dhrom Gaibhle chuig siúlóid an chlaífoirt sa bhliain 2022, agus feabhas á chur ar rochtain do rothaithe.

Ó chlé go deas: Linda Earlie, Comhairle Contae an Chláir; Eoin Gavin, Uachtarán ar Chomhlachas Tráchtála Shionainne agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Eoin Gavin Transport; Helen Downes, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Chomhlachas Tráchtála Shionainne; Paul Healy, Príomhfheidhmeannach ar Skillnet Ireland; agus Patricia O'Neill, Ceantar Bardasach Shionainne.

Achoimre ar oibreacha agus gníomhaíochtaí leanúnacha caipitil agus ar oibreacha agus gníomhaíochtaí eile

Cuireadh na hoibreacha seo a leanas i gcrích sa Cheantar Bardasach le linn na bliana 2022 freisin:

- Cuireadh an clár Oibreacha Bóthair don bhliain 2022 i gcrích, lenar áiríodh obair dromchla agus forleagain
- Cuireadh tús le tionscadail Taistil Ghníomhaigh i mBaile Uí Chathasaigh ag deireadh na bliana 2022 agus ceadaíodh cistiú do bhearta dearaidh Taistil Ghníomhaigh ar Bhóthar Síoda i Sionainn
- Cuireadh oibreacha cothabhála draenála i gcrích ar fud an cheantair
- Cuireadh tús le hoibreacha dearaidh i nDrom Gaibhle faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte sa bhliain 2022. Cuireadh iarratas pleanála Chuid VIII isteach agus deonaíodh ina dhiaidh sin é sa bhliain 2023
- Cuireadh oibreacha athchóirithe/feabhsúcháin i gcrích ar 1,040 m de chosán sa bhliain 2022
- Taisteal Gníomhach Mhílic – Leanaimid le dul i dteagmháil leis na húinéirí talún lena mbaineann
- Suiteáladh trasrian coisithe nua ar Shráid Sheoirse i nDroichead Abhann Ó gCearnaigh
- Cuireadh an Clár Scáthlán Bus ar aghaidh i gcomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair
- Fuair Oifig na nOibreacha Poiblí cistiú sa bhliain 2022 chun scéim draenála a sheoladh ag Gullett's Cross ar an gCreatalach
- Leathnaíodh Scéim Co-motion um Rothair ar Cíos sa bhliain 2022, agus saoráidí breise páirceála á gcur ar fáil do rothair
- Cuireadh oibreacha faoi Scéim Feabhsúcháin Áitiúil i gcrích ag an Reilig ar an gCreatalach agus ag Gallow's Hill, an Chreatalach
- Cuireadh an Clár bliantúil um Bearradh Fáil i gcrích.

Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir

Is é an fhís uileghabhálach do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir:

Athghiniúint agus inbhuanaitheacht ár gcuid bailte agus sráidbhailte a chinntiú d'fhonn an áit is fearr chun cónaí ann, chun obair ann agus chun cuairt a thabhairt air, san ord tosaíochta sin, a dhéanamh d'Iarthar an Chláir.

Tionóladh cruinnithe de chuid an Cheantair Bhardasaigh ar bhonn démhíosúil le linn na bliana 2022. Rinne na comhaltaí de Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir plé ar an soláthar seirbhísí laistigh den limistéar agus d'fhéach siad le forbairt straitéiseach saoráidí agus taitneamhachtaí a chur ar aghaidh sna bailte agus sna sráidbhailte sa cheantar. Tionóladh cruinniú ginearálta bliantúil Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir an 23 Meitheamh 2022. Toghadh an Comh. Shane Talty mar Chathaoirleach agus toghadh an Comh. Ian Lynch mar Leas-Chathaoirleach.

Rith na Comhairleoirí Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh ag an gcruinniú de chuid an Cheantair Bhardasaigh i mí an Mhárta. Ghlac na comhaltaí an plean buiséadach agus chomhaontaigh siad Leithdháileadh Bardasach Ginearálta €323,676 don bhliain 2023 ag an gcruinniú buiséid dá gcuid an 25 Samhain 2022.

I mí Mheán Fómhair, cheap an Príomhfheidhmeannach Siobhán McNulty mar Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach chuig Ceantar Bardasach Iarthar an Chláir, agus í freagrach as Toghlimistéar Inis Díomáin. Bhí John O'Malley, Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, fós freagrach as Toghlimistéar Chill Rois.

Le linn na bliana, d'fheidhmigh na comhaltaí a gcuid cumhachtaí trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh don bhliain 2022 a bhreithniú agus a ghlacadh
- Bóithre in eastáit a ghlacadh faoi chúram de réir alt 11 d'Acht na mBóithre, 1993
- Réadmhaoine a bhí faoi úinéireacht na Comhairle a dhiúscairt ag láithreacha éagsúla laistigh den Cheantar Bardasach faoi alt 183
- Bearta moillithe tráchta a dhéanamh ag roinnt láithreacha faoi alt 38, lenar áiríodh tionscadail Taistil Ghníomhaigh.

Plean oibre straitéiseach

I gcomhar leis an bhFeidhmeannacht, lean na Comhaltaí Tofa leis an Straitéis agus an Plean Oibre do Cheantar Bardasach Iarthar an Chláir a sholáthar, rud a forbraíodh sa bhliain 2020. Leagtar amach sa phlean gníomhartha agus cúraimí téamabhunaithe don tréimhse 2019-2025.

Soláthar seirbhíse

Áiríodh leis na seirbhísí a sholáthair na maoirseoirí agus an fhoireann allamuigh bóithre de gach cineál a chothabháil, freastal ar ghlaonna amach éigeandála, cúnamh a thabhairt don Gharda Síochána agus don tSeirbhís Dóiteáin, trácht a bhainistiú, freagra a thabhairt ar ghearáin ón bpobal, agus comharthaí 'Covid-19' a chur in airde agus a bhaint i roinnt bailte.

Áiríodh iad seo a leanas leis na seirbhísí ar lean Oifig Inis Díomáin agus Oifig Chill Rois le hiad a sholáthar:

- Airgead a bhailiú agus a fháil, e.g., cíosanna tithíochta, rátaí tráchtála, mótarcháin, etc.
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna ó chustaiméirí agus déileáil le gearáin ó chustaiméirí
- Glacadh le cineálacha éagsúla iarratas agus iad a phróiseáil – iarratais tithíochta, iarratais ar cheadúnais scafaill, iarratais ar cheadúnais oscailte bóithre, etc.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le hionadaithe tofa
- Obair riaracháin a chur i gcrích ar mhaithe le Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh a chomhlíonadh.

Taitneamhachtaí

I samhradh na bliana 2022, thug an líon cuairteoirí is mó riamh cuairt ar na tránna agus na taitneamhachtaí Brait Ghoirm i dtuaisceart agus in iarthar an Chláir. Chuir an líon mór cuairteoirí sin brú mór ar chriú an Cheantair Bhardasaigh na saoráidí a ullmhú agus a chothabháil de réir an ardchaighdeáin a bhfuiltear ag súil leis. Fuaireamar tacaíocht ó bhaill foirne ó Cheantair Bhardasacha eile chun leanúnachas cumhdaigh a chinntiú ar feadh an tséasúir, rud a mhair tréimhse níos faide le linn na bliana 2022.

Toghlimistéar Áitiúil Inis Díomáin

Seo a leanas samplaí de na hoibreacha agus na pobail a cistíodh sa bhliain 2022:

- Sráid-dreach Inis Díomáin a uasghrádú
- Oibreacha ar chosáin faoi thionscadail Taistil Ghníomhaigh i Rinn na Spáinneach, i nDúlainn, i Sráid na Cathrach agus in Inis Díomáin
- Trasrianta coisithe i mBoston, ar an Ruán, i nDúlainn agus i Lios Dúin Bhearna.

Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh 2022

Clár Feabhsúcháin Athchóirithe 2022 - uasghrádaíodh 29 km de bhóthar ar chostas iomlán €2,520,847.

Clár Cothabhála Athchóirithe 2022 - uasghrádaíodh 35 km de bhóthar ar chostas iomlán €761,806.

Deontas Draenála

Cuireadh oibreacha i gcrích ar chostas iomlán €202,000, lenar áiríodh píbobair agus díoga draenála a uasghrádú ar fud an Cheantair Bhardasaigh.

Cosáin

Rinneadh roinnt uasghráduithe ar an mbonneagar cosán ar fud an Cheantair Bhardasaigh, lenar áiríodh oibreacha ar chosáin in Inis Díomáin, i Sráid na Cathrach, i Lios Dúin Bhearna, i nDúlainn, in Eidhneach, i Rinn na Spáinneach agus ar an Ruán.

An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar ocht mbóthar sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2022.

An Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar chúig bhóthar sa Cheantar Bardasach sa bhliain 2022.

Taisteal Gníomhach

Cuireadh na Tionscadail Taistil Ghníomhaigh seo a leanas ar aghaidh le linn na bliana 2022:

- Trasrian coisithe i sráidbhaile an Ruáin - curtha i gcrích.
- Trasrian coisithe ag Scoil Náisiúnta Boston - curtha i gcrích.
- Cúig thrasrian coisithe i Lios Dúin Bhearna - 90% de na hoibreacha curtha i gcrích. Tá na soilse fós le cur ar siúl.
- Sráid na Cathrach - cosáin a bhí ag deireadh a ré a uasghrádú, Lána Hill a athdhromchlú

agus tús a chur le cosán nua a sholáthar ar Bhóthar Inse.

- An Leacht - Suiteáladh soilsiú poiblí nua feadh Bhóthar na Cathrach - tá na soilse fós le cur ar siúl.
- Inis Díomáin - Uasghráduithe ar chosáin lasmuigh den Ionad Pobail agus ar Bhóthar an Leachta - curtha i gcrích.
- Dúlainn - Cosán nua agus trasrian coisithe nua ag Fitz's Cross - curtha i gcrích.
- Rinn na Spáinneach - Soilsiú poiblí nua agus síneadh cosán - cuireadh 50% de na hoibreacha i gcrích sa bhliain 2022 agus cuirfear na hoibreacha atá fágtha i gcrích sa bhliain 2023.

Bealaí Sábháilte chun na Scoile

Fuair Scoil Náisiúnta Eidhní cistiú faoin gclár Bealaí Sábháilte chun na Scoile chun bealach sábháilte siúil agus rothaíochta chun na scoile a sholáthar. Tosaíodh na hoibreacha i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus tá siad beagnach críochnaithe.

Cosáin Rinn na Spáinneach.

Sráid-dreach Inis Díomáin.

Trasrian coisithe ag Scoil Náisiúnta Boston.

Toghlimistéar Áitiúil Chill Rois

Áiríodh iad seo a leanas leis na hoibreacha a rinneadh i dToghlimistéar Áitiúil Chill Rois sa bhliain 2022:

- Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh (féach thíos)
- Oibreacha ar chosáin faoi thionscadail Taistil Ghníomhaigh sna limistéir seo a leanas:
  1. Carraig an Chabhaltaigh, Fíoch Rua, an Chrois, Cill Bheathach, Cill Chaoi, Cill an Dísirt, Cill Mhichíl, Cill Rois agus Coillte
  2. Cill Mháille (i gcomhar leis an Oifig um Dhearadh Bóithre)
  3. Lios Uí Chathasaigh (i gcomhar leis an Oifig um Dhearadh Bóithre)
- Tránna - ár gcuid bailte agus sráidbhailte cois farraige a chothabháil de réir ardchaighdeáin le linn shéasúr an tsamhraidh. Áiríodh leis sin oibrithe séasúracha trá a fhostú
- Glanadh sráideanna - Tá criú amháin i gCill Rois agus criú amháin i gCill Chaoi tiomnaithe do ghlanadh sráideanna. Freastalaíonn an dá chriú ar roinnt sráidbhailte satailíte freisin
- Tionscadail eile:
  1. Balla Bhaile na Caillí (ar chistigh Comhairle Contae an Chláir é) agus cosán Bhaile na Caillí (ar chistigh CLÁR é)
  2. Oibreacha éigeandála ar an mBalla Mara ag Paráid na Mara agus Líne na Trá, Cill Chaoi. Chistigh Comhairle Contae an Chláir na hoibreacha sin.

Sceideal na nOibreacha Ceantair Bhardasaigh 2022

Clár Feabhsúcháin Athchóirithe 2022 - uasghrádaíodh 32 km de bhóthar ar chostas iomlán €3,438,000.

Clár Cothabhála Athchóirithe 2022 - uasghrádaíodh 50 km de bhóthar ar chostas iomlán €1,445,000.

Deontas Draenála

Cuireadh oibreacha i gcrích ar chostas iomlán €330,000, lenar áiríodh píbobair agus díoga draenála a uasghrádú ar fud Thoghlimistéar Áitiúil Chill Rois.

Bearradh Féir

Ceapadh conraitheoirí chun limistéir ghlasa phoiblí a chothabháil i gCill Rois agus i gCill Chaoi.

An Scéim Feabhsúcháin Áitiúil

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar sheacht mbóthar i dToghlimistéar Áitiúil Chill Rois sa bhliain 2022 ar chostas iomlán €357,000.

An Scéim Rannpháirtíochta Pobail

Rinneadh oibreacha uasghrádúcháin ar chúig bhóthar i dToghlimistéar Áitiúil Chill Rois sa bhliain 2022 ar chostas iomlán €193,000.

Taisteal Gníomhach

Cuireadh na tionscadail Taistil Ghníomhaigh seo a leanas ar aghaidh le linn na bliana 2022:

- Feabhsuithe cosáin sna limistéir seo a leanas: Carraig an Chabhaltaigh, Fíoch Rua, an Chrois, Cill Bheathach, Cill Chaoi, Cill an Dísirt, Cill Mhichíl, Cill Rois agus Coillte
- Cill Mháille (i gcomhar leis an Oifig um Dhearadh Bóithre)
- Lios Uí Chathasaigh (i gcomhar leis an Oifig um Dhearadh Bóithre)
- Oibreacha a moladh san Iniúchadh Insiúltachta ar Chill Rois.

Oiriúnú don athrú aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide

Cuireadh roinnt tionscadal beag i gcrích sa bhliain 2022, lenar áiríodh iad seo a leanas:

- Oibreacha ar bhallaí mara i gCoillte, ar an gCeapach/Aylevaroo agus ag an gCeathrú Mhór
- Oibreacha draenála i Maigh Mhín, i gCoill an tSonnaigh, i Ráth Ciara agus i mBaile na Caillí
- Ardú an leibhéil bóthair agus athphábháil i mBéal Átha an Chomhraic.
- B'ionann costas foriomlán na dtionscadal agus €380,000.

Scéim Sábháilteachta Ísealchostais

Leanadh ar aghaidh leis an díospóireacht chun cur ar chumas Chomhairle Contae an Chláir seid talmhaíochta a cheannach atá suite go díreach ar an acomhal bóthair idir an R-473 agus an L-82503 i dTír Mhic Calláin. Tá sé beartaithe an tseid a scartáil chun feabhas a chur ar na línte radhairc atá ar fáil ag an acomhal lochtach sin.

Cosán agus balla Bhaile na Caillí

Soláthraíodh 100 méadar líneach de chosán in áit nach raibh aon chosán ar fáil roimhe sin. Is féidir le coisithe a mbealach a dhéanamh de chosán anois ó lár an tsráidbhaile (lena n-áirítear an Scoil Náisiúnta áitiúil, an pháirc áitiúil CLG, etc.) go dtí an t-acomhal roimh Eaglais Bhéal Átha an Chomhraic, gan aon ghá le céim a thógáil isteach ar an R-474, ar bóthar an-ghnóthach é. Tháinig feabhas suntasach ar shábháilteacht ar an mbóthar dá bharr sin.

Oibreacha éigeandála ar an mBalla Mara ag Líne na Trá, Cill Chaoi

Roinnt oibreacha ullmhúcháin a rinne Comhairle Contae an Chláir. Ceannaíodh bloic choincréite agus chuir an conraitheoir ina n-áit cheart iad.

Oibreacha ilghnéitheacha eile

Cosán nua agus ráillí cosanta nua ag White Strand, an Dún Beag.

Oibreacha cosáin, Cill Mhichíl.

Oibreacha bóthair ag Dún Átha.



RÁITEAS AIRGEADAIS GIORRAITHE: AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2022

Ioncam agus Caiteachas	2022	2021	2020
	€'000	€'000	€'000
Deontais Stáit	58.0	67.0	79.8
Cáin Mhaoine Áitiúil	8.0	8.0	8.0
Earraí agus Seirbhísí	40.5	30.2	28.2
Rátaí Tráchtála	43.9	42.0	44.7
Ioncam ó Údaráis Áitiúla Eile	0.0	0.1	0.1
Tobhach Pinsin			
Ioncam Iomlán	**150.4**	**147.3**	**160.8**
Caiteachas Iomlán	**132.5**	**135.1**	**148.3**
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh aistrithe	17.9	12.1	12.5
(Aistrithe chuig Cúlchistí)/Aistrithe ó Chúlchistí	(17.7)	(11.9)	(12.2)
Barrachas/(Easnamh) Foriomlán don Bhliain	0.21	0.18	0.26
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim/(Easnamh) - Tosaigh	2.9	2.7	2.5
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim/(Easnamh) - Deiridh	3.1	2.9	2.7
Clár Comhardaithe	2022	2021	2020
	€'000	€'000	€'000
Sócmhainní Seasta	2,868.8	2,814.3	2,782.0
Obair idir Lámha agus Réamhspeansais	56.7	60.9	42.2
Féichiúnaithe Fadtéarmacha	41.7	32.6	22.6
Sócmhainní Reatha	104.4	76.2	75.0
Dliteanais Reatha	(61.1)	(43.5)	(41.6)
Glansócmhainní Reatha/(Glandliteanais Reatha)	**43.2**	**32.7**	**33.4**
Creidiúnaithe (Méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	(113.1)	(92.9)	(81.3)
Glansócmhainní	**2,897**	**2,848**	**2,798**
Maoinithe ag:			
Cuntas Caipitlithe	2,868.8	2,814.3	2,781.6
Ioncam – Obair idir Lámha	55.6	59.7	41.6
Cúlchiste Sonrach Ioncaim	-	-	-
Cúlchiste Ginearálta Ioncaim	3.1	2.9	2.7
Iarmhéideanna Eile	(30.2)	(29.3)	(27.5)
Cúlchistí Iomlána	**2,897**	**2,848**	**2,798**

SEIMINEÁIR/COMHDHÁLACHA/SEISIÚIN OILIÚNA AR FHREASTAIL COMHAIRLEOIRÍ CHOMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR ORTHU SA BHLIAIN 2022

Comhdháil dar teideal "An tAcht Airgeadais, 2021", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 7 agus an 9 Eanáir 2022 (naonúr comhaltaí i láthair).
Modúl 1 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Sábháilteacht Phearsanta Comhaltaí Tofa agus Measúnú Riosca", rud a tionóladh ar an Iarmhí an 17 Feabhra 2022 (triúr comhaltaí i láthair).
Modúl 1 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Sábháilteacht Phearsanta Comhaltaí Tofa agus Measúnú Riosca", rud a tionóladh i gCo. Chorcaí an 19 Feabhra 2022 (13 chomhalta i láthair).
Comhdháil dar teideal "Turasóireacht agus Margaíocht Dhigiteach", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, an 4 agus an 5 Márta 2022 (beirt chomhaltaí i láthair).
Comhdháil dar teideal "Fuinneamh Inathnuaite Amach ón gCósta", rud a tionóladh i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí, an 4 Márta 2022 (comhalta amháin i láthair).
Comhdháil Bhliantúil Oiliúna AILG 2022, rud a tionóladh i mBun Crannchа, Co. Dhún na nGall, an 23 agus an 24 Márta 2022 (13 chomhalta i láthair).
Seimineár Oiliúna Earraigh LAMA dar teideal "Forbairt Tuaithe", rud a tionóladh i gCill Chainnigh an 11 agus an 12 Aibreán 2022 (15 chomhalta i láthair).
Comhdháil Bhealach Ghleann na Suca, rud a tionóladh i Ros Comáin an 27 agus an 28 Aibreán 2022 (comhalta amháin i láthair).
Comhdháil dar teideal "Comhairleoirí agus na Meáin Shóisialta", rud a tionóladh i Luimneach an 30 Aibreán 2022 (comhalta amháin i láthair).
Comhdháil dar teideal "Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe", rud a tionóladh i dTulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí, an 7 Bealtaine 2022 (comhalta amháin i láthair).
Modúl 2 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Gníomhú ar son na hAeráide - Ról an Rialtais Áitiúil", rud a tionóladh i Muineachán an 13 agus an 14 Bealtaine 2022 (11 chomhalta i láthair).
Modúl 3 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Do Phlean Forbartha a Thabhairt chun Críche - Príomhchéimeanna agus Príomhcheanglais ó na Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha", rud a tionóladh i mBaile Átha Luain, Co. na hIarmhí, an 15 agus an 16 Meitheamh 2022 (ochtar comhaltaí i láthair).
Modúl 3 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Do Phlean Forbartha a Thabhairt chun Críche - Príomhchéimeanna agus Príomhcheanglais ó na Treoirlínte maidir le Pleananna Forbartha", rud a tionóladh i gCaisleán an Chomair, Co. Chill Chainnigh, an 18 Meitheamh 2022 (deichniúr comhaltaí i láthair).
Modúl 4 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Coistí Iniúchóireachta Údaráis Áitiúil agus Ról Rialachais agus Formhaoirseachta na gComhaltaí Tofa", rud a tionóladh i mBun Dobhráin, Co. Dhún na nGall, an 23 Iúil 2022 (dháréag comhaltaí i láthair).
Modúl 4 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Coistí Iniúchóireachta Údaráis Áitiúil agus Ról Rialachais agus Formhaoirseachta na gComhaltaí Tofa", rud a tionóladh i nDurlas, Co. Thiobraid Árann, an 27 agus an 28 Iúil 2022 (triúr comhaltaí i láthair).
Seimineár Fómhair AILG dar teideal "An Rialtas Áitiúil a Cheiliúradh", rud a reáchtáladh i mBaile Átha Troim, Co. na Mí, an 14 agus an 15 Meán Fómhair 2022 (17 gcomhalta i láthair).
Comhdháil dar teideal "Treoir Phraiticiúil maidir le Buiséad 2023", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 30 Meán Fómhair agus an 2 Deireadh Fómhair 2022 (beirt chomhaltaí i láthair).
Modúl 5 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Míchumas agus Cuimsiú", rud a tionóladh i gCill Airne, Co. Chiarraí, an 22 Deireadh Fómhair 2022 (11 chomhalta i láthair).

Modúl 5 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "Míchumas agus Cuimsiú", rud a tionóladh i Sligeach an 27 Deireadh Fómhair 2022 (ceathrar comhaltaí i láthair).
Comhdháil dar teideal "Cothromaíocht Réigiúnach a Bhaint Amach", rud a tionóladh i dTuaim, Co. na Gaillimhe, an 22 Deireadh Fómhair 2022 (beirt chomhaltaí i láthair).
Seimineár Oiliúna Fómhair LAMA 2022 dar teideal "An ghéarchéim costas maireachtála agus fuinneamh inbhuanaithe agus inathnuaite", rud a tionóladh i mBaile Mhuineacháin an 9 agus an 10 Samhain 2022 (17 gcomhalta i láthair).
Comhdháil dar teideal "An ról atá ag údaráis áitiúla maidir le freastal ar na riachtanais atá ag daoine scothaosta", rud a tionóladh i gCairlinn, Co. Lú, idir an 11 agus an 13 Samhain 2022 (comhalta amháin i láthair).
Modúl 6 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "An Reachtaíocht Cosanta Sonraí – An tEolas a Theastaíonn ó Chomhairleoirí", rud a tionóladh i bPort Láirge an 17 Samhain 2022 (seachtar comhaltaí i láthair).
Modúl 6 de Chlár Oiliúna AILG do Chomhaltaí Tofa dar teideal "An Reachtaíocht Cosanta Sonraí – An tEolas a Theastaíonn ó Chomhairleoirí", rud a tionóladh ar an Uaimh. Co. na Mí, an 26 Samhain 2022 (triúr comhaltaí i láthair).

Faisnéis teagmhála/uimhreacha teileafóin

- **Comhairle Contae an Chláir**
  Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis, Co. an Chláir
  Teileafón: (065) 6821616,
  Facs: (065) 6828233,
  ríomhphost:
  customerservices@clarecoco.ie, suíomh Gréasáin: www.clarecoco.ie

  Uaireanta gnó: 9:00am go 5:00pm, Luan go hAoine

  Nóta:
  Cuntair Phoiblí sa Rannán Pleanála agus san Oifig Airgid Thirim:
  9:00am go 4:00pm
  An Rannóg Tithíochta:
  9:00am go 1:00pm
  Uimhir theagmhála éigeandála: (087) 4169496 (lasmuigh d'uaireanta oifige amháin)

- **Mótarcháin**
  Áras Contae an Chláir, An Bóthar Nua, Inis
  Teileafón: (065) 6844661, 9:00am go 5:00pm, Luan go hAoine
  ríomhphost: motortax@clarecoco.ie An Cuntar Poiblí, 9:00am go 1:00pm, Luan go hAoine

- **Músaem Contae an Chláir**
  Teil.: (065) 6823382,
  ríomhphost: ClareMuseum@clarecoco.ie

- **Spórt agus Fóillíocht Active Ennis**
  Saoráidí
  Teil.: (065) 6821604,
  Facs: (065) 6823655

  - **Ionad Ceoil Glór**
  Teil.: (065) 6845370

Saoráid diailithe isteach dhírigh

Chun ár nglaoiteoirí uile a éascú, tá saoráid diailithe isteach dhírigh ag gach rannán. Is féidir teagmháil a dhéanamh le rannáin aonair trí na huimhreacha seo a leanas a dhiailiú:

- Cartlanna, (065) 684 6402
- An Oifig Ealaíon, (065) 6899084

- Leathanbhanda agus Cúrsaí Digiteacha, (065) 6899055
- An Lár-Oifig Airgid Thirim, (065) 6846208
- An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, (065) 6846209
- An Rannóg Comhshaoil, (065) 6846331, facs (065) 6846444
- Líne shaorghlao frithbhruscair na Rannóige Comhshaoil, 1800 606706
- An Rannóg Airgeadais, (ceisteanna ginearálta), (065) 6846329
- An Rannóg Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála, (065) 6846302
- Saoráil Faisnéise, (065) 6846405
- Grúpscéimeanna, (065) 6866119
- An Rannóg Tithíochta, (065) 6846334
- An Rannóg Acmhainní Daonna, (065) 6846415
- An Rannóg TF, (065) 6846339
- Oifig Fiontair Áitiúil an Chláir, (065) 6846463
- An tÉascaitheoir Comhpháirtíochtaí, (065) 6846268
- An Rannóg Pleanála, (065) 6846232
- Bainistíocht Taifead, (065) 6846219
- Clár na dToghthóirí, (065) 6846363
- An Rannóg Ioncaim, (065) 6846530
- An Rannóg Iompair, (065) 6846333
- Dearadh Bóithre, (065) 6846479
- An Rannóg Forbartha Tuaithe agus Pobail, (065) 6846222
- An Rannóg Turasóireachta, (065) 6846283
- An Rannóg Tréidliachta, (065) 6846560
- Sábháilteacht Uisce, (065) 6846270
- An Rannóg Seirbhísí Uisce, (065) 6866110

Oifigí Ceantair Bhardasaigh

- Inis, (065) 6866133
- Cill Dalua, (061) 640815
- Sionainn, (061) 362319
- Iarthar an Chláir, (065) 7072283/ (065) 9054310

Brainsí leabharlainne

- Cora Finne, (065) 6837219
- Leabharlann Phoiblí de Valera, (065) 6846353
- Ceanncheathrú Leabharlann Inse, (065) 6846350,
  suíomh Gréasáin: www.clarelibrary.ie
- Inis Díomáin, (065) 7071245
- Leabharlann Chuimhneacháin Mhic Shuibhne, Cill Chaoi, (065) 9056034
- Cill Mhichíl, (065) 9050528
- Cill Dalua, (061) 376062, Facs (065) 376062
- Cill Rois, (065) 9051504
- Lios Dúin Bhearna, (065) 7074029
- An tIonad Staidéir Áitiúil, Inis, (065) 6846271
- Sráid na Cathrach, (065) 7084822
- Cora Chaitlín, (061) 368411
- An Scairbh, (061) 922893
- Sionainn, (061) 364266
- Droichead Abhann Ó gCearnaigh, (061) 369678
- An Tulach, (065) 6835919

Uimhreacha úsáideacha eile

- An Lárionad Bainistíochta Dramhaíola, an Baile Dubh Beag, Eidhneach, (065) 6836960
- Ionad Athchúrsála agus Stáisiún Aistrithe na Scairbhe, (061) 921735
- Ionad Athchúrsála Shionainne,

(061) 364483

- Ionad Athchúrsála agus Stáisiún Aistrithe Lios Duibhinn, (065) 9060175
- Ionad Athchúrsála Inse,

(065) 6893705

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR

CLARE COUNTY COUNCIL